**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2009

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive







# Sracfhéachaint ar ár nEagraíocht

**4**

Tá ceithre Líonra Rialaithe Ailse, agus ocht nIonad Ailse ann

**50**

Cuirtear seirbhísí géarmhíochaine ar fáil in 50 ospidéal, trí ocht ngrúpa ospidéal, i gceithre réigiúin

**32**

Tá 32 Oifig Sláinte Áitiúil ar fud na tíre a sholáthraíonn seirbhísí don phobal.

**650**

Tá os cionn 650 Ionad Sláinte againn ar fud na tíre.

**800**

Tá 800 ionad againn a sholáthraíonn seirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe.

**219**

Tá 219 foireann cúraim phríomhúil againn, agus beidh 184 foireann eile á bhforbairt faoi dheireadh na bliana.

**11**

Tá 11 Aonad Rialaithe agus Smachtaithe Otharcharranna againn a chomhordaíonn seirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil do 97 stáisiún otharcharranna.


**10,310**

Tá 10,310 leaba cúraim phoiblí neamhghéarmhíochaine againn, agus 3,426 leaba ar chonradh.


# An Clár

**Réamhrá**

| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Ballraíocht an Bhoird | 4 |
| Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 6 |
| Foireann Ardbhainistíochta | 8 |
| Ár nEagraíocht | 9 |
| **Ár gcuspóirí a bhaint amach i 2009** | |
| Sláinte agus Folláine – Daoine a choinneáil sláintiúil | 12 |
| Muinín agus Iontaoibh – Rochtain ar Sheirbhísí a Fheabhsú | 20 |
| Seirbhísí Inbhuanaithe – Seirbhísí a Seachadadh in 2009 | 26 |
| Cúram Príomhúil | 27 |
| Scéimeanna Pobail (éileamhbhunaithe) | 28 |
| Leanaí agus Teaghlaigh | 30 |
| Meabhairshláinte | 32 |
| Míchumas | 34 |
| Daoine Breacaosta | 35 |
| Cúram Maolaitheach | 38 |
| Cuimsiú Sóisialta | 39 |
| Seirbhísí Ospidéil Géarmhíochaine agus Cúram Éigeandála Réamhospidéil | 41 |
| An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse | 46 |
| Cáilíocht agus Sábháilteacht – Cúram Othar níos Fearr agus níos Sábháilte a Sholáthar | 48 |
| Sármhaitheas Oibríochtúil – Éifeachtacht agus Éifeachtúlacht a Uasmhéadú | 52 |
| Ár gCumas a Nochtadh – Cleachtais Oibre Níos Fearr | 60 |
| Aguisíní | 65 |
| Giorrúcháin | 75 |
| **Ráitis Airgeadais** | **76** |
| Aguisíní leis na Ráitis Airgeadais | 117 |

# Ráiteas an Chathaoirligh



Tá áthas orm an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a chur in bhur láthair a dhéanann cur síos ar thionscnaimh nua agus ar an dul chun cinn a tharla le linn 2009. Caitheann an Tuarascáil Bhliantúil seo súil siar ar fheidhmíocht FSS i rith na bliana i gcomparáid lenár bPlean Corparáideach 2008-2011, ár bPlean Caipitil 2009 agus ár bPlean Seirbhísí Náisiúnta 2009. Tá ráitis airgeadais mhionshonraithe don bhliain san áireamh chomh maith.

## Dúshláin agus Rudaí a Baineadh Amach

Tá FSS freagrach as seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a bhainistiú agus a sholáthar in Éirinn. Cruthaíonn daonra atá ag méadú agus ag dul in aois, chomh maith leis an tsriantacht eacnamaíoch i láthair na huaire, dúshláin mhóra dúinn. Ach, cuireann na dúshláin seo béim mhór ar an riachtanas biseach sláinte a dhaingniú agus éifeachtúlacht agus cothromas a fheabhsú i leith ár seirbhísí sláinte a sholáthar chomh maith.

D'fhaomh an tAire Sláinte agus Leanaí an Plean Seirbhísí Náisiúnta (NSP) 2009 i mí na Nollag 2008. Leag an plean amach na seirbhísí a sholáthrófaí i rith na bliana as an gcistiúchán a bheadh curtha ar fáil.

D'fhonn cuspóirí an Phlean Seirbhísí Náisiúnta a bhaint amach, bhí orainn roinnt gníomhartha tábhachtacha agus cinntí gnó a chur i ngníomh chun éifeachtúlacht a uasmhéadú agus costais a laghdú trí chlár dian luach ar airgead.

Bhain FSS sprioc an phlean amach ó thaobh seirbhísí, leibhéal fostaíochta agus cistiúcháin. Bhí soláthar seirbhíse 3-4% os cionn na sprice. Baineadh coimheá airgid amach don bhliain. Laghdaíodh líon na ndaoine fostaithe ar bhonn leanúnach i rith na bliana agus bhí an leibhéal fostaíochta 2,047 faoi bhun an leibhéil fhaofa ag deireadh na bliana. Sábháil spriocanna luach ar airgead a socraíodh ag tús na bliana, chomh maith le bearta srianta costais eile a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana €115 milliún.

## Sláinte an Daonra a Fheabhsú

D'fhan fócas straitéiseach FSS ar an athrú ó sheirbhísí géarmhíochaine go seirbhísí pobail le linn 2009 agus, mar is léir ón Tuarascáil Bhliantúil seo, rinneadh dul chun cinn suntasach ar rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú chomh maith.

Leantar le feabhsú ar sheirbhísí tráthúla, comhtháite, proifisiúnta agus a bhfuil fáil orthu. Is follasach ó na buntreochtaí sláinte le blianta beaga anuas go raibh feabhas suntasach ar shláinte an daonra Éireannaigh.

Tá ionchas saoil tar éis méadú ó aon bhliain amháin faoi bhun an mheáin san AE i 1999 go dtí aon bhliain amháin os cionn an mheáin anois. Tar éis deich mbliana, cuireadh beagnach ceithre bliana sa bhreis le hionchas saoil in Éirinn. Anois, d'fhéadfadh fir Éireannach a bheith ar an saol, de ghnáth, go dtí go bhfuil siad 76.8 bliain d'aois, agus d'fhéadfadh mná a bheith ar an saol, de ghnáth, go dtí go bhfuil siad 81.6 bliain d'aois. Tá básrátaí de bharr galair an chórais imshruthaithe tar éis laghdú de bhreis is 40%. Is de bharr na seirbhísí sláinte den chuid is mó an dul chun cinn iontach seo. Tá acmhainn na seirbhísí sláinte tar éis fairsingiú agus leantar le modhanna cóireála nua agus níos éifeachtaí a thabhairt isteach.

Cé go bhfuilimid níos sláintiúla anois ná riamh roimhe, beidh roinnt bagairtí suntasacha ann in aghaidh ár sláinte sa todhchaí, go háirithe an cúpla galar diaibéiteas agus murtall. Tá thart ar 24% den daonra ag caitheamh tobac agus tá tomhaltas alcóil ar cheann de na leibhéil is airde san Eoraip. In ainneoin sin, tá costas an drochshláinte de bharr galair ainsealacha ar ár seirbhísí sláinte tar éis laghdú mar gheall ar straitéisí bunaithe ar fhianaise a chur i bhfeidhm; cosúil le vacsaíniú, sprioc-chlár ailse agus rochtain fheabhsaithe ar chóir leighis.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sna réimsí seo uile le linn 2009.

## Feidhmíocht a Bhainistiú

Baineadh dul chun cinn suntasach amach le linn 2009 maidir le creata, córais agus nósanna imeachta a fhorbairt chun feidhmíocht FSS a mhonatóiriú agus a thomhas. Is cuid lárnach den obair seo í an fhorbairt ar Chomhchreat Eolais Feidhmíochta, faoinar tugadh in éineacht leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, a thugann sainmhíniú ar eolas feidhmíochta, agus as a bhaintear úsáid ar mhaithe leis an dá eagraíocht.

Leagtar treo straitéiseach trí bliana amach don FSS sa Phlean Corparáideach 2008-2011. Cuireadh an chéad tuarascáil faoin bPlean seo faoi bhráid an Bhoird le linn 2009 mar chuid dár gcreat rialachais. Tá an dara tuarascáil ar dhul chun cinn críochnaithe anois chomh maith agus tá sí le fáil ar *www.hse.ie*.

Tá an Plean Corparáideach á chur i bhfeidhm trí na Pleananna Bliantúla Seirbhísí Náisiúnta agus Réigiúnacha. Cuireadh tuarascálacha ar dhul chun cinn faoi bhráid an Bhoird gach mí a rinne monatóireacht ar ghníomhaíochtaí seirbhísí, sonraí a bhaineann le hacmhainní airgeadais agus daonna agus a chuir mioneolas ar fáil don Bhord maidir leis an dul chun cinn a gnóthaíodh i gcomparáid le bearta a leagadh amach sa Phlean Seirbhísí Náisiúnta.

## Rialachas Corparáideach

Feidhmíonn an Bord de réir a Chód Rialachais mar atá sonraithe san Acht Sláinte, 2004. Cuimsíonn an Cód Rialachais roinnt cáipéisí idirghaolmhara ar a dtugtar 'an Creat um Rialachas Corparáideach agus Airgeadais' a d'fhaomh an tAire Sláinte agus Leanaí i mí an Mhárta, 2008. Seoladh an creat go hoifigiúil i rith na bliana agus tá gach cáipéis sa chreatlach le fáil anois ar shuíomh Idirlín FSS ag *www.hse.ie*. Tá sé á nuashonrú i láthair na huaire chun leasuithe a bhí mar chuid den Chód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit, agus athruithe a rinneadh i leith struchtúr corparáideach/eagraíochtúil FSS a chur san áireamh.

## Buíochas

Bhuail an Bord le chéile 16 huaire agus thionóil 29 cruinniú choistí an Bhoird chomh maith. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a ghabháil le gach ball den Boird as ucht a dtiomantas agus a gcúnamh i rith 2009. Ba mhian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Rialtas agus, leis an Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, T.D. ach go háirithe as a dtacaíocht leanúnach d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Ba mhaith liom an príomhoifigeach feidhmiúcháin, an tOllamh Breadan Drumm agus a fhoireann bhainistíochta a mholadh as a ndíograis inár seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a bhainistiú le linn bliana an-deacair, agus trí dhálaí crua eacnamaíocha.


In ainneoin na ndeacrachtaí uile, rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2009 ar a lán réimsí agus ba mhian liom aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí agus tiomantas na foirne a bhain an sprioc seo amach.

**Liam Downey**
*Cathaoirleach*


Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

# Ballraíocht an Bhoird


## Amhail ar 31 Nollaig 2009




**An tUasal Liam Downey** is iarphríomhfheidhmeannach Becton Dickins, cuideachta teicneolaíocht mhíochaine, é an tOllamh Liam Downey. Is iar-uachtarán é ar Chónaidhm Fhostóirí na hÉireann agus bhí sé ina iontaobhaí agus ina bhall de chomhairle náisiúnta feidhmiúcháin Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann. Bhí sé ina chathaoirleach ar Chumann Feistí Leighis na hÉireann agus bhí sé ina bhall den Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais go dtí mí Márta 2006. Is céimí é de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus is comhalta é d'Fhoras Bainistíochta na hÉireann.



Tá **an tOllamh Niamh Brennan**, cuntasóir cairte agus stiúrthóir cairte, ina hOllamh Michael MacCormac le Bainistíocht sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sí ina Stiúrthóir Acadúil ar an Ionad um Rialachas Corparáideach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bhí an tOllamh Brennan ina cathaoirleach ar an gCoimisiún um Bhainistíocht Airgeadais agus Córais Rialúcháin sa tSeirbhís Sláinte, agus is cathaoirleach í ar Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath.




Tá **an tUasal Pat Farrell** ina phríomhfheidhmeannach ar Chónaidhm Bhaincéireachta na hÉireann, an príomhchomhlacht ionadaíoch do bhaincéireacht agus do sheirbhísí airgeadais in Éirinn. Roimhe sin bhí roinnt cheapacháin fheidhmiúchán sinsearacha aige san earnáil phoiblí agus príobháideach. Is Cathaoirleach na hÉireann agus iontaobhaí é ar *Sightsavers International* agus tá sé ina bhall de Phainéal Tionscail an Rialtóra Airgeadais, de Ghrúpa IFSC Roinn an Taoisigh agus de Choiste Feidhmeannach Chónaidhm Bhaincéireacht na hEorpa.




Tá **an tOllamh Brendan Drumm** ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar FSS. Is céimí míochaine Ollscoil na hÉireann, Gaillimh é agus tá sé ina chomhalta i gColáiste Ríoga na Lianna in Éirinn, i gColáiste Ríoga na Lianna sa Ríocht Aontaithe agus i gColáiste Ríoga na Lianna i gCeanada. Bhí sé ina ghaistreintreolaí péidiatraiceach comhairleach ag an Ospidéal um Leanaí Breoite in Toronto agus ina ollamh cúnta ag Ollscoil Toronto. Ina dhiaidh, bhí sé ina Ollamh agus Ceannasaí ar Rannóg Péidiatraice Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus ina ghaistreintreolaí péidiatraiceach comhairleach ag Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite, Cromghlinn ina raibh sé ina cheannasaí ar ghrúpa taighde a bhí aitheanta ar fud an domhain. Scríobh an tOllamh Drumm níos mó ná 100 lámhscríbhinn, caibidil i leabhair agus léirmheas d'fhoilseacháin ar nós *The New England Journal of Medicine, The Lancet, the Proceedings of the National Academy of Sciences, agus Gastroenterology.*



Tá **an Dr. Dónal de Buitléir** ina Bhainisteoir Ginearálta, Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh le AIB Group. Sula raibh sé le AIB, bhí sé ina Rúnaí Cúnta in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, agus bhí sé ina Rúnaí ar an gCoimisiún Cánachais 1980-1985. Bhí an Dr. de Buitléir ina bhall den Choimisiún um Bainistíocht Airgeadais agus Córais Rialúcháin sa tSeirbhís Sláinte. Tá sé ina chathaoirleach ar an nGrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse agus ar an bhFondúireacht um Staidéar Fioscach. Is iontaobhaí de Chomhaltacht Eisenhower é agus is Uachtarán é ar Chumann Fiosrúcháin Staitistiúil agus Sóisialta na hÉireann.




Bhí **an tUasal P.J. Fitzpatrick** ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar an tSeirbhís Chúirteanna agus ba é an chéad duine ag a raibh an post seo riamh. Thug sé clár mór athraithe agus nuachóirithe chun críche a bhunathraigh na cúirteanna agus riaracháin na gcúirteanna ar fud na tíre. Bhí sé ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar Bhord Sláinte an Oirthir chomh maith, an t-údarás sláinte ba mhó in Éirinn ag an am. Tá céim MSc i mBainistíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá sé ina bhall d'Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann.




Tá **an Dr. Maureen Gaffney** ina cathaoirleach ar an bhFóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESF). Is Iar-choimisinéir um Athchóiriú Dlí, cathaoirleach ar an gCoiste Náisiúnta Monatóireachta don Chlár Athbheochana Ceantair trí Phleanáil, Infheistiú agus Forbairt faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, cathaoirleach ar Chomhairle Ombudsman Árachais na hÉireann agus ball de Chomhairle na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta í. Is síceolaí í go gairmiúil agus bhí sí ina stiúrthóir ar an gClár Dochtúireachta i Síceolaíocht Chliniciúil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.




Is iar-oifigeach sinsearach de chuid na Roinne Airgeadais é **an tUasal Joe Mooney** a raibh baint shuntasach aige le ceapadh beartais sna réimsí sláinte agus leasa shóisialaigh. D'oibrigh sé le cúrsaí eacnamaíocha agus cánachais cheana féin. Is iar-bhall den Bhord Pinsean é.




Tá **an tUasal Willie O'Reilly** ina phríomhfheidhmeannach ar an stáisiún raidió náisiúnta Today FM. Nuair a bhí sé ag obair le raidió, d'oibrigh sé le RTÉ, Scottish Radio Holdings, Emap CPT agus Communicorp Teo. Is iar-bhall é do Chomhairle Ospidéal Súil is Cluas Victoria Ríoga agus bhí sé ina uachtarán ar Institiúid na Stiúrthóirí. Tá sé ina stiúrthóir ar Iontaobhas *People in Need* agus ina uachtarán ar Chraoltóirí Neamhspleácha na hÉireann i láthair na huaire.



Is aturnae é **an tUasal Eugene McCague** agus tá sé ina Chathaoirleach ar an ngnólacht dlí Arthur Cox. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é agus tá sé ina bhall de Bhord Cooperation Ireland. Is iar-chathaoirleach ar bhord rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath é agus iar-Uachtarán ar Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath.



Is comhairleach i míochaine gheiriatrach é **an Dr. Dermot Power** ag an Ospidéal Mater Misericordiae agus is é atá mar Stiúrthóir Míochaine ar Ospidéal Naomh Muire, Páirc an Fhionnuisce. Is céimí míochaine de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é. Bronnadh ballraíocht Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn air i 1995 agus bhí *Medicinæ Doctor* bronnta air ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath i 2001. Bhain sé comhaltacht Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn amach i 2006. I measc a chuid cáilíochtaí, tá Dioplóma i mBainistíocht le haghaidh Dochtúirí Míochaine aige ón gColáiste Ríoga na Máinlianna i gcomhpháirt le Foras Bainistíochta na hÉireann. Tá an Dr. Power ina bhall de Chumann Geiriaitrice na Breataine, de Chumann Seaneolaíoch na hÉireann, de Cheardchumann Dochtúirí na hÉireann agus den Chumann Ríoga Míochaine



Tá **an tOllamh P. Anne Scott** ina hOllamh Altranais agus ina Leas-Uachtarán ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí post aici mar Cheannaire ar Scoil Altranais in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath roimhe sin. Bhí poist acadúla aici cheana in Ollscoil Sruighlea, in Ollscoil Chaladónach Ghlaschú agus in Ollscoil Ghlaschú. Tá an tOllamh Scott ina ball d'Údarás Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ina hiar-bhall de Bhord an Bhoird Taighde Sláinte agus de Bhord Gobharnóirí Ospidéal Naomh Uinseann, Fionnradharc.

# Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Ní féidir cúram ar ardchaighdeán a chur ar fáil gan tiomantas ár bhfoirne do chúram daoine eile. Tá an t-ádh linn in Éirinn go bhfuil an oiread sin daoine sásta an tiomantas sin a thabhairt.

In ainneoin na ndúshlán uile, go háirithe maidir le níos mó éifeachtachta a bhaint amach as ár n-acmhainní airgeadais agus fostaíochta agus ár gclár gnó trasfhoirmithe agus athchumraithe a chur i bhfeidhm, d'fhan ár mbaill foirne tiomnaithe do riachtanais ár n-othar agus ár gcliant le linn 2009.

Tugann go leor tráchtairí é seo le fios os comhair an phobail nuair a leagann siad béim ar an gcúram agus ar an atrua a léiríonn foireann túslíne ina gcuid oibre. Nuair a deirtear é seo áfach, deirtear gurb é an fhadhb go mbíonn sé deacair teacht isteach ar an gcóras sláinte ar dtús.

Tá rochtain níos éasca lárnach dár bhfís don todhchaí. Anois agus muid ag athrú ár seirbhíse go seirbhís chúraim phobalbhunaithe agus ag tabhairt níos mo cumhachta do chliniceoirí a gcuid scileanna agus saineolais a chur i bhfeidhm ar bhainistíocht agus ceannaireacht na seirbhísí, táimid ag déanamh dul chun cinn suntasach ar an gceist seo.

Léiríonn an tInnéacs Eorpach Sláinte do Thomhaltóirí 2009 (ECHI) go bhfuil ár gcóras sláinte tar éis bogadh suas 15 áit i rangú na hEorpa ó cuireadh ár gClár Trasfhoirmithe ar an saol i 2006. Ag an am (2006), bhí ár gcóras sláinte rangaithe san 28ú háit i measc 29 tír na hEorpa. Anois i 2009, tá sé rangaithe sa 13ú háit i measc 33 tír.

Le linn 2009:

- Cuireadh níos mó seirbhísí ar fáil cé go raibh níos lú cistiúcháin le fáil go comhréireach
- Tá líon na n-othar atá ag fanacht ar ghnáthaimh othair chónaithigh nó cáis lae ag dul i laghad fós.–i gcomparáid le 2008 bhí laghdú 64% ar líon na ndaoine a bhí ag fanacht ar chúram othair chónaithigh ar feadh 12 mhí nó níos faide agus laghdú 66% ar líon na ndaoine a bhí ag fanacht ar chúram cáis lae.
- Rinneadh níos mó ghnáthamh ar bhonn cáis lae–méadú 7% i gcomparáid le 2008 agus méadú 32% i gcomparáid le 2005.
- Rinneadh 66% de na gnáthaimh sna réimsí oftailmeolaíochta agus CSS ar bhonn cáis lae
- Bhí méadú 5% ar líon na ndaoine nua ar ar freastalaíodh i gClinicí Othar Seachtrach
- Freastalaítear ar 98% de na cásanna práinneacha galar siomptómach cíche laistigh de dhá sheachtain tar éis atreoraithe, agus freastalaítear ar 95% laistigh den sprioc 12 seachtaine
- Chuaigh líon na bhFoirne Cúraim Phríomhúil a bhí ag oibriú thar ár sprioc: bhí 219 ar an bhfód ag deireadh 2009 agus bhí 184 foireann eile á bhforbairt.
- Cuireadh seirbhísí nua i ngníomh mar gheall ar infreastruchtúr úr caipitil; mar shampla, aonaid nua mheasúnaithe sláinte a oscailt i nGaillimh agus i Sligeach, seirbhísí luathchúraim leanaí a chur ar bun i Maigh Eo agus tacaíocht for-rochtana do theaghlaigh a chur ar fáil i gCorcaigh, Rannóg na nOthar Seachtrach nua a oscailt i gCill Chainnigh, acmhainn náisiúnta leapacha le haghaidh saoráidí othair chónaithigh do leanaí agus déagóirí a dhúbailt, saoráidí nua míchumais a oscailt i mBaile Átha Luain, aonaid nua altranas pobail do dhaoine breacaosta a oscailt i mBaile Átha Cliath, seomra nua cúraim mhaolaithigh a oscailt i dTuaim, agus seirbhísí comhairleoireachta um andúil a leathnú i gCorcaigh.

Chuir an Rialtas níos mó cistiúcháin ar fáil le haghaidh forbairtí nua ar leith d'fhonn vacsaíniú leanaí, seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus déagóirí, seirbhísí míchumais, an scéim tacaíochta do thithe altranais ('Cothrom na Féinne'), an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse agus seirbhísí eile a chur chun tosaigh.

Sa bhliain 2006, bhí sé mar aidhm againn nach mbeadh aon duine ag fanacht i Rannóga Éigeandála (ED) ar feadh níos mó ná 24 huaire. Inniu tá sé mar aidhm againn go mbeadh gach turas tríd an Rannóg Éigeandála críochnaithe laistigh de 6 huaire ó thús clárúcháin go dtí scaoileadh abhaile nó iontráil. Is aidhm uaillmhianach í seo agus tá an chuid is mó de na hospidéil á baint amach. De ghnáth, tarlaíonn na moilleanna i Rannóga Éigeandála de bharr moilleanna ar chóir leighis a chur ar othair chónaitheacha agus ar othair a scaoileadh abhaile ó bhardaí. De réir Chód Cleachtais FSS maidir le Pleanáil Scaoilte Abhaile Comhtháite, 2009, tá nósanna imeachta inmheánacha níos fearr, rochtain níos tapúla ar dhiagnóisic agus ar chinnteoirí cliniciúla sinsearacha dár gcur ar chumas chun dul i ngleic leis na moilleanna seo.

Ba ghníomhaíocht mhór í bainistíocht na paindéime (H1N1) i 2009. Vacsaíníodh ní ba mhó ná 800,000 duine, i gceann de na 45 clinic ollvacsaínithe den chuid is mó a cuireadh ar bun ar fud na tíre agus a bhí bainistithe ag 60 buíon foirne agus i gCleachtaí Ginearálta chomh maith.

Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn na bhforbairtí seirbhíse atá sainaitheanta inár bPlean Seirbhísí Náisiúnta 2009, go háirithe maidir le struchtúir Grúpaí Cúraim.

## Follasacht

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil a fhios ag an bpobal conas a úsáidtear a gcuid cánach. Thosaíomar ag foilsiú Tuarascálacha Míosúla Feidhmíochta in Eanáir 2009, a thugann cur síos mionsonraithe ar ár bhfeidhmíocht airgeadais, acmhainní daonna agus seirbhíse.

Chomhlánaíomar an foilseachán seo le *HealthStat* i mí Márta 2009, foilseachán míosúil eile a léiríonn mioneolas maidir le feidhmíocht 29 ospidéal géarmhíochaine dár gcuid. I 2010, sínfear *HealthStat* amach chun gach ospidéal agus ár seirbhísí pobalbhunaithe a chlúdach chomh maith.

D'fhoilsíomar an chéad athbhreithniúchán débhliantúil ar ár bhfeidhmíocht i gcomparáid lenár bPlean Corparáideach 2008-2011 le linn 2009. Leagtar amach sa phlean na rudaí a theastaíonn uainn a chur i gcrích faoi 2011.

Léiríodh an anailís gur bhaineamar 70% dár spriocanna le haghaidh 2011 amach i 23 de na 35 limistéar ionadaíocha. Tá ag éirí linn i dtaca le leibhéil agus dul chun cinn an laghdaithe i Staphylococcus aureus meiticillinfhriotaíoch (MRSA), le vacsaíniú do leanaí dá bhfuil an leibhéal roghnúcháin ag beagnach 95%, agus le foirne meabhairshláinte do leanaí agus déagóirí a chur ar bun. Caithfear níos mó aird a thabhairt ar bheathú cíche, rátaí gearrtha Chaesaraigh, rátaí measúnaithe míchumais i gcomparáid le rialacháin agus eispéireas na Rannóg Éigeandála i roinnt ospidéal.

Tá na tuarascálacha seo ar fad os comhair an phobail agus le fáil ar *www.hse.ie*.

Nuair a fhoilsímid ár mionsonraí feidhmíochta, tugtar an deis don phobal agus do na meáin staidéar criticiúil a dhéanamh ar ár láidreachtaí agus laigí. Táimid tiomnaithe don leibhéal follasachta sin a sholáthar as seo amach, rud atá ríthábhachtach do gach córas sláinte na linne seo.

## Éifeachtacht a Fheabhsú

Táimid ag úsáid airgead na gcáiníocóirí i slí níos éifeachtaí le blianta beaga anuas. Táimid tar éis ár gcostais oibriúcháin a laghdú go suntasach agus tar éis éifeachtúlacht soláthairtí a mhéadú ar fud gach próiseas an ghnólachta. I 2008 bhíomar in ann ár gcostais a laghdú níos mó ná €280 milliún gan aon tionchar ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Rinneadh níos mó dul chun cinn i 2009 agus d'uasmhéadaíomar gach beart chun seirbhísí túslíne a chosaint. Baineadh coigiltí de €280 milliún amach arís i 2008 agus laghdaíodh na costais le €250 milliún breise. Chomh maith leis na laghduithe costais seo, tá fianaise mhaith ann go bhfuilimid ag bainistiú an ráta méadaithe costais. Tá beagnach €800 milliún i gceist leis an tseachaint chostais neamhphá seo i bhFeidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte. Léiríonn bainistiú an ráta méadaithe costais agus na coigiltí seo a bhaint amach, gan aon tionchar bunúsach ar sheirbhísí agus fós ag tabhairt faoi bhunathrú na seirbhísí ag an am céanna, go dteastaíonn ó bhaill foirne eispéireas níos fearr a chur ar fáil d'othair agus do chliaint.

## Comhtháthú agus Ceannaireacht Chliniciúil

Chuireamar caoi lom éifeachtach ar roinnt struchtúir bhainistíochta i nDeireadh Fómhair 2009 d'fhonn i bhfad níos mó comhtháthú a éascú idir seirbhísí ospidéil agus seirbhísí pobail agus d'fhonn níos mó cumhachta a thabhairt don bhfoireann túslíne cinntí a dhéanamh.

Cónaisceadh an Stiúrthóireacht um Oifig Náisiúnta Ospidéil agus an Stiúrthóireacht um Chúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach i 2005 agus bunaíodh an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Comhtháite, a bhfuil Stiúrthóirí Réigiúnacha freagrach as seirbhísí a chur ar fáil sna 4 réigiún; FSS Iarthair, FSS Deiscirt, FSS Bhaile Átha Cliath Lár-Laighean agus FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh.

Léiríonn fianaise go mbíonn torthaí sláinte d'othair, sábháilteacht agus éifeachtúlacht chliniciúil níos fearr nuair atá baint lárnach ag cliniceoirí le soláthar seirbhíse a phleanáil, a bhainistiú agus a threorú.

Tugadh deis dúinn ár gceannaireacht chliniciúil a threisiú nuair a bunaíodh an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Chúram Ardchaighdeáin agus Cliniciúil. Is bunchloch é an tionscnamh seo, chomh maith le ceapadh 49 Stiúrthóir Cliniciúil, mar gheall ar ról na gcliniceoirí i gcúram sláinte a bhainistiú agus a fhorbairt in Éirinn.

Ceapadh ceannasaithe de chuid an Ghrúpa Náisiúnta Cúraim le haghaidh meabhairshláinte, daoine breacaosta, agus seirbhísí teaghlaigh chomh maith chun saineolas agus ceannasaíocht ar leith a sholáthar sna réimsí an-tábhachtacha seo.

## Obair Bhuíne


Is obair bhuíne í seirbhísí a fheidhmiú, a fhorbairt agus a nua-aoisiú.

Thar cheann na foirne bainistíochta, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus leis an Uasal Michael Scanlan, Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte agus Leanaí agus dá oifigigh as a gcuid tacaíochta i rith na bliana.

Ba mhaith liom baill na foirne ardbhainistíochta a mholadh as a dtiomantas. Glacann an fhoireann, cosúil leis na mílte ball foirne eile ar fud na tíre, freagracht agus cuntasacht as eagraíocht mhór chasta a bhainistiú agus tá léirthuiscint agam dá dtiomantas agus tacaíocht.

Mar chríoch, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach ball foirne i bhFeidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus leis na baill foirne i ngníomhaireachtaí atá maoinithe ag Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte chomh maith, a dhéanann a ndícheall chun rochtain, cáilíocht agus sábháilteacht a fheabhsú gach uile lá. Cuireann an Tuarascáil Bhliantúil seo a n-obair dhíograiseach in iúl.

Bhaineamar a lán rudaí amach ó 2005. Ach, sílim go bhfuilimid in ann i bhfad níos mó a dhéanamh chun ár gcóras sláinte a chur ar an leibhéal céanna leis na córais shláinte is fearr an domhain.




**An tOllamh Brendan Drumm**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

# Foireann Ardbhainistíochta

## Amhail ar 31 Nollaig 2009



**An tOllamh Brendan Drumm**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*



**An tUasal Paul Connors**
*Stiúrthóir Náisiúnta, Cumarsáid*



**Laverne McGuinness**
*Stiúrthóir Náisiúnta, Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Comhtháite, Feidhmíocht agus Bainistíocht Airgeadais*



**Jane Carolan**
*Stiúrthóir Náisiúnta, Pleanáil Chorparáideach agus Feidhmíocht Chorparáideach*



**Ann Doherty**
*Stiúrthóir Náisiúnta, Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Comhtháite, Athchumraíocht*



**An tUasal Michael Flynn**
*Stiúrthóir Náisiúnta, Iniúchadh Inmheánach*



**An tUasal Brian Gilroy**
*Stiúrthóir Náisiúnta, Seirbhísí Tráchtála agus Tacaíochta*



**An Dochtúir Barry White**
*Stiúrthóir Náisiúnta, Cúram Ardchaighdeáin agus Cliniciúil*



**An tUasal Liam Woods**
*Stiúrthóir Náisiúnta, Airgeadas*



**An Dochtúir Pat Doorley**
*Stiúrthóir Náisiúnta, Sláinte an Daonra*



**An tUasal Sean McGrath**
*Stiúrthóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna*



**An tOllamh Tom Keane**
*Stiúrthóir Náisiúnta, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse*

# Ár nEagraíocht

## Réamhrá

Leagtar clár oibre amach le haghaidh na tréimhse 2008-2011 inár dara Plean Corparáideach agus tá sé bunaithe ar na sé cuspóirí corparáideacha seo a leanas:

- Sláinte agus Folláine
- Iontaoibh agus Muinín
- Seirbhísí Inbhuanaithe
- Ardchaighdeán agus Sábháilteacht
- Sármhaitheas Feidhme
- Ár gCumas a Bhaint Amach

Leagann ár bPlean Seirbhísí Náisiúnta (NSP) amach an tslí ina mbainfimid na cuspóirí seo amach ar bhonn bliantúil, ag cur focail ár straitéise agus ár bhfíse i gcrích.

Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn i gcomparáid leis an bPlean Seirbhísí Náisiúnta 2009; cad a bhaineamar amach, mar eagraíocht, san fhadtéarma, go háirithe ó cuireadh FSS ar an saol, agus cad a bheidh le déanamh chun ár bhfís do Chóras Sláinte na hÉireann a bhaint amach:

**Rochtain Éasca**

**Muinín an Phobail**

**Bród Foirne**

Mar aon lenár n-oibleagáidí reachtúla, tugtar tuairisc maidir le dul chun cinn i gcomparáid lenár bPlean Caipitil sa Tuarascáil Bhliantúil agus cuirtear mionráitis airgeadais ar fáil inti chomh maith.

## Ár Ról agus Struchtúr

Tá FSS freagrach as seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a bhainistiú agus a chur ar fáil in Éirinn. Is é fostóir is mó sa tír é ina bhfuil díreach faoi bhun 110,000 ball foirne ag obair ann, agus tá buiséad de bheagnach €14 billiúin aige.

I nDeireadh Fómhair 2009, cónaisceadh an struchtúr feidhme a bhí ann ó cuireadh FSS ar bun. Cónaisceadh an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Ospidéil agus an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Chúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach chun aon Stiúrthóireacht Náisiúnta um Sheirbhísí Comhtháite (ISD) amháin a chur ar bun. Tá an Stiúrthóireacht seo freagrach as feidhmíocht agus bainistíocht airgeadais na seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta, agus iad a sholáthar agus a athchumrú.

D'fhonn cur chuige comhsheasmhach a chur chun tosaigh ar fud na tíre, scaradh na seirbhísí ina 4 réigiún:

- FSS Bhaile Átha Cliath Lár-Laighean
- FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh.
- FSS Iarthair
- FSS Deiscirt

Tá Stiúrthóir Réigiúnach i gceannas ar gach aon réigiún a oibríonn laistigh de thosaíochtaí agus teorainneacha atá socraithe ar leibhéal náisiúnta chun ár seirbhísí a sholáthar.

Ceapadh daoine sinsearacha ar leibhéal náisiúnta chun díriú ar ghrúpaí cúraim (do Dhaoine Breacaosta, Leanaí agus Teaghlaigh, Seirbhísí Meabhairshláinte agus Míchumais) chun a chinntiú go soláthraítear seirbhísí do na daoine seo ar mhodh barrmhaith timpeall na tíre. Oibríonn na ceapacháin úra seo le chéile leis na Stiúrthóirí Réigiúnacha.

Tá Stiúrthóireacht um Chúram Ardchaighdeáin agus Cliniciúil tar éis a bheith curtha ar bun ar leibhéal náisiúnta chomh maith. Cuireann an Stiúrthóireacht seo le ceannaireacht chliniciúil, feabhsaíonn sé feidhmíocht chliniciúil, agus tugann sé tacaíocht don chaidreamh oibre idir chliniceoirí agus bhainisteoirí ar fad na heagraíochta. Tugadh freagracht as feidhmeanna shláinte an daonra chuig an Stiúrthóireacht um Chúram Ardchaighdeáin agus Cliniciúil agus chuig seirbhísí feidhme ar leibhéal réigiúnach.

Cónaisceadh na Seirbhísí tacaíochta sna rannóga Eastát, Seirbhísí Dlí, Conarthaí, Soláthair agus Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide (ICT) chun Stiúrthóireacht Seirbhísí Tacaíochta a chur le chéile d'fhonn éifeachtúlacht a uasmhéadú.

Tá structhúr ár n-eagraíochta le feiceáil in Aguisín 1.

## Na Seirbhísí a Chuirimid ar Fáil

Na seirbhísí a chuirimid ar fáil sa phobal:

- Na Seirbhísí a Chuirimid ar Fáil
- Na seirbhísí a chuirimid ar fáil sa phobal:
- Cothú sláinte, seirbhísí coisc agus cosanta
- Seirbhísí cúraim phríomhúil agus phobail
- Sláinte Bhéil
- Seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh
- Seirbhísí do dhaoine breacaosta
- Seirbhísí cúraim mhaolaithigh
- Seirbhísí do dhaoine a bhfuil tinneas ainsealach orthu
- Seirbhísí meabhairshláinte agus féinmharú a chosc
- Seirbhísí cuimsithe shóisialta, agus
- Seirbhísí do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Cuireann conraitheoirí neamhspleácha (m.s dochtúirí teaghlaigh, cógaiseoirí, optaiméadraithe, fiaclóirí), grúpaí neamhreachtúla, grúpaí deonacha agus grúpaí pobail, seirbhísí ar fáil thar cheann FSS chomh maith.



*Daoine a bhí ag an seoladh* **Ar Cúl** *(clé go deas): ionadaithe foirne – Michael Geraghty, Lónadóireacht agus Sláinteachas; Ger Shaw, an Stiúrthóir Altranais; Michael O'Brien, Leas-Bainisteoir Ginearálta agus Oifigeach do Ghearáin; Tony Canavan, Bainisteoir Ginearálta; Stephen McMahon, Cathaoirleach, Cumann Othar na hÉireann; Michael O'Neill, Péidiatraí Comhairleach; Ramona Neill, Altraspeisialtóir Cliniciúil, Cosc Ionfhabhtaithe.*

**Chun tosaigh** *(clé go deas): ionadaithe pobail – Mary Killeen; Anne McDonnell; Mary McGreal; Brendan Githrie; Michael Jordan; Michael Murphy.*

## Othair ag obair ar mhaithe le hOthair– Fóram d'Othair ag Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo

Sheol an tUasal Stephen McMahon, Cathaoirleach Chumann Othar na hÉireann, fóram nua d'othair i mí na Nollag 2009, atá ceaptha chun guth a thabhairt d'othair, baill foirne agus an pobal maidir le caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil ag Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo. Tá sé mar aidhm againn feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil do dhaoine i Maigh Eo trí chomhairliúchán le húsáideoirí seirbhíse agus a n-ionadaithe a sholáthar. Tabharfaidh an fóram d'othair deis do na baill a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le sórt agus caighdeán na seirbhísí atá á soláthar. Tá 12 bhall ar an bhFóram nua — sé bhall pobail agus sé bhall foirne an ospidéil — agus tá sé ionadaíoch d'úsáideoirí seirbhísí ospidéil, a gcúramóirí agus baill foirne an ospidéil.

Seo a leanas samplaí de na hábhair atá molta don chéad tréimhse dhá bhliain:

- Treochtaí Seirbhíse/gníomhaíochtaí othair
- Forbairtí Seirbhíse atá pleanáilte
- Caighdeán seirbhíse, chomh maith le bearta rochtana ar sheirbhísí ospidéil
- Tomhais sásamh othar agus tionscnaimh chun ardchaighdeán a bhaint amach, agus
- Aiseolas ó Othair agus Cúramóirí

Na seirbhísí a chuirimid ar fáil inár n-ospidéil:

- Soláthraítear seirbhísí géarmhíochaine trí ocht ngrúpa ospidéil, ina bhfuil 50 ospidéal géarmhíochaine. Soláthraíonn ospidéil ghéarmhíochaine réimse cuimsitheach seirbhísí measúnaithe, diagnóise, cóireála agus athshlánaithe ar bhonn réigiúnach, for-réigiúnach agus náisiúnta.
- Soláthraítear gnáthaimh níos coimpléascaí in ionaid fhor-réigiúnacha, lena n-áirítear néar-mháinliacht, máinliacht chairdiach, cóireálacha casta ailse agus radaiteiripe.
- Díríonn sainseirbhísí ainmnithe náisiúnta ar réimsí chúraim ar nós trasphlandaithe chroí/scamhóige/ae/ dhuánaigh, gortú dromlaigh, seirbhísí cairdiacha péidiatraiceacha agus géineolaíocht mhíochaine.
- Chomh maith leis na seirbhísí a chur ar fáil go díreach, tá roinnt socruithe i bhfeidhm le soláthróirí seirbhísí eile in Éirinn le haghaidh sainseirbhísí eile a sholáthar, mar shampla, scagdhealú duánach.
- Soláthróimid seirbhísí éigeandála réamhospidéil (seirbhísí otharcharranna agus práinnfhreagartha) chomh maith.
- Tá ról lárnach ag ospidéil in oiliúint fochéimithe agus iarchéimithe, i ngairmithe mhíochaine agus na seirbhíse sláinte a oiliúint agus i dtaighde riachtanach cliniciúil agus bainteach a dhéanamh i gcomhpháirt le hollscoileanna.

## Ag Éisteacht lenár nOthair agus ár nÚsáideoirí Seirbhíse

### Conas teagmháil a dhéanamh linn

Tá roinnt bealaí ann chun teagmháil a dhéanamh le FSS. Má tá tú ag lorg eolais ar sheirbhísí áitiúla, tá Eolairí Ceantair le fáil ar ár suíomh gréasáin *www.hse.ie* nó trí ghlao a chur ar ár Líne Eolais Náisiúnta 1850 24 1850. Bíonn Líne Eolais FSS ar oscailt ó 8r.n. go dtí 8i.n, Luan go Satharn. Tá seirbhís pillín téacs *sigma* ar fáil do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta orthu ionas go bhfuil siad in ann a gceisteanna a théacsáil agus freagra prap a fháil. Tá tuilleadh eolais maidir le heolas teagmhála d'ospidéil agus do sheirbhísí pobail ar leith ar fáil in Aguisín 2.

**Tábla 1: Glaonna a cuireadh ar Líne Eolais FSS**

| | 2008 | 2009 | % athrú 2008-2009 |
|---|---|---|---|
| Líon na nglaonna curtha ar Líne Eolais FSS | 113,768 | 167,645 | 47% |

Tá tuilleadh eolais maidir leis na figiúirí seo ar fáil in Aguisín 3.

Bhí baint ag othair le roinnt tionscadal ar leibhéal náisiúnta, a cruthaíodh de bharr na *Straitéise Náisiúnta um Pháirtíocht Úsáideoirí Seirbhíse le Seirbhísí Sláinte na hÉireann* a rolladh amach, cosúil le:

- Treoirlínte náisiúnta dea-chleachtais a fhorbairt maidir le painéil úsáideoirí seirbhíse a chur ar bun agus a fhorbairt i Seirbhísí Sláinte na hÉireann
- Tionscnamh comhaontaithe FSS: *http://www.hse.ie/eng/services/ysys/SUI/Library/participation/* (bíonn gach fógra measúnachta le fáil ar an nasc seo)
- An Grúpa Maoirseachta ar Chur i ngníomh na Straitéise Náisiúnta agus foghrúpaí a bhaineann leis
- Comhaontas an Chláir Náisiúnta Tacaíochta curtha ar bun chun tacú le daoine breacaosta i gcúram cónaithe.

Tá coistí nó painéil chomhpháirtíochta othair curtha ar bun i roinnt áiteanna timpeall na tíre a thugann deis do dhaoine plé agus a aiseolas a thabhairt. Uaireanta cuirtear feabhas ar sheirbhís nuair a thugtar guth do na daoine a úsáideann í. Is caidreamh gníomhach an-chumhachtach é seo.

**Tá meas ag ár nEagraíocht ar thuairimí na ndaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí, a dteaghlaigh agus an phobail.**

Is féidir do thuairimí a chur in iúl dúinn:

trí ríomhphost: *yoursay@hse.ie*

ar an teileafón: Gnóthaí Tomhaltóirí ar **045 880 400** nó íosghlaoigh **1890 424 555**

nó trí fhoirmeacha aiseolais ar féidir a fháil ag suíomhanna FSS.


# Sláinte agus Folláine

## Daoine a Choinneáil ina Sláinte

Infheisteoimid i dtinneas a chosc; tacaíocht, spreagadh agus cumhacht a thabhairt do dhaoine chun cineál saoil neamhspleách, folláin agus sláintiúil a mhaireachtáil d'fhonn seans tinnis a laghdú. Déanfaimid cinnte go mbeidh roghanna luath-dhiagnóise, córa leighis agus cúraim ar fáil, más gá.

I rith a tsamhraidh, ghlac 500,000 duine óga páirt i gCluichí Pobail FSS agus bhí na cluichí ceannais ar siúl in ionad nua úrscothach in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain don chéad uair.




Cuireadh tús le hollchlár vacsaínithe i mí na Samhna 2009. Vacsaíníodh breis is 800,000 duine in aghaidh na pandéime (H1N1) i 2009 in Éirinn.




Ba chóir dúinn ár meabhairshláinte a chosaint faoi mar a dhéanfadh muid lenár sláinte choirp. Tá lámhleabhar i dtaca le do mheabhairshláinte a chosaint ar fáil ar *www.healthpromotion.ie.*

## Sracfhéachaint ar Fhíricí 2009

- Ar an 1ú Aibreán 2009, bhí 4.45 milliúin duine ina gcónaí in Éirinn – (méadú de 5.2% ó 2006).
- Tháinig 74,602 leanbh ar an saol i 2009 (méadú de 27% ar 2005) agus fuair 29,400 duine bás le linn na bliana.
- Maireann fir 76.8 bliain ar an meán, mná 81.6 bliain.
- Fuair 90% de leanaí vacsaín MMR sula raibh siad 2 bhliain d'aois.
- Bhí níos mó ná 800,000 duine vacsaínithe in aghaidh na paindéime (H1N1) 2009 (Fliú Mucúil)
- Caitheann 24% de dhaoine fásta tobac, tá 39% róthrom, tá 23% murtallach, agus deir 22% nach ndéanann siad aclaíocht go rialta.
- Ólann daoine in Éirinn níos mó alcóil ná formhór na dtíortha eile san Eoraip.
- Is de bharr alcóil aon chuairt amháin (28%) as gach ceithre chuairt de thoradh ar ghortú ar ár Rannóga Éigeandála.
- Baineann 80% de chomhairlí dochtúra ghinearálta agus 60% de laethanta leapa ospidéil le tinneas ainsealach nó fadhbanna eile a bhaineann leis.
- Tolgfaidh aon duine amháin as gach triúir ailse i rith a saoil.

## Ár nDaonra

Amhail ar 1 Aibreán 2009, bhí 4.45 milliúin duine ina gcónaí in Éirinn — an líon is airde ó 1861.

Toisc go bhfuil ár bpróifíl dhaonra ar cheann de na próifíleacha is óige san Eoraip, tá deis againn sláinte na ndaoine óga agus meánaosta a fheabhsú anois ionas go mairfidh siad saolta fada, níos folláine ná mar a mhair riamh.

## Sláinte na Tíre

Tá sláinte na tíre ag feabhsú fós bliain i ndiaidh bliana. Léirigh an tInnéacs Eorpach Sláinte do Thomhaltóirí is déanaí, 2008, a chuireann seirbhísí sláinte na dtíortha Eorpacha i gcomparáid lena chéile ó thaobh dhearcadh an tomhaltóra cúraim shláinte, go bhfuil córas sláinte na hÉireann rangaithe sa 13ú háit i measc 33 tír (28ú as 29 i 2006). Chomh maith leis sin, thug an suirbhé faoi deara go ndearnadh dul chun cinn ar leith ar iarmhairtí sláinte.

Tarlaíonn an chuid is mó de thinneas, míchumas agus bás sa tír seo de bharr tinnis ainsealacha ar nós ghalair an chórais imshruthaithe agus riospráide agus ailse. Is féidir na guaiseacha a bhaineann leis na galair seo a laghdú trínár gcineál saoil a athrú ar mhaithe le tinneas a chosc, fadhbanna eile a chosc i measc na ndaoine a bhfuil an tinneas orthu cheana agus trí rochtain ar roghanna luathchóireála a leathnú.


Cé go bhfuilimid níos sláintiúla anois ná mar a bhí riamh, tá roinnt bagairtí ann dár sláinte sa todhchaí, go háirithe eipidéimí an diaibéitis agus an mhurtaill ar féidir leo na treochtaí fabhracha reatha maidir le rátaí galair chroí a stad nó a aisiompú go hiomlán. Is mórbhagairtí iad caitheamh tobac agus alcól chomh maith. Ólaimid níos mó alcóil ná beagnach aon tír eile san Eoraip. Is féidir tuilleadh eolais maidir le sláinte na tíre a fháil ar *www.factfile.ie*.

Laghdaíomar ualach drochshláinte agus an costas a ghearann galair ainsealacha ar na seirbhísí sláinte arís le linn 2009 trínár straitéisí fianaisebhunaithe a chur i bhfeidhm, cosúil le vacsaíniú in aghaidh galar tógálach, bearta chun caitheamh tobac a laghdú, seirbhísí scagthástála le haghaidh ailse a fhorbairt agus rochtain ar chóir leighis a fheabhsú ag leibhéal oiriúnach.

## Ár nDaonra atá ag Athrú

- Bhí méadú ar líon na mbreitheanna arís, tháinig 74,602 leanbh ar an saol i 2009, méadú de 27% i gcomparáid le 2005. Cuireann líon na mbreitheanna seo éileamh mór ar ár seirbhísí máithreachais.
- Bhí méadú de 2.8% i measc an aoisghrúpa 0-4 i gcomparáid leis an mbliain seo caite, a chuireann éileamh mór ar sheirbhísí ar nós seirbhísí imdhíonta
- Bhí méadú de 2.8% ar líon na ndaoine atá 65 bliain d'aois agus níos sine i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Cuireann an daonra breacaosta éileamh mór ar sheirbhísí de bharr méadaithe ar thinnis ainsealacha ar nós diaibéitis, teipe croí, galair dhuáin, srl.
- Tá an básráta ag laghdú in Éirinn go socair agus méadú ar thréimhse shaoil dá bharr.
- Tá an stádas sláinte níos fearr in Éirinn anois ná riamh, agus léiriodh dul chun cinn suntasach le blianta beaga anuas.
- Bhí méadú 3 bliana ar ionchas saoil le deich mbliana anuas. Ag an am bhíomar ag bun an liosta Eorpaigh maidir le hionchas saoil, anois táimid gar do mheán na céad 15 tír Eorpacha.
- Bhain Éire bua suntasach amach maidir leis an mbásráta i measc na leanaí atá níos óige ná 5 bliana d'aois a laghdú. 3.7/1,000 breith i 2008 (meastachán de chuid UNICEF). An 6ú básráta is fearr san AE-27
- Bhí laghdú mear ar rátaí báis réamhaibí agus anois tá sé faoi mheán an chéad 15 tíortha tosaigh Eorpacha.
- Tuigtear go léiríonn an básráta i measc naíonán sláinte agus folláine an daonra ar fad. Bhí laghdú ar bhásráta naíonán agus tá sé ag leibhéal níos lú ná mar a bhí riamh, faoi mheán an chéad 15 tíortha tosaigh Eorpacha.
- Don chéad uair ó 1995, bhí glanchaillteanas trí imirce ann in Éirinn. Bhí laghdú ar líon na n-inimirceach a tháinig go hÉirinn, agus méadú ar líon na n-eisimirceach a d'fhág an Stáit ina údar air. Cé go bhfuil glanchaillteanas trí imirce ann, tá ár ndaonra fós ilghnéitheach ó thaobh cultúir de agus tá go leor pobail mhionlaigh eitnigh atá ina gcónaí agus i mbun oibre ar fud fad na tíre. Ní hamháin gur úsáideoirí dár seirbhísí sláinte iad, ach iadsan a dhéanann suas 10% dár bhfórsa oibre.

**Figiúr 1: Comhchodanna fáis daonra 1987-2009**



## Sláinte a Chur Chun Cinn

Tá sé fós mar aidhm againn sláinte ár ndaonra a chur chun cinn. I 2009, dhíríomar ar thionscnaimh a chuir sláinte agus folláine chun cinn sna réimsí seo a leanas:

- Sláinte d'Fhir
- Feasacht ar alcól agus drugaí
- Tacaíocht a thabhairt do dhaoine a ngníomhaíocht choirp a fheabhsú
- Sláinte ghnéis agus cásanna galar gnéas-tarchurtha a laghdú, go háirithe i measc daoine óga
- Dearcadh dearfach maidir le meabhairshláinte a choinneáil
- Dea-nósanna ite a spreagadh i ndaoine
- Tacaíocht a thabhairt do dhaoine éirí as caitheamh tobac
- Beathú Cíche a Spreagadh
- Sláinte bhéil a fheabhsú, go háirithe i measc leanaí
- Cumarsáid sláinte níos fearr a dhéanamh trí uirlisí le haghaidh cúnamh ilteangach agus litearthachta a fhorbairt.

I measc na dtionscnaimh ar mhaithe le folláine daoine:

### Sláinte d'Fhir

Foilsíodh an chéad *Pholasaí Sláinte d'Fhir 2008-2013* in Eanáir 2009 d'fhonn sláinte agus folláine bharrmhaith a chur chun cinn do gach fear in Éirinn, agus cur chuige coisctheach a chur i bhfeidhm chun sláinte a chur chun cinn i soláthar seirbhísí. Tá ionchas saoil na bhfear 5 bliana níos lú ná ionchas saoil na mban in Éirinn agus tá básrátaí de bharr na ngalar is coitianta níos airde d'fhir i gcomparáid le mná. Tugann an polasaí nua faoi na dúshláin éagsúla ag fir maidir lena sláinte a bhainistiú, agus tugann sé plean do sholáthróirí seirbhíse ar fud na tíre tacaíocht a thabhairt d'fhir ionas go nglacfaidh siad níos mó freagrachta as a sláinte agus folláine.

D'fhorbair an tIonad Sláinte d'Fhir, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, i gcomhar le Líonra Forbarthana bhFear, Port Láirge, clár oiliúna sláinte dhá lá d'fhir ar a ndearnadh measúnú le roinnt grúpaí, mar aon le dochtúirí ginearálta faoi oiliúint, altraí, oibrithe pobail agus foireann um chur chun cinn na sláinte. Baintear úsáid as roinnt modheolaíochtaí éagsúla chun dea-chleachtas a chur chun cinn i measc na bhfear. Is obair thábhachtach í seo ar a ndéanfar forbairt i 2010.

### Meath Fiacla i measc Leanaí

Seoladh treoirlínte cuimsitheacha, fianaisebhunaithe maidir le meath fiacla i measc leanaí Éireannacha i Meán Fómhair 2009. Forbraíodh na treoirlínte mar chuid de Thionscnamh Treoirlínte Sheirbhísí Sláinte Bhéil na hÉireann, tionscnamh comhoibritheach atá maoinithe ag an mBord Taighde Sláinte i gcomhar leis an Ionad Taighde Seirbhísí Sláinte Bhéil, Corcaigh, le Seirbhís Déadach FSS agus le hIonad Cochrane sa Riocht Aontaithe.



*Fintan Hourihan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Cumann Dhéadach na hÉireann, Teresa Maguire, an Bord Taighde Sláinte; an tOllamh Helen Whelton, an tIonad Taighde Seirbhísí Sláinte Bhéil, Corcaigh agus Catherine Murphy, Cur Chun Cinn Sláinte ag seoladh an tionscadail maidir le meath fiacla a chosc.*



### Little Steps

Tá sé mar aidhm ag 'Little Steps' eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun athruithe beaga a dhéanamh ar aiste bia a leanaí agus leibhéal a ngníomhaíocht choirp a mhéadú. Tugann taighde a rinneadh i 2009 ar an bhfeachtas a bhí ar siúl i 2008 le fios go bhfuil tuismitheoirí ag déanamh athruithe dearfacha i saolta a leanaí. Aibhsíonn sé chomh maith go ndúirt 37% de na tuismitheoirí gur laghdaíodh an mhéid ama a bhíonn leanaí ag caitheamh ag imirt cluichí ríomhaire, i gcomparáid le 27% i mBealtaine 2008. Chomh maith leis sin, dúirt 75% de na tuismitheoirí go raibh siad ag spreagadh a leanaí bia a bhfuil siúcra ann a sheachaint, cosúil le milseáin, brioscaí agus seacláid, i gcomparáid le 67% i mBealtaine 2008.

## BÉIM A LEAGAN AR DHUL CHUN CINN I 2009 – AG DÍRIÚ AR ALCÓL

D'fhoilsigh Grúpa FSS um Fheidhmiú Alcóil tuarascáil maidir le 'Deoch Chaighdeánach in Éirinn: Cé chomh láidir?'. Ní féidir an mhéid fíoralcól atá ann i dtáirgí éagsúla a mheas de bharr na bpolasaithe lipéadaithe i láthair na huaire. D'fhéadfá d'iontógáil a mheas i slí níos beaichte trí úsáid na tuarascála. Moltar freisin go mbeadh sé an-fhóinteach eolas faoi chalraí a chur ar lipéid toisc gur fhoinse mhór calraí nach gcuirtear san áireamh é an t-alcól do go leor daoine.




## BÉIM A LEAGAN AR DHUL CHUN CINN I 2009 – AG DÍRIÚ AR CHAITHEAMH TOBAC

### Léiríonn Taighde Feachtais go bhfuil Tionchar Mór ag Tuismitheoirí a Chaitheann Tobac ar a Leanaí

I mBealtaine 2009, fógraíodh torthaí taighde nua mar chuid d'Fheachtas Feasachta Pobail um Chaitheamh Tobac a Stad a thugann cúnamh do dhaoine fásta éirí as tobac a chaitheamh. Léirigh an taighde:

- go méadaíonn líon na leanaí a thosaíonn tobac a chaitheamh nuair a chaitheann an mháthair agus an t-athair tobac.
- gur chaiteoirí nó iarchaiteoirí iad 48% den daonra ach ardaíonn an figiúr seo go 62% nuair a chaitheann an bheirt tuismitheoirí tobac.
- As 48% de na caiteoirí nó iarchaiteoirí, tógadh 78% i dteaghlach ina raibh tuismitheoir ag caitheamh tobac. I gcomparáid le 52% de na daoine nach gcaitheann tobac, bhí 60% i dteaghlach ina raibh tuismitheoir ag caitheamh tobac agus bhí 40% i dteaghlach nach raibh tuismitheoir ag caitheamh tobac ann.
- Thosaigh 67% de na caiteoirí tobac ag caitheamh sular bhain siad 18 mbliana d'aois amach, 19% ag tosú sular bhain siad 14 bliana d'aois amach.
- Deir 55% de na caiteoirí nó iarchaiteoirí nach raibh a máithreacha sásta lena gcaitheamh tobac i gcomparáid le 43% dá n-aithreacha.
- Deir 1 as 10 go raibh a dtuismitheoirí sásta go raibh siad ag caitheamh tobac
- I measc na gcaiteoirí nó na n-iarchaiteoirí, níor labhair ach 57% dá máithreacha agus 46% dá n-aithreacha leo maidir leis an drochthionchar atá ag tobac ar an sláinte.
- Ní deir ach 50% de chaiteoirí a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu go n-éireoidís as tobac a chaitheamh dá mba rud é go spreagfadh a gcaitheamh tobac a leanaí tosú ar thobac a chaitheamh, deir 23% go mbeadh seans go n-éireoidís as.
- Ach, deir 28% nach n-éireoidís as tobac a chaitheamh cé go spreagann sé a leanaí tosú ar thobac a chaitheamh.

Forbraíodh suíomh Idirlín nua a bhaineann le héirí as tobac *www.giveupsmoking.ie* mar chuid den Fheachtas, agus tá raon ábhair eolais le fáil ann, plean chun cúnamh a thabhairt do dhaoine éirí as an tobac san áireamh. Is féidir le caiteoirí atá ag iarraidh éirí as an tobac glao a chur ar an Stoplíne Náisiúnta ar líne ghlao sábhála 1850 201 203 agus labhairt le comhairleoir nó teagmháil a dhéanamh le FSS chun teacht ar seirbhísí áitiúla a thugann cúnamh do dhaoine éirí as an tobac. Tá an Stoplíne Náisiúnta curtha ar fáil ag Cumann Ailse na hÉireann thar cheann FSS.




Tionscnaimh eile a bhaineann le caitheamh tobac chosc:

- Thug Ospidéal Uí Chonghaile polasaí gan cead caite ar fud a champais isteach le déanaí, an dara ospidéal in Éirinn a rinne é seo. Cuireann an polasaí seo i ngeall ar an ospidéal go dtabharfar faoi chaitheamh tobac mar shaincheist sláinte agus cuireann sé cosc ar thobac ar champas an Ospidéil.
- De réir toisí a tugadh isteach in Iúil 2009, tá ar gach duine a dhíolann táirgí tobac trí mhiondíol — cé acu an bhfuil sé ar díol thar an gcuntar nó trí mheaisín díola féinseirbhíse — clárú leis an Oifig um Rialú Tobac. Tá oifigigh shláinte chomhshaoil (EHO) ar fud na tíre tiomanta don reachtaíocht seo a chur i bhfeidhm agus bíonn siad ag obair le miondíoltóirí agus áitribh ceadúnaithe chun comhlíonadh leis na rialacha nua seo a chinntiú trí eolas agus comhairle a chur ar fáil. Beidh na hathruithe seo mar thaca ag reachtaíocht eile atá le tabhairt isteach — cosc a chur ar fhógraíocht do tháirgí tobac san áit mhiondíola, chomh maith le rialú níos déine ar thoitíní atá díolta ó mheaisín díola agus smachtbhannaí níos láidre do mhiondíoltóirí nach bhfuil ag cloí leis na rialacha a chur i bhfeidhm.




## DUL CHUN CINN I 2009 AIBHSITHE – FÓCAS AR GHNÍOMHAÍOCHT CHOIRP

### Cluichí Pobail FSS 2009

Ghlac beagnach 9,000 leanaí agus daoine óga ó gach carn den tír páirt sa Bhabhta Ceannais Náisiúnta de Chluichí Pobail FSS in Institiúd Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, a cuireadh ar bun deireadh seachtaine amháin i mí Bealtaine agus péire deireadh seachtaine i mí Lúnasa.

Glacann os cionn 500,000 leanaí agus daoine óga ó gach ceantar sa tír páirt i gCluichí Pobail FSS gach bliain, rud a chiallaíonn gur chuid lárnach de shamhradh na hÉireann é.

Léiríonn an comhpháirtíocht idir FSS agus Cluichí Pobail an tábhacht a bhaineann le roghanna sláintiúla do stíl mhaireachtála na clainne ar fad. Bhí foireann FSS um chur chun cinn na sláinte i láthair ag an mBabhtha Ceannais Náisiúnta chun leideanna úsáideacha a thabhairt maidir le bia sláintiúil agus fanúint gníomhach. I mbliana, cruthaíodh caoineog speisialta nua do Chluichí Pobail FSS a tugadh do gach éinne de na rannpháirtihe. Bhí oifigigh scoir den tobac ar fáil chomh maith chun labhairt le héinne a raibh fonn orthu éirí as toitíní, nó chun comhairle a thabhairt a chuideodh le tuismitheoirí cosc a chur ar a leanaí bheith ag caitheamh. Mana na gCluichí ná 'Aigne shláintiúil i gcorp sláintiúil', dearcadh a léiríonn aidhm chur chun cinn na sláinte atá ag FSS .

Tugadh comhairle do thuismitheoirí agus leanaí maidir le bia maith a ithe, fanúint gníomhach agus a bheith folláin. Trí tionscnaimh ar nós 'Little Steps' agus 'Get Ireland Active', thugamar leideanna agus comhairle don chlann ar fad chun aire a thabhairt dá sláinte trí athruithe beaga a dhéanamh ar nós roghanna níos sláintiúla a phiocadh, agus leibhéil ghníomhaíochta a ardú. Is meán iontach Chluichí Pobail FSS chun leanaí a choimeád sláintiúil, fad is a bhíonn cairde nua á fháil acu agus taitneamh den scoth á bhaint acu as an ócáid.

**San áireamh sna tionscnaimh ghníomhaíocht choirp a bhí ar bun i 2009 bhí:**

- Treorlínte Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhaíocht Choirp – Seoladh 'Get Ireland Active'. Léiríonn sé seo gur cheann de na bealaí is fearr feabhas a chur ar ár gcuid sláinte ná a bheith gníomhach go fisiciúil. Molann na treorlínte gur chóir dúinn 30 nóimead de ghníomhaíocht mheánach a dhéanamh go ginearálta cúig lá sa tseachtain. Dá ndéanaimis sin bheadh líon níos lú daoine le galair ainsealacha agus bheadh costais sláinte níos lú. Téigh chuig an suíomh gréasáin *www.getirelandactive.ie* chun na buntáistí go léir a bhaineann le haclaíocht rialta a mheabhrú duit féin.
- D'aontaigh siad seo a leanas ar ráiteas comhairleach um mheasúnú priacail cairdiach dóibh siúd atá páirteach sna spóirt agus aclaíocht: Comhairle Spórt na hÉireann, Cumann Cairdiach na hÉireann, Foras Croí na hÉireann agus Coáiste Liachleachtóirí na hÉireann

### Fíricí Fliú 2009

- 4,521 cásanna daignithe de Phaindéim (H1N1) 2009 curtha in iúl in Éirinn i 2009
- 80% de na cásanna tarlaithe in othair faoi bhun 35 bliain d'aois
- 23% (1,034) de na cásanna daingnithe glactha in ospidéil, le díreach os cionn 8% (87) a raibh gá acu leis an Aonad Dianchúraim
- Meastar go raibh an galar ag díreach faoi bhun 5% den daonra agus d'fhéadfadh go raibh sé ag 10% breiise ar leibhéal fochliniciúil
- Bhí riocht sláinte cheana féin ar 43% de na hothair isteach
- Fuair 22 duine bás in Éirinn de na daoine arbh cásanna daignithe iad i rith na bliana
- Go hidirnáisiúnta, fuair os cionn 12,220 duine bás de Phaindeim (H1N1) 2009 i rith na bliana
- Tosaíodh ar fheachtas suntasach vacsaínithe i Samhain 2009. Thar tréimhse dhá mhí, rinneadh vacsaíniú ar os cionn 800,000 duine in aghaidh Phaindéim (H1N1) 2009 in Éirinn
- Bunaíodh 45 clinicí ollvacsaínithe ar bhonn náisiúnta, bainistithe ag 60 foireann Mochaine Choisctheach

## Míochaine Choisctheach

De bhreis ar thacaíocht a thabhairt do stíl mhaireachtála sláintiúil, agus í a chur chun cinn don daonra ina iomláine, tá sé tábhachtach beartais sonraithe a thabhairt isteach chun tinneas agus galar a chosc.

### Paindéim (H N ) 2009 (Fliú Mucúil)

Ba sa bhliain 2009 a chonaiceamar Paindéim (H1N1) 2009, foirm nua fliú, ag scaipeadh timpeall an domhain. Go luath i samhradh 2009, d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go raibh paindéim ann toisc go raibh an fliú nua seo ag scaipeadh is ag cruthú galar in iliomad áiteanna ar fud an domhain. Bunaíodh Foireann Bainistíocht Géarchéime FSS chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhfreagairt náisiúnta, ag obair go dlúth leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus gníomhaireachaí agus foirne bainistíochta géarchéime eile a raibh mar aidhm acu bainistíocht a dhéanamh ar an bhfreagairt áitiúil. I rith na céime tosaigh, dhírigh ár gcóras sláinte in Éirinn ar scaipeadh an víris a mhoilliú – ag cur daoine leis an bhfliú ar leithlis sa bhaile agus iarraidh ar dhaoine a bheadh i dteagmháil leo leithlis phearsanta a dhéanamh agus cógas frithvíreasach a thógáil mar bheart coisctheach. In ainneoin sin, chuaigh líon na gcásann i méid nuair a scaip an fliú ó dhuine go duine laistigh d'Éire.

In Iúil 2009 bhogamar go maolú in áit shrianta, ag úsáid ár nacmhainní le cinntiú gurbh fhéidir leo siúd ar tháinig an fliú orthu in ann teacht ar an gcomhairle cuí le cabhair a thabhairt dóibh féin, chun cosc a chur orthu an fliú a scaipeadh go daoine eile, agus chun teacht ar chógais dá mba ghá dóibh. Sainaithníodh go luath sa scéal i gcás tromlach na gcásanna, go raibh an chuid is mó de na daoine ar tháinig an fliú seo orthu agus a lean comhairle cúraim simplí FSS in ann teacht chucu féin sa bhaile gan aon ghá le cóir leighis frithvíriseach. Bhí cóireáil le cógais frithvíriseacha agus tástáil saotharlainne sa chéim seo dírithe ar dhaoine le hairíonna troma agus daoine i ngrúpaí ardriosca, ar nós leanaí óga, mná torracha agus iad siúd a bhfuil galair orthu cheana féin.

Tosaíodh feachtas náisiúnta vacsaínithe ag tús na Samhna 2009. Ag úsáid modhanna éagsúla – LG, clinicí ollvacsaínithe agus clinicí vacsaínithe i scoileanna, tugadh an vacsaín amach i gcéimeanna agus ofráladh do dhaoine ardriosca ar dtús é agus na daoine a mbeadh teagmháil rialta acu leo, chomh maith le foirne cúram sláinte agus oibrithe riachtanacha eile. Ina dhiaidh sin bhí leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois, aosaigh os cionn 65 bliain d'aois, agus ansin an chuid eile den tír.

Thacaigh feachtas suntasach cumarsáide '*Leatsa a Stopfar é*' leis an bpróiseas, feachtas a cuireadh i bhfeidhm ar raidió náisiúnta agus áitiúil, meáin ghréasáin, chló agus soghluaiste, agus chuir sé comhairle agus eolas ar fáil faoin bhfliú, airíonna agus cúram, agus ar an láthair agus an t-am leis an vacsaín a fháil.

San iomlán, tugadh vacsaín d'os cionn 800,000 duine in aghaidh Phaindéim (H1N1) 2009 in Éirinn.


De bhreis ar an bhfoirm sonrach den phaindéim fliú, moltar vacsaín bhliantúil fliú do gach éinne atá os cionn 65 bliain d'aios. Ceaptar go ndéanann vacsaín fliú básanna atá bainteach le fliú a laghdú 70-80% i ndaoine scothaosta. Léirigh sonraí den daonra scothaosta a fhaigheann vacsaín go raibh an líon imithe i léig. I rith 2006/07, fuair 61% dóibh siúd os cionn 65 bliain d'aois a raibh cárta liachta acu vacsaín. I 2008/09 d'ardaigh seo go 71%.

### Imdhíonadh

Grúpa eile sa daonra ar ghá a chosaint ná ár leanaí. Tugtar raon vacsaíní do leanaí sa tréimhse naíonachta chun cosaint a thabhairt dóibh in aghaidh Diftéire, Teiteanas, Triuch (DTP comhcheangailte), Polaimiailíteas, Fliú, Meiningíteas, Bruitíneach, Leicneach agus Rubella (MMR comhcheangailte). Bhí rátaí iontógála iomdhíonta do leanaí ag 24 mí d'aois don tríú dáileog DTP ag 94% (suas ó 90% i 2005) agus 90.5% do MMR (suas ó 83% i 2005).

Ó mí Aibreáin go mí Meithimh 2009, cuireadh feachtas vacsaínithe ar bun a bhí dírithe ar dhaltaí dara leibhéal ón 4ú, 5ú agus 6ú bliain mar fhreagairt ar bhriseadh amach leicní. Tugadh vacsaín do 85,000 duine, iontógáil de 75% nó mar sin.

**Fíor 2: Rátaí Iontógála Náisiúnta do leanaí ag aois 24 mí**




### Faireachas ar Chosaint Sláinte

Ag obair i gcomhar le soláthróirí seirbhísí sláinte agus comheagraíochtaí ar fud an domhain, déanaimd ár ndícheall sláinte mhuintir na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú trí chomhordú, léirmhíniú agus scaipeadh a dhéanamh ar shonraí chun an t-eolas is fearr ar ghalair thógálacha a sholáthar. Baintear é seo amach trí fhaireachas, comhairle neamhspleách, iniúchtaí eipidéimeolaíochta, taighde agus traenáil a dhéanamh.

I measc na dtionscnamh a bhí ann i 2009 bhí:

- Figiúrí maidir le VEID agus SEIF ó 2008 a fhoilsiú a léirigh 405 cásanna nua-dhiagnóisithe VEID in Éirinn i rith 2008 – méadú 3.6% i gcomparáid le 2007 – agus 28 cásanna nua de SEIF. Tá líon na nothar a léiríonn tinnis atá bainteach le SEIF ag dul i léig go leantach, áfach, rud a fheictear ón titm leanúnach atá tagtha ar chásanna tuairiscite SEIF ó 2003. Tá líon na mbásanna atá bainteach le SEIF titithe chomh maith, agus tugann sé seo le fios go bhfuil daoine ag fáil chúraim agus cóireála go luath, rud a fheabhsaíonn iarmhairtí cliniciúla agus ionchas saoil.
- D'impíomar ar thuismitheoirí a leanaí a vacsaíniú in aghaidh na mbruitíní i ndiaidh briseach amach náisiúnta den ghalar a thosaigh i mí Lúnasa 2009. Faoi theacht na Samhna, tuairiscíodh 75 cásanna i gcomparáid le 50 don tréimhse chéanna ó 2008. Bhain an líon is mó cásanna (80%) le hothair a bhí níos lú ná 10 mbliana d'aois, ina raibh 30% acu idir 1-2 bhliain d'aois. Is i measc leanaí ó phobal na dTaistealaithe a tharla tromlach na gcásanna.




## Do Mheabhairshláinte Faoi Chothabháil

I rith tréimhse ina mbíonn arduithe géarra agus leanúnacha dífhostaíochta, tá daoine dífhostaithe i mbaol trí huaire níos mó ná daoine fostaithe smaoineamh ar iompar féinmharaithe.

Chuir an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc, i gcomhar le raon ghníomhaireachtaí eile, 100,000 bileog eolais agus 100,000 cártaí eolais póca maidir le '*Aire a thabhairt do do Mheabharshláinte i gCúinsí Deacra Eacnamaíochta*'. Tá leideanna ar chonas maireachtáil sna hamanna deacra seo san áireamh sna cártaí.

Tionscnaimh eile a cuireadh i bhfeidhm i 2009 iad:

- Cruthaíodh acmhainn dar teideal Féinmharú a Chosc san Ionad Oibre. Tá eolas praiticiúil ar fáil ann agus comhairle d'ionaid oibre agus eagraíochtaí arbh fhéidir a mbeadh gá acu freagairt a thabhairt, agus tacú leo siúd atá i mbaol. Tá traenáil um fhéinmharú a chosc á dhíriú ar gníomhaireachtaí ar nós na Seribhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid, Ionaid Eolais do Shaoránaigh agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh chomh maith lenár bhfoireann féin.
- Seoladh feachtas ár Meabhairshláinte ina raibh forbairt shúomh gréasáin *www.letsomeoneknow.ie*. san áireamh.
- Forbraíodh leathanach tiomnaithe agus maolaithe Bebo. *www.bebo.com/yourmentalhealth*.
- Forbraíodh suirbhé náisiúnta dearcaidh Daoine Óga agus Meabhairshláinte agus tá sé ar fáil ag *www.nosp.ie*.
- Tionscadal a forbraíodh i gcomhar leis an Oifig Acmhainne um Fhéinmharú Réigiúnach, FSS Theas agus Briogóid an Deiscirt d'Óglaigh na hÉireann dírithe ar an tsaincheist maidir le féinmharú a chosc in Óglaigh na hÉireann. Cuireann an tionscadal seo oiliúint ar fáil d'eochairphearsanra ar gach raon den chosc, idirghabháil agus iarghabháil, chomh maith polasaithe a fhorbairt chun tacú le hÓglaigh na hÉireann aghaidh a thabhairt ar eachtraí féinmharaithe má tharlaíonn siad.

## Diagnóis Luath/Cóireáil Luath

Má dhéantar galar a dhiagnóisú ag céim luath, cabhraíonn sé linn iniúchadh agus tosú ar roghanna cóireála luath d'fhonn na hairmhairtí is fearr a bhaint amach dár n-othair. Tá sé tábhachtach chomh maith seirbhísí a fhorbairt ar féidir leo freagairt tapa a thabhairt ar shuíomhanna ina bhfuil gá le hidirghabháil míochaine.

### Cúram Réamh-Ospidéil

Chonaiceamar forbairt i 2009 ar Ardsheirbhísí Paramhíochaine ag suíomhanna straitéiseacha ar fud na tíre:

- An Cabhán/Muineachán
- An Clár/Tiobraid Árann
- Iarthar Chorcaí

Is paraimhíochaineoirí cáillithe agus speisialtóirí iad ardpharaimhíochaineoirí sa chúram éigeandála réamh-ospidéil agus is gá dóibh sé bliana de thaithí sna seirbhísí otharchairr a bheith acu. Tá siad in ann gnáthaimh bhreise tharrthála a dhéanamh ar láthair na héigeandála, gnáthaimh ar nós ionsá tiúibe, athbheochan chairdiach, sreabháin infhéitheacha a thabhairt, díbhrúchán cliabhrach, agus roinnt chógais agus drugaí shonracha a thabhairt chun tacú le bainistíocht péine agus riochtaí cairdiacha.

I rith na bliana, cuir 21 Teicneoir Míochaine Éigeandála a gcuid oiliúna i gcrích agus tá 41 eile tosaithe ar oiliúint a chuirfear i gcrích go luath i 2010.

### Seirbhísí Ailse

Fad is a bhí seirbhísí riachtanacha ailse á bhforbairt:

- Bunaíodh Clinicí Mear-Rochtana d'ailse scámhóg i mBaile Átha Cliath (Ospidéil Beaumont, Naomh Uinsean agus Naomh Shéamas) agus i bPort Láirge, le Clinicí Mear-Rochtana d'ailsí próstatach bunaithe i mBaile Átha Cliath (Ospidéil Naomh Shéamas agus Naomh Uinseann) agus i nGailimh. .
- Cabhraíodh le DG i measc an phobail chun na próisis athtreoraithe a fheabhsú agus le faireachas ar an ngalar.
- Leasaíodh seirbhísí cíche agus ceirbheacs (BreastCheck agus CervicalCheck) tríd an tSeirbhís Scagthástála Náisiúnta (NCSS) a bheidh comhtháithe le Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse FSS i 2010.



*Freda Prendergast, Freastalaí Chúram Sláinte, Carmel Murphy, Leas-Oifigeach Foirne, an tOll. Tom Keane, Stiúrthóir Eatramhach NCCP, Moya Power, Cleachtóir Ardaltranais, Úireolaíocht agus Therese O'Connor, Altra Foirne ag oscailt oifigiúil an Chlinic Mear-Rochtana d'ailse Próstatch in Ospidéal Ollscoil na Gaillimhe*

Is féidir teacht ar tuilleadh eolais maidir le dul chun cinn na forbartha ar ár seirbhísí ailse ar leathanach 46.

**Foráis Eile**

Samplaí d'fhoráis eile chun diagnóisiú nó tacú le cóireáil luath iad seo a leanas:

- Clár scagthástála do reitineapaite diaibéiteach i FSS Thiar.
- Iniúchóireacht ar sheirbhísí ionscópachta ar an drólann chun tacú le sprioc faoi bhun 4 seachtaine chuig coinne i ndiaidh atreoraithe do chásann práinneacha.
- Tugadh oiliúint do líon 27,000 daltaí idirbhliana ó 367 scoileanna i rith na bliana san atbheochan chardascámhógach, i gcomghpháirtíocht le Foras Croí na hÉireann.
- Tosaíodh Clár maidir le Bás Tobann Cairdiach san Aos Óg ar mhaithe le córais fhaireachais a fhorbairt chun aithint luath ar ghalair chairdiacha ar nós cairdimiópaite i ndaoine óga a fháil.
- Tosaíodh tionscnamh nua i rannóga éigeandála ospidéil (RÉ) i mí na Nollag 2009 atá dírithe ar idirghabháil luath a dhéanamh chun líon na ndaoine a rachadh chun a bheith spleách ar alcól a laghdú. Is suíomh maith é an RÉ chun scagthástáil a dhéanamh ar phátrúin dainséaracha ólacháin. Iarrtar ar gach éinne a fhreastlalaíonn ar RÉ in Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge, Ospidéal Ginearálta an Nás, Ospidéal Ginearálta Litir Cheanainn agus Ospidéal Ollscoil Chorcaí mar gheall ar a bpátrúin ólacháin. Má aithnítear go bhfuil pátrúin dainséaracha ólacháin á léiriú ag an lucht freastail, cuirtear comhairle agus eolas ar fáil dóibh.

## Bainistiú ar Thinneas Ainsealach

Tá fadhb na ngalar ainsealach ag méadú bliain i ndiaidh bliana. Deir aon triain de dhaonra na hÉireann go bhfuil galar ainsealach orhtu agus téann an figiúr sin i méid i gcomhréir lena naois. I rith 2009, dhíríomar ar fhorbairt a dhénamh ar chur chuige cláir chun bainistiú a dhéanamh ar na réimsí tosaíochta do ghalair ainsealacha m.sh. tinneas chardashoithíoch, ina n-áirítear cliseadh croí agus strócanna; galair thoirmeascacha san aerbhealach ar nós plúchaidh; galair mheabhairshláinte ar nós dúlagair; titimeas agus diabéiteas. Tá tuilleadh eolais faoi na cláir seo ar fáil ar leathanach 49.

Cruthaíodh go bhféadfaí fadhb na droch-shláinte agus na costais ar na seirbhísí sláinte de bharr ghalair ainsealacha a laghdú trí straitéisí fianaise-bhunaithe a úsáid ar nós vacsaínithe in aghaidh ghalar tógálach, bearta um laghdú chaitheamh tobac agus rochtain ar chóireáil ag an leibhéal cuí cúraim. Seo a leanas a dhéanaimid:

- Leanaimid orainn ag athrú an bhealaigh ina ndéanaimid seirbhísí a sholáthar chun a chinntiú go ndéantar cúram de líon níos mó daoine sa phobal trí sheirbhísí comhtháite.
- Leanaimid orainn ag tabhairt aghaidh ar phríomh-thosca riosca chun tinneas a chosc agus ualach na ngalar a laghdú.




*Ciara Heverin agus Helen Burke ag glacadh leis an duais Éireannach.*

### Buann Foireann Diaibéitis ón nGaillimh Duais

Tosaíodh clár oideachais darbh ainmh BRUCIE (*Better regultaion using carbohydrate and insulin education* – Rialú níos fearr ag úsáid oideachais carbaihiodráite agus insline sa Ghaeilge) in Ospéil Ollscoil na Gaillimhe i 2008. Is clár oideachais é BRUCIE atá ar fáil do dhaoine óga a bhfuil diaibéiteas orthu d'fhonn tacú leo lena nósanna itheacháin níos fearr a aimsiú, na scileanna agus an t-eolas riachtanach a fhorbairt chun tuiscint a fáil ar chéard iad na bianna a théann i bhfeidhm ar a siúcra fola agus, dá bharr sin, smacht ghlicéime níos fearr a bhaint amach. Is seisiún lae praiticiúil oideachas é BRUCIE, curtha i láthair ag diatéiteach diaibéitis agus ardchleachtóir altranais sa diaibéiteas. Cuirtear oiliúint leantach ar fáil gach trí mhí, sé mhí agus go bliantúil.


Bhuaigh BRUCIE an catagóir oideachasúil de Dhuais Lilly Abracadabra 2009 sa RA agus ghnóthaigh sé an dara háit sa chomórtas Éireannach, 2009. De bhreis ar an gclár atá ar siúl go míosúil, tá seisiúin oíche oideachais ar fáil chomh maith do thuismitheoirí ógánach atá tar éis freastal ar chlár BRUCIE. Cuireann BRUCIE ar chumas an ógánaigh ar a bhfuil diaibéiteas aire a thabhairt dóibh féin, le tacaíocht óna dtuismitheoirí.

# Muinín agus Iontaoibh

## Rochtain ar ár gcuid Seirbhísí a Fheabhsú

Cuirfimid le muinín agus iontaoibh an phobail inár seirbhísí sláinte trí sheirbhísí tráthúla, comhtháite, proifisiúnta agus inrochtana a sholáthar. Déanfamid níos fusa é do dhaoine teacht ar an tseirbhís cheart, san áit cheart, ag an am ceart.

Sa bhliain 2009, ghlacamar páirt i bpróiseas cuimsitheach d'athbhreithniú litríochta, comhairliúchán, ceardlanna agus grúpaí fócais rud a chuir forbairt sa tsiúil ar Chód Cleachtais Náisiúnta um Phleanáil Comhtháite Scaoilte.







Foilsíodh Treoirlínte chomh maith maidir le Pleanáil Scaoilte Éascaithe ag Altra/ Bean Chabhrach i mí Meithimh 2009

An chéad fhód á bhaint ag Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn – Aonad Measúnú Míochaine, RÉ agus bardaí míochaine nua.



### Fíricí Tapa 2009

- Rinneadh os cionn 931,000 teagmhálaithe i rith 2009 lenár seirbhísí iar-ama LG
- Tá rochtain ag 72% den daonra ar ár seirbhísí iar-ama LG
- Rinneadh taifead ar 1.1 miliún freastal inár Rannóga Éigeandála (RÉ)
- Laghdú 28% ar na daoine a bhí ag feitheamh >6 mhí do chóireáil cáis lae ó 2008 agus laghdú 66% dóibh a bhí ag feitheamh >12 mhí
- Laghdú 25% ar na daoine a bhí ag feitheamh >6 mhí ar chóireáil d'othair chónaitheacha ó 2008 agus laghdú 64% dóibh siúd a bhí ag feitheamh >12 mhí
- Tá ráta áitíochta 89.3% ag ár nospidéil ghéarmhíochaine atá beagnach 4% níos mó ná an bhliain seo caite
- Bhí 75.5% as gach freastal de chuid othar cónaitheach bainteach le hothair phoiblí
- Beagnach 3.7 miliún laethanta leaba úsáidte le meánfhad fanachta de 6.2 laethanta
- Bhí tréchur d'os cionn 3.3 milliún freastal ar ár Rannóga Othar Seactarach; 900,000 dóibh gur fhreastalaithe nua iad i 2009, rud atá ina mhéadú 4.8% ar an mbliain a chuaigh roimhe uair a raibh 2.4 milliún freastal fillidh ann
- Fuair 18,830 othar cóireáil ortadóntach le 4,803 othar ag cur a gcóireáil i gcrích

D'fhonn cur le muinín agus iontaoibh an phobail inár seirbhísí sláinte, táimid ag feabhsú ár soláthar de sheirbhísí tráthúla, comhtháite, proifisiúnta agus inrochtana. Tá sé tábhachtach go mbíonn sé éasca do dhaoine teacht ar an tseirbhís cheart, san áit cheart, ag an am ceart.

## Cód Cleachtais do Pleanáil Scaoilte

Tá béim curtha ag raon tuarascálacha ar an ngá feabhas a chur ar thosca inmhéanacha ospidéal a bhfuil baint acu le fad fanachta, líon leaba úsáidte agus úsáid leapacha. Áirítear anseo cumraíocht róta na mbardaí, pleanáil scaoilte agus obair ildisciplíneach a thabhairt isteach le moill ar mheasúnú agus scaoileadh a laghdú agus róil agus freagrachtaí a shoiléirú chun cúram sábháilte, socar agus éifeachtach a chinntiú.

Chuamar i mbun, thar caitheamh na bliana seo caite, próiseas cuimsitheach d'athbhreithniú litríochta, comhairliúchán, ceardlanna agus grúpaí fócais, rud a chuir siúl faoi fhorbairt ar Chód Cleachtais Náisiúnta um Phleanáil Comhtháite Scaoilte. Tosaíodh ar an gCód a chur i bhfeidhm i 2009 i gcúis suíomhanna píolótacha agus bhí toradh dearfach go maith leis seo. Tá an cód á chur i bhfeidhm go náisiúnta anois.

Agus muid ag tacú le cur i bhfeidhm Chód Cleachtais FSS um Phleanáil Comhtháite Scaoilte, cruthaíodh Treoirlínte um Phleanáil Scaoilte Éascaithe ag Mná Cabhrach/Altraí chomh maith. Cé gur chinneadh chomhairleoir/foireann mhíochaine an othair é iad a scaoileadh nó a isteach nó amach, tá na treoirlínte seo ann chun tacú le cleachtais phleanáil scaoilte atá ann cheana féin agus iad a dhéanamh foirmeálta, fad is a bhíonn teimpléad á sholáthar do threoirlínte áitiúla.

## Feidhmiú na Rannóg Éigeandála (RÉ)

I mí Feabhra 2009 thosaigh muid ar shonraí a bhailiú ar thaithí tréimhse Othar RÉ. Thógamar sampla sonraí ó ospidéil d'othair a scaoileadh amach ó RÉ laistigh d'amscála 2 uair an chloig gach lá. Bhailigh líon iomlán de 25 ospidéal sonraí i rith na tréimhse ar fad ó Feabhra-Nollaig 2009. Rinneadh taifeadadh ar eispéiris tuairim is 39,000 othar. Leirigh na sonraí:

- Go bhfacathas 87.3% d'othair RÉ laistigh den sprioc 6 huaire an chloig
- Scoileadh isteach 55% de na hothair ar scaoileadh isteach laistigh de 6 huaire an chloig
- Scaoileadh 93.6% d'othair nár scaoileadh isteach amach laistigh de 6 huaire an chloig.

Sa bhliain 2009, bhí fanacht níos lú na 24 uair an chloig ag 17% nó 33,509 (de gach iontráil éigeandála) d'othair a iontráladh trí RÉ. Bhí fanacht níos lú ná 48 uair an chloig ag 29% nó 56,312 d'othair éigeandála.

Táimid ag cur beart i bhfeidhm a laghdóidh líon na ndaoine a iontráiltear trí RÉ do thréimhsí gearra, trí rochtain ar scileanna speisialtóirí agus cinnteoireacht shinsearach cliniciúil sna Aonaid Mheasúnaithe Míochaine, diagnóisithe agus seirbhísí cúram soghluaiste a mhéadú.

Tá tionscnaimh curtha i bhfeidhm ag cúig shuíomhanna, ag obair faoi choimirce Fóram na RÉ, dírithe ar shruth othar a fheabhsú ó na RÉ chuig na bardaí. Tá acmhainneacht suntasach léirithe ag seo agus déanfar luch
áil ar go luath i 2010 chun a bhfuil le foghlaim uaid a chórasú.

### Tábla 2: Liostaí Feithimh ó mí na Samhna de gach bliain

| | Feitheamh > 6 Mí | | | % Ath 2007 V 2009 |
|---|---|---|---|---|
| | 2007 | 2008 | 2009 | |
| Cás Lae | 7,995 | 5,751 | 4,133 | -48.3% |
| Othar Cónaitheach Toghthach | 5,643 | 4,457 | 3,336 | -40.9% |

| | Feitheamh > 12 Mí | | | % Ath 2007 V 2009 |
|---|---|---|---|---|
| | 2007 | 2008 | 2009 | |
| Cás Lae | 3,467 | 1,372 | 464 | -86.6% |
| Othar Cónaitheach Toghthach | 2,455 | 1,217 | 437 | -82.2% |

## Liostaí Feithimh

Déanann an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) bainistiú ar na liostaí feithimh náisiúnta. Cuirtear othair ar an liosta feithimh náisiúnta trí mhí i ndiaidh doíbh atreorú a fháil don chóireáil.

- Tá laghdú 28% tagtha ar liostaí feithimh cásanna lae ó 2008 d'othair ag feitheamh >6 mhí agus laghdú 48% ó 2007
- Maidir le liostaí feithimh d'othair a bhí ag feitheamh >12 mí tá laghdú 66% ó 2008 agus laghdú 87% ó 2007
- Ta liostaí feithimh d'othair chónaitheacha thoghthacha a bhí ag feitheamh >12 mí laghdaithe 25% ó 2008 nó 41% ó 2007
- Maidir leo siúd a bhí ag feitheamh >12 mí tá laghdú 64% tagtha ón mbliain seo caite agus 82% ó 2007.

Fógraíodh scéim dhreasachta d'ospidéil a bhuaileann a spriocanna feithimh go rialta ag deireadh 2009, arna chur i bhfeidhm i 2010.

Eisíodh treoirlínte nua um chomhliostaí feithimh d'othair atreoraithe ag a LG, d'fhonn scrúdú nó cóireáil dhiagnóiseach a dhéanamh, do gach ospidéal géarmhíochaine i 2009. Is gá gach othar (poiblí nó príobháidech) a bhfuil ga acu le gnáthaimh dhiagnóiseacha nó chóireála i ndiaidh chomhairliúchán d'othair sheachtaracha a fháil a chur ar chomhliosta feithimh má tá tréimhse fheithimh chun teacht ar an gnáthamh sin ann. Caithfear glaoch ar na hothair ar an liosta feithimh (gan stádas poiblí nó príobhaideach san áireamh) de réir na gcritéar seo leanas amháin:


- In ord tosaíochta clinicúla, inleanta ag
- Fad an fheithimh féin

Tá cloí docht le na treoirlínte seo ina riachtanas faoi Chonradh na Sainchomhairleoirí 2008


## Liostaí Feithimh Pobail

Tosaíodh ar threoirthionscadal i rith 2009 chun measúnú a dhéanamh ar liostaí feithimh urlabhra agus teanga agus fisiteiripe.

### Fíor 3: Ag feitheamh níos faide ná 6 mí




### Fíor 4: Ag feitheamh níos faide ná 12 mí




## Seirbhísí Meabhairshláinte Pobail do Leanaí agus Ógánaigh (CAMH)

Déanann gach foireann CAMH scagadh ar atreoruithe, feictear iad siúd atá práinneach mar thosaíochtaí agus cuirtear iad siúd nach bhfuil práinn leo ar liosta feithimh.


Thug 50 foireann CAMH tuairisc dúinn go raibh 2,608 leanaí agus ógánach ag feitheamh ar an liosta ag deireadh mhí na Nollag 2009:

- 907 (35%) ag feitheamh níos lú na 3 mí
- 516 (20%) ag feitheamh idir 3-6 mí
- 623 (24%) ag feitheamh idir 6-9 mí
- 562 (22%) níos faide ná 12 mí

### Fíor 5: Líon na leanaí/ógánach ag feitheamh ar Fhoirne pobail CAMH




### Fíor 6: Liostaí feithimh d'Fhoirne pobail CAMH




| | 0-3 mí | 3-6 mí | 6-12 mí | 12+ mí |
|---|---|---|---|---|
| Deisceart | 21% | 31% | 36% | 60% |
| Iarthar | 18% | 22% | 27% | 27% |
| DNE | 28% | 22% | 21% | 5% |
| DML | 33% | 25% | 16% | 8% |
| Iomlán | 35% | 20% | 24% | 22% |



*Gary Courtney, Stiúrthóít Cliniciúil ag Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcás, An tAire Mary Harney agus Anne Slattery, Bainisteoir Ginearálta*

### Osclaíonn Ospidéal Naomh Lúcás a Rannóg nua d'Othair Sheachtracha

Osclaíodh rannóg nua d'othair sheachtracha in Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcás i gCill Chainnigh trí infheistiú de €6.4 milliún. Beidh an ROS seo ag freastal ar 53,000 duine ó Cheatharlach-Cill Chainnigh a théann go hOspidéal Naomh Lúcás ar bhonn seachtarach chuile bliain. Cuireann an foirgneamh nua áiseanna nua-aimseartha, spás cliniciúil feabhsaithe agus láithreacha feithimh compordacha ar fáil don phobal. Tá spás ceaptha chomh maith do chafé, ar féidir le hothair agus cuairteoirí a úsáid. Laghdóidh na seirbhísí nua seo d'othair sheachtracha an gá iontráil neamhriachtanach a dhéanamh do dhiagnóisiú agus gnáthaimh mhionchúiseacha eile.

Léirigh sé seo laghdú 509 (16%) den líon iomlán a bhí ag feitheamh ag deireadh mhí na Samhna 2008 agus laghdú 1,001 (28%) ar an gcéad suirbhé chomhlánaithe de liostaí feithimh i mí Márta 2007.

Bunaithe ar 6 mí de shonraí bailithe ó Iúil go NollaIg 2009, meán-chéadtadán feidhmiúcháin na 50 foireann Pobail CAMH ar an % de chásanna nua ón gcéad choinne laistigh de 3 mí ó fáil an atreoraithe ná 67%.

San áireamh sna seirbhísí tá soláthar mheasúnú ar atreoruithe agus for-rochtain éigeandála, práinneach agus mionchúiseach chun riachtanais thromchúiseach nó choimpléascacha meabhracha a aithint, go háirithe nuair atá clanna drogallach dul i gcomhairle leis na seirbhísí meabhairshláinte. Déantar bainistiú ar thromlach na gcásanna i suíomh foirne pobail.

An sprioc bunaidh ná go bhfeicfear 100% de na leanaí atreoraithe laistigh de 3 mí. Cuirfear é seo i gcrích trí na liostaí feithimh atá ann anois a dhíbirt agus dul chun cinn leanúnach ar an sprioc tosaigh de 70% a bhaint amach an bhliain seo chugainn le sprioc de 100% curtha i gcrích thar tréimhse 3-5 bliana.

## Foirne Idirghabhála Pobail (FIP)


Cuireann FIP freagairt thapa ar fáil d'othar ó sheirbhísí pobail ina gceaptar go bhfuil sé oiriúnach ó thaobh mhíochaine de gur féidir a gcóireáil a dhéanamh i suíomh tí. Iontu tá foirne gairmithe sláinte (altraí ginearálta, altraí sláinte pobail (ASP), seirbhísí cúnamh baile) ar féidir teacht orthu trí Liachleachtóirí Ginearálta (LG) agus RÉ. Tá iomlán na bhfoirne scaipthe thar seirbhís seacht lá, idir na príomh-uaireanta oibre 8.00am agus 10.00pm.

Tá cuíchóiriú á dheanamh faoi láthair ar FIP isteach sna croísheirbhísí pobail ar nós Foirne Cúraim Príomhúil (FCP) agus beidh siad dírithe ar na ceantair ina bhfuil an moill is mó ann maidir le daoine a scaoileadh amach agus ina bhfuil dúshláin seachanta iontrála.

Ta ceithre FIP bunaithe i mB.Á.C Thuaidh, B.Á.C. Theas, Luimneach agus Corcaigh. Léiríonn briseadh síos san atreorú ón bhfoinse ar othair, feicthe idir Eanáir agus Bealtaine 2009, an obair atá déanta acu i gcás daoine a scaoileadh amach go luath ó ospidéail agus seachaint iontrála:

- Glacadh le 836 othar (36%) i ndiaidh atreoraithe ó RÉ nó seachaint ospidéil

### Fíor 7: Iontógáil othar FIP 2009




- Ghlac FIP le 757 othar (33%) nuair a scaoileadh amach go luath ón ospidéal iad
- Ghlac FIP le 264 othar (11%) i ndiaidh atreoraithe óna LG
- Ghlac FIP le 458 othar (20%) i ndiaidh atreoraithe ón bpobal (ón ASP mar shampla)

Tá sé i gceist againn ról FIP a leathnú trí athchumraíocht a dhénamh ar ár seirbhísí i 2010.



*Grianghraf ó thaobh na láimhe clé: Mary Harney, TD, An tAire Sláinte agus Leanaí; Bridget Howley, Banisteoir Ginearálta; An Dr. Pat Nash, Stiúrthóir Cliniciúil Míochaine; An Dr. Tim Counihan, Néareolaí Comhairleach; agus an tUas. Jack McCann, Stiúrthóir Cliniciúil.*

## Osclaíonn Aonad nua um Mheasúnú Míochaine in Ospidéal Ollscoil na Gaillimhe

Cuspóir an Aonaid nua um Mheasúnú Míochaine seo ná chun measúnú ar othair a léiríonn géarfhadhbanna míochaine a chur chun tosaigh agus chun éascú le diagnóis luath a fháil agus an chóireáil chuí a thosú. Cabhróidh an t-aonad seo le hothair a scaoileadh amach go luath agus le líon na niontrálacha míochaine a laghdú agus/nó an líon ama a bhíonn ar othair fanacht san ospidéal a laghdú. Tógadh an Aonad um Mheasúnú Míochaine seo le sainchuspóir, agus tá aonad measúnaithe 11 bá ann le dhá bhá leithlise aonair ann le rochtain acu siúd a mbeadh iontráil ag teastáil uathu ar láthair iontrála míochaine 8 leaba.



*Ag Seoladh an Aonaid Nua Géarmheasúnaithe in Ospideal Ginearálta Shligigh bhí (ó chlé go deas): An Dr. Jimmy Devins, TD, An tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta; Sheila Smith,Bainisteoir Ginearálta, Ospidéal Ginearálta Shligigh; Mary Coughlan, TD, An Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Comh. Jude Devins, Cathaoirleach, Ospidéal Ginearálta Shligigh.*

## Osclaíonn Aonad Géarmheasúnaithe nua in Ospidéal Ginearálta Shligigh

Cuireann an tAonad Géarmheasúnaithe seo cúram ar fáil d'othair ghéarmhíochaine agus mháinliacha atreoraithe go hOspidéal Ginearálta Shligigh ag a LG agus is é is feidhm dó ná a bheith ina idirbhealach idir cúram príomhúil, agus é mar phointe tosaigh teagmhála, agus cúram d'othair sheachtracha sa chuid eile den ospidéal. Cuireann sé an timpeallacht is oiriúnaí ar fáil do na géar- othair seo le go ndéanfar measúnú orthu, a riocht a chur faoi smacht agus cóireáil a thosú sula ndéanfar iad a aistriú go leaba eile listigh den ospidéal nó iad a scaoileadh. Má bhaintear é seo amach, cinntíonn sé go mbíonn teacht ag othair ar an gcúram ceart, ag an am ceart, san áit cheart agus gurb iad na daoine cearta a chuireann an cúram ar fáil. Bíonn sé ar oscailt ón1 8.00am-9.30 pm Luan go hAoine agus tá sé suite gar don Rannóga Éigeandála. Roinnt tháscairí feidhmíochta iad seo a leanas:

- Chonacthas 98% d'othair laistigh de 15 nóiméad
- Déanann iontráil nó scaoileadh amach ar 73% d'othair laistigh de 4 huaire an chloig
- Tá líon na nothar a scaoiltear amach tar éis ardú ó 27% go 37% ó osclaíodh é

## Feidhmíocht Rannóga na nOthar Seachtarach (OPD) a Fheabhsú

Tá freastal ar Rannóga ár nOthar Seachtaracha tar éis méadú le bianta beaga anuas. Rinneadh taifeadadh ar 3,345,151 freastal inár ROS i 2009, rud atá ina ardú de 2% nó 73,486 othar i gcomparáid le 2008.

Ar an iomlán, bhí lucht freastail nua de 40,837 againn thar 2008 nó ardú 4.8%. Tá feabhas ar líon an lucht freastail nua ina fhianaise den obair shuntasach agus an éacht atá déanta ag bainisteoirí agus cliniceoirí i gcás rochtain ar ár ospidéil d'othair a fheabhsú.

Tá sé tábhachtach go núsáidtear gach coinne ROS i gceart chun leas iomlán a bhaint as acmhainní. I rith 2009, níor fhreastal (NF) 14,9% d'othair nua ar a gcoinnithe agus bhí an ráta NF d'othair fillidh beagán níos lú ná 14.6%. Léiríonn an creatdhoiciméad céimeanna is gá a thógáil nuair nach fhreastlaíonn othair ar dhá choinne i ndiaidh a chéile. Tá bearta speisialta curtha i bhfeidhm ag roinnt ospidéil chun rátaí freastail a fheabhsú, ar nós meabhrúchán i bhfoirm téacs a sheoladh.

Eisíodh plean oibre do bhainistiú éifeachtach ROS, an Creatdoiciméad Náisiúnta, d'ospidéil i 2009. Cuireadh iallach ar ospidéil próiseas caighdeánaithe atreoraithe a chur i bhfeidhm chomh maith le sceidealú cuíchóirithe clinice agus coinní .

Chun rochtain ar Chlinicí Sainchomhairleoií d'Othair Sheachtracha a fheabhsú bunaíodh Grúpa náisiúnta d'Othair Sheachtracha i 2009. Iarradh ar ospidéil gníomhaíochtaí a ghiniúint a fheabhsódh rochtain ar trí speisialtachtaí sonraithe agus d'eisigh an grúpa tuarascáil mhíosúil a léiríonn dul chun cinn i ngach suíomh. Chuaigh cliniceoirí agus bainisteoirí i gomhar le chéile gníomhaíochtaí a shainiú agus a chur i bhfeidhm do chúinsí áitiúla.

Tharla dul chun cinn suntasach sna trí speisialtachtaí ábhartha idir Eanáir agus Nollaig 2009 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna ón mbliain a chuaigh roimhe. Tharla an céadtadán is mó de mhéadú sa deirmeolaíocht ina raibh feabhas de 12% nó 2,738 othar ar dearnadh freastal orthu sa speisialtacht chéanna. Sna hortaipéidic, tharla méadú 2%, rud a léirigh 1,948 feastal nua. Bhí méadú 917 freastal nua chomh maith ar ota-laraingeolaíocht (ENT) atá ina mhéadú de 3%. Líon iomlán de 5,603 freastal nua a bhí ann sna trí speisialtachtaí sonraithe seo.

## Aonaid Mheasúnachta Míochaine

Beart eile atá á chur chun cinn againn ná othair a athdhíriú ó na RÉ, go háirithe iad siúd a bhfuil fadhbanna sláinte acu ar nós pianta san ucht, stróic amhrasta, fliú agus gortuithe mionchúiseacha, ná forbairt a dhéanamh ar Aonaid Mheasúnaithe Míochaine bhreise (AMM). Cinntíonn AMM go bhfeictear othair agus go gcuirtear cóireáil orthu sa suíomh is oiriúnaí agus nach gcuirtear moill inseachanta orthu i RÉ.

## Amanna feithimh laghdaithe mar leas d'othair ROS

Ag leanúint cleachtas athraithe bainistíochta, caitheann daoine a dhéanann freastal ar ROS in Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas níos lú ama ag feitheamh le dochtúir a fheiceáil agus níos lú ama do gach cuairt. San áireamh sna hathruithe bhí:

- Bunú ionad lárnach coinní chun comhordú a dhéanamh ar atreoruithe isteach; tá sé seo tar eis am feithimh d'othair atá ag dul chuig coinní ó sé seachtaine go seachtain amháin
- Forbairt chomhliosta feithimh d'othair mhíochaine, rud a chruthaigh atreoruithe níos fearr chuig sainchomhairleoirí d'othair
- Athdhearadh agus dathchódú ar láithreacha feithimh agus ar an deasc fáilte chun an sruth othar a fheabhsú
- Líne ceallúchain tiomnaithe bunaithe le líon na nothar a chaileann coinní a laghdú
- Bunú chóras atreoraithe LG caighdeánach d'othair, rud a dhéanann níos éifeachtaí an próiseas atreoraithe agus scaoileadh amach



**Ar cúl** *(clé go deas): an Dr. Paud O'Regan, Stiúrthóir Cliniciúil, Louise O'Donnell, Riarachán ROS, Mary Rose Maxwell, CNMII ROS, Breda Kavanagh, Bainisteoir Ginearálta. Chun Tosaigh (clé go deas): Lilian Medley, Bainisteoir Gnó, Stiúrthóireacht Chliniciúil, Breda O'Donovan, Altra Foirne ROS, Mary Burke, Bainisteoir Cáillíochta & Creidiúnaithe.*

San áireamh sna príomh-thorthaí bhí:

- Laghdú 43% ar an am a bhíonn ar othair feitheamh le dochtúir a fheiceáil, ón meán-tréimhse de 42 nóiméad go 24 nóiméad
- Laghdú 23% ar an líon iomlán ama ar chaith othair sa ROS

# Seirbhísí Inbhuanaithe

## Seirbhísí a Seachadadh in 2009

Déanfaimid ár seirbhísí a athmhúnlú chun seirbhísí ospidéil agus pobail a fhorbairt a sholáthróidh an cúram a bhfuil gá ag daoine leis anois, agus amach anseo. Trí fhormhór an chúraim a sholáthar sa phobal cuideoimid le hospidéil díriú ar fheabhas a chur ar inrochtaineacht chun géarchúram agus cúram pleanáilte níos éifeachtaí a sholáthar.

Lusanna Gréine Brainse Tacaíochta Chúram Saoil Seoladh Lá na Lusanna Gréine 2009.





Tionscadal Pobail Cúraim Leanaí Chill Chainnigh a bhuaigh príomhdhuais Bhord Comhairleach Acht na Leanaí i mí Feabhra 2009

Teiripe Peataí – Molly, aimseadóir buí, an cónaitheoir is déanaí in Ospidéal Pobail Mhainistir na Corann leis an gcónaitheoir Ellen McCarthy.



# Cúram Príomhúil

## Fíricí Gasta 2009

- Tá 219 Foireann Cúraim Phríomhúil (FCP) againn ag reáchtáil cruinnithe cliniciúla, sin méadú 4% os cionn sprice agus breise is 40% den iomlán beartaithe ag 530 Foireann faoi 2011clinical meetings, a 4% increase over target and
- D'fhorbraíomar 184 foireann ag ullmhú le bheith i bhfeidhm i 2010
- Tá tuairim is 1,500 foireann FSS agus 755 Dochtúir Teaghlaigh páirteach sna foirne
- Is féidir le breis is 1.8 milliún duine anois fónamh a bhaint as ionad amháin ilfhreastail de shláinte agus cúram sóisialta ó na FCP
- Ar sprioc chun go bhfuil 530 foireann ag feidhmiú faoi dheireadh 2011 le gach duine sa tír ar deireadh thiar in ann rochtain a fháil ar 95% dá gcúram óna bpobal áitiúil
- Rinneadh breis is 931,000 teagmháil le linn 2009 le seirbhísí iar-ama Dochtúirí Teaghlaigh
- Sannadh 300 d'fhoireann líne tosaigh i FCP agus ag deireadh 2009, bhí 96% de na poist sin líonta.

An aidhm atá le seirbhísí cúraim phríomhúil ná tacú agus cur chun cinn shláinte agus fholláine an phobail ach a chinntiú go bhfuil an chéad phointe teagmhála ag daoine leis an tseirbhís ina phointe atá éasca le rochtain, atá comhtháite agus lonnaithe go háitiúil. An cuspóir againn ná a chinntiú gur féidir le daoine rochtain éasca a fháil ar raon leathan seirbhísí sláinte agus pearsanta sóisialta trína FCP áitiúil.


Is iad na FCPanna bunchloch na seirbhísí sláinte nua-aimseartha. Cuireann siad pointe a bhfuil rochtana éasca ar fáil agus is féidir leo freastal ar riachtanais cúraim sláinte an phobail nó socrú le go bhfreastalófaí ar na riachtanais sin, bíodh sé seo trí sheirbhísí DT, seirbhísí síceolaíochta, seirbhísí fisiteiripe, seirbhísí altraí sláinte poiblí nó gach ceann de na seirbhísí seo. An plean atá againn ná go bhfuil FCP ann le haghaidh gach 8,000 duine i ngach cuid den tír.

Reáchtálann na 219 foireann atá i bhfeidhm cheana féin againn cruinnithe cliniciúla agus bíonn plé ann i measc gach baill foirne ábhartha faoi bhainistiú iomchuí na gcásanna othair atá níos casta sa phobal. Mar thoradh ar na cruinnithe seo beartaítear ar phlean cúraim aontaithe don othar nuair a aontaíonn gach ball den fhoireann an leibhéal cúraim agus seirbhíse atá sonraithe sa phlean a sholáthar.

I measc bhuntáistí na FCPanna tá siad seo a leanas:

- Daoine a choinneáil ina dtithe agus ina bpobail féin a fhad is féidir é trí laghdú ar an líon coinní san ospidéal.
- Éascú ar scaoileadh amach luath ón ospidéal i gcás gur gá a bheith san ospidéal, agus éascú a dhéanamh ar chúram tacaithe sa bhaile.
- Cláir a sholáthar chun bainistiú a dhéanamh ar ghalar ainsealach a bhfuil tionchair dhearfacha acu ar cháilíocht shaol na n-othar agus go mbeadh daoine breise ag baint fónaimh as na seirbhísí seo.

**Fíor 8: Líon na bhfoirne cúraim phríomhúil 2008 agus 2009**




Tá roinnt mhaith de na foirne atá ag feidhmiú ag soláthar seirbhísí agus cláir nuálaíochta chun freastal ar riachtanais an phobail ar a bhfuil an tseirbhís ag freastal. Áiríonn siad seo cláir um chosc titimí, bainistiú diaibéitis, clinicí um bainistiú gointe, seirbhísí warfarin agus cláir meabhairshláinte dhearfaigh.

Is gá taifead othair atá comhoiriúnach do chórais reatha bainistithe othair DT chun úsáid na teicneolaíochta faisnéise a fhorbairt le FCP agus tá forbhreathnú déanta ar an obair seo. Chomh maith leis sin, deimhníodh maoiniú chun crua-earraí do FCP a cheannach.

## Cuireann FCP an Scairbh cúram ardchaighdeáin ar fail do dhaoine i gContae an Chláir Thoir

Seoladh FCP an Scairbh i mí an Mheithimh 2009 agus cuireann an FCP seo seirbhísí ar fáil do 9,750 duine atá ina gcónaí sa Chlár thoir. Tá an fhoireann, ar a bhfuil cúigear DT agus 13 ball foirne FSS, bunaithe i roinnt áiteanna lena n-áirítear Ionaid Leighis, Ionaid Sláinte agus Aonad Altranais Pobail . Ceapadh foireann bhreise chun tacú leis na FCPanna, lena n-áirítear fisiteiripeoir, altra cláraithe agus teiripeoir saothair. An bunús atá le bunú na FCPanna ná go mbeadh tuilleadh seirbhísí ar fáil go háitiúil, mar shampla fisiteiripe nó tástálacha fola do Warfarin. Tá na seirbhísí sin ar fáil anois trí FCP an Scairbh. Roimh seo bhíodh ar othair taisteal go dtí Inis nó Luimneach le haghaidh na seirbhísí seo. Chuir soláthar an FCP seo feabhas ar rochtain ar sheirbhísí agus ar cháilíocht shaol daoine mar faigheann cliaint anois coinne le gairmithe cúraim sláinte in am trátha – gairmithe a bhfuil aithne acu orthu.



# Scéimeanna Pobail (Éileamhbhunaithe)

### Fíricí Gasta 2009

- Tá breis is 1.4 milliún duine clúdaithe ag cártaí leighis
- Eisíodh breis is 98,000 cárta cuartaíochta DT
- Rinneadh breis is 900,000 éileamh do bhreoiteacht fhadtéarmach
- Rinneadh breis is 4.9 milliún éileamh tríd an Scéim Íocaíochta Drugaí, le breis is 13.5 milliún mír
- Líonadh beagnach 16.5 milliún oideas faoi na Seirbhísí Leighis Ginearálta (SLG) le breis is 50.9 milliún mír
- Soláthraíodh beagnach 1.5 milliún cóireáil faoin Scéim Seirbhísí Cóireála Déadacha
- Caitheadh beagnach €2.9 billiún ar scéimeanna (cártaí leighis, íocaíochta drugaí, ardteic srl.) sin méadú 2.8% ar 2008

Is éard atá sna Scéimeanna Pobail nó Scéimeanna Éileamhbhunaithe ná íocaíochtaí DT, Cógaisíochta, Déadacha, Oftalmacha, andúile drugaí agus íocaíochtaí speisialta eile a dhéanann suas cuid shuntasach de bhuiséad foriomlán FSS (20%).

Tacaíonn an tSeirbhís Aischistithe Cúraim Phríomhúil (SACP) cúram sláinte príomhúil trí sheirbhísí aischistithe a sholáthar do Chonraitheoirí Cúraim Phríomhúil (Dochtúirí Teaghlaigh, Cógaiseoirí, Fiaclóirí agus Radharceolaithe/ Oftailmeolaithe) do sholáthar seirbhísí do bhaill den phobal ina bpobalféin.

Toisc mheathlú seasta eacnamaíocht na hÉireann sa bhliain 2009 chomh maith le líon na ndaoine ar an gClár Beo agus éileamh níos mó dá réir ar Scéimeanna Éileamhbhunaithe, bhí dúshláin nach raibh a leithéidí ann cheana do na seirbhísí i rith na bliana.

In 2009 bhain beagnach 2.3 milliún duine úsáid as seirbhísí na gConraitheoirí Cúraim Phríomhúil trí shocruithe faoi Scéimeanna Pobail a chuir FSS ar fail, agus ghin seo breis is 72 milliún idirbheart a bhain le caiteachas de bhreis is €2.9 billiún.

- Ag deireadh 2009 bhí breis is 3.2 milliún duine cláraithe mar dhaoine incháilithe le sochar a bhaint as na Scéimeanna
- Íocadh as breis is 67 milliún mír oidis
- B'ionann íocaíochtaí le Dochtúirí agus €500 milliún
- B'ionann íocaíochtaí le Poitigéirí agus €1,695 milliún
- B'ionann táillí do Chúram Othair faoin Scéim Drugaí Ardteic agus €16 milliún
- B'ionann an t-iomlán ón Acht Sláinte (Leasú) 1996, Scéim Chóireála Meatadoin, oidis DTS agus Deontais Oiliúint Cógaisíochta agus €13 milliún
- B'ionann íocaíochtaí le Fiaclóirí faoin Scéim Seirbhísí Cóireála Déadacha agus €87 milliún
- B'ionann na híocaíochtaí le Radharceolaithe/ Oftailmeolaithe faoin Scéim Oftalmhach Pobail agus €24 milliún
- B'ionann íocaíochtaí le mórdhíoltóirí faoin Scéim Drugaí Ardteic agus €315 milliún.

Ar na tosaíochtaí is mó againn tá éifeachtaí a bhaint amach agus tugadh aghaidh ar na tionscadail seo a leanas le linn 2009:

- Lárú ar chártaí leighis agus scéimeanna cúraim phríomhúil
- Fócas cliniciúil ar gach druga/cóir leighis ceadúnaithe a ndéantar aisíocaíocht ina leith
- Athbhreithniú ar gach mír nach druga é a ndearnadh aisíocaíocht ina leith faoi na scéimeanna seo

### Lárú ar Chártaí Leighis

Faoin Acht Sláinte 2008, chuir an Rialtas deiridh le hincháilitheacht uathoibríoch le haghaidh Cártaí Leighis do dhaoine os cionn 70 bliain d'aois agus thug isteach scéim nua chun measúnú a dhéanamh ar ioncam na ndaoine incháilithe os cionn 70.

Chuireamar tús le cur i bhfeidhm an chinnidh seo mar Chéim 1 dár bPlean Seirbhíse 2009 trí lárú a dhéanamh ar phróiseáil na n-iarratas do chártaí leighis. D'imigh an córas nua seo beo i mí Eanáir 20009, le hiarratais do Chártaí Leighis le haghaidh gach duine os cionn 70.

Is deis an tionscadal Láraithe Náisiúnta teidlíochtaí a bhunú ar fud na scéimeanna go léir ar bhealach caighdeánach.

Nuair a bheith na hathruithe seo curtha i bhfeidhm go hiomlán ní hé amháin go gcuirfidh siad feabhas ar sholáthar seirbhísí don phobal, ach bainfear amach coigiltis tuairim is €20 milliún sa bhliain.


### Tábla 3: Líon na sealbhóirí cártaí leighis agus DT 2006 to 2009

| | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | % athrú 2006-2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Sealbhóirí cártaí leighis | 1,221,695 | 1,276,181 | 1,352,120 | 1,478,560 | +21% |
| Sealbhóirí cártaí cuartaíochta DT | 51,761 | 75,589 | 85,546 | 98,325 | +90% |

Rinneadh obair shuntasach chun nuachóiriú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar scéimeanna trí thionscadal láraithe. Beidh dul chun cinn breise ann chun lárú a dhéanamh ar na scéimeanna eile atá i bhfeidhm anois.

Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2009 b'ionann an líon iomlán daoine a bhí i dteideal cártaí leighis agus 1,478,560, agus seo tuairim is 33% den daonra iomlán agus fás de 3% ó mhí na Nollag 2008 i leith. Seo méadú 9.3% i líon na ndaoine ag fáil cártaí leighis ó 2008 i leith agus méadú 21% ó 2006 i leith. Eisíodh 98,325 Cárta Cuartaíochta DT ag deireadh 2009, sin méadú de bheagnach 15% ó 2008 agus méadú de 90% ó 2005.

#### Líon na sealbhóirí cártaí leighis agus cártaí cuartaíochta DT 2006 to 2009




## Díospóid na bPoitigéirí

Faoi théarmaí an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009, d'fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí, ar an 18 Meitheamh 2009, go ndéanfaí athstruchtúrú ar íocaíochtaí le poitigéirí chun an costas le haghaidh drugaí agus cóir leighis ar an íocóir cánach a laghdú le. Áirítear i measc na n-athruithe tá struchtúr leasaithe do tháillí fordháilte, laghdú ar an gcorrlach miondíola iníoctha faoi scéimeanna áirithe ó 50% go 20% agus laghdú ar an gcorrlach mórdhíola ó 17.66% go 10%.

Tar éis fhógairt an athruithe seo, tharraing 813 de na 1,640 poitigéir siar ó bheith páirteach sa GMS agus i Scéimeanna Drugaí agus rinne foirceannadh ar chonarthaí le héifeacht ón 1 Lúnasa 2009.

Tar éis roinnt tionscnamh a chuir FSS i gcrích tarraingíodh siar 300 foirceannadh roimh an spriocdháta de 1 Lúnasa. Chuir FSS i bhfeidhm Plean mór Teagmhasach chun déileáil leis an gcur isteach ar Sheirbhísí Cógaisíochta Pobail le linn na díospóide. Faoi na socruithe teagmhasacha seo rinneadh fordháileadh le haghaidh 11,000 othar, agus breis is 25,000 mír oidis, ó naoi gcinn d'ionaid theagmhasacha, a bhí ag feidhmiú sna limistéir is mó gátar. An croíphrionsabal is bun do chur chuige FSS i leith an tslabhra soláthair cógaisíochta ná leanúnachas agus slándáil soláthair a chinntiú d'othair ar chostas réasúnta.

Bhí seachadadh an phlean theagmhasaigh dúshlánach ó thaobh na lóistíochta de, ach d'éirigh go maith le gach socrú a chuir FSS i bhfeidhm agus ar an 11 Lúnasa 2009, chuir Aontas Cógaisíochta na hÉireann (ACÉ) comhairle ar a mbaill a seirbhísí fordháilte a atosú arís faoina gconarthaí. Tá gach conraitheoir cógaisíochta anois ag soláthar seirbhísí faoi na socruithe leasaithe íocaíochta.

# Leanaí agus Teaghlaigh

## Fíricí Gasta 2009

- Bhí 5,694 leanbh i gcúram ag deireadh 2009. As an líon sin bhí 3,422 faoi chúram altranais 1,690 faoi chúram altranais le gaolta.
- Bhí 415 atreorú chuig comhdhálacha leasa teaghlaigh le linn 2009 le 241 comhdháil leasa teaghlaigh tionólta.
- Le linn 2009, rinneadh 1,028 atreorú chuig seirbhísí lingchláiir (springboard services)
- Rinneadh 2,840 iniúchadh ar sheirbhísí réamhscoile

Déanann ár seirbhísí leanaí agus teaghlaigh cosaint agus cothú ar shláinte agus fholláine leanaí agus teaghlaigh, go háirithe iadsan atá i mbaol mí-úsáide agus faillí. Faoin *Acht um Chúram Leanaí 1991* agus reachtaíocht eile, bhíomar freagracht as leas leanaí a chothú – leanaí nach raibh ag fáil dóthain cúraim agus cosanta.

Cuirimid raon leathan seirbhísí ar fáil a áiríonn
- Cuirimid raon leathan seirbhísí ar fáil a áiríonn
- Seirbhísí luathbhlianta
- Seirbhísí tacaíochta teaghlaigh
- Seirbhísí cosanta leanaí
- Seirbhísí do dhaoine óga gan dídean
- Seirbhísí cuardaigh agus athaontaithe (iar-uchtála)
- Seirbhísí síceolaíochta
- Seirbhísí síceolaíochta do leanaí agus d'ógánaigh
- Oiliúint agus forbairt foirne
- Clár agus iniúchadh ionad cónaitheach leanaí san earnáil dheonach agus monatóireacht ar ionaid chónaitheacha leanaí sna hearnálacha deonacha agus reachtúla.

An tosaíocht atá againn ná comhtháthú iomlán na seirbhísí tacaíochta teaghlaigh reatha a bhaint amach le seirbhísí cosanta leanaí agus seirbhísí cúraim eile, ag leagan béime ar thacaíocht agus ar chosaint.

I mí na Samhna 2009, ceapadh Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta do Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh chun a chinntiú go ndéanfaí na seirbhísí sin a sholáthar de réir na bpolasaithe reachtaíochta arna n-aontú ag an Rialtas laistigh de spriocann agus acmhainní. Cinnteoidh an duine seo go réadófar na polasaithe ina mbearta le cur i bhfeidhm, go ndéanfar coimisiúnú ar shaineolas speisialtachta i réimsí ábhartha polasaí agus seirbhíse trí chaighdeánú na gcur chuige, na bpolasaithe agus na ngnáthamh a chinntiú chomh maith le soláthar éifeachtach seirbhísí.

Le linn 2009, bhí 5,694 leanbh againn i gcúram agus sin méadú 4.5% i gcomparáid le 2008 agus 7% ó 2007 i leith. As na leanaí sin i gcúram, bhí 6.8% i gcúram cónaitheach agus 60% i gcúram altranais agus 30% eile i gcúram le gaolta. Leithdháileadh oibrí sóisialta ar beagnach ar 80% de chúramaithe altramais agus tá sé beartaithe againn seo a mhéadú chuig 100% sa bhliain 2010.


An príomhfhócas againn le linn 2009 ná cur i bhfeidhm na moltaí i *The Agenda for Children' Services*, 2007 – an chéad pholasaí náisiúnta riamh ar leanaí. Táimid á dhéanamh seo trí *Phlean Forfheidhmithe FSS 2009-2011*.

Tá 29 priomh-mholadh sa Phlean agus roinnt mhaith díobh á gcur i bhfeidhm agus roinnt eile á dtosú in 2010. Bunaíodh ceithre cinn de Choistí Seirbhísí Leanaí le linn 2009 chun cur i bhfeidhm an Chláir Oibre a chinntiú agus tá seacht gcinne eile le bunú in 2010.

### Tábla 4: Líon na leanaí i gcúram go 2009

| | 2007 | 2008 | 2009 | % athrú 2007-2009 |
|---|---|---|---|---|
| Líon iomlán na leanaí i gcúram | 5,322 | 5,347 | 5,694 | 7% |
| • Cúram cónaitheach | 400 | 375 | 388 | -3% |
| • Cúram altranais | 3,201 | 3,227 | 3,422 | 7% |
| • Cúram altranais le gaolta | 1,557 | 1,539 | 1,690 | 9% |
| • Socrúcháin Cúraim Eile | 164 | 206 | 194 | 18% |

### Fíor 10: Líon na leanaí i gcúram 2007, 2008 agus 2009




Tar éis fhoilsiú *Thuarascáil an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, 2009* (ar a dtugtar Tuarascáil Ryan) chuidíomar le hOifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus le príomhpháirtithe leasmhara eile sraith beart agus moltaí a fhorbairt lena chinntiú go ndéanfaí leanaí a chosaint agus a chothú ar bhealach dearfach. D'fhoilsigh Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige plean forfheidhmithe i mí Iúil 2009 agus lean obair ar aghaidh le linn 2009 ar chur i bhfeidhm na bpointí ábhartha beartaíochta.

Ó foilsíodh Tuarascáil an 'Dublin Diocesan Report in 2009', tháinig méadú 300% ar líon na glaonna a fuair deasc cabhrach ár Seirbhísí Comhairleoireachta Náisiúnta. Seo seirbhís a chuireann comhairleoireacht duine le duine ar fáil do dhaoine a bhí faoi le mí-úsáide, faillí nó tráma le linn a n-óige d'fhonn cuidiú leo saol níos fearr agus caidrimh níos fearr a bheith acu. Cuireann an tseirbhís speisialtóireachta seo comhairleoireacht saor in aisce faoi rún ar fáil do dhaoine fásta a bhí faoi le mí-úsáide mar leanaí ina



## Seirbhís nua for-rochtana tacaíochta teaghlaigh arna fhorbairt i gCorcaigh

Osclaíodh seirbhís tacaíocht nua for-rochtana teaghlaigh le linn 2009 atá dírithe go sonrach ar leanaí atá i mbaol dul faoi chúram. Tá an tionscadal 'Lime Tree' bunaithe sa Charraig Dhubh agus is tionscadal comhpháirtíochta é idir Ionad Bessborough agus FSS chun freagairt do chúinsí ar leith ina bhfuil teaghlaigh agus leanaí ardbhaoil. Seo tionscadal ar leith sa mhéid go gcuimsíonn sé tacaíocht do theaghlaigh chomh maith le hidirghabhálacha teiripeacha. Tá foireann ardghairmiuil tiomanta do fheabhas a chur ar fheidhmiú an teaghlaigh trí theiripe agus comhairleoireacht. Tá an tseirbhís ar fáil freisin san oíche agus ag an deireadh seachtaine de réir riachtanais na dteaghlach indibhidiúil.

Forbraíodh saoráidí atá éasca le húsáid don teaghlach i suíomh neamhfhoirmiúil príobháideach. Cuimsíonn an tionscadal seirbhís rochtana faoi mhaoirseacht do leanaí i gcúram ar thug an chúirt ordú ina leith go mbeadh rochtain tuismitheoirí faoi mhaoirseacht. Tá sé i gceist leis an ngné seo den tionscadal go gcuirfí timpeallacht atá cairdiúil don leanbh ar fáil do leanaí agus teaghlaigh atá faoi bhrú mór cheana féin.

Bunaíodh an tionscadal 'Lime Tree' do thréimhse tosaigh de dhá bhliain agus ina dhiaidh sin déanfar athbhreithniú agus meastóireacht air.

dteaghlach, ina bpobal nó i suíomh institiúideach. Bhí comhairleoireacht ar fáil ag 60 suíomh ar fud na hÉireann.

In 2009 d'fhoilsíomar *Task Force Report on Children and Families* a leagann amach bealach soiléir chun feabhas a chur ar an mbealach a dhéanaimid ár ngnó. Comhlánaíonn seo cur i bhfeidhm *Thuarascáil an Choimisiúin chun Dorchúsáid Leanaí a Fhiosrú, 2009*. Is féidir obair a chur i gcrích ar mhapáil na bhfeabhsúcháin ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon. Mar chuid den obair seo, aontaíodh pleananna cúraim agus cáipéisíocht threorach chaighdeánaithe agus tá sé i gceist iad a chur i bhfeidhm go céimneach le linn 2010. Seo caighdeáin agus treoirlíne sa bhreis ar na cinn atá i bhfeidhm cheana féin i ndáil *Revised Children First National Guidelines*.



*Leanaí réamhscoile Isobel agus Roisín ag baint taitnimh as an seoladh.*

## Seirbhísí Luathbhlianta i Early Years Services launched i mBéal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo

Seoladh dhá sheirbhís cúraim luathóige i Maigh Eo in 2009. Feidhmíonn siad seo i gcomhpháirt le Seirbhísí Cúraim Luath-óige FSS san Iarthar agus Ionad Acmhainne Teaghlaigh Bhéal Átha hAmhnais. Tacaíonn na seirbhísí tacaíochta seo le teaghlaigh d'iarrthóirí tearmainn atá ina gcónaí i mbrú agus cuireann seirbhís chomhtháite phobalbhunaithe réamhscoile ar fáil. Cuireann an dá sheirbhís breis is 66 áit cúraim leanaí ar fáil gach seachtain agus fostaíonn ceathrar ball foirne cúraim leanaí. Tá 29 leanbh ag baint fóir as an tseirbhís, agus tá 15 ina gcónaí i mbrú agus tagann 15 ó theaghlaigh atá ag cónaí sa phobal i mBéal Átha hAmhnais.



*An tAire Calleary ag tabhairt tús maith don leanbh réamhscoile Ahmad.*

Rinneadh athbhreithniú ar ár gcumas éigeandála cúraim altramais agus bunaíodh seirbhís d'áit shlán i gcás éigeandála agus tá sin ag feidhmiú anois. Rinneadh ceithre cinn de shocrúcháin do leanaí le hiompraícht dhúshlánach in 2009. Tá obair ar bun chun gnáthaimh agus prótacail chaighdeánaithe náisiúnta a fhorbairt do chúram altramais.

Shínigh FSS agus an Garda Síochána comhphrótacal a leagann amach róil agus freagrachtaí an dá ghníomhaireacht i ndáil le leanaí atá ar iarraidh ó chúram.

# Meabhairshláinte

## Fíricí Gasta 2009

- Bhí breis is 15,000 iontráil in ionaid othair chónaitheacha meabhairshláinte le linn 2009.
- Bhí 55 Foireann Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach (MLO) ag feidhmiú (50 foireann pobalbhunaithe, 2 fhoireann ógánach in ospidéil lae agus 3 fhoireann péidiatraice ospidéil), sin méadú 17% ar 2008
- Cuireadh maoiniú ar fáil in 2009 do 35 post breise teiripe d'Fhoirne MLO: ceapadh 29 agus tá earcaíocht le haghaidh na bpost deireanach beagnach i gcrích
- Tá acmhainn leapacha do Leanaí agus Ógánaigh tar éis dúbailt nach mór in 2009 agus san iomlán tá 30 leaba ann d'othair chónaitheacha le leapacha breis d'othair chónaitheacha i nGaillimh, Corcaigh, agus Fionnradharc i mBaile Átha Cliath
- Ceapadh 14 Stiúrthóir Chliniciúla Feidhmiúcháin Meabhairshláinte

Cuimsíonn seirbhísí meabhairshláinte gach céim den saol agus áiríonn raon leathan de sheirbhísí príomhúla agus pobalbhunaithe cosúil le seirbhísí speisialaithe do leanaí agus d'ógánaigh, do dhaoine fásta agus do dhaoine breacaosta. Le blianta beaga anuas mhéadaigh an speisialú lena n-áirítear athshlánú agus téarnamh, idirchaidreamh, seirbhísí fóiréinseacha síceolaíochta agus míchumas intleachtach. Cuirtear seirbhísí ar fáil i roinnt suíomhanna éagsúla – ina measc an baile, áiseanna d'othair chónaitheacha, clinicí/rannóga d'othair lae, ospidéil lae agus ionaid lae, cóiríocht íseal-tacaíochta agus ard-tacaíochta pobail.

I mí na Samhna 2009, ceapadh Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta Meabhairshláinte chun a chinntiú go ndéanfaí seirbhísí meabhairshláinte a sheachadadh de réir na reachtaíochta agus na bpolasaithe arna n-aontú ag an Rialtas (lena n-áirítear *A Vision for Change*) agus de réir na spriocanna agus na n-acmhainní aontaithe. Cinnteoidh an duine seo go réadófar polasaithe i mbearta don chur i bhfeidhm, déanfaidh coimisiúnú ar shaineolas nó soláthraíodh saineolas i réimsí iomchuí de pholasaí meabhairshláinte agus de sholáthar meabhairshláinte fad is a chinntiú go mbeidh ionchur ag úsáideoirí agus cúramóirí na seirbhís sa pholasaí agus sa soláthar seirbhíse.

Tugann ár straitéis náisiúnta *A Vision for Change, 2006* treoir maidir le forbairt na seirbhísí meabhairshláinte agus athdhearbhaíonn sé lárnacht an úsáideora seirbhís ina dtéarnamh féin. Thugamar feidhmiú praiticiúil dó seo trí oibriú le húsáideoirí na seirbhíse agus le hionadaithe na gcúramóirí faoi gach gné de dhearadh na seirbhíse agus dá mheastóireacht ag an leibhéal náisiúnta.

Tá Feidhmeannacht na nÚsáideoirí Seirbhíse Náisiúnta comhdhéanta d'ionadaithe úsáideoirí na seirbhíse agus d'ionadaithe na gcúramóirí. Sa bhliain 2009, thacaíomar leis an bhfeidhmeannacht cur i bhfeidhm céimneach a dhéanamh ar an gclár de thoghcháin réigiúnacha chun daonlathú iomlán na hionadaíochta a chinntiú. Bhí ceathrú den fheidhmeananacht tofa faoi dheireadh na bliana.

## Cuir chuigí foireann-bhunaithe i leith sholáthar cúraim meabhairshláinte i suíomhanna cúraim phríomhúil

Tá *A Vision for Change* bunaithe ar go mbeadh córas stuama de chúram príomhhúil ann a thacaíonn le 90% de na riachtanais mheabhairshláinte ag an daonra. Forbraíodh clár nua, i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a sholáthar d'fhoireann cúraim phríomhúil sláinte chun freagairt do shaincheisteanna meabhairshláinte ag eascairt ó chúram príomhúil. I mí na Samhna thosaigh 12 FCP ar an gclár seo ag an Ollscoil.

## Stiúrthóirí Cliniciúla

Sa bhliain 2009, ceapadh 14 Stiúrthóir Chliniciúil Feidhmiúcháin meabhairshláinte chun forbairt na stiúrthóireachta cliniciúla meabhairshláinte a fhorbairt i dobharcheantair a fhreastalaíonn ar dhaonra de 350,000-450,000.


## Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus Ógánaigh (MLO)

Thugamar tús áite do sholáthar aonad nua leanaí agus ógánach ionas go mbeidh breis leanaí faoi bhun 18 dul isteach sna háiseanna iomchuí. Le linn 2009 dúblaíodh nach mór an acmhainn agus anois san iomlán tá 30 leaba MLO ann d'othair chónaitheacha.

Tugann foilsiú chéad tuarascáil bhliantúil *Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus Ógánaigh FSS* in 2009 eolas cuimsitheach don eagraíocht chun bonn eolais a thabhairt i leith fhorbairt na seirbhísí chun freagairt do riachtanais daoine óga.

Cuirtear seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus ógánaigh ar fáil i suíomhanna éagsúla ar fud na tíre le 55 foireann MLO san iomlán ag freastal ar chomhchoda éagsúla. Seo méadú 17% ar an líon a soláthraíodh sa bhliain 2008.

**Fíor 11: Líon na bhfoirne MLO 2008 agus 2009**






*John McGettrick, Cathaoirleach, Meabhairshláinte Éireann, John Fitzmaurice, Bainisteoir Cláir, Jigsaw Galway; Tony Bates, POF, Headstrong; Ted Tierney, POF Cúnta, Meabhairshláinte Éireann,Priya Prendergast, FSS, Bainisteoir Sláinte Áitiúil, Gaillimh.*

Tá **Jigsaw Galway** mar chuid den chlár náisiúnta seirbhísí níos inrochtana agus níos freagraí a sholáthar do dhaoine óga idir 15-25 bliain d'aois a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte ag teacht chun cinn leo. Cuireann an eagraíocht chun cinn seirbhísí atá éasca le húsáid don duine óg, atá comhtháite agus spreagúil do dhaoine óga. Cuireann Jigsaw Galway córas pobalbhunaithe cúraim ar fáil a thacaíonn le daoine óga meabhairshláinte agus folláine níos fearr a bhaint amach. Leagann an tseirbhís béim mhór ar idirghabháil luath, agus tá sé lonnaithe i lár na Gaillimhe agus feidhmíonn mar ionad buail isteach agus ar a gcaoi sin cinntíonn i gcás go lorgaíonn daoine óga cabhair a bhfuil gá acu le cúnamh suntasach gur féidir leo an chabhair sin a fháil láithreach ó dhuine a éistfidh leo, a chinnfidh na leibhéal cúnaimh is gá agus a chinntiú go bhfaighidh siad an cúnamh sin. Tá eolas of bhéal an-tábhachtach – agus seo léirithe mar go raibh aon trian de na hatreoruithe chuig Jigsaw ina bhféin-atreoruithe, agus an figiúr sin ag méadú le 20% eile ina atreoruithe ó thuismitheoirí agus ó bhaill den teaghlach. Féadtar na seirbhísí a sholáthraítear ann a chatagóiriú faoi thrí cheannteideal leathana mar seo a leanas:

- 30% idirghabháil ghearr (teagmháil le hoibrí tacaíochta le haghaidh 1-3 sheisiún)
- 30% teagmháil fhadréiseach (teagmháil le hoibrí tacaíochta le haghaidh 6-8 seisiún)
- 40% comhairliúchán cáis/bainistiú cáis ag cinntiú go raibh plean comhordaithe i bhfeidhm do chúram duine óig ag leibhéal seirbhíse agus pobail.

## WISDOM – Córas TFC Meabhairshláinte

In *A Vision for Change* aithníodh go raibh easpa córas teicneolaíochta faisnéise ann laistigh de na seirbhísí meabhairshláinte. Forbraíodh córas faisnéise meabhairshláinte gréasánbhunaithe, i gcomhpháirtíocht leis na mBord Taighde Sláinte, córas a dhéanann taifeadadh ar sheirbhísí d'othair chónaitheacha agus seirbhísí pobail i. Tá píolótú á dhéanamh ar an gcóras faisnéise *WISDOM*, i mbreis is 29 suíomh meabhairshláinte i nDún na nGall agus tá oiliúint á soláthar do 230 de 283 úsáideoir an chórais, lena n-áirítear 8 gcinn d'fhoirne pobail agus speisialaithe.

## Power of Words (Bibliteiripe)

Tugtar 'bibliteiripe' ar úsáid na leabhar chun críocha teiripeacha. Baineadh úsáid as leabhair féinchabhrach ar an mbealach seo leis na blianta fada agus anois tá siad á bhforordú mar bhealach teiripe shíceolaíochta a sholáthar dhaoine le deacrachtaí mothúchánacha agus síceolaíochta. Le linn 2009, thug Comhairle Leabharlanna na hÉireann, FSS agus Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann isteach an scéim *'Power of Words'* chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do dhaoine le deacrachtaí mothúchánacha agus síceolaíochta chun léargas a fháil ar a bhfadhbanna agus chun cóir leighis a chur orthu gan cur isteach orthu.

# Míchumas

### Fíricí Gasta 2009

- Bhí beagnach 3,000 duine in oiliúint athshlánúcháin
- Soláthraíodh beagnach 3.2 milliún uair de chúnamh pearsanta/tacaíocht bhaile
- Cuireadh isteach 2,712 iarratas ar mheasúnuithe
- Cuireadh tús le 1,908, nó 82% measúnú, laistigh de na hamscalaí a sonraíodh sna rialacháin
- Cuireadh i gcrích 1,692 measúnú

Soláthraímid raon seirbhísí sláinte agus pearsanta sóisialta do leanaí agus daoine fásta faoi mhíchumas chun cuidiú leo go léir barr a gcumais a bhaint amach agus páirt uasta a ghlacadh i ngníomhaíochta pobail. Cuirtear seirbhísí ar fáil i suíomhanna pobail agus cónaitheacha i gcomhpháirtíocht leis an earnáil dheonach agus reachtúil araon. Le blianta beaga anuas tháinig méadú ar an treocht i soláthar seirbhísí sa phobal seachas ar champais institiúideacha.

I measc na seirbhísí tá:

- Tacaí ildisciplíneacha
- Oiliúint athshlánúcháin
- Seirbhísí lae
- Tacaí baile
- Cúnamh pearsanta
- Faoiseamh cónaitheacha ionad-bhunaithe
- Seirbhísí cónaitheacha agus cóiríocht tacaithe.

Tá breis is 26,000 duine faoi mhíchumas intleachtach cláraithe ar bhunachar sonraí intleachtach, sin méadú 1.6% ó 2007 agus breis is 98% ag fáil seirbhíse. Tá beagnach 30,000 duine cláraithe ar bhunachar sonraí fisiceach agus céadfaíoch agus seo méadú de 3% ar líon na ndaoine cláraithe i 2007. Féadtar méaduithe a chur i leith athruithe i gcritéir chlárúcháin.

Tá forbairt na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas bunaithe ar an *Straitéis Náisiúnta Míchumais 2004*. Cuireadh i bhfeidhm príomhghnéithe den straitéis lena n-áirítear tús a chur le measúnuithe do leanaí faoi bhun 5 bliana d'aois, faoin *Acht um Míchumas 2005*, a leag amach amscálaí do chur i gcrích na measúnuithe.

Cuireadh tús le athchumrú an tsoláthair seirbhíse lae do dhaoine fásta ag cinntiú go rabhthas ag comhlíonadh na reachtaíocht ag dul i ngleic le roinnt príomh-shaincheisteanna tosaíochta. Ina measc tá:

- Athbhreithniú ar stádas agus ar chúinsí na ndaoine fásta faoi mhíchumas atá páirteach i ngníomhaíochtaí oibre agus fostaíochta.
- Athbhreithniú ar stádas agus ar chúinsí leanaí atá faoi chúram daoine fásta i seirbhísí lae.
- Oiliúint agus feasacht i leith an Chóid Cleachtais um Mí-úsáid Daoine Breacaosta raining d'fhoireann a chuireann seirbhísí lae ar fáil dóibh siúd os cionn 65 bliain d'aois.

Sholáthair an maoiniú a leithdháileadh in 2009 do sheirbhísí sláinte agus oideachais do leanaí le riachtanais speisialta oideachais do 90 post sa bhreis i réimse na seirbhísí míchumais. Tá na poist seo dírithe ar leanaí d'aois scoile agus áirítear ina measc teiripeoirí urlabhra agus teanga, teiripeoirí gairme, fisiteiripeoirí agus síceolaithe. Reáchtáladh feachtas náisiúnta earcaíochta chun na poist seo a líonadh agus líonadh 46 le linn 2009 agus 44 eile sa phróiseas earcaíochta.

Cuireadh tús in 2009 le tionscadal píolótach dhá bhliain chun *National Best Practice Guidelines for Informing Familiesof their Child's Disability*, arna fhorbairt ag Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha. D'fhorbairt an tionscadal na hacmhainní seo a leanas:

- Tuarascáil Thionscadal Forfheidhmiúcháin Píolótach Chorcaí – teimpléad do chur i bhfeidhm céimneach na dtreoirlínte.
- Suíomh gréasáin chun eolas a sholáthar do thuismitheoirí/do chúramóirí.
- Ábhair oiliúna don chlár seomra ranga-bhunaithe.
- Modúl riomhfhoghlama chun treoir fhéinstiúrtha a sholáthar do ghairmithe a chuireann nuacht faoi dheacrachtaí in iúl do theaghlaigh.

**Osclaíodh saoráid sainchuspóra míchumais in Áth Luain in 2009** a chuireann samhail den chleachtas is fearr ar fáil do chliaint agus dá dteaghlaigh. Cuireann an t-ionad nua feabhas ar an gcúram do dhaoine faoi mhíchumas fisiceach agus céadfaíoch. San ionad seo tá raon seirbhísí teiripeacha do leanaí agus daoine fásta faoi mhíchumais éagsúla. . Tá creis ann freisin. Cuirtear seirbhísí ar fáil i gcomhpháirtíocht le roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, MS Ireland, Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill agus Sisters of Charity of Jesus and Mary. I measc na gcroísheirbhísí tá teiripe saothair, fisiteiripe, agus teiripe urlabhra agus teanga, altranas agus síceolaíocht. Beidh rochtain ar sheirbhísí daitéitice anseo freisin.

Chuir FSS €5.9 milliún ar fáil don ionad acmhainne, agus rinne Pobail maoiniú de €1.4 milliún a sholáthar i dtreo creise.



*Grianghraf: Jeffrey Palmer; Tresina Smith; Richard Ross; Vicky Sweeney; Rhoda Hogan; Maura Morgan; Lisa Ann Rochet; Anne Naughton; Barry Reid; Lenore McLoughlint; David Kelly; Sarah Jane Whelan; Dereck Carolan.*

# Daoine Breacaosta

### Fíricí Gasta 2009

- Cuireadh breis is 11.97 milliún uair de chabhair bhaile ar fail do bhreis is 54,000 duine, agus as an líon sin ba dhaoine breacaosta tuairim is 85% díobh
- Bhí breis is 8,900 duine ag fáil pacáistí cúraim bhaile, 3% os cionn an sprioc a bhí á chur againn a sholáthar
- Bhí 8,823 duine ag fáil fóirdheontais ag deireadh 2009 le breis is 4,000 duine ag fáil fóirdheontas breisithe
- Bhí 10,310 leaba ann i saoráidí poiblí cónaitheacha
- Faoin tionscnamh Mear Poiblí, osclaíodh 80 leaba sa bhreis agus tugadh isteach 282 leaba ionadaíochta sa chóras
- Rinneadh 44 d'iniúchtaí sláinteachais i saoráidí cónaitheacha do dhaoine breacaosta


Cuidíonn seirbhísí do dhaoine breacaosta leo fanacht sa bhaile a fhad is féidir, agus i gcás nach bhfuil seo indéanta, cuirtear suiomh cónaitheach roghnach eile ar fáil dóibh. Tá prionsabail an duine-lárnachais agus an chumhachtaithe mar bhonn is mar thaca lenár soláthar seirbhíse. Tríd is tríd, tá daoine ag maireachtáil níos faide sa lá atá inniu ann. An sprioc atá againn ná go mbeadh ar a laghad 90% de dhaoine os cionn 75 in ann maireachtáil sa bhaile go neamhspleách. Tá dul chun cinn suntasach á bhaint amach againn maidir leis seo trí spriocdhíriú a dhéanamh ar roghanna éagsúla soláthair seirbhíse. Áirítear ina measc soláthar seirbhísí bailebhunaithe agus pobalbhunaithe agus tacaí sa bhaile, cosúil le huaireanta de chúram baile, pacáistí cúraim sa bhail, chomh maith le croísheirbhísí a sholáthar don phobal cosúil le haltranas sláinte poiblí, seirbhísí DT srl.

Ceapadh Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta do Sheirbhísí le haghaidh Daoine Scothaosta sa bhliain 20009 faoi Stiúrthóireacht Chomhtháite Seirbhíse chun comhordú agus caighdeánú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na dtreoracha polasaí do dhaoine níos aosta, ar bonn náisiúnta.


Coinníonn Pacáistí Cúraim Bhaile daoine scothaosta sa bhaile ag díriú ar dhaoine atá i mbaol iontrála sa chúram fadtéarmach, iontráil neamhchuí in ospidéil ghéarchúraim nó ar ghá iad a scaoileadh chuig an mbaile ó ospidéil ghéarchúraim. Ó 2006 i leith, bhí méadú 70% ar an soláthar Pacáistí Cúraim Bhaile.

Rinneadh meastóireacht sa bhliain 2009 thar ceann na RCORA a raibh torthaí dearfach d'fhormhór air i ndáil le riar na scéime Pacáistí Cúraim Bhaile, ach rinneadh moltaí ag eascairt uaidh freisin. Tá na moltaí sin ina mbonn eolais ar a mbunófar an leasú a dhéantar ar Threoirlínte Náisiúnta do Chaighdeánú Chur i bhFeidhm na Scéime Pacáistí Cúraim Bhaile i 2010.

**Fíor 12: Líon na gcliant ag fáil pacáistí cúraim bhaile**




**Fíor 13: Líon n gcliant ag fáil uaireanta cúraim bhaile 2006 go 2009**




**Tábla 5: Líon na bpacáistí baile agus cúraim bhaile 2006 v 2009**

| | 2006 | 2009 | % athrú 2006-2009 |
|---|---|---|---|
| Líon na n-uaireanta cúraim bhaile | 10,800,000 | 11,970,323 | +11% |
| Líon na gcliant ag fáil uaireanta baile ag deireadh na bliana | 49,578 | 53,791 | +9% |
| Líon na gcliant ag fáil pacáistí cúraim bhaile ag deireadh na bliana | 5,283 | 8,959 | +70% |



*Minister Mary Harney, TD, Resident Prin Lawlor and Breda Hayes, Director of Nursing, pictured at the official opening of the new units in St. Mary's Hospital.*

*TO BE TRANSLATED*

## Infheistiú in Ospidéal N. Muire, Páirc an Fhionnuisce

Osclaíodh go hoifigiúil Aonad Altranais Pobail (AAP) Ospidéal Lae agus Coimpléasc Scaoilte le linn 2009 agus b'ionann an t-infheistiú iomlán i gcampas Naomh Muire agus €26 milliún.

Tá nasc gníomhach ag Ospidéal Naomh Muire le seirbhís speisialtachta geiriatraice arna soláthar ag lianna comhairleacha in ospidéil ghéarchúraim sa limistéar seo agus le cleachtóirí pobail. Chuir an tOspidéal Lae agus a shaoráidí feabhsaithe teiripeacha feabhas ar an tseirbhís a sholáthraíonn Ospidéal Naomh Muire do dhaoine breacaosta atá ina gcónaí sa bhaile.

Chuir an CNU reatha le 100 leaba leis an gcumas do chónaitheoirí fadtéarmacha i mBaile Átha Cliath Thuaidh. Tá an phríobháideacht agus an dínit anois ag cónaitheoirí a chuireann seomra singil amháin ar fáil agus tá saoráidí níos nu-aimseartha ag an bhfoireann chun cuidiú le háitritheoirí dá riachtanais cúraim laethúil. Cuireadh i gcrích CNU le 50 breise.

Cuireann an **Complex Discharge Unit** cúram ar fáil do dhaoine os cionn 65 bliain d'aois ach cuirtear moill leis an scaoileadh deiridh ar chúiseanna éagsúla cosúil leis an ngá atá le téarnamh amach anseo, cúram maolaitheach nó socruithe do phacáistí cúraim baile nó tithe a shainoiriúnú dóibh.


Tháinig an *Scéim Tacaíochta Cúraim Tithe Altranais – 'A Fair Deal'* i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2009. Seo córas nua de thacaíocht tithe altranais, a chuireann cúram airgeadais ar fáil do dhaoine a bhfuil gá acu le cúram cónaitheacha fadtéarmach. Déanann an scéim seo cúram altranais fadtéarmach níos inrochtana agus níos inacmhainne bíodh sin ina chúram deonach, poiblí nó príobháideach agus saorann teaghlaigh ón imní a bhaineann le ceanglais airgeadais do chúram a ngaolta. Tagann sé in ionad na Scéime Fóirdheontais Tithe Altranais.

Rinneadh obair shuntasach lena chinntiú go raibh cur chuige caighdeánach ann i leith chur i bhfeidhm na Scéime. Faoi dheireadh 2009, bhí 5,226 iarratas faighte agus 1,608 cinneadh eisithe.

## Cigirí na dTithe Altranais

Ó mhí Iúil 2009 aistríodh an fhreagracht as iniúchtaí ar gach teach altranais chuig An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cailíocht Sláinte (HIQA). Mar mhór-sholáthróir cúraim do dhaoine breacaosta leanfaimid orainn ag obair le HIQA agus le hearnáil phríobháideach na dtithe altranais chun caighdeáin nuabhunaithe i seirbhísí do dhaoine breac-aosta a chur i bhfeidhm.

Cuidíonn foirne atá faoi stiúir Geiriatraí sa phobal riachtanais níos casta na ndaoine breac-aosta a chomhlíonadh agus tacú le cur i bhfeidhm A Fair Deal. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar cheapadh na bhfoirne faoi stiúir Geiriatraí i ngach réimse, mar ar ceapadh sa bhliain 2009 Geiriatraí i mBaile Átha Cliath, Lár Laighean agus ospidéal Uí Chongaile, agus baill foirne sa Deisceart.




## Mí-úsáid Daoine Breac-aosta a Chosc

Tá roinnt bheag den daonra níos aosta á mí-úsáid. D’fhorbraíomar seirbhís chun cosc a chur le mí-úsáid daoine breac-aosta agus chun gan cineál mí-úsáid dá leithéid seo a chomhrac.

Cuireadh i bhfeidhm struchtúr soláthair foirne chun feabhas a chur ar ár bhfreagairt do mhí-úsáid daoine scoth-aosta. I ngach réigiún ceapadh oifigeach chun oibriú go dlúth le gach páirtí leasmhar agus tá t-oifigeach freagrach as forbairt, cur i bhfeidhm agus meastóireacht ár bhfreagra ar mhí-úsáid daoine breac-aosta. Tá Oibrithe Sinsearacha Cáis fostaithe laistigh de gach Oifig Sláinte Áitiúil. Oibríonn siad i gcomhar le gach páirtí leasmhar ábhartha agus le hoifigigh ainmnithe agus déanann measúnú agus bainistiú ar chásanna measta de mhí-úsáid daoine scoth-aosta a thuairiscítear do FSS. Faoi láthair, tá 29 Oibrí Sinsearach Cásanna fostaithe agus iad i mbun folúntais eile a líonadh d’Oifigigh Sláinte Áitiúil i gCill Mhantáin, Dún Laoghaire agus Baile Átha Cliath Thuaidh Láir.

San iomlán rinneadh 1,871 atreorú i 2009, agus 94% de na hatreoruithe sin faoi réir athbhreithnithe de 6 mhí nó ar dhúnadh cáis. Le féinfhaillí as an áireamh tarlaíonn formhór na n-atreoruithe mar thoradh ar mhí-úsáid shíceolaíoch líomhnaithe (28%), mí-úsáid airgeadais (18%) agus faillí (17%). An duine is coitianta a bhí ina c(h)úis imní ná mac/iníon (43%) gaol eile (20%) agus páirtí/fear céile/bean chéile (18%).

Ag croílár na seirbhísí le haghaidh mí-úsáid daoine breac-aosta tá saincheisteanna a shainaithint do chliaint agus sainoiriúnú na n-idirghabhálacha is fearr a fhreastalóidh ar an riachtanais. Féadtar raon seirbhísí cliaint a thairiscint ag brath ar a riachtanais; cúram lae, pléadáil agus eadráin coibhlinte ar na cinn is comónta a mbaintear fónamh astu. Féadtar cliaint a atreorú freisin chuig ár seirbhísí meabhairshláinte nó seirbhísí dlí agus airgeadais (lena n-áirítear atreorú chuig Seirbhís Comhairle agus Buiséadaithe).

As na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu ag 6 mhí nó ar dhúnadh an cháis, rinneadh atreorú ar 17% chuig An Garda Síochána agus tharla comhairliúchán leis An Garda Síochána i 12% de na cásanna. Go náisiúnta, bhí comhairliúchán dlí i gceist le 76 cás agus caingean dlí i gceist le 30 cás.

Bhain caingne dlí d’fhormhór le foréigin sa bhaile (33%) and ward of court (27%). Leanamar lenár bhfeachtas feasachta faoi mhí-úsáid daoine breac-aosta le linn 2009 le fógraí ar an raidió agus ar an teilifís. Forbraíodh clár oiliúna agus dáileadh é ar an bpearsanra iomchuí. Dáileadh DVD oiliúna agus leabhar saothair ag gabháil leis ar gach aonad cónaitheach poiblí agus príobháideach, ar shaoráidí meabhairshláinte, ar aonaid míchumais géarchúraim agus chónaitheacha. San iomlán fuair 7,315 duine oiliúint le linn 2009.

Seoladh go náisiúnta Ionad Náisiúnta do Chosaint Daoine Breac-aosta i mí na Samhna. Bhunaigh an tIonad suíomh gréasáin cuimsitheach *(www.ncpop.ie)* a fhreastalaíonn mar acmhainn ar gach duine atá i mbun oibre i ndáil le mí-úsáid daoine scoth-aosta.

## Cúram Cónaitheacha do Dhaoine Breac-aosta

I gcás nach bhfuil duine breac-aosta in ann cónaí sa bhaile níos mó, táimid tiomanta de cúram cónaitheacha iomchuí a sholáthar dóibh. Tá gach saoráid chúraim chónaithigh faoi réir iniúchadh neamhspleách HIQA anois de réir na gCaighdeán i gCúram Cónaitheach, a tugadh isteach i rith na bliana. Rinneadh iniúchadh ar sholáthar cúraim chónaithigh don RSL sa bhliain 2008 agus moladh sa tuarascáil seo go mbeadh clár infheistíochta caipitil ann do shaoráidí athchóiriúcháin/ionadaíochta araon ó 2008 go dtí 2013.

# Cúram Maolaitheach

## Fíricí Gasta 2009


- As 6,000 duine a úsáideann seirbhísí oispíse/cúraim mhaolaithigh gach bliain, is othair ailse iad 95%

In aon mhí amháin:

- Faigheann breis is 2,700 duine rochtain ar chúram maolaitheach speisialtachta baile-bhunaithe
- Tá tuairim is 280 duine ag fáil cúraim lae
- Tá breis is 80 duine ag fáil cúram maolaitheacha idirmheánach in ospidéil phobail
- Déantar cóireáil ar beagnach 300 duine in aonaid speisialtachta d'othair chónaitheacha

Bíonn seirbhísí cúraim mhaolaihigh ar a ndícheall an caighdeán is fearr saoil a bhaint amach d'othair agus dá dteaghlaigh, i gcás nach bhfuil an galar ag freagairt a thuilleadh don chóireáil. Cuirtear seirbhísí ar fáil i gcomhar le heagraíochtaí deonacha i roinnt suíomhanna éagsúla. Áiríonn siad seo cúram lae, an pobal, ospidéil ghéarchúraim, cúram maolaitheach speisialtachta d'othair chónaitheacha agus tacaí méala.

**Fíor 14: Líon na n-othar a fuair cúnamh ó na seirbhísí cúraim mhaolaithigh**




*Foilsíodh Palliative Care Service – A Five Year/Medium Term Development Framework 2009-2013* sa bhliain 2009, agus sainaithnítear ann bearta agus tionscnaimh a théann i ngleic le bearnaí sa soláthar cúraim mhaolaithigh i gcomparáid le moltaí arna leagan amach i dtuarascáil na Comhairle Náisiúnta don Chúram Maolaitheach 2001.

Leagtar amach i *The Report Palliative Care for All – Integrating PalliativeCare into Disease Management Frameworks* tosaíochtaí d'fhorbairt na seirbhíse agus do sholáthar le haghaidh 2009 agus amach anseo agus is comhaontú é i measc na bpáirtithe leasmhara go léir faoi threo an tsoláthair seirbhíse. Moltar ann go gcuirfí le rochtain ar chúram maolaithe do dhaoine le galair eile seachas ailse. Go traidisiúnta forbraíodh seirbhísí cúraim mhaolaithigh chun freagairt do riachtanais na ndaoine le hailse. Is othair le hailse iad isteach is amach le 95% de na 6,000 duine a bhaineann úsáid as seirbhísí oispíse/cúraim mhaolaithigh in Éirinn gach bliain.

Tá an cháipéis pholasaí náisiúnta *Palliative Care for Children with Life-Limiting Conditions in Ireland* beagnach i gcrích. In Éirinn tá tuairim is 1,400 leanbh ag cónaí le riocht a chuirfidh srian ar an saol acu agus faigheann tuairim is 490 leanbh bás gach bliain. As na básanna leanaí a tharlaíonn mar thoradh ar riochtaí srianta saoil, tarlaíonn a bhformhór sa chéad bhliain den saol, le tuairim is 350 bás gach bliain. Cuireann an polasaí seo bunchloch ar fáil ar féidir seirbhísí cúraim mhaolaithigh do leanaí a thógáil orthu amach anseo.

## Cúram maolaitheach a chur i gcomparáid ar fud an Aontais Eorpaigh

Léirigh tuarascáil a foilsíodh le déanaí a rinne meastóireacht ar fhorbairtí sa chúram maolaitheach sna 27 Ballstát de chuid an AE, go háirithe le cúig bliana anuas, go raibh Éire rangaithe sa dara háit. Léiríonn sé go gcuirtear formhór sholáthar cúraim mhaolaithigh na hÉireann ar fáil trí altraí speisialtachta arna dtacú ag dochtúirí cúraim mhaolaithigh, le líonra fairsing d'fhoirne cúraim bhaile a thugann aire do dhaoine fásta agus do leanaí.

Baineann cúram deiridh saoil le daoine le riochtaí éagsúla agus éilíonn ionchuir seirbhíse sláinte thar thréimhse ama ar féidir leis bheith níos faide ná laethanta agus seachtainí roimh an mbás. Sa bhliain 2010, tá sé beartaithe againn meastóireacht a dhéanamh ar ár struchtúir, ár gcórais agus ár bpróisis reatha agus iad a fhorbairt d'fhonn soláthar seirbhíse a chumasú chun freastal ar riachtanais cúraim saoil na n-othar a mhéid is féidir.



Osclaíodh Sraith Seomraí Nua Cúraim Mhaolaithigh i mí Mheán Fómhair 2009 i dTuaim. Tá an tSraith Seomraí Cúraim Mhaolaithigh, dar teideal 'Áras Aoibhinn' lonnaithe san Aonad Altranais Pobail agus tá dhá sheomra codlata ann do chúram speisialaithe othar a bhfuil breoiteacht thromchúiseach orthu. Cuireann sé leis na seirbhísí atá ann cheana féin arna soláthar ag Oispís na Gaillimhe, ár n-ospidéil sa chomharsanacht agus na Foirne Cúraim Phríomhúil atá ag obair sa phobal.

Chuir foireann dhá leabhrán nua ar fáil chun eolas a sholáthar do chliaint agus do theaghlaigh faoin dá sheirbhís chúraim lae atá ann maille leis an tsraith seomra cúraim mhaolaithigh.

*Maura Mullen; Caroline Fahy; Mary Egan agus Caroline Coen.*

# Cuimsiú Sóisialta

### Fíricí Tapa 2009

- Tá polasaí foirmeálta maidir le scaoileadh amach do dhaoine gan dídean ag 50 dár géarsholátharóirí
- Tugann duine as gach cúigear ar a ndéantar cóireáil do mhí-úsáid alcóil tuairisc go bhfuil substaint amháin eile ar a laghad tógtha acu, na cinn is coitianta ná cannabas, cócaon, eacstais agus codlaidínigh

Gach mí:


- Faigheann os cionn 9,000 duine cóireáil mheatadóin, 1,700 duine i bpríosúin san áireamh
- Bíonn os cionn 250 LG agus 500 cógaiseoir bainteach le seirbhísí cóireála meatadóin

Cinntíonn seirbhísí cuimsithe sóisialta go mbíonn rochtain ag pobail atá i mbaol agus imeallaithe ar, agus go mbíonn siad in ann úsáid a bhaint as, seirbhísí sláinte agus sóisialta ar bhealach cothromasach. Seirbhísí ar nós:

- Seirbhísí drugaí agus alcóil
- Seirbhísí na ndaoine gan dídean
- Seirbhísí do phobail eitneacha atá ina mionlach
- Seirbhísí sláinte do thaistealaithe
- Seibhísí Leasa Pobail
- Forbairt Phobail
- Na cláir RAPID (Ceantair a Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) agus CLÁR (Ceantair Laga Árd-Riachtanais)
- Seirbhísí VEID (Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna)/ Ionfhabhtú Gnéas-tarchurtha
- Seirbhísí do na pobail Leispiacha, Aeracha, Trasghnéasacha/Trasinscine

Tá an leasú ar ár seirbhísí do Mhionlaigh Eitneacha treoraithe ag an Straitéis Idirchultúrtha Náisiúnta. I measc na bPríomhghníomhaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm i 2009:

- Forbairt agus scaipeadh Uirlis Tacaíochta Éigeandála Ilteangach chuig os cionn 50 ospidéal agus 200 bardaí. Tá sé ar fáil ar CD chomh maith.
- Scaipeadh go forleathan Treorleabhar Idirchultúrtha a liostaíonn na riachtanais reiligiúnacha agus chultúrtha den 25 grúpa (21 grúpa reiligiúnach, 3 grúpaí eitneacha/ cultúrtha agus daoine gan aon chreideamh) a bhfuil cúram sláinte á fháil acu i measc ospidéil ghéarmhiochaine, ospíseanna, tithe cónaithe agus seirbhísí sláinte pobail.




- Aistriú, foilsiú agus scaipeadh eolais ar ár seirbhísí i roinnt phriomhtheangacha, m.sh. Treorleabhar Féinchúraim do Dhaoine le Diaibéiteas ar fáil i nGaeilge, Fraincis, Polainnis, Spáinnis, Rúsis, Rómáinis, Mandairínis agus Béarla.
- Foilsíodh Paca Fáilte d'Inimircigh i gContae an Chláir i bPolainnis, Araibis, Fraincis agus sa Bhéarla.

Tá cur i bhfeidhm Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009-2013 ag dul chun cinn le béim ar leith ar athshlánú. I rith 2009:

- Ceapadh Comhordaitheoir nua Athshlánaithe.
- Bunaíodh Coiste Náisiúnta Athshlánúcháin ó Dhrugaí.
- Leanadh le cistiú do sheirbhísí athshlánúcháin, m.sh. Soilse, a thugann cumhacht do dhaoine maireachtáil gan drugaí.

*Sa ghrianghraf ag seoladh Straitéis Imeascaithe Co. an Chláir (clé go deas): an Dr. Fergal Flynn, Bainisteoir Áitiúil Sláinte Chontae an Chláir; an tUas. Tom Coughlan, Bainisteoir Chontae an Chláir; Jacqui Deevy, Bainisteoir Chúram Leanaí EÁCS; an Comh. Madeline Taylor Quinn, Méara Chontae an Chláir. Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais FSS 2009 Seirbhísí Inbhuanaithe*



## Leathnaíonn Seirbhísí Malaratán Snáithaidí de bharr Ardú ar Éileamh don Chóireáil


Leathnaíonn Seirbhísí Malaratán Snáithaidí de bharr Ardú ar Éileamh don Chóireáil

D'fhógair FSS a gcomhpháirtíocht nua le déanaí le Foras SEIF Elton John agus Aontas Cógasaíochta na hÉireann chun seirbhísí breise malartán snáthaidí a sholáthar trí Chógaslanna Áitiúla i 65 suíomh nua timpeall na tíre. Tá FSS tiomanta faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí (2009-2016) a seirbhísí malartán snáthaidí a leathnú nuair atá gá leis. Cuireann an chomhpháirtíocht nua seo ar chumas FSS an gníomh seo a chur i bhfeidhm ar bhealach sonraithe, scoite agus sábháilte, agus ní amháin go ndéanann an gníomh seo snáthaidí a bhaint as pobail áitiúla d'fhonn iad a dhiúscairt, ach cabhraíonn sé le lucht drugaí insteallaidh dul i gcomhairle le seirbhísí sláinte ina bpobail féin.

Fógraíodh infheistiú €2 mhilliún do sheirbhísí andúile FSS Theas ag deireadh 2009 agus díreofar ar raon leathan seirbhísí ar nós:

- Clinicí breise meatadóin i gCathair Chorcaí, Trá Lí, Loch Garman agus Cill Chainnigh a chuirfidh deireadh le liostaí feithimh agus a chinnteoidh go gcomhlíonfaí spriocanna na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí maidir le hamanna feithimh; mí nó níos lú. Faigheann líon iomlán de 165 duine cothabháil mheatadóin sna clinicí seo
- 10,000 uair bhreise comhairleoireachta le bheith curtha ar fáil i gcomhar le soláthróirí deonacha chun tacú leo siúd atá ag iaraidh teacht as, agus maireachtáil le, handúil. Beidh an tionscnamh seo ina chabhair do 400 duine breise
- Cúig leapacha díthocsainithe tiomnaithe (4 cinn d'aosaigh agus 1 d'ógánaigh)
- Ceapachán bheirt nasc-oibrithe faoin Straitéis Athshlánúcháin
- Leasú ar, agus tacú le, tionscadail um thacaíocht chóireála atá ar siúl ag Tascfhórsaí Drugaí réigiúnacha agus áitiúla sa Deisceart

**Fíor 15: Líon na gcliant a bhí faoi chóireáil mheatadóin i 2008 agus 2009**




Táimid tar éis dul thar sprioc na straitéise náisiúnta frithdhrugaí de 6,500 áit do sholáthar cóireála meatadóin le hardú 75% ó 4,983 áit i 2001 go 8,662 i 2008.

**Tábla 6: Líon na gcliant a bhí faoi chóireáil mheatadóin i 2008 agus 2009**

| | 2008 | 2009 | % d'athrú 2008-2009 |
|---|---|---|---|
| Meánlíon na gcliant faoi chóireáil mheatadóin | 8,718 | 9,062 | +4% |

Is seirbhís ghníomhach éisteachta í ár líne chabhrach Frithdhrugaí/VEID atá faoi rún, saorghlao, agus a chuireann tacaíocht, eolas, comhairle agus atreorú neamhthreorach ar fáil do dhaoine a bhfuil ceisteanna acu, nó atá buartha, maidir le húsáid substant agus/nó VEID agus sláinte ghnéis. I gcás VEID/sláinte ghnéis, faighimid glaonna rialta ó dhaoine atá VEID-deimhneach agus a bhfuil fonn orthu teacht ar sheirbhísí sláinte ghnéis agus ar ghairmithe sa réimse sin. Tháinig os cionn 50,000 glaonna isteach chuig an líne chabhrach ó bunaíodh é in Iúil 1997.

Fuair an suíomh gréasáin *www.drugs.ie*, maoinithe ag FSS, 93,000 cuairteanna óna chéad bhliain oibríochta.

Táimid ag obair leis an RSL agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun *The Way Home a chur i bhfeidhm – Straitéis chun Aghaidh a Thabhairt ar Aosaigh gan Dídean in Éirinn 2008-2014*. Chaitheamar €33 milliún ar sheirbhísí cúraim agus tacaíochta do dhaoine gan dídean go díreach agus trí chistiú ar earnáil na neagraíochtaí neamh-Rialtais.




Foilsíodh tuarascáil ar sholáthar seirbhísí sláinte agus sóisialta do dhaoine Leispiacha Aeracha Déghnéasacha/ Trasghnéasacha/Trasinscine i 2009 agus bunaíodh grúpa chun a moltaí a chur chun cinn.

Lean an Staidéar ar Stádas Sláinte Taistealaithe na hÉireann, ar tosaíodh i 2008, ar aghaidh i 2009. Pairt shuntasach den staidéar ná an Staidéar Cóhóirt Breitheanna, a bhfuil mar chuspóir aige eolas ar shláinte naíonán Taistealaithe a rugadh idir Deireadh Fómhair 2008 agus Deireadh Fómhair 2009 a bhailiú. Tugtar tuairisc othar do gach máthar a bhíonn páirteach a úsáidtear chun sonraí a bhailiú ar gach eispéireas sláinte a bhí acu go dtí sin, agus comhlánann gairmí sláinte é i rith aon idirghníomh sna seirbhísí sláinte atá bainteach leis an naíonan.

# Seirbhísí in Ospidéil Ghéarmhíochaine agus Cúram Éigeandála Réamh-Ospidéil

### Fíricí Tapa 2009

Táimid ag soláthar níos mó chúraim do líon níos mó daoine. Ó bunaíodh FSS i 2005 méadaíodh soláthar na seirbhísí seo a leanas:

- Soláthraíodh beagnach 670,000 cóireáil i 2009, ardú 31%
- Rinneadh cóireáil ar os cionn 590,000 othar cónaitheach inár ospidéil i 2009, ardú 3%
- Bhi beagnach 3,400,000 freastal ar ár Rannóga d'Othair Sheachtracha (ROS) i 2009, ardú 29%
- Bhí os cionn 1,100,000 freastal ar Rannóga Éigeandála (RÉ) i 2009, ardú 2%
- Rugadh 74,602 naíonán inár ospidéil i rith 2009, ardú 28%

De bhreis ar sin

- Tharla níos mó trasphlanduithe duán i 2009 ná in aon bhliain eile in Éirinn, le 172 gnáthamh curtha i gcrích
- Cuireadh 18 trasphlanduithe deontóra duán beo i gcrích i 2009, ardú 80% ar an 10 a cuireadh i gcrích i 2008
- D'fhreagair ár seirbhísí otharcharanna 205,444 glao éigeandála, 61,435 glao práinneach agus 265,186 glao neamh-phráinneach
- Rinneadh próiseáil ar tuariim is 58 milliún tástálacha inár seirbhísí saotharlainne míochaine

Cuirimid raon leathan seirbhísí ar fáil le measúnú, diagnóis, cóireáil agus géar-athshlánú san áireamh inár 50 ospidéal géarmhíochaine.

Tá an daonra ag fás, tá an ráta breithe ag éirí níos airde, tá ilchineálacht níos mó inár mbonn daonra agus tá méadú ar líon an daonra scothaosta, ach táimid fós ag méadú agus ag leasú ár nacmhainn laistigh denár géar-sheirbhísí, agus laistigh de na cúinsí teorantacha reatha.

Áirithe inár dtreo straitéiseach dár ngéarsheirbhísí, atá ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta, tá an chothromaíocht aistreach de sheirbhísí, ó obair le hothair chónaitheacha go hobair bunaithe ar chásanna lae, agus an toradh atá ag sin ná go núsáidtear ár nacmhainní ar bhealach níos éifeachtaí, go bhfaightear luach níos fearr ar airgead agus go mbíonn iarmhairtí níos fearr ann d'othair.


Lean muid orainn i 2009 ag soláthar don ualach oibre maidir le hothair éigeandála isteach fad is a bhí leibhéal iomlán géaroibre na nothar cónaitheach á rialú againn. Bhí muid dírithe ar ualaí roghnacha oibre a bhainistiú laistigh de na hacmhainní a bhí ar fáil dúinn, rud a spreag soláthar cúraim ar bhonn cás lae nuair ba chuí agus ar fheabhsuithe i réimsí ar nós iontráil d'obráidí agus tréimhsí fanachta a laghdú.

## Leibhéil Ghníomhaíochta na nOthar Cónaitheach agus Cásanna Lae

Chuireamar cóireáil ar fáil do 593,359 othar cónaitheach i 2009, ardú 3% ar a bhí mar sprioc againn do 2009 agus laghdú 1% ar leibhéil ghníomhaíochta othar cónaitheach i 2008. Tá sé seo ar aon dul lenár bpolasaí níos mó cúram a sholáthar sa phobal nuair is gá.

Chuireamar 669,955 cóireálacha lae ar fáil i 2009 atá ina mhéadú de 4% ar a bhí mar sprioc againn do 2009 agus ina mhéadú de 4% ar leibhéil ghníomhaíochta do 2008. Ó 2005, tá ardú 31% tagtha ar ghníomhaíocht chásanna lae, rud a léiríonn dul chun cinn inár aistriú ó ghníomhaíocht d'othair chónaitheacha do cásanna lae agus atá ar aon dul lenár gcuspóirí straitéiseacha. Do ghnáthaimh áirithe i réimsí ar nós obráidí oftailmeolaíochta, ota-laraingeolaíochta (ENT), rinneadh 66% den ghníomhaíocht sin ar bhonn cás lae i rith 2009.

**Fíor 16: Gníomhaíocht othar cónaitheach agus cás lae 2005 go 2009**





**Tábla 7: Géar-ghníomhaíocht 2005 go 2009**

| | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | % athrú 2005-2009 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Scaoileadh othar cónaitheach | 575,476 | 588,875 | 612,346 | 599,910 | 593,359 | +3% |
| Cás lae | 512,034 | 558,813 | 583,369 | 641,974 | 669,955 | +31% |
| Freastal othar seachtrach | 2,601,950 | 2,796,331 | 3,094,387 | 3,275,632 | 3,357,106 | +29% |
| Freastal ar RÉ | 1,099,139 | 1,245,001 | 1,296,091 | 1,150,674 | 1,119,719 | +2% |
| Breitheanna | 58,489 | 62,740 | 69,998 | 74,000 | 74,602 | +28% |

### Rannóga Éigeandála (RÉ)

Bhí líon iomlán de 1,119,719 freastal i RÉ ár 34 ospidéal géarmhíochaine i 2009. Is laghdú 3% é seo ar leibhéal gníomhaíochta 2008 agus tá sé ar aon dul lenár gcuspóir níos mó cúraim a sholáthar sa phobal. I 2006 sprioc ár RÉ ná iontráil laistigh de 24 uair. Tá sprioc ama againn anois de 6 huaire nó níos lú, ó chlárú go hiontráil nó scaoileadh d'othair a fhreastalaíonn ar ár RÉ. Tá tuilleadh eolais faoi seo ar fáil ar leathanach 21.


**Fíor 17: Freastal ar rannóga éigeandála 2005 go 2009**




### Ránnóga na nOthar Seachtracha (ROS)

Tá méadú tagtha ar fhreastal na nothar seachtrach bliain i ndiaidh bliana. Rinneadh taifeadadh ar 3,357,106 inár ROS i 2009 rud a léiríonn méadú de 2%, nó 81,474 othar breise, ar 2008. Tá béim leantach á chur againn ar líon an lucht freastail nua laistigh de líon iomlán an lucht freastail a mhéadú. Sa bhliain 2009 chonaiceamar 40,837 freastal nua i gcomparáid le 2008 nó ardú 4.8%. Tá tuilleadh eolais ar ROS ar fáil ar leathanach 25.

**Fíor 18: Freastal na nOthar Seachtrach 2005 go 2009**




### Breitheanna

Rugadh 74,602 i rith 2009, rud a léiríonn méadú de 602 breitheanna i gcomparáid le 2008 agus 28% i gcomparáid le 2005.

## Forbairtí agus Feabhsuithe Seirbhíse

Tá athchumrú ar ár seirbhísí fós mar phríomh-chuspóir againn. Léiríonn dea-chleachtas idirnáisiúnta go mba chóir go mbeadh géarchúram, coimpléascach sláinte, go háirithe do mhíochaine éigeandála, seirbhísí coimpléascacha máinliachta agus seirbhísí cúraim géibheannacha, curtha ar fáil in ospidéil mhóra ardtoirte. Tá na tosaíochtaí seo san áireamh i bPlean Corparáideach FSS 2008-2011 agus léiríonn siad an gá atá ann athruithe a dhéanamh laistigh de struchtúir ár nospidéal agus gur ghá bogadh go seirbhísí leasaithe cúram sláinte bunaithe sa phobal.

Táimid ag déanamh atheagrú ar ghéarsheirbhísí ar fud na tíre chun soláthar a chinntiú, laistigh de gach ceantar, de sheirbhísí cuimsitheacha míochaine agus máinliachta 24 uair/7 lá sa tseachtain agus de ghníomhaíocht bheartaithe ar ualaí oibre cuimsitheacha cásanna lae agus diagnóiseacha.

### FSS Theas

- Ceapadh Stiúrthóir Athchumraithe do Chorcaigh agus Ciarraí. Cuireadh an Athbhreithniú ar Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine Inbhuanaithe agus Sábháilte go Cliniciúil a Dhaingniú i gcrích i FSS Theas agus tosaíodh ar a chur i bhfeidhm i 2009. Cuireadh Athbhreithniú ar sheirbhísí RÉ i gcrích. Tosaíodh ar chur i bhfeidhm cúram éigeandála réamh-ospidéil i gCorcaigh Thiar i ndiaidh feachtais eolais poiblí.
- San Oirdheisceart, ceapadh bainisteoir ar athchumrú ospidéal géarmhíochaine agus leanadh le forbairt ar phlean gníomhaithe i rith 2009. Bunaíodh Grúpaí Comhairleacha do Mhíochaine, Máinliacht agus Mná agus Leanaí.

### FSS Thiar

- Foilsíodh Plean Gníomhaíochta do Ghéarsheirbhísí agus Seirbhísí Sláinte Pobail do FSS an Mheán-Iarthair i 2009. Rinneadh athstruchtúrú ar sheirbhísí RÉ in Innis agus san Aonach go 8.00am-8.00pm go laethúil.
- Cuireadh an t-aistriú i bhfeidhm den géar-mháinliacht ar fad ó Inis agus an t-Aonach go Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Luimneach.
- Leasaíodh an tseirbhís éigeandála réamh-ospidéil i rith 2009 trí bhreis ball foirne a fhostú sa tseirbhís otharcharrana, clúdach níos fearr a sholáthar d'otharcharrana agus trí ard-sheirbhís tiomnaithe a chur i bhfeidhm don Chlár agus Tiobraid Árann Thuaidh.

## FSS Bhaile Átha Cliath agus Laighin Láir

- Cuireadh anailís ar ghéarsheirbhísí ar bun sna Lár-réigiúin agus tosaíodh ar fhorbairt a dhéanamh ar phlean athchumraithe.

## FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh

- Mar pháirt de chur i bhfeidhm na tuarascála Sábháilteacht a Fheabhsú agus Caighdeáin Níos Fearr a Bhain Amach – Plean Gníomhaíochta do Sheirbhísí Slainte san Oirthuaisceart, aistríodh géarsheirbhísí glao-dhualgas míochaine i mí Iúil ó Ospidéal Mhuineacháin go Ospidéal Ginearálta Chábhán. Feabhsaíodh naisc le seirbhísí príomhúla agus pobail chun bearta maidir le seachaint iontrála a threisiú, rud a chinntíonn scaoileadh níos tapúla d'othair agus a laghdaíonn meán-ama fanachta.
- Cuireadh pleanáil tionscadail mionsonraithe ar bun do Ghrúpa Ospidéal Contaetha Lú agus Mí rud a stiúrfaidh athchumrú ar sheirbhísí sa cheantar sin.

## Forbairtí eile iad seo a leanas

- Cuireadh Athbhreithniú ar sheirbhísí Cúram Práinneach d'Aosaigh i gcrích.
- Foilsíodh Athbhreithniú Neamhspleách ar Sheirbhísí Máithreachais agus Géinéiceolaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i 2009. Cuireadh treoir tionscadail d'athlonnú seirbhísí máithreachais do shuíomh Thuar an Daill sa Mheán-Iarthar chun cinn agus tosaíodh ar shocruithe d'anailís costas tairbhe.
- Tá cumrú ar sheirbhísí péidiatraiceacha go líonra comhtháite náisiúnta péidiatraiceach le seirbhísí cuí á soláthar ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ar bun:
    - Cuirtear gach néar-mháinliacht do nua-naíthe agus naíonáin faoi aois a haon ar fáil anois in Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid Temple, Baile Átha Cliath.
    - Aistríodh gach néar-mháinliacht do leanaí faoi aois a 6 go Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid Temple. Baile Átha Cliath.
    - Ceapadh néar-mháinlia treorach péidiatraiceach i 2009 agus tá néar-mháinliatha comhairleacha péidiatraiceacha breise le ceapadh i 2010.
    - Tá obair ag dul ar aghaidh ar thógáil nua de 17 leapacha péidiatraiceacha dianchúraim, 13 leapacha ionaid agus 4 leapacha breise in Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite, Croimghlinn agus táthar ag súil go gcuirfear sin i gcrích i 2010.
- Bunaíodh Bord Forbartha na nOspidéal Náisiunta Péidiatraiceach i mí Bealtaine 2007 chun an tOspidéal Náisiúnta Leanaí nua a phleanáil, a dhearradh, a thógáil, a fhearastú agus a threalmhú. Tá an tionscadal seo ag dul chun cinn de réir an phlean tionscadail agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é i 2014.
- Tá tomhas, monatóireacht agus meicníochtaí rialaithe ar chur i bhfeidhm fórálacha do chleachtas poiblí/príobháideach i bhfeidhm anois faoin gconradh nua sainchomhairleoirí:
    - Faomhadh 69 post Saincomhairleoreachta breise i rith na bliana, agus tá líon de 3,217 Sainchomhairleoirí ag obair inár seirbhísí sláine anois. Léiríonn sé seo ardú de 23% ó 2004.
    - Tá athrú leantach tagtha ar phátrúin oibre sainchomhairleoirí atá ardaithe ó 33 uaireanta sceidealaithe go 37 uaireanta sceidealaithe sa tseachtain, lá oibre leathnaithe 8.00am–8.00pm Luan go hAoine agus soláthar oibre ag an deireadh seachtaine.
    - 49 Stiúrthóirí Cliniciúla ceaptha roimh dheireadh 2009 chun seirbhísí ospidéil agus meabhairshláinte a threorú agus a fhorbairt agus feabhsuithe sa chúram cáilíochta agus cliniciúil a stiúradh.

  Chun tuilleadh eolais ar an gConradh Sainchomhairleoireacht a fháil, féach leathanach 62.

- Cuireadh athbhreithniú ar shocruithe comhordaithe trasphlandaithe i gcrích. Cinnteoidh sé seo go leanfaidh cláir ar nós na seirbhíse Náisiunta Trasphlandaithe Croí agus Scámhóg ag leathnú agus ag comhlíonadh riachtanais na othar.
- Tosaíodh tionscadal mór i rith 2009 chun nuachóirú a dhéanamh ar ár Seirbhísí Saotharlainne Míochaine. Tosaíocht dúinn é seirbhís aontaithe, comhordaithe a chur i bhfeidhm a fheabhsóidh cáilíocht agus ag a slánúcháin sna seirbhísí diagnóiseacha.



*An Dr. Alan Finan Sainchomhairleoir Péidiatraiceach, Evelyn Kellegher SCBU CNM1, Margaret Mulvaney Breathnaíonn SCBU CNM2, Dermot Monaghan Bainisteoir Ginearálta Grúpa Ospidéal Cabhán/Muineachán, Eddir Byrne, an Stiúrthóir Altranais, Ospidéal Ginearála Chabháin ar an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Brendan Smith, TD ag gearradh an téip ag oscailt an Aonaid Speisialta Cúram Naíonán.*

### Osclaíonn aonad cúram naíonán speisialta agus saoráid IAM ag Ospidéal Ginearálta Chabháin

I measc na náiseanna san aonad cúram naíonán beidh trí spásanna clíabhán dianchúram agus trí spásanna ardspleáchais, chomh maith le seomra leithlise. Gnéithe breise iad rialú aeráide, seomra príobháideach do mháithreacha agus a leanaí, seomra tiomnaithe óstalláin do thuismitheoirí, láthair feithimh, spás oifige agus seomra seimineár. Éascaíonn an taonad nua seo aistriú naíonán go hOspidéal Ginearálta Chabháin ó aonaid nua-naíocha in Ospidéil Bhaile Átha Cliath agus tá sé cistithe ag FSS agus ag ranníocaíochtaí suntasacha deonaithe. Tá an cumas cistithe ag an scanóir IAM 3,000 scanadh a dhéanamh sa bhliain agus laghdóidh sé an gá d'othair taisteal go Droichead Átha nó Baile Átha Cliath.



*Clé go Deas: Jack McCann, Stiúrthóir Cliniciúil, Ospidéil Ghinearálta na Gaillimhe; Mark Da Costa, Máinlia Comhairleach Cardatoracsach, UHG; an tOllamh Kieran Daly, Cairdeolaí Comhairleach, UHG; An Taoiseach Brian Cowen, TD; Ray Rooney, Cathaoirleach Croí; J.J. Gilmartin, Lia Comhairleach agus ball den bhFhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. UHG agus Bridget Howley, Bainisteoir Ginearálta, Ospidéal Ollscolaíoch na Gaillimhe.*

## Osclaíonn Aonad Nua Máinliachta Cardatoracsach ag Ospidéal Ollscolaíoch na Gaillimhe (UHG)

Is aonad nua é seo do mháinliacht cardatoracsach a tógadh le sainchuspóir agus a nach bhfuil i UHG amháin, clúdaíonn sé speisialtachtaí ábhartha i ngach ospidéal ar fud Réigiún an Iarthair, ina bhfuil daonra d’os cionn miliún duine ann. Déileálfar le diagnóis tapa agus bainistiú éifeachtach ar ghalair croí agus scámhóg san aonad ar bhealach tráthúil, le cúram déanta de shábháilteacht, compord agus dínit na nothar. Seo an ceathrú Aonad Máinliachta Cardatoracsach in Éirinn agus cuireann sé soláthar cúram ar fáil atá ar aon dul le dea-chleachtais idirnáisiúnta d’othar aosacha atá ina gcónaí san Iarthar a bhfuil galair chroí agus scámhóg orthu inchóireáilte ag máinliacht.



## Othair le strócanna le bheith measúnaithe go cianda a bhuíochas le Robo-Doc

In Éirinn, is strócanna (galar ceirbreashoithíoch) is cúis le 7.2% na mbásanna go léir. I mbeagnach 80% de na cásanna is téachtáin fola, a chuireann bac ar an sruth fola chuig an inchinn, is cúis le strócanna. Má déantar gníómhú tapa aon damáiste breise a chosc agus cabhrú le daoine biseach iomlán. Tá sé riachtanach go mbeadh Sainchomhairleoir i láthair chun tacú leis an diagnóis agus cóireáil; é sin ráite, ní bhíonn sainchomhairleoirí gur speisialtóirí iad ar fáil ar an bpointe. Tá sé mar aidhm ag Tionscadal Telestroke measúnú lasmuigh d’uaireanta oibre, diagnóisí agus cúram idirghabhála ar othar a léiríonn géar-strócanna a éascú go trí shuíomhanna géarospidéil ag Adelaide, an Mhí agus an tOspidéal Náistiúnta Leanaí i dTamhlacht, Ospidéil Réigiúnacha an Lár-Réigiúin i Muilleann gCearr agus Ospidéal Ginearálta an Náis a bhfuil dobhardhaonra féideartha d’os cionn 730,000 aige.

Tá na trí ospidéil seo ar an taon trí shuíomh sa tír a bhfuil rochtain acu ar Robo-Doc, nó dochtúir cianláithreachta róbatach. Cuireann Robo-Doc ar chumas an tsainchomhairleora féachaint ar, agus labhairt leis an othar, via físcheamara, micreafón agus scáileán teilifíse, breathnú agus tacú leis an measúnú, féachaint ar íomhánna CT agus torthaí saotharlainne agus cinntí práinneacha cóireála a dhéanamh gan aon mhoill ama. Rialaíonn an dochtúir an gléas le luamhán siúrtha chun suíomh a radharc a athrú, agus is féidir an gléas a úsáid d’éigeandálacha míochaine eile. Ceaptar go gcabhróidh cumais Robo-Doc go mór le cóireáil iomlán agus téarnamh othar.

Beidh an Robo-Doc suite sa Rannóg Éigeandál agus is féidir é a úsáid do shaindhiagnóis agus sainchóireáil. Cuireadh cistiú ar fáil don tionscadal seo trí Chistí Nuálaíochta.

## Cúram Éigeandála Réamh-Ospidéil

Soláthraíonn an tseirbhís náisiúnta otharcharanna cúram éigeandála réamh-ospidéil agus seirbhísí otharcharranna ar fáil ar fud na tíre i gcóras sláinte atá ag athrú de shíor, le béim ar leith ar sholáthar géarsheirbhísí agus seirbhísí cúram príomhúil. Leanann sé air ag oiriúnú do riachtanais na seirbhísí athchumraithe sa Oirthuaisceart, sa Mheán-Iarthar agus sa Deisceart, ag tionscnamh prótacal nua cliniciúil agus oiliúint leantach d'Ardpharaimhíochaineoirí.

Féadann Ardpharaimhíochaineoirí raon agus ilchineálacht níos leithne idirghabhálacha agus cúnamh a sholáthar. Tá siad cáilithe raon leathan cógas a thabhairt agus raon ardscileanna tacaíochta beatha a úsáid a bhfuil ardscileanna dí-chomhbhrú airbhealaigh agus cliabhraigh san áireamh. Tá os cionn 140 ardpharaimhíochaineoirí tar éis oiliúint a fháil thar tréimhse cúig bliana le 21 teicneoir éigeandála míochaine (EMT) tar éis oiliúnt ardpharamhíochaineora a chur i gcrích i 2009 (tosaíocht déanta de phearsanra suite i gceantair athchumraithe). Thosaigh 41 EMT breise ar oiliúint a fháil agus cuirfidh siad seo i gcrích de réir a chéile i 2010.

Déanfaidh treorlínte nua do chleachtas cliniciúil a foilsíodh le déanaí leasú breise ar scóp chleachtas paraimhíochaineoirí agus ardphairaimhíochaineoirí aroan.

Baineadh feidhm as ardpharaimhíochaineoirí le cur chuige mearfhreagartha sa Chabhán/Muineachán sa Oirthuaisceart, i gContae an Chláir agus Tiobraid Árann sa Mheán-Iarthar agus Iarthar Chorcaí sa Deisceart, ag tacú le haistriú straitéiseach sheirbhísí géarchúraim.

Tá seisear paraimhíóchaineoirí intéirneacha á gcur amach go clúdach éigeandála túslíne i réigiún an iarthair. Tá cúrsa oiliúna paraimhíochaineora naoi mí curtha i gcrích acu agus tá siad ag tosú anois ar intéirneacht bliana do chleachtas cliniciúil ina mbeidh modúil ar fhorbairt phroifisiúnta agus measúnuithe leantacha iniúlachta.

Tá clár iompar nua-naíoch náisiúnta ag soláthar os cionn 300 iompar cúram práinneach gach bliain. Is seirbhís mearfhreagartha í seo ar chuspóir di cobhsú agus iompar a sholáthar do naíonáin bhreoite agus anabaí a bhfuil gá iad a aistriú go hionaid threasacha ar bhonn náisiúnta.

D'fhoilsigh FSS Theas athbhreithniú ar RÉ agus cúram éigeandála réamh-ospidéil i gCorcaigh agus Ciarraí agus laistigh de tá moltaí ar an tslí is fearr le rannóga éigeandála agus cúram éigeandála réamh-ospidéil a eagrú agus reachtáil i ngach ospidéal géarmhíochaine sa réigiún.

Sna Lár-Réigiúin, tá Lárionad Rialaithe na nOtharcharanna creidiúnaithe mar lárionad imeachta éigeandála míochaine ardchaigdeáin ag an Acadamh Idirnáisiúnta Imeachta Éigeandála.

**Tábla 8: Líon na nglaonna freagartha otharchairr 2006 go 2009**

| | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | % athrú 2006-2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Glaonna Éigeandála | 197,046 | 208,039 | 210,785 | 205,444 | 4% |
| Glaonna Práinneacha | 63,196 | 62,959 | 61,852 | 61,435 | -3% |
| Glaonna Neamh-phráinneacha | 246,538 | 209,421 | 186,680 | 265,186 | 8% |
| Iompar Pobail | 398,123 | 432,053 | 401,477 | 338,132 | -15% |

### Ardpharaimhíochaineoirí don Oirthuaisceart, Meán-Iarthar agus Iarthar Chorcaí

Mar pháirt d'athchumrú seirbhísí, táimid ag déanamh iniúchadh ar acmhainní breise inár seirbhís otharcharranna san Oirthuaisceart, Meán-Iarthar agus Iarthar Chorcaí. Tá foirne d'ardpharaimhíochaineoirí á dtabhairt isteach. Freagraíonn ardpharaimhíochaineoirí glaonna éigeandála i bhfeithicil mearfhreagartha agus is tacaíocht bhreise iad do pharaimhíochaineoirí eile agus cabhlaigh eile sna ceantair seo. Tá taithí na mbliain acu sa tseirbhís otharcharanna agus tá oiliúint paraimhíoche ardleibhéil déanta acu atá aitheanta go hidirnáisiunta. Cuireann se seo ar a gcumas raon breise gnáthamh casta a dhéanamh ar nós ionsá tiúibe, athbheochan cairdiach ar nós CPR, dífhibriliú agus dáileadh drugaí, athbheochan le leacht infhéitheach, bainistíocht péine, dí-chomhbhrú cliabhraigh.

Tá siad ábalta cinneadh a dhéanamh chomh maith ar an mbealach othar is fearr le tógaint–i.e. an t-othar a thabhairt díreach chuig an ospidéal chun tuilleadh idirghabhála a fháil nó iad a atreorú chuig seirbhís eile más gá.




*Alan Sheehan ag léiriú conas a dhéanann foireann ardpharaimhíochaine Iarthar Chorcaí cóireáil tharrthála tapa ar "shamhail" d'othar i rith cleachtadh oiliúna éigeandála ag Aerpháirc Bheanntráí.*

# Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse

## Fíricí Tapa 2009

- Tá ceithre Líonra Rialaithe Aisle againn le hocht Ionaid Réigiúnacha Ailse
- Rinneadh 10,735 atreorú chuig seirbhísí ailse cíche le 9,413 ar freastalaíodh orthu laistigh de 2 seachtaine
- Rinneadh 21,256 atreoruithe neamh-phráinneacha breise eile. 17,763 díobh ar freastalaíodh orhtu laistigh de 12 seachtaine
- Bunaíodh ceithre sheirbhísí mear-rochtana d'ailse scámhóige
- Bunaíodh trí sheirbhísí mear-rochtana d'ailse phróstatach
- Tá áiseanna Telesynergy ar fáil i ngach ceann de na hocht ionaid ailse.

Bunaíodh an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse i 2007 mar fhreagairt ar mholtaí ón Straitéis Náisiúnta Ailse – Straitéis do Rialú Ailse in Éirinn, 2006 agus tá sé freagrach as gach gné de rialú ailse, seribhísí cúram maolaitheach an t-aon eisceacht.

Is próiseas coimpléascach é cóireáil ailse inar ghá do dhiagnóis, measúnú, iniúchadh raideolaíoch, cóireáil máinliachta, ceimiteiripe agus cóireáil radaíochta go léir a bheith imeasctha. Ní féidir é seo a bhaint amach i gceart ach trí cheannasacht chliniciúil agus acmhainní a dhíriú ar ionaid speisialaithe ailse. Cé nach bhfuil an cur chuige seo ar an tslí is fusa, agus ní cur chuige móréilimh é, ach is é an rogha is fearr é d'othair chun a chinntiú go ndéanaimid cúram ailse níos sábháilte, ardchaighdeáin a sholáthar.


**Lárú ar sheirbhísí máinliachta agus diagnóiseachta cíche.** Sa bhliain 2009:

- D'aistríodh diagnóis agus máinliacht siomptónach cíche ina ocht ionad ailse leis an aistriú deireannach, malgamú seirbhísí i gCorcaigh agus Ciarraí go haonad nua tiomnaithe cíche ar an suíomh in Ospidéal Ollscoilaíoch Chorcaí (CUH) i mí na Nollag 2009.
- Aistríodh seirbhísí diagnóiseacha agus máinliachta tosaigh go rathúil ó Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha go Beaumont agus Ospidéal Ollscolaíoch Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath. De bhreis ar sin, osclaíodh aonad nua míochaine oinceolaíoch in Ospidéal Mhuire Lourdes le oinceolaí míochaine ceaptha.
- Sáraíodh spriocanna rochtana do chásanna práinneacha agus neamh-phráinneacha do sheirbhísí siomptónacha d'ailse chíche faoi dheireadh 2009. Go náisiúnta, ag deireadh 2009, bhí freastal á dhéanamh ar 98% de chásanna práinneacha laistigh de choicís agus bhí 95% laistigh den sprioc de dhá sheachtain déag.


## Lárionad Náisiúnta Máinliachta d'Ailse Paincréasach

Léiríonn fianaise idirnáisiúnta go mbaintear na hiarmhairtí is fearr amach nuair atá obráidí srianta go hospidéil atá i mbun an-chuid máinliachta. I ndiaidh athbhreithnithe ar acmhainn ionaid ailse éagsúla, ceapadh Oispidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath mar Lárionad Náisiúnta Máinliachta d'Ailse Paincréasach. Thosaigh próiseas pleanála i 2009 chun máinliacht ailse paincréasach radacach a ath-ailíniú go dtí an ionad seo a leanfaidh air i 2010.

**Fíor 19: % na natreoruithe práinneacha ar a freastalaíodh laistigh de 2 sheachtain**




**Fíor 20: % na natreoruithe neamh-phráinneacha ar a freastalaíodh laistigh de 12 sheachtain**




## Clinicí Ailse Mearghníomaíochta

Cinntíonn na clinicí seo mear-rochtain ar dhiagnóis agus cinnteoireacht ildisclipíneach rud a chinntíonn rochtain níos fearr d'othair agus rátaí marthanais.

- Bunaíodh ceithre chlinicí mear-rochtana d'ailse scámhóige in ionaid speisialaithe i rith 2009 agus tá ceithre cinn eile pleanáilte do 2010.
- Bunaíodh trí chlinicí mear-rochtana d'ailse phrótastach in ionaid speisialaithe i rith 2009 .
- Cruthaíodh treoirlínte náisiúnta do dhiagnóis agus bainistíocht ar ailse phróstatach agus tá siad seo, chomh maith le rian othar do dhiagnóis agus cóireáil, ag soláthar chreata do chaighdeáin náisiúnta.

**Seoladh na Seirbhíse Ailse Chíche Siomptómach agus an Aonaid Diagnóise Lae Ailse ag Ospidéal Ollscolaíoch Chorcaí** (CUH) inar tharla malgamú ar sheirbhísí ailse chíché ón Otharlann Theas agus Ospidéal na Trócaire Corcaigh go CUH. Tá an t-aonad nua d'ailse siomptónach chíche ar an gceann is mó sa tír agus freastalaíonn sé ar os cionn 10,000 othar gach bliain, agus déantar diagnóisiú ar thart ar 520 othar le hailse chíche.

*Clé go deas: an Dr. Max F. Ryan, Cathaoirleach ar Roinn na Raideolaíochta, CUH, an Dr. Josephine Barry, Raideolaí Comhairleach, CUH, Mary Boyd, Stiúthóir Altraíochta, CUH, Tony McNamara, POF, CUH, Mary Harney, TD, an tAire Sláinte agus Leanaí agus an tOll. Paul Redmond, Ollamh Máinliachta, CUH.*



## Plean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Radaíochta

Tá Plean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Radaíochta (NPRO) mar pháirt den Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse. Roinnt príomh-réimsí atá tar éis dul chun cinn i rith 2009 iad seo a leanas:

- Forbairt chaipitiúil ar áiseanna oinceolaíochta radaíochta le tosú ar thógáil ar áiseanna Céim 1, beidh seirbhísí teiripe radaíochta don chéad cúpla bliain eile ag feidhmiú mar líonra áiseanna radaíochta amháin ag soláthar seirbhísí do bheagnach 60% den daonra.
- Tá Céim 2 bainteach le leathnú áiseanna teiripe radaíochta agus an tathsholáthar leantach ar infrastruchtúr costasach costasach chun riachtanais méadaithe do chóireáil radaíochta. Tá sé shuíomhanna i gceist leis an gcéim seo (Naomh Séamas, Beaumont, Ospidéal Ollscolaíoch Chorcaí, Gailimh, Port Láirge, agus Luimneach). Tá obair air seo ag dul chun cinn le Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach trí chomhlánú sonrúchán agus dearaí i 2009 do gach suíomh le cead imlíneach pleanála faighte do dhá cheann de na sé suíomhanna agus aighneachtaí curtha isteach do na ceithre cinn eile.

## Clár Oinceolaíochta Pobail

Tá forbairt ar an gclár seo fós ina phríomh-thosaíocht don Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse. Tá traenáil agus oiliúint do LG san oinceolaíocht agus leasú altraíochta sa chúram oinceolaíochta laistigh de phobail agus PCT ina pháirt thábhachtach den obair seo. Tionscnaimh a cuireadh ar bun i 2009 iad seo a leanas:

- Comhairliúchán le seirbhísí speisialtóra agus LG a chruthaigh aontas ar threoirlínte atreoraithe agus foirmeacha atreoraithe caighdeánaithe d'ailse chíche, phrótastach agus scámhóige.
- Dul chun cinn ar atreorú leictreonach do na treoirlínte go léir le suíomhannna píolótacha bunaithe agus forbartha.
- Foirne Réigiúnacha d'fhorbairt phleananna agus tionscnamh oinceolaíochta an phobail ar fud na tíre tosaithe le cruinnithe réigiúnacha agus oideachais ar siúl i nGaillimh, Maigh Eo, Dún na nGall agus Corcaigh.
- Ceapadh LG idirchaidrimh.



**Osclaíonn Aonad Seirbhísí Lae Oinceolaíochta i nDroichead Átha**

*Clé go deas: Christine Conway, Wendy Rock, Martina Owens, Claire Herbert, Liz Summersby, Grainne Mooney, Dara McGeough, Elaine Conyard agusNiamh Thornton (Foireann oinceolaíochta), leis an Dr. Liam Grogan, Oinceolaí Míochaine Comhairleach.*



**Osclaíonn an tAonad Cúram Lae Oinceolaíochta ag Ospidéal Ginearálta Loch Garman**

*Clé go deas: an Dr. Paula Calvert, Oinceolaí Míochaine Comhairleach, FSS; an Dr. Paddy McKiernan, Lia Comhairleach scortha, WGH; an Comh. Peter Byrne, (Cathaoirleach) Comhairle Contae Loch Garman; Liam Dwyer, (Cathaoirleach) Cairde WGH; an Comh. Ted Howlin, Méara Loch Garman; Mabel Leech (Pátrún) Cairde WGH; an tEaspag Denis Brennan (Pátrún) Cairde WGH; Lily Byrnes (Bainisteoir Ginearálta) WGH; Ellen Lynch (PRO) Cairde WGH and an tUrr. Maria Jansson.*


# Cáilíocht agus Sábháilteacht

## Ag Soláthar Cúram Othar ag Leibhéal Cáilíochta agus Sábháilteachta níos Airde

Cinnteoimid cáilíocht agus sábháilteacht inár seirbhísí. Trí chultúr follasach cáilíochta agus sábháilteachta a fhorbairt agus tríd ár gcleachtais oibre a athchóiriú, cinnteoimid go mbeidh feabhsú leanúnach cáilíochta agus sábháilteachta mar bhunchuid d'aon ní a chuirimid romhainn.





Ní mór do thaighde sláinte in Éirinn a bheith comhordaithe, eagraithe in ord tosaíochta agus dírithe. Déantar polasaithe agus straitéisí náisiúnta do thaighde sláinte a fhrámú go straitéiseach i gcomhthéacs mhórchlár na heolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta.




Déanann HIQA monatóireacht ar chomhlíonadh FSS le caighdeáin náisiúnta um chosc ionfhabhtuithe bainteach le cúram sláinte.

Chuir Bainisteoirí Ospidéal agus foirne a seirbhísí sláinteachais leideanna ar fáil do "sprioc-slite" a úsáideann siad le feabhsú ardchaighdeáin agus leanúnach a chur chun cinn inár n-ospidéil



### Fíricí Tapa 2009

- Laghdú 35% ar ionfhabhtuithe MRSA i gcomparáid le 2008
- Baineadh amach laghdú 5% ar thomhaltas antaibheathach le 2 bhliain anuas
- Bhaineamar amach méadú 86% ar úsáid glóthaí alcóil in ospidéil
- Laghdú 32% i mbliain amháin ar na fógraí de Clostridium difficile

Ag tógáil ar an obair thábhachtach a rinneamar i mblianta roimhe sin, rinneamar dul chun cinn sa bhreis le linn 2009 chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht ár seirbhísí sláinte.

Chun tacú leis an gcuspóir seo, bhí bunú Stiúrthóireacht an Chúraim Cháilíochta agus Chliniciúil sa bhliain 2009, agus ceapadh Stiúrthóra tiomnaithe do chun cinn an chláir oibre cáilíochta sa réimse cliniciúil an-tábhachtach don eagraíocht. Tá ceannaireacht chliniciúil anois leabaithe go daingean i struchtúr corparáideach na heagraíochta.

Sa bhliain 2009 dhíríomar orthu seo a leanas:

- Ceannaireacht Chliniciúil, Rialacha Cliniciúil agus an Clár Stiúrthóra Chliniciúil
- Pleanáil do chur i bhfeidhm na gclár cúraim atá treoraithe go cliniciúil cosúil leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse
- Cur i bhfeidhm an Chaighdeáin um Cháilíocht agus Bainistiú Riosca
- Feabhas leanúnach ar laghdú na nIonfhabhtuithe Faighte faoi Chúram Sláinte (IFCS)
- Maoirseacht ar chur i bhfeidhm FSS ar an tuarascáil an *Choimisiúin um Shábháilteacht agus Cháilíocht d'Othair – Building a Culture of Patient Safety*
- Iniúchadh Cúraim Shláinte a fhorbairt mar phróiseas stuama um dhearbhú cáilíochta
- Maoirseacht agus monatóireacht ar tharluithe tromchúiseacha san eagraíocht agus foghlaim uathu sin.

Bhí ceapadh 49 Stiúrthóir Cliniciúil sa bhliain 2009 ina bhunchloch mhaith d'fhorbairt an bhainistithe chliniciúil sna seirbhísí oibríochtúla. Aontaíodh cláir chúraim tosaíochta le go gcuirfí tús leo sa bhliain 2010 agus cuireadh chun cinn ceapadh na gceannairí cliniciúla ar na cláir i gcomhar leis na Coláistí agus na Cumainn Ghairmiúla.

## Cur Chuige Cláir i leith Fhorbairt agus Chur i bhFeidhm na gClár Cúraim Chliniciúil

Dhírigh obair tosaigh sa bhliain 2009 ar rannpháirt le cliniceoirí atá páirteach sa soláthar seirbhíse chun smaointeoireacht reatha a bhunú ar réimsí tosaíochta don chéad chéim de chláir chúraim chliniciúil. Mar thoradh air seo tugadh tús áite do na cláir seo a leanas do Chéim 1:

- Stróc
- Géar-shiondróm Corónach
- Cliseadh croí
- Plúchadh/Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach
- Diaibéiteas
- Titimeas
- Meabhairshláinte

Ainmníodh cláir/tionscadail tosaíochta chun dul i ngleic le hamanna feithimh i Rannóga Othair Sheachtracha agus Éigeandála le go n-áireofaí iad i gclár oibre 2010.

Sainíodh próiseas um bainistiú cláir sa bhliain 2009 a úsáidfear chun tacú le sonraíocht agus cur i bhfeidhm na gclár le linn 2010. Áireoidh an t-aschur ó gach clár cúraim chliniciúil iad seo a leanas:

- Samhail seirbhísí fhoriomlán (samhail cúraim)
- Réitigh shonracha le plean don chur i bhfeidhm
- Treoirlínte, conairí comhtháite cúraim, léarscáileanna próisis agus eolas othair/dochtúra
- Struchtúr agus próisis trínar mbeidh údarás ag cliniceoirí bainistiú a dhéanamh ar sheirbhísí áitiúla
- Pleanáil agus oideachas faoi dhaonchumhacht
- Moltaí faoi athchumrú
- Moltaí taighde
- Tomhas feidhmíochta

Bhí tábhacht ag baint le tacaíocht Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn agus saoráidí cliniciúla eile i bhforbairt na dtosaíochtaí agus na bpleananna cláir.

## Bainistiú Riosca agus Dearbhaithe

Inár gcóras sláinte, mar a tharlaíonn i ngach córas sláinte eile ar fud an domhain, oibríonn an fhoireann le cáilíochta agus sábháilteacht a chinntiú i ngach gné de chúram an othair agus de sholáthar seirbhíse. Gach lá, cuireann FSS seirbhísí ardteicniúla ardcháilíochta ar fáil le torthaí dearfacha do na mílte duine.

Tá ár n-othair agus ár n-úsáideoirí seirbhíse i dteideal cóireáil a fháil ó ghairmithe inniúla atá oilte go hiomchuí. Mar a tharlaíonn i ngach córas sláinte, ámh, tarlaíonn earráidí, agus uaireanta bíonn iarmhairtí tromchúiseacha nó marfach fiú d'othair agus do theaghlaigh ag eascairt astu.

I ngach cuid dár seirbhís sláinte tá córais i bhfeidhm chun dochar a sheachaint, ach i gcás go dtarlaíonn dochar, tá sé de fhreagracht orainn a chinntiú go bhfreagraímid go gasta agus go hoscailte chun imeachtaí dá leithéid a bhainistiú.

Inár *bPolasaí Bainistithe Tarluithe* tá cur síos ar na céimeanna is gá do gach bainisteoir a thógáil chun tarluithe tromchúiseacha ina s(h)eirbhís féin a thabhairt faoi deara. Dearadh é sa chaoi is go mbeimis in ann, mar eagraíocht iomlán, foghlaim ó tharluithe tromchúiseacha, d'fhonn cosc a chur lena dtarlú arís. Mar chuid den fhoghlaim agus den roinnt eolais seo, reáchtáladh máistir-ranganna do na géarsheirbhísí le linn na bliana. I rith 2009 b'ionann an líon cásanna arna dtuairisciú don Fhoireann um Bainistiú Tarluithe Tromchúiseacha agus 28.

Chomh maith le bainistiú a dhéanamh ar tharluithe, bhí tábhacht thar na bearta le linn 2009 le sainaithint réimsí sonracha riosca agus bearta a chur i bhfeidhm chun an riosca sin a mhaolú. Cuireadh tús le ceardlanna oiliúna agus cáipéisí treoracha chun tacú le baill foirne cláir riosca a fhorbairt agus sonraí a chur ar na cláir sin.

Rinneadh iniúchadh foirmiúil cúraim sláinte mar chuid dár bhfeidhm dearbhaithe a chinntíonn go bhfuil rialuithe do bhainistiú riosca ina rialuithe éifeachtacha, go ndéantar an méid a fhoghlaimítear ó gach iniúchadh a roinnt agus go dtugtar aitheantas don bharr feabhais agus go roinntear sin freisin.

## Ionfhabhtú Faighte i gCúram Sláinte (IFCS)

Tá sé tábhachtach go mbeadh othair a thagann isteach inár n-ospidéil nó a úsáideann ár seirbhísí muiníneach go bhfaighidh siad an cúram is fearr agus is féidir i dtimpeallacht shlán agus go gcuirtear cosc le tarluithe neamhfhabhracha, cosúil le hionfhabhtuithe, a mhéid is féidir.

Is dúshlán do gach córas sláinte iad na fadhbanna a bhaineann le hionfhabhtú atá bainteach le cúram sláinte (IBCS) agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh (FAF). Is cúiseanna móra imní na fadhbanna seo d'úsáideoirí na seirbhísí, dá dteaghlaigh agus do ghairmithe sláinte a chuireann cúram ar fáil. I gcás go bhfuil ionfhabhtú ag duine féadfaidh go mbeidh orthu fanacht san ospidéal agus go bhféadfadh na costais ospidéil dúbailt fiú. Ar bhonn domhanda, sainaithnítear IBCS agus FAF ina bpríomh-shaincheisteanna sábháilteachta othar.


Níl sé réadúil a bheith ag súil le riosca neamhní faoin gcéad de IBCS, ach tá sé ríthábhachtach go ndéantar gach iarracht íoslaghdú ar an riosca go dtarlódh ceann.

Le linn 2008 agus 2009 dhírigh an *Straitéis SAY NO TO INFECTION* ar dhul i ngleic le IBCS agus FAF. Mar thoradh ar athruithe arna gcur i bhfeidhm ag foireann líne tosaigh agus bainisteoirí seirbhíse sláinte, rinneadh dul chun cinn intomhaiste agus mar sin laghdaíodh ar IBCS agus FAF. An toradh air seo ná cúram níos sábháilte.

Rinneadh feabhsúcháin ar fud raon táscairí príomha a áiríonn:

- Thit líon na gcásanna MRSA ó 575 go 371 sa tréimhse R4, 2008 go R3, 2009 (laghdú 35%)
- Laghdaigh tomhaltas frithmhíocróbaigh in ospidéil faoi 5%
- Mhéadaigh tomhaltas glóthaí alcóil in ospidéil faoi 86%
- Laghdaigh fógraí Clostridium *difficile* ó1,308 sa bhliain 2008 go 893 sa bhliain 2009 (laghdú 32%)

**Fíor 21: Líon na gCásanna MRSA 2006-2009**




*Foinse: Ionad Faireachais Cosanta Sláinte*

## Feabhas a Chur ar Chaighdeáin Sláinteachais

Sa bhliain 2009, d'fhoilsigh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) *National Standards for the Prevention and Control of Healthcare Associated Infections*. Tacaíonn na 12 chaighdeán seo agus na critéir bhainteacha le hiarrachtaí FSS le blianta beaga anuas dul i ngleic le IBCS agus FAF. Déanann ÚFCS monatóireacht ar sheirbhísí de réir na gcaighdeán seo agus foilsíonn tuarascálacha bunaithe ar a mheasúnú. I gcás go bhfuil gá le feabhsúcháin oibríonn FSS le ÚFCS chun plean feabhsúcháin cáilíochta a fhorbairt. Cuireann monatóireacht sheachtrach ÚFCS le feabhsúchán leanúnach dinimiciúil. Cothóidh seo ár ndul chun cinn i leith an chúraim a bheith níos sábháilte don phobal.

Ar na samplaí den obair phraiticiúil a rinneadh le linn 2009 chun caighdeáin sláinteachais a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu bhí siad seo a leanas:

- Uirlis féinmheasúnaithe agus ceardlanna oiliúna a fhorbairt. Is próiseas an féinmheasúnú mar a ndéanann eagraíocht a chomhlíonadh a thomhas i gcoinne caighdeáin náisiúnta.
- Tabhairt isteach córais faireachais atá stuama, córasach in Ospidéal Loch Garman d'ionfhabhtuithe ar shuíomh máinliachta ag baint úsáide as cur chuige comhoibritheach idir cliniceoirí agus an lucht bainistíochta agus tá sé ag cur go mór le torthaí dearfacha d'othair. Tar éis bliain amháin de fhaireachas ionfhabhtuithe máinliachta ar an suíomh, thit an ráta ionfhabhtuithe goin ó 9% le haghaidh 2007 go 5.2% le haghaidh 2008.
- Tá nuachtlitreacha á n-úsáid sa Grúpa Ospidéal Lú/na Mí chun sláinteachas maith a chur chun cinn in ospidéil. Clúdaíonn na nuachtlitracha topaicí cosúil le hIniúchadh Sláinteachais ÚFCS, eolas chun dáta faoi bhainistiú sláinteachais in ospidéil agus torthaí an chláir iniúchta inmheánaigh sláinteachais sna hospidéil.

- Tá uirlisí chun tacú le cáilíocht agus sábháilteacht ar fáil don fhoireann ar an suíomh gréasáin inmheánach Áiríonn seo teimpléid do pholasaithe, gnáthaimh, prótacail agus treoirlínte i ndáil le pleananna feabhsaithe cáilíochta, pacáistí ríomhfhoghlama chun tacú le creat cáilíochta agus riosca, tionscadal feisteas leighis.
- I gcás ospidéil a raibh droch-fheidhmíocht acu (n=14) mar a luadh i bhfoilseachán ÚFCS *HIQA 2008 Hygiene Services Quality Review* chuir siad i bhfeidhm a bpleananna feabhsúcháin cáilíochta atá ar fáil go poiblí ar *www.hse.ie*
- D'fhreastail breis is 350 duine ar ócáid cothaithe sláinte in Ospidéal Ginearálta Shligigh le linn na bliana. Ba é téamaí na hócáide ná *Cúram Glan – Cúram níos Sábháilte*, agus i measc na ndaoine a d'fhreastail air bhí baill den phobal, othair agus foireann. Tá comhoibriú na n-othar agus na gcuairteoirí ríthábhachtach do chothú timpeallachta atá ar ardchaighdeán, sábháilte agus sláintiúil inar féidir le daoine a bheith ag obair, cuairt a thabhairt uirthi agus cóireáil a fháil ann.
- I bhfeachtas chun tathant ar dhaoine i gCorcaigh agus i gCiarraí cógais leighis nár úsáideach nó atá as dáta a dhiúscairt, diúscraíodh breis is 3.5 tona de chógais leighis. Diúscraíodh go sábháilte breis is 260 boscaí bruscair de mhíochaine mar chuid den fheachtas dar teideal *Dispose of Unused Medicines Properly (DUMP)*, arna eagrú ag FSS Theas agus poitigéirí pobail i gCorcaigh agus i gCiarraí, arna thacú ag Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí agus an Oifig Réigiúnach um Bainistiú Dramhaíola. Spreag an feachtas freisin feasacht an phobail i leith an bhaoil a bhaineann leis an iomarca cógas leighis a bheith sa teach, go háirithe do leanaí agus daoine leochaileacha.

## Iniúchtaí ar Thithe Altranais

Ó mhí Iúil 2009, aistríodh freagracht as iniúchtaí ar thithe altranais chuig an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS). Mar phríomhsholáthraí cúraim do dhaoine breacsaosta, leanaimid orainn ag obair le ÚFCS agus le hearnáil na dtithe altranais príobháideacha chun caighdeáin nuabhunaithe a chur i bhfeidhm sna seirbhísí cónaitheacha do dhaoine breacaosta.

## Plean Gnímh do Thaighde Sláinte

I mí na Samhna 2009 d'fhoilsigh an RSL *Plean Gnímh do Thaighde Sláinte*, i gcomhpháirt le FSS agus le páirtithe leasmhara eile. Tháinig an grúpa seo le chéile chun a chinntiú go ndéanfaí comhordú ar thaighde sláinte in Éirinn, go dtabharfaí tús áite dó agus go mbeadh sé spriocdhírithe agus go ndéanfaí polasaithe agus straitéisí don taighde sláinte a fhrámú go straitéiseach i gcomhthéacs na an chláir eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta i gcoitinne. Ullmhaíodh an plean chun tús áite a thabhairt do chlár beart atá ríthábhachtach do chruthú córais taighde sláinte.

## Samplaí de Chreidiúnaithe Cáilíochta a bronnadh le linn na bliana

- Bhronn an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) ISO 9001:2008 ar na foirne seirbhíse cúraim idirmheánaí sa Chaisleán Riabhach agus i Ros Comáin. Seo creidiúnú atá bunaithe ar chreat d'fheabhsúchán leanúnach, fócas an gcustaiméir, cur chuige córas a úsáid, cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus barr feabhais gnó. Tacaíonn an tseirbhís seo le cliaint a bhfuil gá acu le cúnamh chun teacht aniar ó bhreoiteacht nó ó ghortú. Cuireann foireann ildisciplíneach an tseirbhís seo ar fáil i dteach an duine féin agus cuidíonn "seasamh sa bhearna" idir an cúram tánaisteach agus an cúram príomhúil.
- Bhronn ÚNCÉ Creidiúnú Cáilíochta ISO 9001:2000 ar Theach Shráid na Saoirse, Corcaigh a chuireann seirbhísí baile ar fáil do dhaoine óga dá chomhsheasmhacht agus cloí le gach gnáthamh agus polasaí riaracháin aige. Cuireann na próisis seo feabhas ar na seirbhísí arna soláthar do dhaoine óga atá lasmuigh den bhaile agus atá i mbaol a bheith agus cinntíonn go bhfuilimid freagrach agus éifeachtach sa chaoi a bhfreastalaímid ar an riachtanais.
- Bhí an banc fola in Ospidéal Naomh Lúcas, Baile Átha Cliath, sa chéad ghrúpa de shaotharlanna ospidéil in Éirinn an gcaighdeán ISO 15189 a bhaint amach-caighdeán atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Tháinig an caighdeán seo i bhfeidhm i mí na Samhna 2008, agus tá sé éigeantach do gach saotharlann ospidéil fuilaistrithe san Eoraip ó daingníodh reachtaíocht nua ón AE do tháirgí fola/d'fhuil.

# Sármhaitheas Oibríochtúil

## Éifeachtacht agus Éifeachtúlacht a Uasmhéadú

Bainfimid amach sármhaitheas oibríochtúil ag baint úsáide as próisis agus córais atá éifeachtach, éasca don úsáideoir seirbhís le rochtain a fháil orthu agus a thuiscint, atá bunaithe ar fhianaise agus a thugann luach maith ar airgead.




An aidhm atá leis an bpolasaí nua soláthair ná cuidiú leis an bhfoireann atá i mbun soláthair agus chun feabhas a chur ar fheasacht i leith na bpríomh-shaincheisteanna atá i gceist le soláthar glas agus inbhuaine shóisialta.

Fuair an tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Tulach Mhór, aitheantas idirnáisiúnta nuair a bronnadh gradam ar an dearadh ailtireachta den ospidéal nua ag na Gradaim ‘Building Better Health Care’.






Léiríodh sa chéad tuarascáil ar dhul chun cinn ar Phlean Corparáideach FSS 2008-2010 go raibh feabhsúcháin shuntasacha á mbaint amach i réimsí amhail seirbhísí do dhaoine breacaosta, meabhairshláinte agus vacsínithe do leanaí.

### Fíricí Gasta 2009

- Caitheadh €429 milliún de mhaoiniú ar thógáil agus ar fheabhsú saoráidí struchtúracha dár n-othair
- Fuaireamar earraí agus seirbhísí dar luach €4.5 billiún chun tacú le soláthar cúraim d'othair
- Bronnadh conarthaí dar luach €565 milliún i rith na bliana
- Tá 3 mhilliún den daonra cláraithe do sheirbhísí arna soláthar ag 2,100 Dochtúir Teaghlaigh agus 1,500 conradh cógaisíochta ag costas €2.2 billiún sa bhliain.
- Tugadh 7.5 milliún cuairt ar ár suíomh gréasáin *www.hse.ie* le méadú 20% sna leathanaigh ar amharcadh orthu os cionn 2008
- Baineadh amach coigiltis de €250 milliún (€500 milliún ó 2007)
- Rinneadh 193 tuarascáil inmheánach iniúchta ar ár gcórais agus ár bpróisis

Tá ár bhfeidhmeanna tacaíochta ríthábhachtach do reáchtáil réidh ár n-eagraíochta, ag cuidiú leis an eagraíocht gach ceann dá feidhmeanna a chomhlíonadh ar an gcaoi is éifeachtaí agus is éifeachtúla agus is féidir. Orthu sin tá:

- Eastáit agus Tionscadail Chaipitiúla
- Teicneolaíocht Faisnéis agus Cumarsáide (TFC)
- Soláthar
- Conarthaí
- Seirbhísí Dlí
- Airgeadas, lena n-áirítear Laghduithe Costais agus Cláir Luacha ar Airgead
- Cumarsáid
- Pleanáil agus Feidhmíocht
- Iniúchadh Inmheánach

## Plean Caipitiúil 2009

Bhí ioncam caipitiúil de €443.74 milliún ar taifead ag FSS don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009. D'áirigh an tsuim sin €428.64 milliún de mhaoiniú ó státchiste, agus den méid sin ba le haghaidh tionscadail TFC €15 milliún. Sa bhliain 2009, b'ionann an caiteachas iomlán caipitiúil agus €414.11 milliún. D'áirigh seo deontais chaipitiúla a íocadh le gníomhaireachtaí deonacha de €126.14 milliún.

Agus an clár caipitiúil don bhliain á fhorbairt, ba iad soláthar na dtionscadal indibhidiúil, ailiúniú ar Phlean Caipitiúil 2009 leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta agus bainistiú an leithdháilte chaipitiúil laistigh d'acmhainní atá ar fáil na príomhthosaíochtaí.

D'áirigh leithdháileadh caipitiúil FSS leithdháileadh forlíontach de €25 milliún do thionscadail mheabhairshláinte a úsáideadh go hiomlán do sheirbhísí meabhairshláinte. Is tús é seo le cur i bhfeidhm *A Vision for Change* chun dul i ngleic le heasnaimh sa bhonneagar meabhairshláinte agus leanfar leis le linn 2010 agus sna blianta dá éis tar éis aighneachtaí chuig an Roinn i 2009. Aontaíodh Clár Forbartha Meabhairshláinte ag teacht le luach díolacháin na sócmhainní barracha le linn 2009 agus cuirfear sin i bhfeidhm i gcaitheamh na mblianta beaga romhainn.

Baineadh amach cloch mhíle sa Straitéis Cúraim Phríomhúil nuair a osclaíodh na chéad Ionaid Cúraim Phríomhúil i bPort Láirge agus Leitir Ceanainn trí shocrú léasa. Faoi dheireadh 2009 d'fhaomh bord FSS idirbheartaíocht i bprionsabal ag 182 suíomh. San iomlán, osclaíodh seacht gcinn d'Ionaid Chúraim Phríomhúil le linn 2009 agus tá sé beartaithe 24 go 30 a oscailt le linn 2010. Cuireann na hIonaid Chúraim Phríomhúil seo cóiríocht ar fáil d'fhoireann cúraim phríomhúil amháin nó níos mó ná sin agus iad comhlonnaithe leis na Dochtúirí Teaghlaigh atá bainteach leo.



*Aonad Altranais Nua Pobail le 50 leaba ag Ospidéal Ortaipéideach Naomh Mhuire, Corcaigh.*

Cuireadh chun cinn roinnt tionscadal caipitiúil éagsúil le linn 2009–ina measc bhí:

- Soláthraíodh breis is 520 leaba fadchónaithe, agus bhí breis is 1,000 eile á dtógáil nó á bpleanáil.
- Cuireadh tús le hobair thógála ar Thionscadal Ospidéil do Dhaoine Fásta de chuid Ospidéal Ollscoile Mater
- Misericordiae agus beidh sé i gcrích go luath sa bhliain 2011.
- Cuireadh i gcrích an Dearadh don Fhorbairt ar Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach agus ceapadh Foireann Dearaidh. Chuir an fhoireann tús le dearadh eiseamláireach agus ullmhaíodh cáipéisíocht conartha. Cuirfear tús le hoibreacha glanta láithreáin agus le hoibreacha fostruchtúir le linn 2010.
- Leanadh leis an bhfócas, le linn 2009, ar fheabhas a chur ar sholáthar seirbhíse éigeandála. Cuireadh i gcrích tógáil saoráidí nua in Ospidéil Dhroichead Átha, Ollscoile Mater Misericordiae, agus Beaumont agus cuireadh tús le tógáil na Rannóige Éigeandála in Ospidéal Ginearálta Leitir Cheanainn.



*Ionad nua Cúraim Phríomhúil, ag Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath.*



*Ionad Andúile, Cluain Dolcáin.*

- Cuireadh chun cinn an tionscadal Oinceolaíochta Radaíochta nuair a cuireadh tús le tógáil na saoráidí Chéim 1 in ospidéil Beaumont agus San Séamas. Bainfidh an Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (CPP) amach cloch mhíle Thagarmarc na hEarnála Poiblí i R1 de 2010 agus cuirfear tús le soláthar an táirgeora CPP tosaíochta níos déanaí le linn 2010.
- Tugadh cuireadh chun tairisceana le Córas Déanamh Íomhánna Comhtháite Leighis (CDÍCL) a sholáthar agus rinneadh measúnú orthu le linn 2009. Síneofar conradh leis an táirgeoir a cheapfar le linn 2010, agus cuirfear tús leis an tionscadal ina dhiaidh sin.
- Áirítear i measc na mórfhorbairtí ospidéil atá sna céimeanna pleanála./tógála Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, Ospidéal Ginearalta Leitir Ceanainn, Ospidéal Naomh Uinseann, Ospidéal Réigiúnach an Oirthir Láir, Luimneach, Ospidéal Ginearálta na hInse, Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, Ospidéal Ollscoile, Corcaigh, agus Ospidéal Naomh Lúcás, Cill Chainnigh.

Tá tuilleadh eolais faoi Thionscadail Chaipitiúla le fáil in Aguisín 4.

## Caipiteal TFC

Chaith FSS €12.07 milliún ar thionscadail chaipitiúla TCD le linn 2009. San iomlán, chuathas i mbun 125 tionscadal le linn 2009, agus den méid sin bhí 60 i gcrích sa bhliain 2009 agus tá 65 fós ar siúl le linn 2010. Ceadaíodh roinnt de na tionscadail go déanaí le linn 2009 agus mar thoradh air sin ní thabhóidh siad caiteachas suntasach go dtí déanach sa bhliain 2010.

Déantar tionscadail TFC arna maoiniú go caipitiúil a chatagóiriú faoi phríomhshriuthanna: Tionscnaimh Gnó Straitéiseacha Náisiúnta; Tionscnaimh Réigiúnacha agus Áitiúla; Creat Faisnéise Taifid Sláinte; Bonneagar TFC agus Acmhainneacht TFC.

Rinneadh dul chun cinn ar roinnt de na Tionscnaimh Gnó Straitéiseacha Náisiúnta níos suntasaí le linn 2009 a bhfuil tionchar díreach acu ar chúram othair, agus áiríonn siadsan:

- Cur i bhfeidhm céimneach leanúnach agus pleanáil do Chóras Comhtháite Bainistithe Othair (CCBO). Cuireadh i gcrích cur i bhfeidhm an chórais bainistithe othair de chuid iSOFT's – Croí-mhodúil Chórais Faisnéise Ospidéil (CFO) sna Grúpaí Ospidéal Theas, an Oirthir Thuaidh agus an Iarthair Thuaidh, in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre sa Tulach Mhór agus i roinnt ospidéal pobail. Cuireadh i bhfeidhm go sásúil mór-uasghrádú leagain sa bhliain 2009 agus an táirge iPMS a úsáid in ionad na gcóras CFO as dáta ag na háiteanna seo a leanas:
  - Ospidéil Mháithreachais Bhaile Átha Cliath:
    - An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles
    - An Rotunda
    - An Com
  - Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh
  - Otharlann Theas – Ospidéal Ollscoile Victoria, Corcaigh
  - Ospidéil ar fud an Réigiúin Thoir Theas



*Grianghraf: An Dr. Niall Sheehy, Príomh-Raideolaí, CDÍCL.*

## An Tionscadal um an Córas Déanamh Íomhánna Leighis (CDÍCL)

Baineann gach ospidéal in Éirinn úsáid as teicneolaíocht déanamh íomhánna chun measúnú, diagnóisiú agus cóireáil a dhéanamh ar a gcuid othar ag baint úsáid as teicneolaíocht cosúil le X-ghathanna, CT, MRI, Ultrafhuaim agus Scannadh PET. I gcás aon cheathrú dár n-ospidéil géarmhíochaine phobilí baintear úsáid as teicneolaíochtaí ar a dtugtar Córais Cartlainne Pictiúir agus Chumarsáide agus Córais Faisnéise Raideolaíochta (CCPC/CFR) chun íomhánna a dhéanamh, a stóráil agus a iniúchadh ag úsáid ríomhairí seachas scannáin chlóite.

Tá tionscadal CDÍCL ag infheistiú breis is €40 milliún chun córais CCPC/CFR a sholáthar do gach ospidéal géarmhíochaine eile in Éirinn chomh maith le stór lárnach do gach íomhá, atá inrochtana ar éileamh faoi réir rialacha agus prótacail slándála aontaithe. Déanfaidh CDÍCL seirbhísí raideolaíochta na hÉirenan ina seirbhísí gan scannán agus ar an gcaoi sin cuideoidh le gluaiseacht ghasta íomhá an othair tríd an tseirbhís sláinte.

Tabharfaidh sé leis éifeachtaí suntasacha sa bhealach a n-oibríonn daoine agus cuideoidh go mór leis an gcumarsaide laistigh d'ospidéil, go háirithe idir raideolaithe, dochtúirí, altraí agus othair. Ní rachaidh íomhánna ar strae a thuilleadh agus cuirfear iarratais ar thástála diagnóiseacha ar liosta go leictreonach agus mar sin beidh an t-eolas cliniciúil ar fáil don radagrafaí agus don raideolaí ag am an scrúdaithe.

Don othar féin ní bheidh gá leis an líon céanna x-gha nó scannadh athdhéanta, beidh an t-am táirgeachta níos gasta do thuarascálacha, beidh aistriú na n-íomhánna idir na cliniceoirí don chomhairliúchán nó don chian-atreorú níos gasta, agus beidh slándáil shonraí an othair coinnithe le rochtain rialaithe iniúchta.

Don chliniceoir beidh an timpeallach oibre níos éifeachtaí mar a mbeidh soláthar níos gasta ar íomhánna leighis don Raideolaí don tuairisciú agus infhaighteacht iomlán do réamhscrúduithe agus tuarascálacha.

Sa bhliain 2009, tar éis chur i gcrích an phróisis tairisceana do sholáthar réiteach CCPC/CFR le haghaidh 35 ospidéal géarmhíochaine, d'fhaomh Bord FSS an tairiscint i mí Mheán Fómhair 2009. Tá a chur i bhfeidhm le tosú sa bhliain 2010 agus le bheith curtha i gcrích laistigh de thrí bliana.

- Leanadh le cur i bhfeidhm na gCóras Cliniciúil le linn 2009. Reáchtáladh tairiscintí freisin do sholáthar réiteach náisiúnta do Chórais Neifreolaíochta (Duánacha), Rianaithe Ionstraimí Steiriúla agus Ionscópachta.
- Faomhadh an cás gnó do Chóras Faisnéise Náisiúnta Cúraim Leanaí nua agus tá na sonraíochtaí feidhmiúla á bhforbairt mar ullmhúchán don tairiscint le linn 2010.
- Fuarthas ceadú do Chóras Faisnéise Sláinte Comhshaoil a thiocfaidh i gcomharba air na réitigh leagáide logánta a bhíodh ag na boird sláinte le réiteach ar fud na tíre le feidhmiúlacht níos fearr agus a chloíonn le ceanglais reachtúla.
- Fuarthas réiteach d'éascú chur i bhfeidhm na *Scéime Tacaíochta Tithe Altranais 'A Fair Deal'* leis na bunfheidhmeanna ag dul beo le linn 2009.
- Cuireadh i gcrích tionscadal Health Atlas Ireland (córas mapála, bunachar sonraí agus staitistiúil a thacaíonn le rochtain ghréasánchumasaithe ar fud na hearnála sláinte in Éirinn agus ag comhoibriú le gníomhaireachtaí eile) agus cuireadh é i bhfeidhm le linn na bliana.
- Cumasaíonn Healthlink, seirbhís bainistithe teachtaireachtaí gréasánbhunaithe d'aistriú eolais faoi othair thar an idirlíon idir ospidéil agus dochtúirí teaghlaigh. Cuireadh i bhfeidhm go céimneach roinnt shubstaintiúil eile den tionscadal seo le linn 2009 agus bhí cúpla iarracht phíolótach ann d'atreorú leictreonach d'othair chuig foirne speisialtachta ailse (ailsí próstatacha, cíche agus scamhóige). Beidh tionchar thar a bheith dearfach ag cur i bhfeidhm na n-iarrachtaí píolótacha seo ar cháilíocht na sonraí sna hatreoruithe agus leis na próisis bhainteacha laistigh d'ospidéil ar amanna feithimh le haghaidh na ndaoine is mó atá i ngátar práinneach cóireála.
- Cuireadh i bhfeidhm an Clár Vacsaínithe Paindéime ar bhonn náisiúnta chun cuidiú le bainistiú na Paindéime (H1N1) 2009.

I gcomhthéacs thacú le tionscnaimh Réigiúnacha/Áitiúla, áiríodh i measc na dtionscadal TFC soláthar Córais Faisnéise Cliniciúla d'Aonaid Dianchúraim (ADC) ag Ospidéil San Séamas agus Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath agus soláthar córas Rialaithe Ionfhabhtaithe ag Ospidéil Ollscoil na Gaillimhe agus Ghinearálta Chiarraí. Ceadaíodh freisin córais ADC ag Ospidéil Ghinearálta Shligigh agus Mhuir Lourdes do Leanaí, Croimhghlinn agus Tamhlacht. Cuireadh i gcrích freisin roinnt mhaith eile de chórais chomhchosúla le linn 2009.

Tá Forbairt Creatlaí do Thaifead Leictreonach Sláinte ina sprioc fhadtéarmach do gach eagraíocht sláinte ar fud an domhain. Sa bhliain 2009, fuarthas cead le go gcuirfí in áit na bunchlocha d'fhorbairt Creatlaí do Chórais Faisnéise. Tosófar obair ar an tionscadal seo le linn 2010. Cruthaíodh na sonraíochtaí don Innéacs Náisiúnta Cliant (INC), mar atá éilithe sa tionscadal CDÍCL sa bhliain 2009 ionas gur féidir an t-innéacs féin a fhorbairt le linn 2010.

I measc na bhforbairtí suntasacha sa réimse **Feabhsúchán Bonneagair agus Acmhainneachta TFC** le linn 2009 bhí:

- I measc na bhforbairtí suntasacha sa réimse Feabhsúchán Bonneagair agus Acmhainneachta TFC le linn 2009 bhí:
- Suiteáil bonneagair crua-earraí Foirne Cúraim Phríomhúil. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar sholáthar agus chur i bhfeidhm an bhonneagair TFC ag suíomhanna na bhfoirne.
- Rinneadh mór-uasghrádúcháin ar bhonneagar TFC ag na háiteanna seo a leanas – Ospidéal Ollscoile Chorcaí, (príomhshuíomh agus Ionad nua Cairdiach Duánach ), Ospidéal Pháirc Merlin, Gaillimh agus Ospidéal Ginearálta Shligigh.
- Cuireadh le raon an Líonra Náisiúnta Sláinte, an WAN a nascann ospidéil agus suíomhanna FSS. Cuireadh ar chumas an líonra meicníochtaí a sholáthar do ghlaonna fosaithe go soghluaiste leis na laghduithe bainteacha ar chostais glaonna gutha. Rinneadh forbairtí breise ar Idirlíon agus Inlíon FSS. Déantar postáil na bpost san earnáil sláinte anois ar shuíomh gréasáin FSS féin. Chomh maith leis sin, seoladh suíomh gréasáin ar a dtugtar *www.certificates.ie* ionas gur féidir teastais 'Imeachtaí Saoil' (Breitheanna, Básanna agus Póstaí) a ordú. Cuireadh an tionscadal seo ar ghearrliosta Ghradam an Taoisigh do Bharr Feabhais sa tSeirbhís, 2009.
- Bunaíodh Ionad Náisiúnta Sonraí Sláinte i mBaile Átha Cliath thuaidh ina mbeidh córais phríomha tí d'ospidéil FSS agus d'oifigí na seirbhíse sláinte ar fud na tíre.

## Soláthar Earraí agus Seirbhísí

Is éard is soláthar ann ná foinsiú, cuireadh chun tairisceana agus bainistiú loighistice d'earraí, seirbhísí agus trealamh don eagraíocht, chun optamú a dhéanamh ar na héifeachtaí agus chun an luach is fearr ar airgead a fháil ar an €4.5 billiún a chaitear gach bliain ar tháirgí agus ar sheirbhísí ar fud na heagraíochta i soláthar cúraim d'othair.

Le linn 2009 ba iad seo a leanas na tionscnaimh soláthair:

- Bronnadh conarthaí do sheirbhísí fón póca agus feistí sonraí soghluaiste ar Vodafone agus O2 tar éis comórtais tairisceana ag baint úsáide as creat náisiúnta arna éascú ag an Roinn Airgeadais do sheirbhísí fóna póca. Mar thoradh ar an gcomhaontú laghdófar go suntasach costas na nglaonna gutháin ó fhón póca go fón póca, agus meastar go ndéanfar coigilt ar €2 mhilliún i gcaitheamh tréimhse de 18 mí. Bainfimid sochar freisin as seoladh cuíchóirithe sonrasc agus próisis chuíchóirithe íocaíochta, agus aistriú ó chóras sonrasc páipéar-bhunaithe chuig córas leictreonach amach anseo.
- Soláthar leictreachais ar fud 12 shuíomh a mbeidh coigilt de €6 mhilliún mar thoradh air in aon bhliain amháin.
- Soláthar iompair othair (réigiún an Oirthir) – ag coigilt €6.5 milliún i gcaitheamh 5 bliana.
- Soláthar seirbhísí haemaiteolaíochta (Cill Chainnigh) – ag coigilt €2.5 milliún i gcaitheamh 3 bliana.
- Bainfear amach coigiltis a bhaineann le soláthar de €25 milliún.
- *Cuireadh i bhfeidhm Cairt Soláthraí* a leagan amach an chaoi a n-oibreoimid i gcomhpháirt le soláthraithe chun a chinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht slabhra a bhainistiú de réir phrionsabail, luachanna agus cheanglais ghnó FSS

Forbraíodh Polasaí Soláthair nua chun tacú le foireann soláthair i gcur chun cinn na feasachta faoi phríomh-shaincheisteannna a bhaineann le soláthar glas agus inbhuaine shóisialta. Tá an polasaí ann chun cothú agus áireamh a dhéanamh ar fhachtóirí comhshaoil nuair atá táirgí, seirbhísí nó oibreacha á gceannach. Áirítear i measc na dtionchar comhshaoil nach foláir a chur san áireamh fuinneamh, dramhaíl nó fuíolluisce. Tá conradh náisiúnta FSS d'ola breosla ina shampla maith den 'soláthar glas' mar go n-áiríonn se tabhairt isteach meascán le suas go 5% bith-dhíosal.

Cuimsíonn inbhuaine shóisialta raon leathan saincheisteanna idir shláinte agus sábhailteacht, oideachas agus oiliúint, is chuimsitheacht shóisialta agus dhíothú na bochtaineachta. An polasaí atá againn ná cur chun cinn agus áireamh na bhfachtóirí sóisialta i gcás go bhfuil táirgí, seirbhísí nó oibreacha á gceannach. Áiríonn seo a chinntiú go gcloíonn soláthraithe seirbhíse lena n-oibleagáidí reachtúla.





*Mark Fielding, Príomhfheidhmeannach Chumann Ghnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann (GBMÉ),John O Donovan, Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta Soláthair, FSS, Julie Ryan, Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta Soláthair, FSS, John Swords,Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta Soláthair, FSS, sa ghrianghraf thíos sa teacht ósta Red Cow, Baile Átha Cliath ag coinne a bhí ag FSS le ISME a chuir fóram ar fáil do sholáthar Chairt Soláthraithe FSS.*

- Reáchtáladh ceardlanna eolais i gcomhar le Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann (GBMÉ) ar fud na tíre lena chinntiú go mbeadh gnóthais bheaga go meánacha in iúl ar na deiseanna atá ann dóibh agus iad ag déanamh gnó linn.
- Cuireadh i gcrích athbhreithniú fairsing Loighistice agus Bainistiú Fardail ar fud na tíre. An cuspóir a bhí leis an athbhreithniú seo ná an chumraíocht Loighistic agus Bainistithe Fardail is fearr a shainaithint chun tacú le FSS.

## Seirbhísí Dlí

Tá ár n-eagraíocht ar an gceannaitheoir is mó seirbhísí dlí sa Stát agus táimid ag cur i bhfeidhm clár straitéiseach náisiúnta chun seirbhísí dlí a sholáthar agus a bhainistiú ar fud na heagraíochta ar an mbealach is costéifeachtaí agus is féidir.

Tá bunú Rannóige Seirbhísí Dlí Náisiúnta laistigh den Stiúrthóireacht seo le linn 2009 ar an gcéad chéim i gcur i bhfeidhm an chláir straitéisí náisiúnta seo.

Príomhghné ná soláthar samhla conraitheoireachta do sheirbhísí nua dlí náisiúnta trí chomórtas tairisceana go déanach sa bhliain 2009. Soláthróidh an tsamhail conraitheoireachta nua ‘níos mó ar níos lú’ trí chleachtadh comórtais tairisceana agus ar an gcaoi sin soláthróidh:

- Laghdú suntasach ar chostais na seirbhísí dlí iarbhír,
- Comhairle agus ionadaíocht dlí ardchaighdeáin ag gach tráth agus i leith gach saincheiste,
- Intuarthacht praghais agus sofheictheacht costais, agus
- Comhsheasmhacht agus leanúnachas seirbhíse.


## Laghdú Costas le linn 2009

Bhí gá le hionchur nach beag ó lucht bainistíochta agus ó chliniceoirí araon chun bainistiú a dhéanamh ar ár n-acmhainní airgeadais ar an mbealach is éifeachtaí agus is tíosaí le linn 2009. Ba phlean dianchothromaithe é *Plean Seirbhíse Náisiúnta FSS 2009* bunaithe ar na héifeachtaí is féidir agus is féidir a fháil agus caiteachas a laghdú. Tugadh aird ar leith ar a chinntiú gur coinníodh na coigiltis shuntasacha a baineadh amach i mblianta roimh ré agus d’fhonn coimheá airgid a bhaint amach, baineadh amach coigiltis bhreise de €250 milliún a sainaithníodh do 2009. D’áirigh seo €115 milliún a bhí ina sprioc luach sonrach airgid (LSA) arna leagan síos ag an Rialtas. D’áirigh brúnna costais áirithe le linn 2009 ar nós fás ar scéimeanna éileamh-threoraithe cosúil le cártaí leighis. Bhí gá roinnt buiséad soláthair seirbhíse a aistriú chuig scéimeanna chun déileáil leis na costais a bhí i gceist. Bhí easnaimh ann sa tobhach sláinte agus d’ainneoin tacaíocht bhreise ón Rialtas, bhí róchaiteachas substaintiúil ann, toisc an leibhéil gan sárú ar dhaoine ag dul ar scor.

Ó 2007, bhí páirt ghníomhach againn ar chlár leathan chun ár mbonn costais a laghdú, ag cinntiú go gcuireann na hacmhainní a úsáidimid fíor LAA ar fáil. Socraíodh sprioca maidir le laghdú costais don tréimhse 2007-2010 den chlár LAA ag €500 milliún. Ag deireadh 2009, bliain níos luaithe ná mar a réamh-mheasadh, baineadh amach coigilteas iomlán de €558 milliún i réimsí cosúil le costais laghdaithe leighis agus mháinliachta, costais laghdaithe riaracháin agus costais in-athraithe pá cosúil le ragobair agus ar ghlao-dhualgas.

Tá fianaise ann freisin gur bhain seirbhísí agus bainisteoirí amach éifeachtaí suntasacha i soláthar na laghduithe costais iarbhír trí LAA, bainistiú buiséid agus tionscnaimh um athchumrú tionscnamh, ach chomh maith leis sin trí bhainistiú an fháis nachbhainteach le pá agus an seachaint costais a bhain leis sin. Tá seirbhísí á soláthar ar bhealach níos éifeachtaí trí gan costais a fhás agus, le linn 2008 agus 2009, b'ionann seo agus tuairim is €800 milliún.

**Fíor 22: LAA Carnach arna Sholáthar 2007-2009 (€ milliúin)**




## Bainistiú Costais Phá

Coinníodh an costas iomlán do phá don bhliain ag leibhéil 2008, d'ainneoin éifeacht na bliana iomláine dhámhachtain phá *I dTreo 2016*, le meánlaghdú míosúil laghdaithe faoi bhun leibhéil 2008 i ndara leath na bliana. Bhí feidhmíocht mhaith ann i mbainistiú pá in-athraithe le linn na bliana, cosúil le laghdú 13% ar chostais ragoibre agus laghdú 5% ar chostais ghlao-dhualgais.

Tá eolas sonrach airgeadais sa dara leath den tuarascáil seo faoi Ráitis Airgeadais Bhliantúil FSS, 2009 ar leathanach 76.

## Córas Náisiúnta Airgeadais agus Soláthair

Tar éis plé agus comhaontaithe i rith na bliana faoin cur chuige i leith chur i bhfeidhm córais airgeadais agus soláthair náisiúnta leis an RSL agus leis an Roinn Airgeadais, seolfar aighneacht fhoirmiúil cás gnó chuig an Roinn Airgeadais (CMOD) sa bhliain 2010.

## Feabhas a chur ar ár gCumarsáid

Tá cumarsáid ríthábhachtach do rith sásúil aon eagraíochta. I gcás seirbhís sláinte, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an pobal in ann rochtain a fháil ar ár seirbhísí trí mheáin éagsúla. Tá sé tábhachtach freisin dár bhfoireann go mbeadh rochtain acu ar an eolas is déanaí faoi FSS mar nach eintiteas statach an eagraíocht, ach ceann a bhíonn ag athrú agus ag forbairt de shíor.

Le linn 2009:

- Rinneamar athdhearadh ar an suíomh gréasáin *www.hse.ie* ionas go mbeadh sé níos éasca don úsáideoir é a úsáid, le roinnt mhaith gnéithe idirghníomhacha.
- D'fhorbraíomar mol teanga, ag cur eolais ar fáil faoi shláinte i dteangacha eachtracha ar an ngréasán agus i mbileoga eolais.
- D'athraíomar an bealach ina ndearnamar cumarsáid go hinmheánach trí stíl nua a chruthú do Health Matters a chuir níos mó anailíse ar fáil ar ár seirbhísí, agus tá dáileadh níos fairsinge air agus níos mó fógraí agus é seo a fhritháireamh i gcoinne an chostais atá ar a tháirgeadh.
- D'óstálamar roinnt suirbhéanna foirne ar shuíomhanna gréasáin inmheánacha.
- Sheolamar pacáistí cumarsáide ar líne don fhoireann le cúnamh do scríbhneoireacht tuarascálacha, agus cur i láthair a dhéanamh.
- Dhíríomar ar chaidrimh a fhorbairt le láithreoirí agus iriseoirí sna meáin.

## Monatóireacht ar ár bhFeidhmíocht

Cuireadh chun cinn an obair le linn 2009 chun ailíniú a dhéanamh ar ár bhfeidhmeanna pleanála agus feidhmíochta ar fud na heagraíochta. I mí Dheireadh Fómhair 2009, bunaíodh Aonad Faisnéise Gnó chun lárú a dhéanamh ar gach gníomhaíocht feidhmíochta in aon stór amháin. D'éagmais córas amháin TFC, bíonn dúshlán leanúnach ag an eagraíocht cothromaíocht a bhaint amach idir an sochar costais a bhaineann le méideanna móra eolais a bhailiú

Foilsíodh an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn *Phlean Corparáideach FSS 2008-2011* le linn 2009. Chuir an tuarascáil an deis ar fáil dul chun cinn a sheiceáil de réir ár gcuspóirí agus ár dtosaíochtaí fadtéarmacha inmhianaithe. Léirigh an anailís go bhfuil, go dtí seo, 23 de na 30 beart ag feidhmiú ag 70% nó níos mó i gcoinne na sprice. Le haghaidh seacht gcinn de na bearta táimid faoi bhun na tairsí seo. Le caitheamh ama cuirfidh an anailís seo ar ár gcumas pictiúr leanúnach a chruthú den chaoi a bhfuilimid ag feidhmiú i gcaitheamh thréimhse an phlean agus feidhmeoidh mar phointe tagartha do dhul chun cinn amach anseo. Foilsíodh an dara tuarascáil ar an dul chun cinn a chuimsíonn an tréimhse Iúil go Nollaig 2009 freisin ar *www.hse.ie*

Cuireadh Tuarascálacha Míosúla Feidhmíochta ar fáil go poiblí ar ár suíomh greásáin *www.hse.ie* i rith na bliana – tuarascálacha faoi chur i bhfeidhm an *Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2009*. Cuireann na tuarascálacha seo ar fáil eolas thar a bheith sonrach faoi ghníomhaíocht seirbhíse, airgeadas agus acmhainní daonna.

## HealthStat

Seoladh HealthStat i mí an Mhárta 2008, agus is bunachar sonraí cuimsitheach é le heolas feidhmíochta ó sheirbhísí sláinte poiblí na hÉireann arna bhfoilsiú ar líne. Mar uirlis bhainistíochta, dearadh HealthStat chun tacú le feabhsú leanúnach agus trédhearcacht níos fearr trí eolas iontaofa tráthúil cuimsitheach a sholáthar faoin gcaoi a bhfuil ár seirbhísí á soláthar. Cuireann sé ar fáil torthaí míosúla sonracha faoi 29 ospidéal teagaisc, réigiúnach agus ginearálta faoin gcaoi a bhfuil siad ag feidhmiú de réir na spriocanna náisiúnta agus idirnáisiúnta atá socraithe dóibh i soláthar seirbhísí. Oibríonn HealthStat ar bhonn na mbeart agus na spriocanna iarbhír. Faigheann ospidéil marcanna faoi thrí théama:

- Rochtain – déanann amanna feithimh do sheirbhísí ospidéil a thomhas.
- Comhtháthú – seiceálann cibé acu an bhfuil na seirbhísí a fuarthas ina seirbhísí othar-lárnacha nó nach bhfuil.
- Acmhainní – breathnaíonn ar an gcaoi a bhfuil acmhainní foirne agus airgeadais á n-úsáid.

Áiríonn an t-eolas atá ar fáil ar HealthStat bearta cosúil le hamanna feithimh i rannóga na n-othar seachtrach, an meántréimhse chónaitheach san ospidéal agus cibé acu an bhfuil othair/teaghlaigh á gcur ar an eolas faoina gcóireáil agus áirithe sa phleanála don scaoileadh abhaile. Coinníonn sé taifead freisin ar cé chomh maith is atá gach ospidéal ag baint úsáide as a acmhainní trí thomhas a dhéanamh, mar shampla, ar leibhéil neamhláithreachta, líon othar a fhaigheann coinní i gclinicí d’othair sheachtracha, teiripí agus tástálacha diagnóiseacha.

**Tá LENUS** ar an stór is cuimsithí in Éirinn de thuarascálacha, taighde agus foilseacháin oifigiúla a bhaineann le cúrsaí sláinte. Cuimsíonn sé an tréimhse ó lár na 1960í go dtí an lá atá inniu ann, agus cuireann raidhse ábhar ar fáil ó nach mór gach eagraíocht atá gníomhach i réimse an chúraim sláinte in Éirinn lena n-áirítear FSS agus an RSL. Tá méid suntasach den ábhar i LENUS á chur ar fáil ar líne den chéad uair.

Agus é ar an aon acmhainn dá leithéid, tá LENUS ina shaoráid ríthábhachtach do ghairmithe leighis, do chinnteoirí, do leabharlannaithe, do mhic léinn agus don phobal i gcoitinne. Cuimsíonn sé taighde cliniciúil, meastóireacht pholasaí, staitisticí agus foilseacháin oifigiúla.


Chruthaigh an fhoireann i Leabharlann Réigiúnach & Seirbhís Faisnéise Ospidéal Dr. Steevens, Baile Átha Cliath, LENUS agus is féidir é a rochtain ag *www.lenus.ie*. Tá LENUS áirithe freisin san eagraíocht World Wide Science *(www.worldwidescience.org)* agus tá sé inrochtana trí *www.hselibrary.ie* agus *www.hse.ie*, agus liostáilte san eolaire Open Door de stóir ar líne.

Lenus
The Irish Health Repository

# Ár gCumas a Nochtadh

## Cleachtais Oibre Níos Fearr

Tacóimid agus spreagfaimid go gníomhach gach ball foirne barr a gcumais a bhaint amach agus cúram ardchaighdeáin a sholáthar. I gcomhpháirtíocht, aithneoimid agus ceiliúrfaimid gnóthachtálacha agus spreagraimid an fhoireann le hobair go freagrach, dúshláin a bhainistiú agus bród a bheith acu as a gcion ar son na seirbhísí a sholáthraíonn siad ar son na heagraíochta.




Cuideoidh an phleanáil fheabhsaithe fórsa oibre lenár bhfoireann chliniciúil agus neamhchliniciúil barr a gcumais a bhaint amach.




Forálann reachtaíocht nua faoin Acht Sláinte 2007, a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2009, le go ndéanfadh fostaithe na seirbhíse poiblí nochtadh cosanta.

Leagtar amach i Straitéis Chomhtháite Leasa Fostaí an cleachtas is fearr i leith chur chun cinn freastail, laghdú ar bhreoiteachtaí ar an láthair oibre agus laghdú ar an bhfad a chaitheann fostaithe as láthair ón láthair oibre.



### Fíricí Gasta 2009

- Tá 48% dár bhfoireann fostaithe i seirbhísí príomhúla agus pobail
- Laghdaíomar ár bhfoireann bhainistíochta/ riaracháin faoi 2% nó 357 CLA ó 2007
- Tá 35% dár bhfoireann fostaithe san earnáil dheonach
- Is altraí iad níos mó ná trian dár bhfoireann ag soláthar cúraim i suíomhanna géarmhíochaine agus pobail araon
- Ag deireadh mhí na Nollag bhí 109,753 CLA fostaithe ag FSS
- D'éirigh 2,472 duine as sa bhliain 2009 (1,921 CLA)
- Bhí 3,217 Lia Comhairleach fostaithe (méadú 24% ar an mbliain 2004)
- 49 Stiúrthóir Cliniciúil fostaithe chun feabhsúcháin a thiomáint sa chúram cáilíochta agus cliniciúil
- B'ionann an meánráta neamhláithreachta le haghaidh 2009 agus 5%.
- Tá 89 Altra-Oideasóirí Cláraithe againn
- Sa chéad sé mhí de 2009, scríobh Altra-Oideasóirí 5,385 oideas leighis do 4,324 othar
- Tá 40 Eadránaí lánoilte creidiúnaithe againn ar bhonn páirtaimseartha

## Ár bhFórsa Oibre

Ag é ar an bhfostóir is mó sa Stát, le beagnach 110,000 fostaí coibhéise lánaimseartha (CLA), is acmhainní an-luachmhar ár bhfórsa oibre.

Tá sé ríthábhachtach an líon ceart daoine a bheith ann, leis na scileanna cearta, san áit cheart agus ag an tráth ceart. Mar eagraíocht chasta, chun seo a bhaint amach, ní foláir aird ar leith a thabhairt ar fhoireann a mhealladh agus a choinneáil, bainistiú a dhéanamh ar athrúchán foirne agus ar neamhláithreacht foirne, díriú ar oiliúint foirne, earcú i ndisciplíní speisialtóireachta agus oibriú le forais ionadaíocha chun síocháin thionsclaíoch a choinneáil. Ar an gcaoi seo is féidir linn struchtúr agus cultúr eagraíochtúil a fhorbairt agus tacú leis atá dírithe ar an gcliant/othar agus a chumhachtaíonn an fhoireann le barr a gcumais a réadú agus bród a bheith acu as na seirbhísí a sholáthraíonn siad i dtimpeallacht oibre shlán shláintiúil.

Mar chuid de bhainistiú agus monatóireacht ár n-acmhainní daonna sa bhliain 2009 rinneamar na nithe seo a leanas:

- Choinníomar fostaithe laistigh den uasmhéid foriomlán a cheadaigh an rialtas de 111,800 CLA
- D'earcaíomar na scileanna ba ghá chun freastal ar ár riachtanais forbartha seirbhíse
- Laghdaíomar ar neamhláithreacht le sprioc de ráta < 3.5% a bhaint amach
- Chinntíomar go raibh an chatagóir foirne Bainistíocht/ Riarachán i gcoibhneas leis na riachtanais soláthair seirbhíse, fad is a laghdaíomar an líon foriomlán

**Tábla 9: Móráireamh Pearsanra Seirbhíse Sláinte Nollaig 2008 v Nollaig 2009**

| Catagóir | CLA Nollaig 2008 | % den Iomlán | CLA Nollaig 2009 | % den Iomlán | % Athrú 2007-2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Leigheas/Déadach | 8,109 | 7% | 8,083 | 7% | 0% |
| Altranas | 38,108 | 34% | 37,466 | 34% | -2% |
| Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta | 15,980 | 15% | 15,973 | 15% | 0% |
| Bainistíocht/Riarachán | 17,967 | 16% | 17,611 | 16% | -2% |
| Foireann Ghinearálta Tacaíochta | 12,631 | 11% | 11,906 | 11% | -6% |
| Cúram Eile Othair agus Cliaint | 18,230 | 17% | 18,714 | 17% | 3% |
| **Iomlán** | **111,025** | **100%** | **109,753** | **100%** | **-1%** |

Foinse: Móráireamh Pearsanra Seirbhíse Sláinte. Léirítear gach figiúr mar choibhéis lán-ama shlánaithe (CLA) agus níl cúntóirí baile san áireamh.

Nóta Eolais: Is mar threoir amháin an t-eolas seo agus níl sé inchomparáide go hiomlán toisc athruithe sa mhodheolaíocht le caitheamh ama.

Áiríonn Bainistíocht/Riarachán foireann atá ag ina seirbhís dhíreach don phobal agus áiríonn siad rúnaithe na lianna comhairleacha, pearsanra i rannóga na n-othar seachtrach, pearsanra taifead leighis, teileafónaithe agus foireann eile atá i mbun dualgas líne tosaigh cosúil sna réimsí seo a leanas: Párolla, Bainistiú Acmhainní Daonna (oiliúint san áireamh), Bainisteoirí Seirbhíse, Foireann TF, Tacaíocht Bainistíochta Ghinearálta agus Ceanglais Dlí agus Faisnéise.


San anailís a rinneadh ar chomhdhéanamh na foirne seirbhíse sláinte fuarthas nach raibh ach 2-5% den fhoireann le feidhmeanna 'cúloifige', agus bhí 95-98% ag obair 'ag an líne tosaigh'.

Áirítear sa chatagóir Cúram Eile Othair agus Cliaint foireann na seirbhíse otharcharranna, cúntóirí cúraim sláinte agus foireann cúraim dhírigh atá i mbun seirbhísí laethúla a sholáthar d'othair agus do chliaint.

Áiríonn Foireann Ghinearálta Tacaíochta seirbhísí cosúil le Lónadóireacht, Bainistí, Seirbhísí Tacaíochta Saotharlainne, Cothabháil agus Póirtéireachta– seirbhísí nach bhféadfadh na seirbhísí cliniciúla feidhmiú ina n-éagmais.

- Lárú earcaíochta agus feidhmeanna bainistithe pinsin sa Chluainín, Co. Liatroma
- Cur i bhfeidhm, monatóireacht agus tomhas an Chonartha nua Lianna Comhairleacha
- Suirbhéireacht ar fholláine na bhfostaithe
- Forbairt ar straitéisí pleanála fórsa oibre san fhadtéarma
- Fairsingiú ar ról na n-altraí agus na mban cabhrach
- Bealaí a shainaithint chun tacú le níos mó cian-fhoghlama d'fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta
- Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm an Chláir Seirbhísí Comhtháite (CSC)
- Freagair do riachtanais mhoratóir an rialtais ar earcaíocht foirne fad is a rinneadh optamú ar an soláthar seirbhíse.

### Fíor 23: Uaslíon AC 2009 v iarbhír 2009 ags 2008




### Tábla 10: Poist Nua Forbartha Seirbhíse 2009

| Réimse Seirbhíse | Líon na bpost nua | Líon na bpost a líonadh | Fós idir lámha Nollaig 2009 |
|---|---|---|---|
| Leanaí agus Ógánaigh Seirbhísí meabhairshláinte | 35 | 30 | 5 |
| Seirbhísí míchumais | 90 | 46 | 44 |
| Seirbhísí Ailse | 100 | 28 | 72 |
| **Iomlán** | **225** | **114** | **121** |

## Straitéis Acmhainní Daonna

Cuireadh i bhfeidhm céad *Straitéis Acmhainní Daonna FSS* a forbraíodh don eagraíocht i 2009. Is plean cúig bliana an straitéis seo agus an cuspóir atá leis ná tacú le gnó i soláthar seirbhísí sláinte agus pearsanra trí fhorbairt a dhéanamh ar ardán amháin AD a chinntíonn an chomhoiriúnacht is fearr idir AD agus an straitéis eagraíochtúil.

Díríonn an straitéis ar lárionaid barr feabhais a sholáthar maille le raon leathana uirlisí AD, sna réimsí seo a leanas: Forbairt Ceannaireachta, Bainistiú Comharbais/Tallainne; Bainistiú Feidhmíochta; Earcaíocht agus Brandáil Fostóra; Athrú & Próisis; Caidrimh Chorparáideacha Fostaí; Seirbhísí Comhroinnte.

## Conradh Lianna Comhairleacha

Sa bhliain 2009 rinneamar comhdhlúthú ar chur i bhfeidhm an Chonartha Lianna Comhairleacha a tugadh isteach sa bhliain 2008. Mar chuid den chonradh tugadh isteach post bainistíochta sinsearaí de Stiúrthóir Cliniciúil. Seo príomhbhaill de na foirne bainistíochta corparáidí agus déanann pleanáil ar an gcaoi a ndéantar seirbhísí a sholáthar, conas a úsáidfear acmhainní, cuirfidh le pleanáil straitéiseach, agus sannfaidh lianna comhairleacha agus déanfaidh bainistiú orthu. Le linn na bliana, d'oibrigh FSS le Fóram d'Fhorais Oiliúna Iarchéime Leighis agus roinnt foghrúpaí chun ról na Stiúrthóirí Cliniciúla a fhorbairt agus tacú lena n-obair.

Ar na buaicphointí bhí siad seo a leanas:

- Ceapadh 49 Stiúrthóir Cliniciúl chun cuidiú le treorú agus forbairt seirbhísí ospidéil agus meabhairshláinte agus feabhsúcháin a thiomáin i gcáilíocht agus cúram cliniciúil.
- Ceadaíodh 69 post breise Lianna Comhairleacha i rith na bliana, agus mar thoradh air tá 3,217 Lia Comhairleach ag obair anois inár seirbhísí sláinte. Léiríonn seo méadú de 23% ó 2004.
- Bunaíodh Coiste Comhairleach Iarratais Lianna Comhairleacha i mí Dheireadh Fómhair 2009 lena chinntiú go mbeadh cliniceoirí, forais oiliúna leighis, pléadálaithe na n-othar agus leasanna eile na hearnála poiblí páirteach i rialú na bpost lianna comhairleacha.
- Leasú ar phátrúin oibre lianna comhairleacha chun an úsáid is fearr a bhaint as líon uaireanta méadaithe ó 33 uair sceidealaithe go 37 uair sceidealaithe in aghaidh na seachtaine, agus lá oibre sínte ó 8.00r.n.-8.00i.n. agus soláthar d'obair ag an deireadh seachtaine.
- Rinneadh foirmiúil na socruithe do gach meascán poiblí/príobháideach na lianna gcomhairleacha agus sonraí bainteacha.

## Oideachas, Oiliúint agus Forbairt

I mí na Nollag 2009, d'fhaomh Bord FSS cur i bhfeidhm roinnt prionsabal agus moltaí tábhachtach a bheidh ina mbonn eolais do sholáthar Ceannaireachta, Oideachais agus Forbartha sna blianta amach anseo.

I measc na mbuaicphointí tá:

- Oideachas, Oiliúint agus Taighde Leighis – Comhchlár FSS/Bord Taighde Sláinte d'oiliúint speisialtóireachta leighis agus tús le PhD an 1 Iúil 2009 agus ceithre cinn de chomhaltachtaí. Tarlóidh an dara céim den chlár, le dhá scoláireacht, go luath sa bhliain 2010.
- Aistriú rathúil na bhfeidhmeanna uile ón mBord Iarchéime Leighis agus Déadach atá scortha anois chuig FSS
- Forbairt bunachair shonraí chomhroinnte neamh-lia comhairleach dochtúir ospidéil, forais oiliúna iarchéime agus An Chomhairle Leighis, a ionchur agus a roinnt
- Forbraíodh cláir ríomhfhoghlama cineálacha sainoiriúnaithe agus tá siad ar fáil don fhoireann ar líne *(www.hseland.ie)* chun dul i ngleic le réimsí cosúil le Paindéim (H1N1) 2009, Rialú Ionfhabhtaithe Féithphholladh agus Cannúlach
- I gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus Coláiste Ollscoile, Corcaigh síneadh ról na n-altraí agus na mban cabhrach le linn 2009 i réimsí oideasú táirgí leighis, radaíocht ianaíoch a oideasú, féithpholladh agus cannúlach infhéitheach agus teiripe leictreabhaoth-thonnach
- Forbairt ar sholáthar socrúcháin chliniciúil do ghairmithe leighis agus gairmithe sláinte bainteacha
- Foilsiú straitéis faoi *Oideachas agus Forbairt Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta* i mí an Mheithimh 2009
- I gcomhpháirt leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí cuireadh tús le tionscnamh píolótach in Ospidéal Uí Chongaile, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath chun ceanglais inniúlachta a mheas do róil bainistíochta sinsearaí i suíomh ospidéil
- *Sa Mhol Athraithe* ar *www.hseland.ie* tá sraith uirlisí praiticiúla comhleanúnacha ar líne ann agus acmhainn do bhainisteoirí agus foirne a bhfuil páirt ghníomhach acu i mbainistiú an athraithe chomh maith le gnéithe cumarsáide agus rannpháirtíochta a éascaíonn roinnt eolais agus malartú dearcaí faoi thionscnaimh athraithe atá ar bun i FSS.

## Leas agus Folláine an Fhostaí

I mí Iúil 2009, d'fhoilsíomar ár Straitéis um Leas agus Folláine an Fhostaí, creat cuimsitheach a ionchorpraíonn sraith tionscnamh agus polasaithe chun tacú le bainisteoirí agus fostaithe. Forbraíodh an straitéis trí chomhghrúpa stiúrtha ar a raibh ceardchumainn agus an lucht bainistíochta agus féachann an straitéis le freagairt do shaincheisteanna a ardaíodh inár Suirbhé faoi Fholláine an Fhostaí.



*Clé go deas: Othar Theresa Lowney le Cathy Sheehan, Altra-Bhainisteoir Cliniciúil 2 agus Altra-Oideasóir Cláraithe.*

### Altra-Oideasóirí

Bhí Ospidéal Pobail Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Iarthar Chorcaí, ar an gcéad ospidéal pobail in Éirinn le haltra-oideasóir cláraithe a d'eisigh oideas d'othair.

Tá sé cinn de chuspóirí straitéiseacha sainithe sa straitéis:

- Tá sé cinn de chuspóirí straitéiseacha sainithe sa straitéis:
- Cosc: bainistiú sláinte, sábháilteachta agus leasa ar an láthair oibre
- Cothú: tionscnaimh a ainmniú agus tús áite a thabhairt dóibh ar tionscnaimh iad a chothaíonn folláine
- Athshlánú: fostaithe a imeascadh ar ais sa láthair oibre go sásúil tar éis dóibh a bheith as láthair
- Forbairt foirne: tathant ar an bhfoireann barr a gcumais a bhaint amach
- Córais faisnéise: córais a fhorbairt a chinntíonn go bhfuil sonraí tráthúla beacht ar fáil
- Cumarsáid: cumarsáid éifeachtach a chinntiú faoi nithe a bhaineann le Leas agus Folláine an Fhostaí.

Thosaigh cur i bhfeidhm na gcuspóirí sa Straitéis i réimsí éagsúla, go háirithe bainistiú freastail, agus bhí laghdú ar leibhéil neamhláithreachta follasach le linn 2009. Tharla cur i gcrích na straitéise i gcomhthráth le seoladh *Linking Safety and Service:Together Creating Safer Places of Service*, straitéis do chosc agus bainistiú forrántacht agus foréigean ar an láthair oibre.

## Nochtadh Cosanta Eolais

I gcás fostaithe a bhfuil imní orthu faoi rioscaí d'othair/cúram cliaint nó cur amú cistí poiblí ar a láthair oibre féadfaidh siad na cúiseanna imní sin a chur in iúl gan eagla a bheith orthu go ngearrfar pionós orthu ina bhfostaíocht nó dliteanas sibhialta. Forálann reachtaíocht nua faoin *Acht Sláinte 2007*, a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2009, le go ndéanfadh fostaithe na seirbhíse poiblí nochtadh cosanta eolais.

I mí Aibreáin 2009, d'fhaomh Coistí Iniúchta agus Riosca an Bhoird an leagan nuashonraithe den pholasaí *Good Faith Reporting* agus bhí ina chuid den athbhreithniú a rinneadh sa bhliain 2009 ar an gCreat Rialachais.

## Straitéis Pleanála Fórsa Oibre

Forbraíodh *Straitéis Chomhtháite Pleanála Fórsa Oibre do na Seirbhísí Sláinte 2009-2012* chun freastal ar riachtanais na seirbhís sláinte nua-aimseartha. An sprioc fhoriomlán leis an straitéis ná a chinntiú go mbunaítear próisis phleanála straitéiseacha agus oibríochtúla mar phríomhghníomhaíochtaí sna seirbhísí sláinte. I bhfianaise go bhfuil cuid shuntasach de mhaoiniú sláinte a théann i dtreo costais foirne, tá sé ríthábhachtach go gcuideodh pleanáil fheabhsaithe lenár bhfoireann chliniciúil agus neamhchliniciúil barr a gcumais a bhaint amach.

Leagtar béim sa straitéis ar gur chóir go mbeadh pleanáil fórsa oibre comhtháite le pleanáil seirbhíse agus airgeadais agus go gcuirfeadh sé síos ar na prionsabail do threorú níos fearr na gcinntí pleanála faoin bhfórsa oibre.

Tharla foilsiú na straitéise i ndiaidh fhoilsithe níos luaithe i rith na bliana ar *'A Quantitative Tool for Workforce Planning in Healthcare'* a dhéanann athbhreithniú ar na riachtanais is gá amach anseo don iliomad grád ríthábhachtach sa tseirbhís sláinte.

### Suirbhé ar Chéimithe Altranais 2007: Cá bhfuil siad anois?

Rinne Oifig Stiúrthóir Sheirbhísí Altranais FSS suirbhé sa bhliain 2009, i measc céimithe a raibh an Baitsiléir Eolaíochta (BSc) curtha i gcrích acu sa chlár oideachais fochéime in altranas ginearálta, síciatrach nó meabhrach sa bhliain 2007. An cuspóir uileghabhálach leis an suirbhé ná tuiscint níos fearr a fháil ar na treochtaí agus saincheisteanna cleachtais i measc altraí nuacháilithe ag dul isteach san fhórsa oibre.




Léirigh na príomh-mholtaí sa tuarascáil bealach chun tosaigh le héascú a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach ar chláir oideachais iarchlárúcháin altranais agus cnáimhseachais, ag cinntiú go ndéantar uasdátú leanúnach ar na cláir seo chun ceanglais nua sa seirbhíse sláinte a chur san áireamh maille le hathruithe bainteacha i gcleachtas altranais agus cnáimhseachais.

Thosaigh beagnach gach freagraí (98%) lena bhfostaíocht tosaigh mar altra cláraithe i ndiaidh dóibh a gcéimeanna a bhaint amach agus thug an tromlach (96%) tuairisc go raibh siad fostaithe anois mar altra cláraithe. Thug 65% de na freagraithe tuairisc gur ghlac sé níos lú ná ceithre seachtaine orthu teacht ar obair thosaigh mar altra. Léirigh sé chomh maith go/gur:

- Thug 92% tuairisc go raibh 39 uair oibre nó mó sa tseachtain acu
- Raibh 62% acu fostaithe san earnáil phoiblí sláinte
- Raibh 75% acu fostaithe in ospidéil ghéarmhíochaine
- nDúirt 90% acu go raibh seisiún tionscnaimh acu

Léiríonn na príomh-mholtaí atá cuimsithe sa tuarascáil bealach le dul chun cinn a dhéanamh i gcás na forbartha leanúnaí ar chláir oideachais altrachta agus cnáimhseachais a éascú, rud a chinnteoidh go ndéanfar nuashonrú ar na cláir seo sa tslí go léireofaí riachtanais sheirbhíse sláinte atá ag athrú agus athruithe gaolmhara i gcleachtas na haltrachta agus an cnáimhseachais.

# Aguisíní

**Aguisín 1**

Struchtúr Eagraíochtúil FSS 66

**Aguisín 2**

Léarscáileanna agus Sonraí Teagmhála 67

**Aguisín 3**

Gearáin 70


**Aguisín 4**

Tionscadail Chaipitiúla 2009 72

**Aguisín 5**

Feidhmíocht de réir Phríomhspriocanna an Plean Straitéisigh Náisiúnta Seirbhíse 2009/2008 74


# Aguisín 1
## Struchtúr Eagraíochtúil FSS



# Aguisín 2

## Léarscáileanna agus Sonraí Teagmhála

### Ceithre Réigiún FSS – Suíomh na nOifigí Sláinte Áitiúla agus na nOspidéal Géarmhíochaine




Arna tháirgeadh ag:

Oifig Tionscadal Náisiúnta – Seirbhís Oibríochtaí, Luimneach
faoi Cheadúnas SOÉ FSS 030601

## HSE an Deiscirt

| Oifigí Sláinte Áitiúla | |
|---|---|
| **Corcaigh Laoi Theas:** | Teach Chúirt na Mainistreach, Cé Sheoirse, Corcaigh. Teil: 021/4923833 |
| **Corcaigh Laoi Thuaidh:** | Teach Chúirt na Mainistreach, Cé Sheoirse, Corcaigh. Teil: 021/4923954 |
| **Corcaigh Thiar:** | Cúil na nGarrán, An Sciobairín, Co. Chorcaí. Teil: 028/4055 |
| **Corcaigh Thuaidh:** | Teach Chnoc an Ghúlaigh, Mala, Co. Chorcaí. Teil: 022/30248 |
| **Ceatharlach/ Cill Chainnigh:** | An Leacain, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cill Chainnigh. Teil: 056/7784209 |
| **Tiobraid Árann Theas:** | Ospidéal N. Lúcás, Cluain Meala, Co. Tiobraid Árann. Teil: 052/77015 |
| **Port Láirge:** | Bóthar Chorcaí, Port Láirge. Teil: 051/846766 |
| **Loch Garman:** | Ospidéal Ely Hospital, Loch Garman. Teil: 053/9123522 |
| **Ciarraí:** | Ráth Teas, Trá Lí, Co. Chiarraí. Teil: 066/7184549 |

| Grúpa Ospidéal an Deiscirt |
|---|
| **Ospidéal Ollscoile Chorcaí** Teil: 021/454 6400 |
| **Ospidéal Ginearálta Mhala** Teil: 022/30300 |
| **Ospidéal Ginearálta Chiarraí** Teil: 066/718 4000 |
| **Ospidéal Ginearálta Bjheanntraí** Teil: 027/50133 |
| **Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh** Teil: 021/427 1971 |
| **Otharlann Theas, Ospidéal Ollscoile Victoria, Corcaigh** Teil: 021/492 6100 |
| **Grúpa Ospidéal An Oirdheisceart** |
| **Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge** Teil: 051/848 000 |
| **Ospidéal Ginearálta N. Lúcás, Cill Chainnigh** Teil: 056/778 5000 |
| **Ospidéal Ginearálta Phort Láirge** Teil: 053/915 3000 |
| **Ospidéal Ortaipéideach Lourdes, An Chill Chrín.** Teil: 056/778 5500 |
| **Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas, Cluain Meala** Teil: 052/77000 |

## HSE an Iarthair

| Local Health Offices | |
|---|---|
| **Gaillimh:** | Ospidéal Pháirt Mhuirlinne, Gaillimh. Teil: 091/775109 |
| **Maigh Eo:** | Naomh Muire, Bóthar Chathair na Mart, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo. Teil: 094/9049065 |
| **Ros Comáin:** | 11 Garrán an Alabhóidigh, Bealach an Doirín, Ros Comáin, Teil: 094/9877842 |
| **Dún na nGall:** | Bloc Oifigí Iona, An tSráid Mhór Uachtarach, Béal Átha Seannaidh, Co. Dhún na nGall. Teil: 071/9834000 |
| **Sligeach/ Liatroim:** | Cluainín, Co. Liatroma. Teil: 071/9820524 |
| **An Clár:** | Tobartaoscain, Inis, Co. an Chláir. Teil: 065/6863480/6863483 |
| **Tiobraid Árann Thuaidh/** | Holland Road, Plassey, Castletroy, Limerick. |
| **East Luimneach:** | Teil: 061/464060/464061 |
| **Luimneach:** | 31-33 Catherine Street, Limerick. Teil: 061/483277 |

| Grúpa Ospidéal an Iarthair |
|---|
| **Ospidéal Pháirt Mhuirlinne,** Gaillimh Teil: 091/751131 |
| **Ospidéal Choláiste Ollscoile, Gaillimh** Teil: 091/524222 |
| **Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo**, Teil: 0940/21733 |
| **Ospidéal Contae Ros Comáin** Teil: 09066/26200 |
| **Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe** Teil: 09096/48200 |
| **Ospidéal Ginearálta Shligigh** Teil: 071/9171111 |
| **Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn** Teil: 074/9125888 |
| **Grúpa Ospidéal an Iarthair Láir** |
| **Ospidéal Réigiúnach,** Dooradoyle Teil: 061/301111 |
| **Regional Orthopaedic Hospital, Croom** Teil: 061/397276 |
| **Regional Maternity Hospital, Luimneach** Teil: 061/327455 |
| **Ennis Ospidéal Ginearálta** Teil: 065/6824464 |
| **Nenagh Ospidéal Ginearálta** Teil: 067/31491 |
| **St. John's Hospital, Luimneach** Teil: 061/462222 |

## HSE Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh

| HSE Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh | |
|---|---|
| **Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh:** | Foirgneamh Millhouse, Geata Bhaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15; Teil: 01 8693504 |
| **Baile Átha Cliath Thuaidh Lár:** | Ionad Cathartha Bhaile Munna, An Príomhshráid, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9; Teil: 01 8467341 |
| **Baile Átha Cliath Thuaidh:** | Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord; Teil: 01 8131867 |
| **An Cabhán/ Muineachán:** | Rúscaigh, Muineachán, Co. Mhuineacháin; Teil: 047 30483 |
| **Lú:** | Suite Oriel, 1ú Úrlár, Coimpléasc Naomh Bríd, Bóthar Cheanannais, Baile Átha Fhirdhia. Co. Lú; Teil: 041 6860737 |
| **An Mhí:** | Bóthar Bhaile Átha Cliath, Ceanannas, Co na Mí; Teil: 046 9280567 |

| Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh |
|---|
| **Ospidéal Ollscoile an Mater Misericoordiae** Teil: 01 8032000 |
| **Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath Teil:** 01 8093000 |
| **Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir** Teil: 01 6465000 |
| **Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapaí** Teil: 01 8341211 |
| **Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid an Teampaill** Teil: 01 8784200 |
| **Ospidéal Rotunda, Baile Átha Cliath** Teil: 01 8730700 |
| **Grúpa Ospidéal an Oirthuaiscirt** |
| **Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha** Teil: 041 9837601 |
| **Ospidéal Chontae Lú, Dún Dealgan** Teil: 042 9334701 |
| **Ospidéal Ginearálta an Chabháin** Teil: 049 4376000 |
| **Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin** Teil: 047 81811 |
| **Our Lady's Hospital, An Uaimh** Teil: 046 9078509 |

## HSE Bhaile Átha Cliath Laighean Láir

| Local Health Offices | |
|---|---|
| **Laoghaire:** | Bloc B, Ionad Cathartha, An Phríomhshráid, Bré, Co. Chill Mhaintáin; Teil: 01 2744202 |
| **Baile Átha Cliath Thoir Theas:** | Halla Vergemount, Cluain Sceach, Baile Átha Cliath 6; Teil: 01 2680506 |
| **Deisceart Chathair Bhaile Átha Cliath:** | Aonad Pobail na Mí, Sráid Heytesbury, Baile Átha Cliath 8; Teil: 01 4085100 |
| **Baile Átha Cliath Thiar Theas:** | FSS Baile Átha Cliath/Lár- Laighean; 52 Bóthar Chnoc na Giolcaí, Tamhlacht; Baile Átha Cliath 24; Teil: 01 4632800 |
| **Baile Átha Cliath Thiar:** | Ospidéal Ghort na Silíní, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10; Teil: 01 6206276 |
| **Cill Dara/Iarthar Chill Mhantáin:** | Teach Darach, Páirc na Mílaoise, An Nás; Co. Chill Dara; Teil: 045 880419 |
| **Cill Mhantáin:** | Bloc B, Ionad Cathartha, An Phríomhshráid, Bré, Co. Chill Mhaintáin. Teil: 01 2744374 |
| **Laois/Uíbh Fhailí:** | Bóthar Arden, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí; Teil: 057 935 9780 |
| **An Longfort/ An Iarmhí:** | Coimpléacs Ospidéil Naomh Lómáin, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí; Teil: 044 9395505 |


| Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Theas |
|---|
| **Ospidéal Naomh Uinseann, Páirc Leamhán** Teil: 01 2774000 |
| **Ospidéal Naomh Mícheál, Dún Laoghaire Teil:** 01 2806901 |
| **Ospidéal Naomh Colmcille, Baile Uí Lachnáin** Teil: 01 2825800 |
| **An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles, Baile Átha Cliath Teil:** 01 6373100 |
| **Ospidéal Naomh Lúcas, Ráth Garbh** Teil: 01 4065000 |
| **Ospidéal Ríoga Victoria Súl agus Cluas Teil:** 01 6644600 |
| **Ospidéal San Séamas,** Teil: 01 4103000 |
| **Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre** |
| **Ospidéal Adelaide agus na Mí a chorpraíonn an tOspidéal Náisiúnta Leanaí** Teil: 01 4142000 |
| **Ospidéal Ginearálta Nás na Ríogh** Teil: 045 897221 |
| **Ospidéal Ban an Choim** Teil: 01 4085200 |
| **Ospidéal Mhuire do Leanaí, Cromghlinn** Teil: 01 4096100 |
| **Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr** Teil: 044 9340221 |
| **Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Tulach Mhór** Teil: 057 9321501 |
| **Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise** Teil: 057 8621364 |

# Aguisín 3

## Gearáin

Cabhraíonn an t-eolas a fhoghlaímid ó bheith ag bainistiú gearán linn caighdeán ár seirbhísí a fheabhsú. Bhain formhór na ngearán maidir le seirbhísí FSS a fuarthas i rith na bliana le moill/amanna feithimh (37%), soláthar cóireála/seirbhíse (31%), cumarsáid (8%) agus dearcadh/bealach foirne (12%).

### FFíor 24: Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas le linn 2009




Chun ár bhfreagraí ar ghearáin a fheabhsú, forbraíodh táscaire feidhmíochta chun líon na ngearán a fhaigheann freagra laistigh de 30 lá oibre a thomhas. As na 4,7984 gearán FSS a fuarthas, déileáladh le 79% laistigh den chreat spriocama agus sin méadú 7% ar 2008.

### Tábla 11: Gearáin a fuarthas agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre

| 2008 | Líon na nGearán a Fuarthas | % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre |
|---|---|---|
| FSS | 7,984 | 79% |
| **Iomlán** | **7,984** | **79%** |

### Tábla 12: Gearáin de réir Limistéar Geografach FSS

| Geographical Area | Líon na nGearán a Fuarthas |
|---|---|
| Baile Átha Cliath Laighean Láir | 3,354 |
| Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh | 2,062 |
| An Deisceart | 1,206 |
| An tIarthar | 1,362 |
| **Iomlán** | **7,984** |

### Tábla 13: Gearáin a Fuarthas Miondealaithe de réir Catagóire

| Cineál Gearáin | FSS<br>Líon Iomlán na nGearán |
|---|---|
| Moill/Amanna Feithimh | 3,012 |
| Cóireáil/Soláthar Seirbhíse | 2,558 |
| Cumarsáid | 680 |
| Dearcadh/Bealach Foirne | 635 |
| Saoráidí/Foirgnimh | 377 |
| Eile | 360 |
| Breithiúnas Cliniciúil | 135 |
| Cealúcháin | 123 |
| Cóiríocht Ospidéil/Bia | 103 |
| Tithe Altranais/Cúram Cónaitheach Daoine Eile | 67 |
| Rialú Ionfhabhtaithe | 51 |
| Réamhscoil | 45 |
| Iontaobhas i gCúram | 26 |
| Gearáin Chiapálacha | 14 |
| Tús Áite do Leanaí | 2 |

Nóta eolais: Ardaíonn roinnt gearán iliomad saincheisteanna agus dá réir sin baineann siad le roinnt catagóirí. Ní bhaintear úsáid as Polasaí agus Nósanna Imeachta 'Your Service, Your Say' chun déileáil le gach gearán. Leantar polasaithe eile do chineálacha áirithe gearán i.e. Polasaí Iontaobhas i gCúram agus Tús Áite do Leanaí.

Is i gcatagóir amháin a tharla an líon is mó gearán, eadhon 'Moill/Amanna Feithimh'.

Is méadú 63% an líon gearán a fuarthas ar 2008. Cé gur méadú suntasach é seo, léiríonn sé roinnt nithe dearfacha; go bhfuil an polasaí gearán inrochtana go héasca, go mbraitheann daoine gur féidir leo gearáin a dhéanamh agus go bhfuil bainistiú agus tuairisciú ar aiseolas anois ina ghnáthchuid laethúil de ghníomhaíochtaí FSS. Sa bhliain 2009, bhí 2% de ghearánaithe míshásta leis an bhfreagairt a fuair siad ón iniúchadh áitiúil agus d'iarr go ndéanfaí athbhreithniú ar a ngearán. Seo an céatadán céanna le 2008.

Ní mór a mheabhrú go mbaineann an t-eolas faoi ghearáin le FSS amháin. Ní raibh gearáin ó **Ospidéil Dheonacha agus Gníomhaireachtaí Deonacha** ar fáil le cur san áireamh toisc go bhfuil caingean tionsclaíoch ar bun a chuir cosc le seoladh ar ais sonraí.

## Ag foghlaim ón aiseolas

Tá polasaí aiseolais i bhfeidhm againn i ngach ceann dár seirbhísí. Foráiltear don pholasaí seo sa reachtaíocht faoin Acht Sláinte 2007 (Cuid 9). Cinntíonn sé go bhfuil an ceart ag gach duine a dtuairimí a chur in iúl faoi na seirbhísí a fuair siad. Éilíonn an reachtaíocht freisin ar sheirbhísí sláinte a chinntiú go bhfuil daoine ar an eolas faoin gceart seo trí phoibliú iomchuí an pholasaí.

Sa bhliain 2010 ullmhófar tuarascáil iomlán ag leagan béime ar na ceachtanna atá foghlamtha ón bPolasaí Bainistithe Gearán 2007-2010. Is deis atá i ngach tuairim, moladh nó gearán feabhas a chur ar cháilíocht ár seirbhísí agus ceachtanna a fhoghlaim ó earráidí atá déanta. Uaireanta tuairiscíonn othar ar imeacht neamhfhabhrach i bhfoirm gearáin.

Ag gach suíomh tá an litríocht seo a leanas chun cuidiú leo siúd ar mhian leo aiseolas a sholáthar:

- Treoir maidir le Polasaí Aiseolais FSS
- Bileoga Eolais
- Póstaeir

Tá gach ceann díobh seo ar taispeáint agus inrochtana go héasca i limistéir phoiblí.

Tugann cur chun cinn agus inrochtaineacht na litríochta seo an teachtaireacht gur eagraíocht muid a dteastaíonn uainn cloisteáil ó dhaoine faoi úsáid a seirbhísí.

Déanann oifigeach gearán imscrúdú ar gach gearán agus cinntíonn go bhfuil gach tuairim, moladh agus gearán bailithe, tiomsaithe agus go dtuairiscítear orthu. Cinntíonn bainisteoirí na seirbhísí freisin go dtugtar aiseolas do dhaoine aonair agus an pobal faoi fheabhsúcháin cháilíochta a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar aiseolas ón bpobal.

Cuideoidh moltaí a dhéantar mar thoradh ar iniúchadh gearáin ag an leibhéal áitiúil, athbhreithnithe gearáin ag an leibhéal náisiúnta agus tuarascálacha ó ghníomhaireachtaí seachtracha (m.sh. an tOmbudsman, ÚCFS) srl.) linn feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraímid.

Seo a leanas roinnt samplaí de fheabhsúcháin mar sin:

- Sa bhliain 2009 d’fhoilsigh an Coimisiún Fiosrúcháin i ndáil le Leas Cross a thuarascáil. Mar thoradh ar na saincheisteanna a ardaíodh i ndáil leis an cúram a soláthraíodh i Leas Cross, d’imigh FSS i mbun seirbhís pléadála a bhunú do dhaoine breacaosta i gcúram cónaitheach, i gcomhar le húsáideoirí seirbhíse, grúpaí pléadálaithe do dhaoine breacaosta agus ceardchumainn. Rinne an tionscadal seo dul chun cinn suntasach le linn 2009 le 200 oibrí deonach ag beartú seirbhísí pléadálaithe a sholáthar do chónaitheoirí.
- I ngearán a rinne gaol le cónaitheoirí i gceann de na saoráidí, leagadh béim ar shaincheist a bhaint le déanamh wills. Forbraíodh polasaí do gach suíomh ag laghdú an riosca go dtarlódh an rud céanna arís.

## Saoráil Faisnéise

Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise rochtain do dhaoine ar eolas i seilbh FSS agus comhlachtaí conraithe poiblí, nach bhfuil ar fáil de ghnáth trí fhoinsí eile. Sa bhliain 2009, rinneadh 4,879 iarratas faoi reachtaíocht SF, sin ardú de 15% ó 2008.

# Aguisín 4

## Tionscadail Chaipitil Ghéarmhíochaine agus Neamh-Ghéarmhíochaine 2009

### Tionscadail Ospidéil Ghéarmhíochaine

| CÉIM TIONSCADAIL – PLEANÁIL | CÉIM TIONSCADAIL – AG LEANÚINT LE OBAIR THÓGÁLA LE LINN 2009 | CÉIM TIONSCADAIL – OBAIR THÓGÁLA A CRÍOCHNAÍODH |
| --- | --- | --- |
| **Athchumrú Seirbhísí – Iarthar Láir**<br>Sa bhliain 2009 sainaithníodh tionscadail a chuideoidh le hathchumrú a dhéanamh ar sheirbhísí na n-ospidéal géarrmhíochaine agus beidh gach ceann de na tionscadail sin á dtógáil sa bhliain 2010<br>• Ospidéal Réigiúnach an Lár-Iarthair, Luimneach – Bloc Chúram Criticiúil (Tairiscint)<br>• Ospidéal Ginearálta Inse – Athsholáthar Barda<br>• Ospidéal Ginearálta Inse – Aonad Ionscópachta<br>• Ospidéal Ginearálta an Aonaigh – Aonad Ionscópachta | **Athchumrú Seirbhísí – Iarthar Láir**<br>• Ospidéal Réigiúnach an Lár-Iarthair, Luimneach – Óbrádlann Éigeandála<br>• Córas Réigiúnach PACS | **Athchumrú Seirbhísí – Iarthar Láir**<br>• Ospidéal na hInse – Uasghrádú Raideolaíochta agus Suiteáil CT |
| **Athchumrú Seirbhísí – Thoir Thuaidh**<br>Cuirfear i gcrích le linn 2010 na forbairtí ospidéil a chuideoidh le cúram géarmhíochaine agus coimpléasc a bheidh dírithe ar dhá shuíomh mhór ospidéil ghéarmhíochaine. | **Athchumrú Seirbhísí – Oirthuaisceart**<br>• OLOL Droichead Átha, Bloc Barda | **Athchumrú Seirbhísí – Oirthuaisceart**<br>• OMT Dhroichead Átha, T&É<br>• Ospidéal Ginearálta an Chabháin – Uasghrádú Obrádlainne & Barda<br>• Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin – Ward Uasghrádú |
| **Athchumrú Seirbhísí – Thoir Theas**<br>Cuireadh i gcrích an tAbhbhreithniú ar Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine san Oirdheisceart agus tá tionscadail chaipitil á sainaithint faoi láthair a chuideoidh le cur i bhfeidhm an athchumraithe seo<br>• Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge – T&E<br>• Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh – Céim 1 Forbairt | **Athchumrú Seirbhísí – Oirdheisceart**<br>• Waterford Regional Hosp – Unit Réamaiteoilaíochta Siúlacha | **Athchumrú Seirbhísí – Oirdheisceart**<br>• Ospidéal Phort Láirge _ Saotharlann um Chataitéiriú Cairdiach |
| **Seirbhísí Péidriatraiceacha**<br>Cuireadh chun cinn an Fhorbairt ar Ospidéal Pédriatraiceach Náisiúnta sa bhliain 2009 mar ar ceapadh Bainisteoirí Tionscadail agus Foireann Dearaidh. Forbraíodh an Dearadh féin agus tá dearadh eiseamláireach agus cáipéisí tairisceana á n-ullmhú. Ba chóir go dtosófaí an obair thosaigh le linn 2010.<br>• Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach (Treoir le haghaidh dearaidh<br>• Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite – Soláthar áiteanna PICU/HDU breise agus saoráidí eile | **Seirbhísí Síciatracha**<br>• Ospidéal Ollscoile Leanaí Shráid an Teampaill – Uasghrádú Obrádlainne | **Seirbhísí Péidiatraiceacha**<br>• Ospidéal Naomh Muire do Leanaí, Cromghlinn – Saotharlann Gaschealla<br>• Ospidéal Naomh Muire do Leanaí, Cromghlinn – Aonad Cúraim Aistrithigh<br>• Ospidéal Ollscoile Leanaí – Sráid an Teampaill – Uasghráú Saotharlainne |
| **Cúram Ailse**<br>Cuireadh tús le tógáil na nAonad Oinceolaíochta in Ospidéil Beaumont agus San Séamas le linn 2009. Tá Céim 2, an tionscadal CPP anois ag cloch mhíle Tagarmharc na hEarnála Poiblí agus faoi réir faofa, tosófar ar an bpróiseas soláthair le linn 2010. | **Cúram Ailse**<br>• Oinceolaíocht Radaíochta – Forbairt Cgéim 1 Ospidéil Beaumont & San Séamas<br>• OOL – Athchóiriú agus soláthar trealaimh don cuidiú leis an aistriú chuig Cúram Siomtómach Ailse ó Otharlann Theas an Ospidéil Ollscoile, rochtain ghasta REO agus fairsingiú na saotharlann | **Cúram Ailse**<br>• OCOG – Aonad Siomtómach Cíche<br>• Ospidéal San Séamas – Aonad Cúraim Siomtómach Cíche<br>• Ospidéal Beaumont – Aonad Cúraim Cíche<br>• OOC – Aonad Cúraim Siomtómach Cíche |
| **Rannóga Éigeandála**<br>Leanadh leis an bhfócas ar fheabhsúcháin ar an soláthar Seirbhíse Éigeandála le linn 2009. Cuireadh i gcrích tógáil na saoráidí nua in Ospidéil Dhroichead Átha, Ollscoile<br>Mater Misericordiae agus Beaumont agus cuireadh tús le tógáil ar RÉ OG Leitir Ceanainn.<br>• Ospidéal Ginearálta Thrá Lí – Leathnú ED<br>• Ospidéal Ginearálta Shligigh– Bloc Barda CPP<br>• Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge – É&T | **Rannóga Éigeandála**<br>• Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn– Bloc Barda agus Rannóga T&É<br>• Ospidéal Mater Misericordiae do Dhaoine Fásta – Príomhfhorbairt<br>• Lárhionad Otharcharranna agus CC Réigiún Chill Chainnigh<br>• Lárionad Otharcharranna Bhéal Átha Seanaidh | **Rannóga Éigeandála**<br>• Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre na Tulaí Móire – Trealamh<br>• Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae – Uasghrádú T & É<br>• Ospidéal Beaumont Hospital – Aonad MAU le hÁiteanna breise HDU<br>• OMT Dhroichead Átha, T&É |
| **Mórthionscadail Eile Ospidéil Ghéarmhíochaine**<br>• Ospidéal Naomh Uinseann – Forbairt Chéim 2<br>• Ospidéal na hOllscoile Gaillimh (UCHG) – Bloc Cliniciúil Nua<br>• Athlonnú Ospidéal an Choim CPP<br>• Ospidéal San Séamas – Tionscadal Haet. James's Hospital – Haemaiteolaíocht/ Heipteolaíocht<br>• Ospidéal Ginearálta Shligigh – Bloc Barda CPP | **Tionscadail Eile Ospidéil Ghéarmíochaine**<br>• Ospidéal Ollscoile Chorcaí – PET<br>• Ospidéal Beaumont Hospital – Aonad Fiobróis Ciostach<br>• OCSG – RHSS<br>• Tairiscint NIMIS<br>• Ospidéil an Choim – Oibreacha Eatramhach<br>• OCO Gaillimh – Athfhorbairt Campais | **ionscadal Eile Ospidéil Ghéarmhíochaine**<br>• OCOG – Aonad Athchomhbhrúcháin<br>• Ospidéal Uí Chonghaile Baile Bhlainséir– Aonad Leighis Lae agus Míochaine do Rannóg Daoine Breacaosta<br>• Ospidéal San Séamas – PET<br>• Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr – Céim 2B – (Céim 1)<br>• Ospidéal San Séamas .– Soláthar Leapacha breise ADC &<br>• Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre na Tulaí Móire – Soláthar Trealaimh |

## Tionscadail Chaipitil Neamh-Ghéarmhíochaine

| CÉIM TIONSCADAIL – PLEANÁIL | CÉIM TIONSCADAIL – AG LEANÚINT LE OBAIR THÓGÁLA LE LINN 2009 | CÉIM TIONSCADAIL – OBAIR THÓGÁLA A CRÍOCHNAÍODH |
|---|---|---|
| **Daoine Breacaosta**<br>Chuir An Clár Altranais Pobail, a tosaíodh sa bhliain 2007, 252 leaba athsholáthair ar fáil agus 270 leaba breise (522 leaba san iomlán) sa bhliain 2009. Tá 699 leaba athsholáthair agus 420 leaba breise (1,119 leaba san iomlán) á dtógáil agus beidh siad i gcrích sa bhliain 2010. Cuireadh chun cinn líon beag tionscadal le linn 2009 agus tosóidh tógáil orthu sa bhliain 2010.<br>• Naomh Muire, An Muileann gCearr – Aonad Altranais Pobail Nua le 50 Leaba<br>• Ionad Lae na Cille<br>• Ospidéal Pobail Cheann Mara | **Daoine Breacaosta**<br>• Naomh Iosaf, Ráth Eannaigh (100 Leaba)<br>• Ospidéal Pobail Mhainistir Fhear Maí – Aonad Athsholáthar Chéim 2A<br>• IPA Chaisil (65 Leaba)<br>• Naomh Iosaf, Fionnradharc (100 Leaba)<br>• Aonad Altranais Pobail Bhaile Locha Riach (IPA)<br>• Baile an Chollaigh (100 Leaba)<br>• Bóthar an Fhearthainn Léith Corcaigh (100 Leaba)<br>• An Uaimh – Aonad Nua Pobail (50 Leaba)<br>• ACP (50 Leaba)<br>• Naomh Muire Corcaigh (50 Leaba) | **Daoine Breacaosta**<br>• Naomh Muire Páirc an Fhionnuisce ACP 50 Leaba<br>• Cluain Sceach (100 Leaba)<br>• Teach Riada, An Tulach Mhór<br>• Ospidéal Simpson Baile Átha Cliath (38 Leaba)<br>• ACP Thrá Lí (50 Leaba)<br>• ACP An Daingean (68 Leaba)<br>• Ospidéal Naomh Eoin, Inis Córthaidh, Céim 2 (72 Leaba)<br>• Naomh Uinseann, Dún Garbháin (32 Leaba)<br>• Cros Araild (100 Leaba)<br>• Dún Mhánmhaí Co. Chorcaí (23 Leaba)<br>• Cluain Tarbh Céim 1 (32 Leaba)<br>• Ionad Lae agus Teaghlaigh Ghort na Bealtaine, Corcaigh<br>• An tOspidéla Ríoga Domhnach Broc (30 Leaba) |
| **Cúram Príomhúil**<br>D'oscail an chéad 2 Ionad Cúraim Phríomhúil a soláthraíodh trí chomhaontú léasa i 2009 i bPort Láirge agus Leitir Ceanainn. Osclóidh 6 cinn sa bhreis i gcéad dá mhí na bliana 2010 agus 26 eile faoi dheireadh na bliana<br>• ACP Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada<br>• Aonad CP agus Pobail Chora Droma Rúisc agus Bhéal an Átha Mhóir<br>• Cluain Bhorraisc Áth Luain<br>• ACP Bhaile Átha Buí<br>• Ionad Sláinte Inis Bó Fine<br>• ACP na nGleannta | **Cúram Príomhúil**<br>• ACP Ghleann na Madadh<br>• ACP, Inse Chór<br>• ACP, Béal na mBuillí<br>• ACP, Callán<br>• ACP, Guaire<br>• ACP, Cionn Átha Gad<br>• ACP, An Móta<br>• ACP, Baile Mhistéala<br>• ACP Baile Uí Ógáin<br>• Agus 26 eile | **Cúram Príomhúil**<br>• Sráid an Phiarsaigh<br>• IS Dhroim Dhá Thiar<br>• IS Westbury HC (Luimneach/An Clár)<br>• ACP An Bhaile Ghaelaigh<br>• ACP Bhaile Uí Ógáin<br>• Plásóg Shruth an Mhuilinn–Athchóiriú<br>• IS Dhún Droma: Soláthar Trealamh agus Feisteas<br>• ACP Phort Láirge<br>• ACP Leitir Ceanainn |
| **Cúram Maolaitheach**<br>Tá leapacha breise á soláthar sa Chaisleán Nua, Cnoc Slinne, Contae Bhaile Átha Cliath agus Mongach Mhór | **Cúram Maolaitheach**<br>• Forbairt ar ospís Mhongach Mhór<br>• Naomh Bríd, Cnoc na Slinne | **Cúram Maolaitheach**<br>• Naomh Ita, An Caisleán Nua, Aonad Cúraim Mhaolaithigh<br>• Millford Haven |
| **Míchumas**<br>An fócas sa bhliain 2009 ná cóiríocht iomchuí nua-aimseartha a sholáthar do chónaitheoirí in aonaid níos sine institiúideacha<br>• Ionad Measúnaithe Leanaí, Cluain Meala<br>• Ionad Measúnaithe Leanaí, Loch Garma | **Míchumas**<br>• Naomh Raphael, Eochaill – Aonaid Nua Chónaitheacha (Seirbhísí Míchumais)<br>• Aonad CRC Port Láirge<br>• Aonad Seirbhísí Lae Chluain Bhorraisc, Átha Luain<br>• Ionad Springfield, An Muileann gCearr | **Míchumas**<br>• Naomh Ita Port Reachrann – Forbairt Iostán<br>• Aonad Cónaitheach Naomh Dympna, Garrán Kelvin<br>• Aonad Comhtháite CP Míchumais Bhaile Gadaí |
| **Meabhairshláinte**<br>Sa bhliain 2009 bhí an fócas ar ailíniú a dhéanamh ar an gclár Meabhairshláinte leis na moltaí in *A Vision for Change*. Tugadh tús áite do thionscadail a chuideoidh le cur i bhfeidhm iomlán *A Vision for Change* agus cuireadh iad seo chun cinn. Le linn 2009 agus 2010 déanfar an clár seo a mhaoiniú ó dhíol sócmhainní barrachais.<br>• Ospidéal Beaumont Hospital – Aonad Géarmhíochaine Síciatrach<br>• Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn–Aonad Géarmhíochaine Síciatrach (Tairiscint)<br>• Gort na Silíní, Baile Átha Cliath, Aonad Lae Leanaí & Ógánach (Tairiscint)<br>• Aonad Pobail & Brú Meabhairshláinte Bhaile Formaid<br>• Naomh Muire, an Muileann gCearr (50 Leaba)<br>• Aonad Pobail MS & Brú I<br>• APA Meabhairshláinte Chluain Meala<br>• An tOspidéal Lárnach Mearbhaill | **Meabhairshláinte**<br>• Naomh Áine, Gaillimh, Aonad Cónaitheacha Leanaí & Ógánach<br>• Aonad Cónaitheach L& Ó Bessboro Corcaigh<br>• Aonad Cónaitheach Bhéal Átha na Sluaighe (50 Leaba)<br>• Guaire, Ospidéal Lae MS | **Meabhairshláinte**<br>• Ospidéal Bhláthghort<br>• Fondúireacht Cope Corcaigh.<br>• Aonad L&Ó Cónaitheach Naomh Stiofán<br>• Aonad Cónaitheach L&Ó Fhionnradhairc<br>• OCOG, Síneadh leis an Aonad Géarmhíochaine<br>• Ionad Lae MS Chluain Meala (Sráid an Mháirtínigh) |
| **Cúram Leanaí**<br>• Ionad Leanaí & Teaghlaigh an Chnoic Mhóir<br>• Cuíchóiriú Saoráidí Leanaí Cónaitheacha Thoir | **Cúram Leanaí**<br>• Ionad Acmhainní Naomh Helena<br>• Aonad Cónaitheach Pháirc an Chaisleáin | **Cúram Leanaí**<br>• Ionad Idirghabhála Luath, Port Laoise<br>• Rath Na nÓg, Baile na Lorgan Céim 2<br>• Faing – Saoráid Sosa (Muillte Uí Bheolain)<br>• Springboard, Muir Theimhne Mór |
| **Cuimsiú Sóisialta**<br>• Luimneach, Mungret St., Ionad Andúile | **Cuimsiú Sóisialta**<br>• Ionad Andúile Shráid an Phiarsaigh<br>• Ionad Tearmainn Bhaile Bhlainséir | **Cuimsiú Sóisialta**<br>• Ionad Andúile Chluain Dolcáin |

# Aguisín 5

## Feidhmíocht i gComparáid le Príomhspriocanna Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2009/2008

| Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Chobhsaí | Feidhmíocht Dhiúltach |
|---|---|---|

**Slat Tomhais:** Meastar go mbíonn feidhmíocht mhaith ann sa chás go mbíonn toradh atá ar aon dul nó níos fearr ná an sprioc a bhí beartaithe m.s . Baineann feidhmíocht mhaith le; breis cásanna cúram lae a bheith ann, nó le líon níos lú othair cónaitheach á scaoileadh, nó le breis HCPs a bheith ann, nó sa chás go mbíonn laghdú ar líon na leanaí atá faoi chúram.

| | Iarbhír 2008 | Sprioc 2009 | Iarbhír 2009 | Athraitheas Iarbhír v Sprioc | Athraitheas 2009 v 2008 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cúram Príomhúil** | | | | | |
| Líon na dteagmhálacha le Dochtúir Teaghlaigh Lasmuigh d'Uaireanta Oifige | 920,132 | 801,000 | 931,305 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| Líon na bhFoirne Cúraim Phríomhúil ag reáchtáil cruinnithe cliniciúla | 93 | 210 | 219 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| Líon na bhFoirne Cúraim Phríomhúil atá á bhforbairt | 97 | 100 | 184 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| **Scéimeanna (Éileamh-Bhunaithe) Pobail** | | | | | |
| Líon na gCártaí Cuairte Dochtúra a eisíodh | 85,546 | 142,148 | 98,325 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Mhaith |
| Líon na ndaoine incháilithe ar Chártaí Liachta | 1,352,120 | 1,423,830 | 1,478,560 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| Éilimh tinnis fhadthéarmach | 862,882 | 909,926 | 895,868 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Dhiúltach |
| Scéim Íocaíochta Drugaí | 5,435,421 | 6,252,629 | 4,983,192 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| Éilimh ardteicneolaíochta | 275,510 | 315,904 | 312,878 | Feidhmíocht Chobhsaí | Feidhmíocht Dhiúltach |
| **Leanaí Agus Teaghlaigh (bunaithe ar shonraí Shamhain 2009)** | | | | | |
| Líon iomlán leanaí atá faoi chúram (amhail ag deireadh na Samhna 2009) | 5,347 | 5,334 | 5,694 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Dhiúltach |
| i. Cúram Cónaitheach (Nóta: Socruithe speisialta san áireamh) | 375 (7%) | 426 (8%) | 388 (7%) | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Dhiúltach |
| ii. Cúram Altramais (Nóta: Gan altramú lae san áireamh) | 3,227(60%) | 3,196 (60%) | 3,422 (60%) | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| iii. Cúram Altramais le gaolta | 1,539 (29%) | 1,530 (29%) | 1,690 (30% | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| iv. Socruithe Cúram eile/ Sa bhaile faoi Ordú Cúraim | 206 (4%) | 182 (3%) | 194 (3%) | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Dhiúltach |
| **Meabhairshláinte** | | | | | |
| Rátaí iontrála chuig aonaid ghéarmhíochaine,in aghaidh an 100,000 daonra | 26.4 | 26.4 | 26.3 | Feidhmíocht Chobhsaí | Feidhmíocht Chobhsaí |
| Rátaí athiontrála d'othair chónaitheacha chuig aonaid ghéarmhíochaine, in aghaidh an 10,000 daonra | 70.1 | 66.6 | 65.6 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| Líon na bhfoirne meabhairshláinte pobail do leanaí agus d'ógánaigh | 47 | 55 | 55 | Feidhmíocht Chobhsaí | Feidhmíocht Mhaith |
| **Daoine Breacaosta** | | | | | |
| Líon iomlán uaireanta cabhrach baile | 12,643,677 | 11,980,000 | 11,970,323 | Feidhmíocht Chobhsaí | Feidhmíocht Dhiúltach |
| Líon na ndaoine atá ag fáil seirbhísí cúraim baile | 55,366 | 54,500 | 53,791 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Dhiúltach |
| Líon iomlán pacáistí cúraim baile | 8,990 | 8,700 | 8,959 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Chobhsaí |
| Líon iomlán daoine atá ag fáil fóirdheontais (meán in aghaidh na míosa) | 9,092 | 9,100 | 8,823 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Dhiúltach |
| Líon iomlán daoine atá ag fáil fóirdheontais leasaithe (meán míosúil) | 4,896 | 4,900 | 4,333 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Dhiúltach |
| **Cúram Maolaitheach** | | | | | |
| Líon othar a fhaigheann cóireáil i sainaonaid othair chónaithigh | 286 | 379 | 292 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Mhaith |
| Líon othar ag baint úsáide as seirbhísí cúraim bhaile/ | 2,954 | 2,929 | 2,714 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Dhiúltach |
| Líon othar ag baint úsáide as cúram eatramhach in ospidéil phobail | 136 | 103 | 82 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Dhiúltach |
| Líon othar ag baint úsáide as cúram lae | 291 | 315 | 280 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Dhiúltach |
| **Cuimsitheacht Shóisialta** | | | | | |
| Meánlíon na gcliant i gcóireáil meatadóin | 8,718 | 8,668 | 9,062 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| **Seirbhísí Míchumais** | | | | | |
| Líon in Oiliúint Athshlánúcháin (gach míchumas) | 2,808 | 2,800 | 2,947 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| **Seirbhísí Géarmhíochaine** | | | | | |
| Othair Chónaitheacha a Scaoileadh Abhaile | 599,910 | 573,360 | 593,359 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Mhaith |
| Cásanna Lae | 641,974 | 647,000 | 669,955 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| Cuairteanna na Rannóga Eisothar | 3,275,632 | 3,233,000 | 3,357,106 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| Cuairteanna ar Rannóga Éigeandála | 1,150,674 | – | 1,119,719 | – | Feidhmíocht Mhaith |
| Glactaí Éigeandála | 365,380 | 367,000 | 365,263 | Feidhmíocht Chobhsaí | Feidhmíocht Chobhsaí |
| Breitheanna | 74,000 | 76,880 | 74,602 | Stiúrtha ag Éileamh | Stiúrtha ag Éileamh |
| Moill i Scaoileadh Abhaile (móráireamh ag deireadh na bliana) | 702 | – | 783 | – | Feidhmíocht Dhiúltach |
| **Seirbhísí Otharchairr** | | | | | |
| Glaonna Éigeandála | 210,785 | 225,000 | 205,444 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Mhaith |
| Glaonna Práinneacha | 61,852 | 68,000 | 61,435 | Feidhmíocht Mhaith | Feidhmíocht Chobhsaí |
| Glaonna Neamhphráinneacha | 186,680 | 202,000 | 265,186 | Feidhmíocht Dhiúltach | Feidhmíocht Dhiúltach |
| Iompar Pobail | 401,477 | – | 338,132 | – | Feidhmíocht Mhaith |

# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| **ACP** | Aonad Altranais Pobail |
| **ADC** | Aonad Dianchúraim |
| **CLA** | Coibhéis Lánaimseartha |
| **CNCC** | Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála |
| **CNRA** | Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse |
| **CPP** | Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach |
| **CSC** | Clár Seirbhísí Comhtháite |
| **CT/CAT** | Tomagrafaíocht Aiseach Ríomhairithe |
| **ESRI** | Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| **EU** | An tAontas Eorpach |
| **FCP** | Foireann Chúraim Phríomhúil |
| **FFM** | Frithsheasmhacht Frithmhíobróbach |
| **FIP** | Foireann Idirghabhála Pobail |
| **FOI** | Saoráil Faisnéise |
| **GP** | Cleachtóir Ginearálta |
| **IBCS** | Ionfhabhtú Bainteach le Cúram Sláinte |
| **PCB** | Pacáiste Cúraim Baile |
| **ÚFCS** | Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte |
| **AD** | Acmhainní Daonna |
| **BTS** | Bord Taighde Sláinte |
| **FSS** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **IBEC** | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| **LAA** | Luach ar Airgead |
| **MABS** | Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid |
| **MLO** | Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach |
| **MMR** | Vacsaín Bruitíneach, Plucamas agus Bruitíneach Dhearg |
| **MRI** | Íomhánú Athsonrdais Mhaighnéadaigh |
| **MRSA** | Staphylococcus Aureus Meiticillinfhriotaíoch |
| **OPD** | Rannóg Eisothar |
| **OSA** | Oifig Sláinte Áitiúil |
| **PET** | Tomagrafaíocht Astúchán Posatrón |
| **PF** | Príomhfheidhmeannach |
| **PNOR** | Plean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Radaíochta |
| **PSN** | Plean Seirbhíse Náisiúnta |
| **RÉ** | Rannóg Éigeandála |
| **RSL** | Roinn Sláinte agus Leanaí |
| **SACP** | Scéim Aischistithe Cúraim Phríomhúil |
| **SÉT** | Scéimeanna Éileamh-Threoraithe |
| **SSC** | Stiúrthóireacht na Seirbhísí Comhtháite |
| **TFC** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |

# Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais | 77 |
| Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 81 |
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird maidir leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla | 85 |
| Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais | 86 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le tíolacadh do Thithe an Oireachtais | 89 |
| Ráitis Airgeadais | 90 |
| Beartais Chuntasaíochta | 94 |
| Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais | 97 |

# Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais

## Forléargas

Tá sé mar aidhm ag an Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais seo anailís a dhéanamh ar na príomhthreochtaí agus na príomhfhachtóirí ba chúis le forbairt, feidhmíocht agus seasamh FSS i rith 2009, agus ar na treochtaí agus fachtóirí is dócha a rachaidh i bhfeidhm ar an FSS sa todhchaí, a chur i láthair.

Bhí an dúshlán a bhain le Plean Seirbhíse 2009 a sheachadadh i gcomhthéacs na srianta acmhainní follasach ó thús na bliana. D'ainneoin seo sheachaid FSS a ghealltanais faoin bPlean Seirbhíse ó thaobh a sheirbhíse, leibhéil fostaíochta agus maoiniúcháin de, agus bhain amach Vóta cothromaithe le linn 2009, le barrachas beag a tugadh ar ais don Státchiste ag deireadh na bliana. Bhí soláthar seirbhíse in ospidéil 3-4% chun tosaigh ar sprioc an Phlean Seirbhíse le rialú suntasach costais i ngach réimse den eagraíocht. Ó thaobh líon foirne, tá FSS anois 2,047 faoi bhun na tairsí a shocraigh an Roinn Airgeadais, tar éis laghdú leanúnach ar líon fostaithe le linn 2009. Bhain FSS amach freisin coigiltis spriocdhírithe de €115 milliún arna socrú ag tús na bliana.

Tá sé ina cheanglas reachtúil ar an Oifigeach Cuntasaíochta nach dtarlódh aon róchaiteachas ar an Vóta. Tá sé beagnach dodhéanta coimheá beacht airgid a bhaint amach ar oll-Vóta de €14.738 billiún agus tá sé dosheachanta go dtabharfaí ar ais, le bainistíocht stuama, barrachas beag don Státchiste. Sa bhliain 2009 b'ionann an barrachas agus €8.5 milliún, nó níos lú ná 0.1% de Vóta iomlán FSS.

Léiríonn an tIoncam agus Caiteachas fabhruithe-bhunaithe barrachas oibriúcháin de €79.635 milliún don bhliain (2008: easnamh €252.837 milliún). Tharla an difríocht idir an staid ioncaim agus caiteachais sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus sa Vóta sna Cuntais Leithreasa toisc caiteachais sna ráitis airgeadais a chuirtear san áireamh ar bhonn fabhraithe, fad is a chuirtear san áireamh an Vóta ar bhonn cuntasaíochta 'airgid thirim' mar a éilíonn rialacha Cuntasaíochta Rialtais. Léiríonn an glanmhaoiniú bliantúil ón Státchiste dá dtuairiscítear sna Ráitis Airgeadais agus sa Chuntas Leithreasa glan-iontaoibh don Státchiste chun íocaíochtaí a rinneadh a mhaoiniú, ar leith ó chaiteachas a tabhaíodh sa tréimhse thuairiscíochta. Mar thoradh, ní léiríonn na hiarmhéideanna ar ioncam agus caiteachas na gnáthbharrachais ná gnátheasnaimh, mar go bhfuil siad ionchurtha, d'fhormhór, i leith na difríochta idir caiteachais fabhruithe agus maoiniú bunaithe ar airgead tirim.

## Buiséad 2009

Tá an buiséad foriomlán de 13.712 billiún déanta suas d'ollioncam Vóta FSS de €14.738 billiún (tar éis Meastachán Forlíontach 2009), lúide buiséad de €1.026 billiún don ioncam (leithreasaí-i-gcabhair) arna ghiniúint go díreach ag FSS.

**Tábla 14: Buiséad de réir Aonaid Oibriúcháin 2009**

| | €'000 | % |
|---|---|---|
| Réigiún an Deiscirt | 2,192,397 | 15.99 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath Laighean Láir | 3,025,270 | 22.06 |
| Réigiún Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath | 2,255,236 | 16.45 |
| Réigiún an Iarthair | 2,309,785 | 16.85 |
| An tSeirbhís um Aischistiú Cúraim Phríomhúil | 2,951,379 | 21.52 |
| An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna | 148,063 | 1.08 |
| Seirbhísí agus Pinsin Chorparáideacha | 483,966 | 3.53 |
| Sláinte an Daonra | 207,487 | 1.51 |
| Scéim Aischistithe Sláinte | 80,000 | 0.58 |
| Acmhainní Forbartha agus Teicniúla | 58,517 | 0.43 |
| **Iomlán** | **13,712,100** | **100.0** |

## Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais

### Tábla 15: Príomheolas Airgeadais 2009

| | Meastachán | Vóta 2009 Toradh | Faoi Bhun/ (Os Cionn) |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Ollchaiteachas Ioncaim | 14,738,088 | 14,668,653 | 69,435 |
| Ollchaiteachas Caipitil | 442,763 | 434,897 | 7,866 |
| **Ollchaiteachas Iomlán Vóta** | **15,180,851** | **15,103,550** | **77,301** |
| Fáltais Bailithe ag FSS | 1,025,988 | 993,261 | 32,727 |
| Fáltais Eile (Ioncam) | 2,261,275 | 2,227,243 | 34,032 |
| Fáltais Eile (Caipitil) | 7,000 | 5,000 | 2,000 |
| **Iomlán Leithreasaí-i-gCabhair** | **3,294,263** | **3,225,504** | **68,759** |
| **Glanchaiteachas Iomlán** | **11,886,588** | **11,878,046** | **8,542** |

### Tábla 16: Príomheolas Airgeadais 2009-2008 – Bonn Fabhruithe

| | 2009 | 2008 | Athrú |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Ioncam | 14,774,636 | 14,430,207 | 344,429 |
| Glanbharrachas/(Easnamh) Oibriúcháin | 79,635 | (252,837) | 332,472 |
| Caiteachas Ioncaim | | | |
| Pá agus Pinsin | 5,262,661 | 5,126,617 | 136,044 |
| Neamhphá (FSS amháin) | 5,480,690 | 5,619,200 | (138,510) |
| Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha | 3,951,650 | 3,937,227 | 14,423 |
| Caiteachas Caipitiúil | 414,109 | 563,168 | (149,059) |
| Ceangaltais Chaipitiúla | 1,055,724 | 1,281,897 | (226,173) |
| Glanbharrachas ar Vóta le Géilleadh don Státchiste | 8,542 | 81,458 | (72,916) |

### Brúnna Costais agus Seirbhíse

Vótáil an Dáil ar son Meastachán Forlíontach le linn 2009 chun maoiniú a atreorú a bhí sannta ar dtús do sholáthar seirbhíse isteach i mbuiséid do chúram príomhúil agus scéimeanna cártaí leighis agus pinsin. Chiallaigh soláthar an mhaoiniúcháin bhreise seo le haghaidh na gcostas sin gur ciorraíodh caiteachas ar sheirbhísí eile d'fhonn na cistí a fhágáil laistigh de mhaoiniúchán FSS ón Státchiste. Tharla an géarmhéadú ar chaiteachas ar scéimeanna reachtúla cártaí leighis den chuid is mó toisc coinníollacha eacnamaíochta ag dul in olcas agus méadú leanúnach ar dhífhostaíocht i rith na bliana. De bhreis air sin, mar thoradh ar fhoilsiú thuarascáil an Coimisiúin um Chánachas i mí Iúil 2009 tharla tuairimíocht a ndearnadh poibliú air go forleathan, go mbeadh cáin ioncaim amach anseo ar chnapshuimeanna, a íoctar faoi láthair saor ó cháin. Mar thoradh air seo thosaigh a lán daoine ag dul ar scor i FSS agus dá bharr sin mhéadaigh an líon cnapshuimeanna ba ghá a íoc amach sa bhliain. Fiú le coigeartú de €73 milliún do mhaoiniú pinsin, arna éascú ag an bpróiseas Meastachán Forlíontach, b'ionann an toradh buiséadach sa chaiteachas pinsin i gcoinne an bhuiséid agus €64 milliún sa bhliain. Frithháiríodh an t-easnamh pas beag trí choigiltis i gcoinne buiséid i bhfeidhmeanna Corparáideacha..

Nuair a tháinig paindéim fliú A (H1N1), nó fliú na n-éan, chun cinn le linn na bliana thug sé leis roinnt dúshlán sa bhreis do sheirbhísí i rith na bliana mar a raibh maoiniú agus acmhainní soláthair foirne faoi bhrú an-mhór cheana féin. Ba dhúshlán an-mhór loighistice dár seirbhís sláinte é an vacsaín fliú a thabhairt do isteach is amach le 800,000 duine go déanach sa bhliain 2009. Rinneadh ath-imlonnú suntasach ar altraí, dochtúirí agus baill foirne eile ó gach cuid de na seirbhísí sláinte don chlár vacsaínithe do fhliú na n-éan. Cé go ndearnadh gach iarracht íoslaghdú ar an gcur isteach ar sheirbhísí bhí sé dosheachanta go mbeidh tionchar aige ar roinnt seirbhísí, mar shampla cláir imdhíonta scoile, clinicí BCG agus am próiseála cártaí leighis.

Thug an rialtas isteach moratóir ar earcaíocht agus ar ardú céime foirne le héifeacht ó 27 Márta 2009 a chuir cosc ar athsholáthar foirne (le heisceachtaí áirithe). Tá an moratóir ina ghné lárnach de na bearta coigiltis i bhfostaíocht na seirbhíse poiblí. Níl feidhm ag an moratóir ghinearálta ar earcaíocht agus ardú céim i leith gráid áirithe lena n-áirítear Lianna Comhairleacha Leighis, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Fisiteiripeoirí, Teiripeoirí Saothair, Síceolaithe Cliniciúla, Teiripeoirí Iompraíochta, Comhairleoirí (Meabhairshláinte agus Seirbhísí Míchumais), Oibrithe Sóisialta agus Teicneoirí Leighis Éigeandála. Tá sé ina pholasaí ag an Rialtas i gcás na Lianna Comhairleacha Leighis gluaiseacht i dtreo seirbhíse atá soláthartha ag na lianna comhairleacha, agus i gcás na ngrád eile, méadú ar a líon d'fhonn freastal ar riachtanais an tsoláthair chomhtháite cúraim agus dul i ngleic le riachtanais chúraim phobail agus phríomhúil, go háirithe leith leanaí i mbaol, daoine breacaosta agus daoine faoi mhíchumas. Tá tionchar an mhoratóra follasach ón laghdú ar an líon foirne go 2,047 faoi bhun an uasmhéid faofa ag deireadh 2009.

## An Clár Luach ar Airgead (LAA)

D'áirigh na pleananna agus spriocanna do LAA sa bhliain 2009 an ceanglas go leanfaí ag soláthar éifeachtaí eacnamaíochta a baineadh amach i mblianta roimh ré agus aithníodh an luach agus an táirgeacht a baineadh amach i soláthar leibhéil mhéadaithe seirbhíse i dtimpeallacht atá srianta go suntasach ó thaobh acmhainní de.

Shocraigh an Roinn Sláinte agus Leanaí sprioc de €115 milliún do choigiltis agus d'éifeachtaí sonracha. Rinneadh monatóireacht agus tuairisciú míosúil ar na héifeachtaí seo, chomh maith le héifeachtaí eile mar a d'éiligh FSS, ag an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal na Stiúrthóireachta. Coinníodh na coigiltis LAA a baineadh amach le linn 2008 do phá agus neamhphá araon le linn 2009 nuair a coigeartaíodh iad don chostas bainteach le tabhairt isteach an Chonartha nua do Lianna Comhairleacha.

Léirigh Ráithe 4 2009 an neamhphá a bheith ag a chaiteachas is ísle ó Ráithe 4 2007. Soláthraíodh an sprioc LAA €115 milliún trí fheidhmíocht i réimsí spriocdhírithe cosúil le fógraíocht, iompar othair, cothabháil agus saotharlann, agus feidhmíocht faoi cheannteidil neamh-spriocdhírithe eile cosúil le lónadóireacht, X-gha agus éigeandáil. Bhí fianaise ann go raibh coigiltis ar fhuil/táirgí fola faoi bhun na spriocanna coigiltis a socraíodh.

Níor baineadh amach spriocanna LAA i seirbhísí dlí agus caiteachas ar dhrugaí agus cógais leighis. Thuairiscigh Stiúrthóireachtaí gur imigh timpeallacht AD/AI le linn na bliana i bhfeidhm ar éifeachtaí beartaithe i gcatagóirí áirithe caiteachais pá, cosúil le laghdú ar ragobair. Bhí soláthar láidir ann ó thaobh laghduithe pá neamh-bhainistíochta/riaracháin in ospidéil nuair a coigeartaíodh seo do chostais bainteach le conradh na lianna comhairleacha. Baineadh amach breis is leath den sprioc i laghduithe pá i Meabhairshláinte Pobail. Léiríonn ráta coigiltis gur baineadh amach dhá thrian den laghdú 3% i bpá bainistíochta/riaracháin i Seirbhísí Pobail ach níl aon fhianaise ann go raibh coigiltis ann in ospidéil ná seirbhísí Corparáideacha.

Mar thoradh ar an gcosc ar thaisteal foirne, chomh maith le laghdú ar rátaí faofa na Roinne Airgeadais do thaisteal agus cothabháil ó Ráithe 2, cuireadh le laghdú iomlán ar thaisteal agus cothabháil de €23.4 milliún, nó laghdú 28% ar chaiteachas 2008.

## Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail

Ritheadh an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 i mí Feabhra 2009. Faoi théarmaí an Achta d'fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí go ndéanfaí athstruchtúrú ar íocaíochtaí le poitigéirí. Tharla an beart seo tar éis comhairliúcháin le hearnáil na cógaisíochta mar a éilíodh faoin Acht.

Dhúbail costas na scéimeanna drugaí pobail idir 2002 agus 2008 go dtí breis is €1.6 billiún. Chuidigh na bearta a tugadh isteach faoin reachtaíocht leis an tSeirbhís um Aischistiú Cúraim Phríomhúil coigilteas foriomlán de €76.6 milliún a bhaint amach sa bhliain 2009. I bhfianaise na timpeallacht eacnamaíochta reatha agus tosaíochtaí eile don chaiteachas sa soláthar seirbhíse sláinte, tá sé den riachtanas go gcuirfí srian leis an méadú gasta atá ag teacht ar chostas an chúraim phríomhúil agus scéimeanna cártaí leighis, lena n-áirítear leibhéal an chaiteachais ar sholáthar agus fodháileadh cógas leighis.

Le blianta beaga anuas thóg FSS agus an Roinn Sláinte agus Leanaí roinnt céimeanna d'fhonn praghas cógas leighis a laghdú don cháiníocóir agus d'othair indibhidiúla a laghdú. Tháinig socruithe nua i bhfeidhm le déantóirí cógaisíochta faoi phraghsáil na gcógas nua i mí Mheán Fómhair 2006. Forálann na comhaontuithe seo do laghdú de 35% i bpraghas ex-monarcha na n-oideachas dílsithe a luaithe is a bheadh coibhéiseacha cineálacha ar fáil in Éirinn. Tá na hathruithe is déanaí ar íocaíochtaí le poitigéirí ina ghné amháin den leasú iomlán ar sholáthar cógaisíochta sa slabhra soláthair d'fhonn luach níos fearr ar airgead a bhaint amach. Tá moltaí i ndáil le húsáid na gcógas faoi réir measúnú leanúnach faoi stiúir FSS i gcomhar le hionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Irish Medical Organisation.

De réir fhorálacha an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009, chuir FSS i bhfeidhm laghdú de 8% ar tháillí is iníoctha le soláthraithe seirbhísí gairmiúla eile le héifeacht ón 1 Meitheamh 2009.

## An Timpeallacht Gnó agus Impleachtaí do 2010

Tugann príomhtháscairí eacnamaíochta le fios go mbeidh 2010 ina bliain thar a bheith dúshlánach gan aon fheabhsúchán suntasach i dtéarmaí eacnamaíochta. Téann na cúinsí deacra eacnamaíochta i bhfeidhm ar an méid maoiniúcháin atá ar fáil ón Státchiste do léithdháileadh FSS, i dteannta éileamh méadaithe ar sheirbhísí, rud atá léirithe san fhás ar chaiteachas ar chártaí leighis agus scéim chúraim phríomhúil. Tá leithdháileadh FSS le haghaidh 2010 mar atá sonraithe sa Phlean Seirbhíse de €14.070 billiún, ina laghdú de €668 ar thoradh 2009. Áiríonn Plean Seirbhíse 2010 freisin spriocanna dúshlánacha

# Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais

giniúna ioncaim, méadaithe faoi €745 milliún ar 2009, a gcaithfear iad a bhaint amach le linn na tréimhse seo ina bhfuil coinníollacha eacnamaíochta ag dul in olcas. Socraíodh sprioc shonrach 2010 LAA de €106 milliún do FSS. Is gá éifeachtaí breise de isteach is amach le €200 milliún a bhaint amach freisin ionas gur féidir le FSS an leibhéal seirbhíse a bhaint amach atá sonraithe i bPlean Seirbhíse Náisiúnta 2010 chomh maith le déileáil le tionchar seirbhíse de tharraingt siar €103 milliún de mhaoiniúchán do thionchar mhoratóir an Rialtais ar earcaíocht agus ardú céime le haghaidh 2009/2010.

D'fhonn an leibhéal seirbhísí a sholáthar a bhfuil sé á ghealladh, tá dúshláin shuntasacha i ndán do FSS, costais a laghdú agus a sheachaint i seirbhísí tacaíochta agus líne tosaigh araon chomh maith le hathchumrú roinnt mhaith seirbhísí. Tá an t-athchumrú seirbhíse seo ag teacht leis an treo foriomlán straitéiseach mar atá leagtha amach i bPlean Corparáideach FSS 2008-2011.

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí le haghaidh 2010

Tá Plean Seirbhíse Náisiúnta 2010 ag brath ar sholáthar rathúil roinnt príomhbheart atá bunaithe d'fhormhór ar chomhoibriú na foirne ó thaobh athrú ar an gcaoi a soláthraímid roinnt mhaith dár seirbhísí d'fhonn uasfhónamh a bhaint as ár n-acmhainn. Tá sé ag brath freisin ar mhonatóireacht dhian ar an bplean trí Thuarascáil Feidhmíochta d'fhonn a chinntiú go bhfuil na hathruithe is gá ag tarlú mar a bhí beartaithe. Toisc atá ar siúl ar bhonn leanúnach agus ag éirí níos measa, níl an mhonatóireacht seo ag tarlú agus tuigimid go bhfuil an comhoibriú ón bhfoireann ag tráth athraithe an-teoranta.

An príomhriosca do sholáthar na leibhéal beartaithe seirbhíse le linn 2010 ná an tionchar féideartha ag an moratóir earcaíochta ar líon agus ar chineál na foirne ar fáil do sholáthar seirbhísí. Aontaíodh go rachadh FSS i ngleic leis an riosca seo ar bhonn an tsuímh trí athchumrú agus ath-imlonnú foirne. Tugadh aird ar go rachadh roinnt fachtóirí i bhfeidhm ar ár n-acmhainneacht seirbhísí slána a chothú ag leibhéal 2000. Áirítear i measc na bhfachtóirí sin líon agus cineál na foirne nach féidir a athsholáthar, go háirithe foireann altranais agus cúraim, a d'fhág an eagraíocht cheana féin agus iadsan a fhágfaidh le linn 2010, agus an phraiticiúlacht a bhaineann le hathchumrú agus ath-imlonnú foirne.

Tá Plean Seirbhíse Náisiúnta 2010 bunaithe ar an dearcadh réasúnta go mbeidh treocht fáis ann ar chártaí leighis agus scéimeanna eile, ach níor soláthraíodh don fhás géaraithe seo sa phlean. D'fhonn an riosca seo a bhainistiú, déanfar monatóireacht dhlúth ar na treochtaí sna scéimeanna seo de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh.

Tá rioscaí ann do FSS ón gceanglas cloí le Treoir ón Eoraip maidir le hEagrú Ama Oibre (TEEAO) agus reachtaíocht bhainteach náisiúnta ó thaobh an chumais leanúint ag feidhmiú seirbhísí géarmhíochaine ag gach suíomh reatha agus an cumas seirbhísí slána a sholáthar i suíomhanna le líon íseal Dochtúirí nach Lianna Comhairleacha iad agus/nó Lianna Comhairleacha. De bhreis air sin, d'fhéadfadh costais shuntasacha airgeadais a bheith ag baint le neamhchomhlíonadh dlí an AE agus dlí náisiúnta ag eascairt as forfheidhmiú na reachtaíochta ag an leibhéal náisiúnta nó leibhéal an AE agus caingean dlí bhainteach.

Ghlac FSS freagracht as an mbuiséad don Scéim Slánaíochta Cliniciúla i ráithe 3 2009 ón Roinn Sláinte agus Leanaí. De bhreis air sin, tá FSS clúdaithe ag slánaíocht Stáit d'fhostaí tríú páirtí agus dliteanas poiblí agus éilimh mhótair ó Eanáir 2010. Toisc go bhfuil na slánaíochtaí seo maoinithe ar bhonn íoc-mar-a-théitear tá baol ann go mbeidh costais nach rabhthas ag súil leo ag baint leis na scéimeanna seo le linn 2010 agus i mblianta amach anseo.

## Tátal

Chlóigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena cheanglais chuntasachta le linn 2009 trí Phlean Seirbhíse Náisiúnta a sholáthar agus é sin a shárú fiú, laistigh dá sholáthar maoiniúcháin i dtimpeallacht dhian eacnamaíochta agus tionsclaíocht. Leanann lucht bainistíochta FSS orthu ag tógáil ar an obair a rinneadh i mblianta roimhe seo chun tacú le soláthar na n-ospidéal cónasctha agus cúraim phobail ar mhaithe le leas na n-othar agus na gcliant.

# Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Bod Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Is é Bord FSS an bord rialaithe atá ag eagraíocht is mó an Stáit agus atá freagrach don Aire Sláinte agus Leanaí. Déanann FSS maoirseacht ar ollbhuiséad de os cionn €14 billiún agus fostaíonn sé níos mó na 110,000 ball foirne coibhéis lánaimseartha a sholáthraíonn seirbhísí ar fud na tíre (oibríonn tuairim is aon trian díobh siúd do ghníomhaireachtaí bainteacha soláthair seirbhíse) .

Mar atá forordaithe faoi ailt 7 agus 12 den Acht Sláinte 2004, tá an Bord freagrach as feidhmíocht agus feidhmeanna FSS. Áirítear leis sin réimse leathan feidhmeanna agus dualgais suntasacha, lena n-áirítear an fhreagracht maidir le hathbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn Pleananna Corparáide, Seirbhíse agus Caipidil de chuid FSS agus iad a cheadú. Chomh maith lena déanann an Bord faomhadh ar chaiteachas suntasach agus a chinntiú go bhfuilrialuithe airgeadais agus córais bainistithe rioscaí i bhfeidhm atá láidir agus éifeachtach. Chomh maith leis sin, cuireann comhaltaí an Bhoird ionchur breisluacha ar fáil do straitéis FSS, feidhmiú mar chatalaíoch d'athrú agus dhúshlán, agus comhairle a thabhairt don POF agus don bhainistíocht agus tacú leo.

## Comhaltaí

Tá an Bord comhdhéanta de 11 chomhalta neamhfheidhmiúcháin (lena n-áirítear an Cathaoirleach agus 10 gnáthchomhalta), agus is é/í an tAire Sláinte & Leanaí a cheapann na comhaltaí seo, de réir Alt 11 den Acht Sláinte 2004. Tá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) FSS mar chomhalta den Bhord freisin.

Tá liosta de chomhaltaí an Bhoird, amhail ag 31 Nollaig 2009, ar leathanaigh 4 agus 5.

## Coistí an Bhoird

Forálann an tAcht Sláinte 2004 go gcuirfeadh an Bord coistí ar bun chun cúnamh agus comhairle a chur ar fáil don Bhord maidir le feidhmiú a fheidhmeanna. Déanann an Bord ballraíocht agus téarmaí tagartha gach coiste a chinneadh.

I láthair na huaire tá trí bhuanchoiste ag an mBord: An Coiste Iniúchta, An Coiste Luacha Saothair agus an Coiste Riosca.

## An Coiste Iniúchta

Seo a leanas baill an Choiste Iniúchta sa bhliain 2009: An tOllamh Niamh Brennan (Cathaoirleach). An tUasal PJ Fitzpatrick, agus An tUasal Joe Mooney agus an tUasal Willie O'Reilly.

Tuairiscíonn an Coiste seo don Bhord maidir le gach gné a bhaineann le tuairisciú airgeadais agus polasaí cuntasaíochta agus déanann sé athbhreithniú ar éifeacht chóras um rialú inmheánach airgeadais FSS. Buaileann iniúchóirí seachtracha FSS leis an gCoiste chun pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar iniúchadh bliantúil ráitis airgeadais FSS. Faigheann an Coiste tuarascálacha ón mbainistíocht ar ghnéithe eile den rialú airgeadais, bainistiú riosca airgeadais agus luach ar airgead ó am go chéile.

## An Coiste Luach Saothair agus Eagraíochta

Seo a leanas baill an Choiste Luach Saothair agus Eagraíochta sa bhliain 2009: An Dr Dónal de Buitléir (Cathaoirleach), An tUasal Pat Farrell An Dr Maureen Gaffney, agus An tUasal Liam Downey.

### Tábla 17: Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird

| Comhalta | Cruinnithe Sceidealaithe Míosúla Boird | | Cruinnithe Breise Boird | |
|---|---|---|---|---|
| | Cruinnithe | Tinreamh | Cruinnithe | Tinreamh |
| L. Downey | 11 | 11 | 5 | 5 |
| N. Brennan | 11 | 10 | 5 | 5 |
| D. de Buitléir | 11 | 11 | 5 | 5 |
| B. Drumm | 11 | 11 | 5 | 4 |
| P.J. Fitzpatrick | 11 | 10 | 5 | 3 |
| M. Gaffney | 11 | 11 | 5 | 5 |
| E. McCague | 11 | 10 | 5 | 4 |
| J. Mooney | 11 | 10 | 5 | 5 |
| P. Farrell | 11 | 10 | 5 | 5 |
| W. O'Reilly | 11 | 10 | 5 | 4 |
| A. Scott | 11 | 10 | 5 | 4 |
| D. Power | 7* | 7 | 1 | 0 |

* Ceapadh D. Power chuig an mBord i mí Aibreáin 2009 chun folúntas reatha a líonadh.

# Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Coiste Luacha Saothair agus Eagraíochta freagrach as moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le nithe a bhaineann le luach saothair agus le heagraíochtaí i FSS.

## An Coiste Riosca

Seo a leanas comhaltaí an Choiste Riosca sa bhliain 2009: An tOllamh Anne Scott (Cathaoirleach), An tUasal Eugene McCague, an tUasal P.J. Fitzpatrick agus an tUasal Joe Mooney. Feidhmíonn an tUasal Bill Bergin mar bhall seachtrach den Choiste.

Díríonn an Coiste Riosca go príomha ar chuidiú leis an mBord a dhualgais a chomhlíonadh trí athbhreithniú neamhspleách oibiachtúil a dhéanamh ar rioscaí neamhairgeadais, go háirithe riosca cliniciúil.

## Tacaíocht do Choistí

Cuireann Rúnaí an Bhoird, an tUasal Dara Purceall tacaíocht ar fáil don Bhord agus dá choistí. Support to the Board. Freastalaíonn Stiúrthóirí Náisiúnta agus baill shinsearach foirne eile ar chruinnithe agus tuairiscíonn do Choiste an Bhoird de réir mar is gá.

## Cruinnithe an Bhoird agus a Choistí

De réir Sceideal 2 den Acht Sláinte 2004, tá sé de cheangal ar an mBord cruinniú amháin ar a laghad a bheith aige i ngach ceann de 11 mhí sa bhliain. Reáchtáladh 16 chruinniú Boird le linn 2009, 11 chruinniú mhíosúla boird agus cúig chruinniú bhreise boird. Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile 10 n-uaire; tháinig an Coiste Luacha Saothair agus Eagraíochta le chéile 12 uair agus tháinig an Coiste Riosca le chéile 7 n-uaire.

Tá tinreamh ag cruinnithe Boird leagtha amach sna táblaí thíos.

## Cód Rialachais

Éilíonn an cleachtas rialachais is fearr go nglacfaí creat de Rialachas Corparáide agus Airgeadais agus go ndéanfaí measúnú ar chur i bhfeidhm agus éifeachtacht leanúnach an chreata sin. Leagtar amach san Acht Sláinte, 2004 na ceanglais dhlíthiúla atá ar FSS maidir lena Cód Rialachais. Chun an fhoráil sin a chomhlíonadh atá san Acht Sláinte 2004 maille le ceanglais an chleachtais is fearr d'eagraíochtaí earnála poiblí i ndáil le rialú corparáideach, dréachtaíodh an Creat do Rialachas Corparáide agus Airgeadais FSS (An Creat Rialachais)

Sa Chreat Rialachais tá sraith cáipéisí idirghaolmhara a chruthaíonn Creat FSS ar Rialachais Chorparáide agus Bainistithe Airgeadais. Cuirtear síos sa chreat seo ar na snáitheanna idirghaolmhara den chlár oibre rialachais, ar an struchtúr eagrúcháin do chur i bhfeidhm agus do thuairisciú, próisis chuntasaíochta agus mhonatóireachta lena fheidhmiú leanúnach agus a éifeachtacht a chinntiú.

Cheadaigh an Bord Creat FSS den chéad uair sa bhliain 2006, leasaíodh é i 2007 agus d'fhaomh an tAire é mar a éilíonn Alt 35 den Acht Sláinte 2004. Tá éis plé a bheith ann le ceardchumainn, foilsíodh an tsraith cháipéisí sa Chreat Rialachais ar shuíomh gréasáin FSS i mí an Mheithimh 2009.

### Tábla 18: Tinreamh ag Cruinnithe Choistí an Bhoird

| Comhalta | Iniúchadh | | Luach Saothair agus Eagraíocht | | Riosca | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cruinnithe | Tinreamh | Cruinnithe | Tinreamh | Cruinnithe | Tinreamh |
| L. Downey | | | 12 | 12 | | |
| N. Brennan | 10 | 10 | | | | |
| D. de Buitléir | | | 12 | 12 | | |
| B. Drumm | | | | | | |
| P.J. Fitzpatrick | 10 | 8 | | | 7 | 4 |
| M. Gaffney | | | 12 | 12 | | |
| E. McCague | | | | | 7 | 3 |
| J. Mooney | 10 | 9 | | | 7 | 6 |
| P. Farrell | | | 12 | 11 | | |
| W. O'Reilly | 10 | 8 | | | | |
| A. Scott | | | | | 7 | 7 |

Tá an Creat Rialachais roinnte mar seo a leanas:

**Cuid 1- Cáipéisí an Bhoird a bhaineann le rialachas, mar atá sonraithe anseo thíos:**

- Téarmaí Tagartha an Bhoird (Cáipéis 1.2)
- Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta (Cáipéis 1.3)
- Feidhm Iniúchta Inmheánach (Cáipéis 1.4)
- Téarmaí Tagartha an Choiste Luacha Saothair agus Eagraíochta (Cáipéis 1.5)
- Téarmaí Tagartha an Choiste Riosca (Cáipéis 1.6)

**Cuid 2 – Cáipéisí rialachais a bhfuil ábharthacht níos ginearálta ag baint leo:**

- Cód maidir le Caighdeáin agus Iompraíocht (Cáipéis 2.1)
- Polasaí Tuairiscithe de Mheon Maith (Cáipéis 2.2)
- Ráiteas Polasaí maidir le Calaois (Cáipéis 2.3)
- Polasaí Comhtháite Bainistíochta Riosca (Cáipéis 2.4)
- Polasaí Soláthair (Cáipéis 2.5)
- Cairt do Chustaiméirí agus Nós Imeachta maidir le Gearáin (Cáipéis 2.6)

## Cur i bhFeidhm

Bhí tús curtha le cur i bhfeidhm an Chreata Rialachais sular fhaomh an tAire é sa bhliain 2009. Sannadh freagracht ar ionadaithe ó na Stiúrthóireachtaí éagsúla as cur i bhfeidhm na gcáipéisí sonracha a chuimsíonn an creat agus tá cur chuige foriomlán i leith an bhainistithe tionscadail á ghlacadh chun monatóireacht a dhéanamh ar an gCód Rialachais.

Tá an tionscadal fadréimseach agus tá impleachtaí aige do gach Stiúrthóireacht. Cinntíonn an cur chuige seo freisin go bhfuil ceanglais an chreata leabaithe san eagraíocht. Cinntítear freisin comhtháthú gach gné den chlár athraithe agus forbairtí eile laistigh de na Stiúrthóireachtaí.

Tá *cáipéisí an Bhoird atá bainteach le rialachas* (i.e. Téarmaí Tagartha an Bhoird, Téarmaí Tagartha na Choiste Iniúchta, Téarmaí Tagartha an Choiste Luacha Saothair agus Téarmaí Tagartha an Choiste Riosca) cheana féin i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhoird agus a Choistí de réir na dtéarmaí tagartha seo, mar a éilítear sa chreat.

Leagtar mach i *bPolasaí Calaoise* FSS conas atá FSS ar a dhícheall, ar na gcéad ásc, oscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht a bhaint amach trí athbhreithniúcháin a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus monatóireacht rialta ar a ghníomhaíochtaí agus a fheidhmeanna agus ar an gcaoi sin timpeallacht a chruthú a dhíspreagann calaois. Déanann FSS iniúchadh stuama fuinniúil ar gach cás de chalaois a thagann ar aird na heagraíochta, lena n-áirítear na nithe seo a thuairisciú do na Gardaí mar a éilítear faoin reachtaíocht.

Tá cur chuige córasach cuimsitheach comhtháite ag FSS i leith an *bhainistithe riosca*. Thosaigh cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta agus Riosca (lena n-áirítear Caighdeán Cáilíochta agus Riosca) sa bhliain 2008. Foilsíodh cheana féin sraith cáipéisí prótacail/treorach ag déileáil le caighdeáin, cláir riosca, measúnú riosca, critéir iniúchta agus bainistiú tarluithe.

Tá dul chun cinn an bhainistithe riosca laistigh de FSS ina ábhar atá faoi athbhreithniú leanúnach ag Coiste Riosca an Bhoird.

Dáileadh go forleathan *Polasaí Soláthair Náisiúnta* FSS ar fud na heagraíochta. Tá ceannacháin á ndéanamh níos mó agus níos mó ag baint úsáide as cur chuige aontaithe caighdeánaithe amháin.

Tá *Straitéis Seirbhíse Custaiméara* agus Plean Gníomhaíochta bainteach 2008-2013 i bhfeidhm. Forbraíodh polasaí agus gnáthaimh agus cuireadh i bhfeidhm córais fhoirmiúla do bhainistiú an aiseolais ón gcustaiméir do ghearáin bhainistíochta.

Cuireadh i bhfeidhm na prionsabail arna leagan amach sa *Chód Caighdeán agus Iompraíochta*, ar an gcéad ásc, trí Lámhleabhar an Fhostaí sa Phaca Eolais don Fhostaí a fhaigheann gach fostaí nua. Foilsíodh ábhar an phaca sin freisin ar shuíomh gréasáin FSS. Eisíodh ciorclán AD i mí Dheireadh Fómhair 2009 chuig gach bainisteoir, ag iarraidh orthu an creat a chur ar aird na bhfostaithe.

### Tuairisciú de Mheon Maith agus Beolíne Nochta Cosanta

An polasaí atá ag FSS ná tathant ar fhostaithe fíorchúiseanna imní a chur in iúl faoi iompraíocht mhíchuí a fhéideartha i reáchtáil ghnó FSS, cibé acu i gcúrsaí tuairiscithe airgeadais nó droch-chleachtais eile, ag an tráth is luaithe agus ar an mbealach is iomchuí agus is féidir. Le bunú na stiúrthóireachta náisiúnta um iniúchadh inmheánach agus forbairt na feidhme bainistithe riosca, bhí fostaithe FSS in ann nochtadh a dhéanamh agus rinneadh iniúchadh foirmiúil ar aon nochtadh trí na feidhmeanna sin. Féadtar nochtadh cosanta a dhéanamh anois sa tseirbhís sláinte faoin reachtaíocht a chuireann cosaint reachtúil ar fáil d'fhostaithe i gcoinne pionóis a ghearrfaí ina f(h)ostaíocht agus i gcoinne dlíthíocht shibhialta freisin. Cheap FSS, mar a éilíodh de réir reachtaíocht, Duine Údaraithe ar féidir nochtadh cosanta a dhéanamh leis/léi. Dáileadh go forleathan ciorcláin ar an gcaoi le nochtadh cosanta a dhéanamh (lena n-áirítear foirm chaighdeánach). Rinneadh uasdátú ar Chód Tuairiscithe de Mheon Maith FSS sa bhliain 2009 chun gnáthamh reachtúil a chur san áireamh i leith na nochtaí cosanta a dhéanamh. Tá *beoline* amháin i bhfeidhm anois chun cuidiú le fostaithe ar mian leo nochtadh a dhéanamh. Ó bunaíodh an *bheolíne* cuireadh ocht gcinn de Nochtaí Cosanta faoi bhráid Duine Údaraithe.

# Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Athbhreithniú

Shonraigh an tAire, nuair a bhí an Creat Rialachais á fhaomhadh, go mbeadh ceanglas ann go reáchtálfaí athbhreithniú iomlán ar an gCreat Rialais laistigh de 3 bliana (i.e., sa bhliain 2011). Ar feitheamh chur i gcrích an athbhreithniúcháin, ámh, féadtar aon athruithe is gá do FSS a dhéanamh, faoi réir fhaomhadh an Aire, a dhéanamh ar bhonn bliantúil. Ó foilsíodh an Creat Rialachais sa bhliain 2009, agus de réir mar atá a chur i bhfeidhm á chur chun cinn, tá athruithe ar an gcreat á n-iarraidh ag Stiúrthóireachtaí éagsúla. Eascraíonn na hathruithe sin ó fhorbairt agus sofaisticiúlacht mhéadaitheach na bpolasaithe oibriúcháin agus ó athstruchtúrú na heagraíochta (m.sh. An Clár um Sheirbhísí Comhtháite). Tá athbhreithniú ar an gCreat Rialachais idir lámha faoi láthair i FSS, agus déanfaidh an Coiste Iniúchta monatóireacht ar a dhul chun cinn. Cinnteoidh an t-athbhreithniú go ndéanfar na freagrachtaí riachtanacha a shoiléiriú, go seachnófar dúbailt, agus go molfar athruithe más féidir seasamh leo ar mhaithe le chur i bhfeidhm agus chomhlíonadh éifeachtach. Mar chuid den athbhreithniú déanfar an Creat Rialachais a uasdátaú ionas go gcuimseofar leasuithe déanta ar an gCód Rialachais do Chomhlachtaí Stáit arna athfhoilsiú i mí Iúil 2009. Tá comhlíonadh an Chreata Rialachais faoi réir iniúchta ag an Stiúrthóireacht um Iniúchadh Inmheánach.

## Iniúchadh Inmheánach

Tá Iniúchadh Inmheánach ar cheann de na príomhghnéithe a bhaineann le creat rialachais chorparáidigh FSS. Is feidhm breithmheasa neamhspleách agus cuspóireach í a bunaíodh chun dearbhú a sholáthar don Bhord agus don Phríomhfheidhmeannach, mar an Oifigeach Cuntasaíochta ar dhóthanacht agus ar an méid a chloítear le nósanna imeachtaagus próisis FSS agus lena chinntiú go mbaintear amach prionsabail éifeachtúlachta, éifeachtachta, cáilíochta, ionracaisagus luach ar airgead.

Tuairiscíonn an Stiúrthóir Náisiúnta ar Iniúchadh Inmheánach díreach chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchta, oibríonn sé/sí go dlúth leis an bPríomhfheidhmeannach agus tá sé/sí mar chomhalta d'fhoireann oibre FSS.

Buaileann an Stiúrthóir Náisiúnta leis an gCoiste Iniúchta ar bhonn rialta chun tuairisc a thabhairt ar mheasúnuithe agus ar mholtaí an Iniúchta Inmheánaigh d'fhonn feabhas a chur ar chóras inmheánach rialuithe agus rialachais FSS.

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird maidir leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú de réir an dlí infheidhmithe.

De réir Alt 36 den Acht Sláinte 2004, tá sé de cheangal ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú ar cibé bealach a ordóidh an tAire Sláinte agus Leanaí agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire.

Agus na ráitis airgeadais bhliantúla á n-ullmhú, tá na nithe seo a leanas de cheangal ar bhaill an Bhoird:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- nochtadh a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar aon chás go n-imítear ó chaighdeáin chuntasaíochta Infheidhmithe; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfadh FSS uirthi ag feidhmiú.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go gcothaítear taifid chuntasóireachta a nochtfadh, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadais Fheidhmeananncht na Seirbhíse Sláinte. Tá comhaltaí an Bhoird freagrach freisin as sócmhainní Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh chun aon chalaois nó aon mhírialtacht eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe thar ceann FSS

Liam Downey

**An tUasal Liam Downey**
*Cathaoirleach*

21 Bealtaine 2010

# Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

## Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Bunaíodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar bhonn reachtúil ar Ordú an Aire ar 1 Eanáir 2005 de réir fhorálacha an Achta Sláinte 2004. Caithfidh FSS na treoracha a eisíonn an tAire Sláinte agus Leanaí faoin Acht a chomhlíonadh.

Is é Bord FSS an bord rialaithe ag an bhfuil an t-údarás feidhmeanna FSS a fheidhmiú. Féadfaidh an Bord aon cheann dá fheidhmeanna a tharmligean ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF). Féadfaidh an Bord coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a chur ar fáil dó maidir le feidhmiú a fheidhmeanna. Tá cúpla Coiste curtha ar bun ag an mBord lena n-áirítear Coiste Iniúchta agus Coiste Riosca ar a bhfuil idir chomhaltaí Bhoird agus chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin eile.

Ar na feidhmeanna atá ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin tá cur i bhfeidhm pholasaí an Bhoird, maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar fheidhmíocht, bhainistíocht ar chórais rialaithe éifeachtacha agus tuairisciú ar fheidhmíocht, de réir mar is gá. Is é an POF an tOifigeach Cuntasaíochta do FSS. Ní mór dó, freisin, cibé eolas (eolas airgeadais san áireamh) maidir le feidhmiú a fheidhmeanna, a iarrfaidh an Bord, a chur ar fáil.

Glacann an Bord agus an POF lena bhfreagrachtaí sr an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais i FSS. Leagadh Córas Ní féidir leis an gcóras sin ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a sholáthar go ndéanfar sócmhainní a chosaint, go ndéanfar údarú ar idirbhearta agus go gcoinneofar taifead ceart orthu agus go gcuirfear cosc le haon earráid nó le haon mhírialtacht nó go mbraithfear iad in am trátha.

Tá freagracht shoiléir ar an mBord, ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhFoireann Bainistíochta maidir le cur i bhfeidhm agus cothabháil an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus tugtar tús áite dó.

## Bunús an Ráitis

Déanaim an ráiteas seo, mar Chathaoirleach ar Bhord FSS, de réir Chód Cleachtais don Rialú ar Chomhlachtaí Stáit, 2009, de chuid na Roinne Airgeadais. Ar dhéanamh an Ráitis seo ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais bhí an Bord ag brath ar an Ráiteas a rinne an POF mar Oifigeach Cuntasaíochta i gCuntais Leithghabhála 2009.

## Córas um Rialú Airgeadais

Tá freagracht ar FSS maidir le buiséad a bhí os cionn €15 billiún sa bhliain 2009, an buiséad is mó in aon eagraíocht de chuid na hearnála poiblí in Éirinn. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach. Tá dúshláin bhreise do FSS ag baint le forbairt, cothabháil agus monatóireacht an chórais seo de rialú inmheánach, áit a bhfuil na córais airgeadais ina n-ilchórais ilroinnte. A bhuíochas le córas airgeadais amháin, leanann FSS ag feidhmiú na gcóras leagáide cuntasaíochta a bhí ag na boird sláinte.

Déantar na haschuir ó na hilchórais leagáide seo a chomhdhlúthú ag an leibhéal corparáideach chun éascú a dhéanamh ar ullmhú tuarascálacha míosúla bainistíochta, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus an Cuntas Leithreasa. I gcodarsnacht le ceanglais rialacha Cuntasaíochta an Rialtais, ámh, ní chuirtear san áireamh vóta FSS ag leibhéal an idirbhirt toisc srianta na gcóras reatha a dearadh chun cuntais a tháirgeadh ar bhonn fabhruithe seachas ar bhonn Cuntas Leithreasa Bunaithe ar Vóta. Dhearbhaigh teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gCuntas Leithreasa 2008 cé go raibh an méid a cuireadh de mhuirear roinnt de na fomhíreanna sa Chuntas Leithreasa ina méideanna cearta, toisc chineál an chórais chuntasaíochta ag FSS ní fhéadfadh sé bheith sásta go raibh an toradh i roinnt de na fomhíreanna ceart. Tá asbhaint bheacht na sonraí bunaithe ar airgead tirim don Chuntas Leithreasa fanta deacair agus casta. Tá srianta faisnéise agus neamhéifeachtaí oibriúcháin intreacha ann mar a bhfuiltear ag brath ar na réitigh atá ar fáil faoi láthair. D'éagmais córas náisiúnta airgeadais amháin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí forbairt agus feabhsúchán leanúnach ar na córais atá ann faoi láthair. Tá forbairt agus cur i bhfeidhm an chóras náisiúnta airgeadais fós ina thosaíocht do FSS agus chuir an eagraíocht aighneacht faoi bhráid na Roinne Airgeadais. Tá FSS faoi láthair ag ullmhú cás gnó ar an gcaoi a éilíonn an Roinn Airgeadais chun an cheist seo a chur chun cinn.

Ghlac an Bord an plean seirbhíse agus caipitil i mí na Samhna 2008 agus d'fhaomh an tAire Sláinte agus Leanaí é laistigh den amscála reachtúil. Le linn 2009 rinneadh monatóireacht agus meastóireacht ar fheidhmíocht agus buiséid i gcoinne chuspóirí an phlean seirbhíse.

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis atá i bhfeidhm ag Feidhmeananncht na Seirbhíse Sláinte chun rialú inmheánach airgeadais níos éifeachtaí a sholáthar:

- Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm, chomh maith le tuairisciú bainistíochta rialta, lena n-áirítear leithscaradh ar dhualgais, córas tarmligin agus cuntasachta agus údarú ar chaiteachas.
- Cuireadh i gcrích an dara céim den tionscadal chun sraith amháin de rialacháin airgeadais ar fud FSS a fhorbairt agus cuireadh seo i bhfeidhm go céimneach i ngach cuid de FSS. Tá rialacháin airgeadais ag teacht leis an gcleachtas agus na caighdeáin is fearr agus tá a nglacadh éigeantach ar fud na heagraíochta. Tá na rialacháin airgeadais ina gcuid thábhachtach den rialú inmheánach laistigh de na córais rialachais níos leithne atá i bhfeidhm laistigh de FSS. Cuimsíonn Rialacháin Airgeadais Náisiúnta topaicí cosúil leis an timthriall próiseála ceannach-le-híoc, párolla agus íocaíochtaí eile foirne, sócmhainní seasta agus reatha agus tuairisciú inmheánach. Tá cur i bhfeidhm Chéime 2 i bhfeidhm nach mór i bhformhór na réimsí próiseála. Tá roinnt réimsí tar éis moill a thuairisciú toisc nach féidir leo foireann a ath-imlonnú ar bhonn sealadach don tionscadal, mar thoradh ar ghníomhaíocht thionsclaíoch leanúnach atá ar bun ag na ceardchumainn. Tá cur i gcrích chuid seo an tionscadail fós ina thosaíocht don lucht bainistíochta. Tá sé beartaithe an tríú céim den tionscadal seo a chur i gcrích i 2010 i gcomhthráth le lárú roinnt próiseas cosúil le Bainistiú Féichiúnaithe.

D'ainneoin chaighdeánú leanúnach polasaithe agus gnáthamh, i gcás go bhfuil próisis inmheánach tiomáinte ag córais, ní féidir a éagsúlachtaí a sheachaint cosúil go dtí go mbeidh córas airgeadais amháin curtha i bhfeidhm ag FSS ar fud na heagraíochta.

- Tá creat cuimsitheach bainistíochta, monatóireachta bainistíochta, agus pleanála ag FSS. Lean an Coiste um Rialú Feidhmíochta FSS, a bhfuil an Stiúrthóir Airgeadais ina chathaoirleach air, ina ról athbhreithniú agus bailíochtú a dhéanamh ar fheidhmíocht na heagraíochta i bpríomhréimsí cosúil le hairgeadas, bainistiú acmhainní daonna agus baint amach spriocanna arna sonrú sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta.
- Cuireann tuarascálacha míosúla feidhmíochta anailís chomhtháite ar fáil i bpríomhréimsí eagraíochtúla agus foilsítear iad gach mí ar shuíomh gréasáin FSS. onthly performance reports provide an integrated, www.hse.ie. Foilsítear tuarascálacha débhliantúla freisin ar an suíomh gréasáin chun dul chun cinn a léiriú i gcoinne roinnt beart sonrach arna leagan amach sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta agus tuarascálacha rialta faoi dhul chun cinn i gcoinne roinnt táscairí feidhmíochta. Chomh maith leis na tuarascálacha míosúla agus démhíosúla feidhmíochta, cuireann cláir shonracha seirbhíse m.sh. Tionscadal na Seirbhísí Comhroinnte agus Tionscadal an Athraithe, tuarascálacha rialta ar fáil.
- Le linn mhí na Samhna agus mhí na Nollag 2009, cuireadh an-srian ar bhailiú agus ar thuairisciú sonraí feidhmíochta agus airgeadais toisc ghníomhaíocht fhoireann cléireach/riaracháin an cheardchumainn IMPACT. Tá an t-eolas arna soláthar an tráth seo bunaithe ar mheastacháin.
- De réir fhorálacha an Achta Sláinte 2004, d'fhoilsigh an Bord Plean Chorparáideach 2008-2011, a leagann amach tosaíochtaí agus treo an FSS don tréimhse trí bliana. Ullmhaíodh an Plean Seirbhíse Náisiúnta do 2010 chomh maith agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí é lena cheadúnú.
- An tionscadal HealthStat chun eolas feidhmíochta cuimsitheach a fhorbairt a léireoidh conas mar atá 29 ospidéal teagaisc, réigiúnach agus ginearálta ag feidhmiú i gcoinne spriocanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ar dtús mar chlár píolótach in 2008 agus seoladh é i Márta 2009. Cuirtear an t-eolas seo le chéile agus foilsítear é go míosúil ar láithreán gréasáin an FSS www.hse.i e agus áirítear bearta ar nós amanna feithimh d'eisothair, an meánfhad fanachta san ospidéal agus taifid maidir le cé chomh maith agus atá gach ospidéal ag úsáid a chuid acmhainní. Aithníonn sé chomh maith saincheisteanna feidhmíochta chórasach a theastaíonn cur chuige náisiúnta uathu. Athbhreithnítear na sonraí agFóram HealtStat go míosúil agus díríonn sé ar thorthaí feidhmíochta d'ospidéil aonair, roinneann sé na cúiseanna atá le héachtaí aitheanta agus tacaíonn sé le pleananna gnímh maidir le forbairt agus leanaítear iad go dian. Tá an Fóram faoi cheannas an POF agus freastalaíonn Stiúrthóirí Náisiúnta, Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na n-ospidéilagus Stiúrthóirí Cliniciúla air. Le linn 2009 cuireadh síneadh le HealthStat ionas go n-áireofaí eolas comhchosúil feidhmíochta do sheirbhísí pobail neamh-ghéarmhíochaine.
- Bhí córas déabhlóidithe buiséadach i bhfeidhm agus tá sé mar fhreagracht ar bhainisteoirí sinsearacha feidhmiú laistigh de theorainneacha sainithe freagrachta agus cuntas a thabhairt ar athraithis shuntasacha sa bhuiséad.
- Reáchtáiltear próiseas breithmheasa atá caighdeánaithe agus sonrach le haghaidh gach tionscadal chaipitil a chosnaíonn níos mó ná €0.5m. Mar chuid den phróiseas sin déantar achoimre ar an tionscadal a chur i láthair ag leagan amach an riachtanas seirbhíse i gcomhthéacs na dtosaíochtaí caipitil mar atá luaite i bPleananna Corparáideacha agus Seirbhíse agus sa Straitéis Sláinte. Déantar anailís ar chostas tairbhe i gcás gach tionscadail chaipitil atá beartaithe agus a chosnaíonn níos mó ná €30m, de réir Threoirlínte 2005 na Roinne Airgeadais maidir le Breithmheas agus Bainistiú ar Thograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí. Déantar athbhreithnithe Boird ar an gclár go tráth rialta.
- Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag FSS le pearsanra atá oilte go cuí a fheidhmíonn de réir na cairte scríofa/na téarmaí tagartha atá faofa ag an mBord. Cuirtear eolas ar fáil ar a mbunaítear an tIniúchadh Inmheánach ón anailís a dhéantar ar na rioscaí airgeadais a bhfuil FSS nochta dóibh. Tá a phleananna Iniúchta Inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh ag an gCoiste Iniúchta, bunaithe ar an anailís seo. An aidhm atá leis na pleananna seo ná na rialuithe lárnacha a chlúdach ar bhonn céimneach thar tréimhse réasúnta. Déanann an Coiste Iniúchta an tIniúchadh Inmheánach a athbhreithniú go tréimhsiúil, agus tugann sé tuairisc don Bhord dá réir. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar cúram leantach de na tuarascálacha a chuireann Iniúchadh Inmheánach ar fáil. Tuairiscíonn an Stiúrthóir Náisiúnta den Iniúchadh Inmheánach go díreach do Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus bíonn ag obair go dlúth leis an POF agus tá ina bhall d'fhoireann bainistíochta FSS.
- Tá Coiste Iniúchta i bhfeidhm, le cathaoirleach ar chomhalta Boird é/í, seachas Cathaoirleach an Bhoird. Tá ceithre chomhalta Boird ar an mBord. Tuairiscíonn an Coiste go díreach don Bhord. Feidhmíonn an Coiste de réir Téarmaí Tagartha aontaithe agus tháinig sé le chéile deich n-uaire sa bhliain 2009.
- Tá Coiste Riosca ar bun le Cathaoirleach ar chomhalta Boird é/í, seachas Cathaoirleach an Bhoird. Tá sé comhdhéanta de cheathrar chomhaltaí Boird agus ainmní seachtrach. Tuairiscíonn an Coiste go díreach don Bhord. Feidhmíonn Coiste Riosca FSS de réir Téarmaí Tagartha aontaithe agus díríonn sé go príomha ar chuidiú leis an mBord a dhualgais a chomhlíonadh trí athbhreithniú oibiachtúil neamhspleách a sholáthar, i ndáil le rioscaí neamhairgeadais. Tháinig an Coiste Riosca le chéile seacht n-uaire le linn na bliana 2009. Is gá go mbeadh lán-idirchaidreamh idir Coiste Iniúchta agus Coiste Riosca an Bhoird chun go bhfeidhmeodh an dá choiste boird idirghaolmhara seo i gceart. Tá idirchaidreamh arna éascú ag ballraíocht choitianta ar an dá choiste seo agus reáchtáiltear comhchruinnithe anois chun an ról idirchaidrimh seo a láidriú.
- Bunaítear an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéantar ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach, ar eolas a fhaightear ó obair na feidhme Iniúchta

## Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Inmheánaigh, ó obair an Choiste Iniúchta agus ó obair na mBainisteoirí laistigh de FSS a bhfuil freagracht orthu i leith fhorbairt agus chothabháil an chreata rialaithe airgeadais. Cuireadh san áireamh na ráitis a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

- Seoladh Cód Rialachais FSS sa bhliain 2008 tar éis fhaomhadh an Aire agus foilsíodh é ar www.hse.ie. Sannadh freagracht ar Stiúrthóir Náisiúnta Indibhidiúla do chur i bhfeidhm na gcáipéisí sonracha rialachais agus an chreata rialachais.
- Comhlíonann FSS gach ciorclán pá agus taistil arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais. Téitear i ngleic le haon eisceachtaí agus tuairiscítear orthu ar bhonn bliantúil chuig an Aire, de réir an Chóid Chleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit.
- Mar chuid d'athbhreithniú bliantúil FSS ar éifeachtacht an chórais de rialuithe inmheánacha, éilítear ar gach ball foirne ag leibhéal an Bhainisteora Ghinearálta (nó a choibhéis) agus níos airde, Ráiteas Dearbhaithe Rialuithe a chomhlánú, ag dearbhú go bhfuil rialuithe ann agus i bhfeidhm ina réimse áirithe freagrachta.
- Tá deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha arna rialú ag Ailt 38 ags 39 den Acht Sláinte 2004. Éilíonn FSS ar gach gníomhaireacht a fhaigheann maoiniú comhaontú caighdeánacha a shíniú a rialaíonn na socruithe seirbhíse agus na téarmaí agus coinníollacha uile atá ag gabháil leis an maoiniú.
- Tá gnáthaimh d'éadálacha agus diúscairtí maoine a dhéanann FSS géilliúil do na hoibleagáidí dlí arna leagan síos in ailt 78 agus 79 den Acht Sláinte 1947,arna leasú ag an Acht Sláinte 2004. Tharmlig an Bord údarás don POF chun éadálacha maoine a cheadú suas go huasteorainn de €2 mhilliún. Ní foláir don Bhord idirbhearta a sháraíonn an méid seo a cheadú go foirmiúil bunaithe ar mholtaí ón POF. Ní foláir ceadú an Bhoird a fháil d'aon idirbheart atá faoi bhun luach margaidh.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar iniúchadh inmheánach i FSS i mí Mheán Fómhair 2009 maidir le riaradh an chláir SKILL – atá ina chlár oiliúna agus forbartha d'fhoireann tacaíochta agus do bhainisteoirí/maoirseoirí líne sna seirbhísí amhail lóadóiireacht, bainistí, cúnteoirí teiripe, teicneoirí, cothabháil, póirtéireacht agus foireann neamhchliniciúil agus neamhriaracháin eile. Shainaithin an t-iniúchadh laigsí sa rialachas, rialú cistí agus cuntasacht i leith cistí dáilte i leith riarachán an chláir. Go háirithe, rinne an t-iniúchadh athbhreithniú ar roinnt íocaíochtaí arna sainaithint de €2.353m chuig eagraíocht amháin a rinneadh sa tréimhse 2002 go dtí 2009 agus mar a ndearnadh íocaíochtaí ach nach raibh cáipéisíocht tacaíochta ag gabháil leo. Bhí scortha de gach íocaíocht leis an eagraíocht sin ó mhí na Samhna 2009. Cuireadh torthaí an iniúchta in iúl don Choiste Iniúchta, don Bhord agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá deireadh le íocaíochtaí go léir chuig an eagras sin ó Mhí na Samhna 2009. Thug an Lucht Bainistíochta an treoir go ndéanfaí iniúchadh breise ar chostais an chláir a bhaineann le hoiliúint, agus déanfar a thorthaí a thuairisciú don Choiste Iniúchta, don Bhord agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Coinníodh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an eolas go hiomlán lena linn agus cuireadh cúrsaí in iúl do na Gardaí.

### Athbhreithniú ar Éifeacht an Chórais um Rialú Inmheánach

Le linn 2009 chuir an Stiúrthóireacht Airgeadais i gcrích Athbhreithniú ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus bhí torthaí an athbhreithniúcháin sin ina mbonn eolais don Ráiteas seo faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais. Rinne bainisteoirí airgeadais le saineolas ar leith an t-athbhreithniú i réimsí an airgeadais, an iniúchta agus an rialaithe. Bunaíodh teimpléad bunaithe ar athbhreithniúcháin bhliantúla ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus forbraíodh seo agus athbhreithniú 2009 ar siúl. I modheolaíocht an athbhreithniúcháin bhí tagairt do na nithe seo a leanas:

- Ráitis Dearbhaithe Rialuithe arna gcur i gcrích ag an lucht ardbhainistíochta a tháinig anuas trí struchtúr na eagraíocht FSS chuig leibhéal an Bhainisteora Ghinearálta (nó a choibhéis);
- Torthaí na n-agallamh déthaobhach le trasghearradh de thuairim is 100 bainisteoir agus ceann seirbhíse agus a bhfreagraí ar cheistneoir faoi rialuithe inmheánacha a cuireadh i gcrích le linn gach agallaimh;
- Tuarascálacha an Iniúchta Inmheánaigh;
- Tuarascálacha agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Cistel;
- Clár iniúchta 2009 an Ard-Reachtaire Cuntas agus ciste agus go háirithe, an riosca iniúchta a sainaithníodh iontu;
- Measúnú ar an dul chun cinn i gcomparáid le cur i bhfeidhm na moltaí a bhí i dtuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh agus tuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste roimhe seo;
- Tuarascálacha stádais tréimhsiúla chuig an gCoiste Iniúchta.

Scaipeadh tuarascáil na foirne tionscadail ar an ardbhainistíocht i mí an Mhárta 2010. Go hachomair, an tátal foriomlán ón athbhreithniú seo ná cé go raibh an timpeallacht rialaithe, na próisis rialaithe agus riosca bainistíochta agus na socruithe dearbhaithe éifeachtach tríd is tríd, go raibh roinnt réimsí inar ghá sonrú chun méadú ar éifeachtacht agus comhdhlúthú a dhéanamh ar fheabhsúcháin atá follasach ón tuarascáil dheireanach. Tá pleananna struchtúrtha do chur i bhfeidhm mholtaí na tuarascála á n-ullmhú ag an lucht bainistíochta faoi láthair.

Déanfaidh an Coiste Iniúchta monatóireachta ar chur i bhfeidhm na moltaí le linn na bliana agus déanfar ath-mheasúnú air in athbhreithniú 2010 ar an gcóras um rialú inmheánach.

Is léiriú an Ráiteas seo faoin gCóras Inmheánach Airgeadais ar staid reatha FSS ag deireadh na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Sínithe thar ceann FSS

Liam Downey

**An tUasal Liam Downey**
*Cathaoirleach*

21 Bealtaine 2010

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le Tíolacadh do Thithe an Oireachais

Tá ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 iniúchta agam faoi Alt 36 den Acht Sláinte, 2004.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitiúil, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí na Feidhmeannachta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Fheidhmeannacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Sláinte, 2004 agus as rialtacht i n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Fheidhmeannacht na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí.

Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí Bhoird na Feidhmeannachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta. Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Fheidhmeannacht an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le heolas eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú na Feidhmeannachta.

Léim eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Feidhmeannachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh eolas i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Ní ionann é seo agus aon mhaolú a dhéanamh ar mo thuairim, ach tarraingím suntas ar bhunús na gcuntas sna Beartais Chuntasaíochta a mhíníonn mar atá na caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí éagsúil ó Chleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí, ar riocht ghnóthaí na Feidhmeannachta ag 31 Nollaig 2009 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar chríoch sin. Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an bhFeidhmeannacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



**John Buckley**
*Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

21 Bealtaine 2010

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

| | *Nótaí* | 2009 €'000 | 2008 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Ioncaim ón Státchiste | *3* | **11,448,149** | 12,100,047 |
| Fáltais ó dhleacht mháil ar tháirgí áirithe tobac | | **167,605** | 167,605 |
| Ranníocaíochtaí Sláinte | | **1,755,753** | 1,326,677 |
| Ioncam ó sheirbhísí a sholáthraítear faoi rialacháin AE | | **286,580** | 100,000 |
| Aisghabháil ar chostais ón gCiste Árachais Shóisialta | | **13,500** | 15,338 |
| Fáltais ó Roinn Sláinte & Seirbhísí Sóisialta na RA | | **0** | 150 |
| Ioncam ó Othair | *4* | **341,315** | 285,056 |
| Ioncam Eile | *5* | **757,929** | 431,798 |
| Cuntais Dhíomhaoine | | **3,805** | 3,536 |
| | | **14,774,636** | 14,430,207 |
| **Caiteachas** | | | |
| **Pá agus Pinsin** | | | |
| Cliniciúil | *6 & 7* | **3,354,023** | 3,288,867 |
| Neamhchliniciúil | *6 & 7* | **1,198,776** | 1,222,548 |
| Seirbhísí eile Cliant/Othar | *6 & 7* | **709,862** | 615,202 |
| | | **5,262,661** | 5,126,617 |
| **Neamhphá** | | | |
| Cliniciúil | *8* | **1,067,419** | 1,035,217 |
| Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna | *8* | **55,744** | 60,417 |
| Cúram Príomhúil agus Scéimeanna Cártaí Leighis | *8* | **3,427,513** | 3,402,211 |
| Seirbhísí Eile Cliant/Othar | *8* | **86,903** | 94,544 |
| Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha | *8* | **3,951,650** | 3,937,227 |
| Bainistiú Tí (lónadóireacht, gréithe, éadaí leapa, srl.) Speansais | *8* | **237,443** | 254,471 |
| Oifige agus Riaracháin | *8* | **456,465** | 500,787 |
| Muirir Fhadchónaitheacha Aisíoctha le hOthair | *8* | **76,623** | 225,266 |
| Scéim Árachais Heipitíteas C | *8* | **978** | 574 |
| Speansais Oibriúcháin Eile | *8* | **46,147** | 45,713 |
| Íocaíochtaí leis an nGíomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúil | *8* | **14,851** | 0 |
| Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (Fair Deal) | *8* | **10,604** | 0 |
| | | **9,432,340** | 9,556,427 |
| **Glanbharrachas/(Easnamh Oibriúcháin don Bhliain** | | **79,635** | (252,837) |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir** | | **(1,157,716)** | (904,879) |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig** | | **(1,078,081)** | (1,157,716) |

Déileáiltear le gach gnóthachan agus caillteanas, seachas dímheas agus amúchadh, tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus tríd an gCuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais.

Cuimsíonn príomhráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, agus an Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanaigh 90-93.



**Liam Downey Uasal**
*Cathaoirleach*

**An tOllamh Brendan Drumm**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais

## Don bhliain dar chríoch 2009

| | Nótaí | 2009 €'000 | 2008 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Maoiniú Caipitil ón Státchiste | | **429,897** | 570,540 |
| Maoiniú ón AE | | **35** | 415 |
| Maoiniú Ioncaim a úsáideadh le haghaidh Tionscadail Chaipitil | | **582** | 178 |
| Cuntais Dhíomhaoine | | **5,000** | 9,861 |
| Ranna Rialtais agus Foinsí Eile | *19(c)* | **9,491** | 7,801 |
| | | **445,005** | 588,795 |
| **Caiteachas** | | | |
| Deontais Chaipitil do Ghníomhaireachtaí Deonacha (Aguisín 2) | *19(b)* | **123,965** | 190,148 |
| Caiteachas Caipitil ar Thionscadail Chaipitil FSS | *19(b)* | **290,144** | 373,020 |
| | | **414,109** | 563,168 |
| **Glanbharrachas Caipitil don Bhliain** | | **30,896** | 25,627 |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir** | | **(236,612)** | (262,239) |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig** | | **(205,716)** | (236,612) |

Déileáiltear le gach gnóthachan agus caillteanas, seachas dímheas agus amúchadh, tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus tríd an gCuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais.

Cuimsíonn príomhráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, agus an Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanaigh 90-93.

**Liam Downey Uasal**
*Cathaoirleach*

**An tOllamh Brendan Drumm**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# Clár Comhardaithe

## Amhail ag 31 Nollaig 2009

| | *Nótaí* | 2009 €'000 | 2008 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| **Sócmhainní Inláimhsithe** | | | |
| Tailte agus Foirgnimh | *9* | **4,808,729** | 4,633,132 |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe eile | *10* | **334,645** | 382,462 |
| **Infheistíochtaí** | | | |
| Sócmhainní Airgeadais | *11* | **3** | 3 |
| **Sócmhainní Seasta Iomlána** | | **5,143,377** | 5,015,597 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | *12* | **146,607** | 119,914 |
| Féichiúnaithe | *13* | **216,922** | 211,554 |
| Cuntas an Phámháistir Ghinearalta agus an Státchiste | *14* | **139,254** | 57,311 |
| Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh | | **12,845** | 25,025 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe | *15* | **(1,736,632)** | (1,744,767) |
| **Glandliteanais Reatha** | | **(1,221,004)** | (1,330,963) |
| **Creidiúnaithe dlite tar éis bliana** | *16* | **(59,054)** | (59,598) |
| **Ioncam Iarchurtha** | *17* | **(3,575)** | (3,770) |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **3,859,744** | 3,621,266 |
| **Cuntas Caipitlithe** | *18(a)* | **5,143,374** | 5,015,594 |
| **Cúlchistí Caipitil** | *18(b)* | **(205,716)** | (236,612) |
| **Cúlchistí Ioncaim** | *18(c)* | **(1,077,914)** | (1,157,716) |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | **3,859,744** | 3,621,266 |

Cuimsíonn príomhráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, agus an Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas Maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanaigh 90-93.

**Liam Downey Uasal**
*Cathaoirleach*

**An tOllamh Brendan Drumm**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

## Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

| | Nótaí | 2009 €'000 | 2008 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid Thirim ó Thorthaí ar Infheistíochtaí agus Seirbhísiú Airgeadais** | *20* | **60,050** | 35,522 |
| Ús íoctha ar iasachtaí agus ar rótharraingtí | | **(54)** | (56) |
| Ús íoctha ar léasanna airgeadais | | **(1,511)** | (1,557) |
| Díbhinní cothromais faighte | | **0** | 8 |
| Ús faighte | | **395** | 2,178 |
| Glan-insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid Thirim ó Thorthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais | | **(1,170)** | 573 |
| **Caiteachas Caipitil** | | | |
| Caiteachas Caipitil – caipitlithe | | **(270,955)** | (326,015) |
| Caiteachas Caipitil – neamhchaipitlithe | | **(143,154)** | (237,152) |
| Íocaíochtaí ó ioncam maidir le: héadáil sócmhainní seasta (glan ar thrádáil isteach) | | **(19,303)** | (19,650) |
| Maoiniú Ioncaim a úsáideadh le haghaidh Caipitil | | **582** | 178 |
| Fáltais ar dhíolachán sócmhainní seasta (trádáil isteach as an áireamh) | | **379** | 639 |
| Suimeanna aischistithe leis an Státchiste | | **(309)** | (517) |
| Glan eis-sreabhadh ó Chaiteachas Caipitil | | **(432,760)** | (582,517) |
| Glan eis-sreabhadh airgid thirim roimh Mhaoiniú | | **(373,880)** | (546,422) |
| **Maoiniú** | | | |
| Deontas Caipitil faighte | | **429,897** | 570,540 |
| Fáltais chaipitil ó fhoinsí eile | | **14,525** | 18,077 |
| Íocaíocht na gné caipitiúla den léas airgeadais agus aisíocaíochtaí iasachtaí | | **(779)** | (271) |
| Glan-insreabhadh Airgid ó Mhaoiniú | | **443,643** | 588,346 |
| **Glansreabhadh Airgid** | | **69,763** | 41,924 |
| **Ardú ar airgead tirim ar láimh agus Iarmhéideanna bainc i rith na bliana** | *21* | **69,763** | 41,924 |

Cuimsíonn príomhráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, agus an Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanaigh 90-93.

**Liam Downey Uasal**
*Cathaoirleach*

**An tOllamh Brendan Drumm**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais ar bhunús fabhraithe, de réir an choinbhinsiúin chostais stairiúil. Faoin Acht Sláinte 2004, sonraíonn an tAire Sláinte agus Leanaí na caighdeáin chuntasaíochta a gcaithfidh FSS cloí leo. Ghlac FSS leis an gCleachtas Cuntasaíochta Coitianta (GAAP) de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta faoi réir na dtrí eisceacht atá sonraithe ag an Aire:

1. Ní chuirtear dímheas de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachas – cuirtear de mhuirear é ar an gcuntas cúlchiste: An Cuntas Caipitlithe. Ní cheadaítear cuntasaíocht chúlchiste faoi GAAP. Faoi na prionsabail seo, ní mór dímheas a chur de mhuirear ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais.
2. Déantar taifeadadh, sa Chuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, ar na deontais a fhaightear ón Stát chun sócmhainní seasta a cheannach. Faoi GAAP, déantar caipiteal ó dheontais a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha, amúchta thar ghnáth-thréimhse úsáideach na sócmhainne a bhaineann leis, ionas go mbeadh an modh cuntasaíochta a úsáidtear chun an deontas a láimhseáil ag teacht leis an muirear dímheasta ar an t-sócmhainn sheasta.
3. Coimeádtar cuntas ar phinsin ar bhonn 'íoc-mar-a-théitear', agus ní chuirtear forálacha na *Sochar Scoir* FRS 17 i bhfeidhm.
4. I gcás éileamh a íocann FSS faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla, agus a ndéanann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát iad a riar thar ceann FSS, cuirtear san áireamh iad ar bhonn íoc-mar-a-théitear, agus ní chuirtear an bonn fabhraithe a éilítear in FRS 18 *Polasaithe Cuntasaíochta* i bhfeidhm. Leagtar amach sonraí an dliteanais mheasta a ghabhann leis an scéim seo i Nóta 28 ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

## Bunús an Ullmhúcháin

De réir Chuntasaíocht FRS 2 do *Ghnóthais Fochuideachta*, ní dhearnadh na torthaí do na fochuideachtaí atá go hiomlán faoi scáth FSS anois, a chomhdhlúthú sna ráitis airgeadais bhliantúla toisc nach raibh siad ábhartha. Tá sonraí faoi bhaill foirne atá fostaithe i bhfochuideachtaí FSS san áireamh i Nóta 7 atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Bhí cleachtadh ann sa tréimhse chun caighdeánú a dhéanamh ar chaiteachas códála neamhphá idir Speansais Oifige agus Riaracháin (arna sonrú i Nóta 8) agus Ilghnéitheach (a bhfuil anailís air in Aguisín 3). Chun éascú a dhéanamh ar chomparáid bliain ar bhliain, rinneadh ath-anailís ar chaiteachas na bliana roimh ré idir na catagóirí seo, i gcomhréir le rangúcháin 2009. De bhreis air sin, rinneadh anailís ar fhabhruithe pá 2008 isteach sna catagóirí pá bunúsach agus míreanna leasa (féach Nóta 7). Ní mór a nótáil go bhfuil an t-iomlán d'ioncam na bliana roimh ré fanta gan athrú agus ní raibh aon éifeacht ag an an-anailís ar thorthaí airgeadais sa tréimhse reatha nó tréimhsí tuairiscithe roimhe seo.

Forálann Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 d'fheidhmeanna an Bhoird Míochaine agus Fiaclóireachta Iarchéime (BMFI) le bheith tugtha faoi cheannas FSS Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar an 1 Eanáir 2009 agus Díscaoileadh an BMFI ar an dáta sin. Tugadh sócmhainní, dliteanais agus cúlchiste BMFI isteach ar chlár comhardaithe FSS ag glanluach leabhar an 1 Eanáir 2009. Reáchtáil FSS cleachtadh díchill chuí mar chuid den phróiseas an ghníomhaireacht a thabhairt faoina scáth, a d'áirigh breithniú ar thuarascáil na n-iniúchtóirí seachtracha agus ionadaíocht a fháil ón mbord BMFI ag dul as oifig

## Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais (A Fair Deal)

Achtaíodh an Bille um Thacaíocht do Thithe Altranais ar an 1 Iúil 2009 agus cuireadh tús le Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais an 27 Deireadh Fómhair 2009.

Cuireann an scéim tacaíocht airgeadais ar fáil do dhaoine incháilithe i dtreo an chostais a bheadh ar a gcúram cónaitheach agus áiríonn sé socrú cómhaoinithe idir an duine sin agus an Stát. Tá feidhm ag an scéim i leith daoine a fuair cúram cónaitheach fadtéarmach ó 27 Deireadh Fómhair 2009 amach agus tagann in ionad na Scéime Fóirdheontais a bhí i bhfeidhm ó 1993.

Cuirtear san áireamh íocaíochta a fhaightear ó dhaoine incháilithe mar mhuirir fhadchónaihteacha laistigh d'ioncam ó othair. Cuirtear san áireamh íocaíochtaí le saoráidí cúraim chónaithigh phríobháidigh fhadtéarmaigh i gcaiteachas neamhphá (Nóta 8).

Forálann an scéim le go bhféadfaí sciar den méid is iníoctha, i gcúinsí áirithe, a iarchur agus go ndéanfadh na Ioncam é a bhailiú ag tráth sa todhchaí. Ní áirítear muirir a iarchuireadh mar seo i ráitis airgeadais FSS.

## Aithint Ioncaim

(i) Faigheann FSS maoiniú den chuid is mó óna vóta gach bliain ó Dháil Éireann i leith seirbhísí riaracháin, caipitil agus neamhchaipitil. Seasann an méid a aithnítear mar ioncam, maidir le maoiniú óna vóta, don ghlanmhuinín sa Státchiste íocaíochtaí a mhaoiniú i rith na bliana. Tugtar cuntas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar ioncam i ndáil le seirbhísí riaracháin agus neamhchaipitil. Tugtar cuntas sa Chuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais ar ioncam i ndáil le seirbhísí caipitil. Baineadh úsáid as maoiniú a feidhmíodh chun airgead a aisíoc a thóg eagraíochtaí réamhtheachtaithe ar iasacht agus a úsáideadh chun caiteachas caipitil a mhaoiniú agus tugtar cuntas air sa Chuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais faoin teideal Maoiniú Ioncaim a Feidhmíodh le haghaidh Tionscadail Chaipitil.

(ii) Aithnítear ioncam ó othair agus ó sheirbhísí mar ioncam nuair a sholáthraítear an tseirbhís.

(iii) Aithnítear ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann mar ioncam nuair a dhéantar an asbhaint (féach polasaí cuntasaíochta pinsean thíos).

(iv) Aithnítear ioncam ó gach foinse eile ar bhonn fáltais.

(v) Tá an méid ioncaim, seachas an deontas ón Státchiste, a bhfuil FSS i dteideal a chaitheamh chun freastal ar a cuid caiteachais teoranta don méid a fhaigheann sí de réir vóta mar "Leithghabháil i gCabhair" sa mheastachán bliantúil. Ní mór aon ioncam eile a fhaightear i rith na bliana, a sháraíonn an méid seo, a ghéilleadh don Státchiste. Léirítear an t-ioncam eile glan ar an ngéilleadh seo.

## Cuntais Caipitil Ioncaim agus Caiteachais

Déantar cothabháil ar Chuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais de réir chaighdeáin chuntasaíochta arna leagan síos ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Is é atá i Maoiniú Caipitil Státchiste ná an glanmhuinín sa Státchiste maoiniú a dhéanamh ar íocaíochtaí a dhéantar i rith na bliana i leith caiteachais a chuirtear de mhuirear i gcoinne fo-mhírchinní Seirbhísí Caipitiúla i vóta FSS.

Cuirtear maoiniú caipitil ar fáil do vóta FSS le haghaidh mórshócmhainní tógála/ceannacháin, cothabháil chaipitil agus caiteachas ilghnéitheach caipitil nach bhfuil caipitlithe ar an gclár comhardaithe. Chomh maith leis sin, cuirtear maoiniú caipitil ar fáil do vóta FSS le haghaidh íocaíocht chaipitil i bhfoirm deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha. Tá anailís ar chaiteachas caipitil de réir na gcatagóirí seo i Nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## Iarmhéid sna Cuntais Ioncaim agus Chaiteachais

Is maoiniú ón Státchiste is mó atá san ioncam sna Cuntais Chaipitil Ioncaim agus Chaiteachais a chuirtear ar fáil faoi chomhair dliteanais atá ag teacht in aibíocht i rith na bliana. Tugtar cuntas i leith roinnt mhaith den chuid eile den ioncam ar bhonn fáltais. Taifeadtar caiteachas, áfach, ar bhunús fabhraithe. Mar thoradh air sin, ní léiríonn na hiarmhéideanna sna cuntais ioncaim agus caiteachais na gnáthbharrachais oibriúcháin ná na gnátheasnaimh oibriúchain, mar go mbaineann siad den chuid is mó leis an difríocht idir caiteachas fabhraithe agus maoiniú bunaithe ar airgead tirim.

## Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

Cuireann FSS maoiniú ar fáil do roinnt soláthraithe seirbhíse le go gcuirfidís seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta ar fáil thar a cheann, de réir fhorálacha Alt 38 den Acht Sláinte 2004. Sula ndéanann FSS aon socrú dá leithéid, cinneann an eagraíocht ar an uasmhéid maoinithe atá á mholadh aici a chur ar fáil sa bhliain airgeadais faoin socrú sin agus an leibhéal seirbhísí a mbeadh sí ag súil leis ar an maoiniú. Leagtar amach an fhaisnéise seo i gcáipéisíocht chaighdeánaithe ar ghá don dá pháirtí sa socrú í a shíniú. Cuirtear an maoiniú seo, i mbliain an chuntais, de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ag an uasleibhéal a cinneadh air don bhliain, cé go bhféadfaí gné áirithe a fhágáil gan íoc amach go dtí an bhliain dár gcionn.

## Léasanna

Déantar láimhseáil ar chíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin sna ráitis airgeadais nuair atá siad dlite. Ní ceadmhach do FSS dul faoi dhualgais léasa airgeadais de réir Nósanna Imeachta Airgeadais na Roinne Airgeadais. Áit a fuair na heagraíochtaí réamhtheachtaithe sócmhainní, áfach, faoi léasanna airgeadais, tá FSS tar éis dul freagrach sna léasanna sin ó bunaíodh í. Do na léasanna seo, cuirtear an ghé chaipitiúil den t-sócmhainn san áireamh sna sócmhainní seasta agus déantar í a dhímheas thar a ghnáththréimhse úsáideach.

Chomh maith leis an ngáthláimheáil GAAP ar shócmhainní a bhfuil gá leis faoi léasanna airgeadais, cuirtear costas na sócmhainne de mhuirear ar an gCuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais agus cuirtear méid comhionann chun sochair an Chuntais Chaipitlithe (Cúlchiste). Cuirtear an eilimint chaipitil amuigh den cheanglas léasa san áireamh faoi chreidiúnaithe. Gearrtar ús ar an gcuntas ioncaim agus caipitil ag ráta seasmhach thar thréimhse an léasa.

## Deontais Chaipitil

Déantar maoiniú deontais chaipitil a thaifeadadh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Chomh maith le maoiniú ar chaipiteal ó dheontais, déantar maoiniú ar roinnt mionchaiteachais ó ioncam. Cuirtear an méid den maoiniú ioncaim seo a chaitear i rith na bliana ar mhionchaipiteal de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caipitil. Níl an láimhseáil cuntasaíochta seo ag teacht leis an gCleachtas Cuntasaíochta Coitianta, agus tá sí mar thoradh ar na heisceachtaí a luaitear leis an gCleachtas Cuntasaíochta Coitianta atá sonraithe ag an Aire.

## Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus an Cuntas Caipitlithe

Cuimsíonn sócmhainní seasta inláimhsithe Tailte, Foirgnimh, Obair idir Lámha, Trealamh agus Mótarfheithiclí. Luaitear breiseanna sócmhainní seasta inláimhsithe ó 1 Eanáir 2005 ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear san áireamh luachanna carraeireactha na sócmhainní seasta inláimhsithe a glacadh ó na heagraíochtaí réamhtheachtaithe san áireamh ar an gclár comhardaithe tosaigh ar lá a bhunaithe, 1 Eanáir 2005, ag a gcostas/luacháil bhunaidh. Cuirtear san áireamh chomh maith, ar an gclár comhardaithe tosaigh, an iarmhéid comhiomlán dímheasa cuntais a bhaineann leis.

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna leagan síos ag an Aire, gearrtar caiteachas ar bhreiseanna sócmhainní seasta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais nó ar an gCuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, ag brath ar an bhfuil sé maoinithe ag maoiniú caipitil nó maoiniú ioncaim.

Déantar caipitliú ar gach ceannachán a fhaightear le maoiniú caipitil, is cuma cibé costas. Déantar caipitliú ar shócmhainní a fhaightear le maoiniú ioncaim má sháraíonn na costais tairseacha áirithe: €2,000 do threalamh ríomhaireachta agus €7,000 do gach cineál sócmhainne eile. Déantar breiseanna sócmhainne faoin tairseach seo

# Polasaithe Cuntasaíochta

agus arna mhaoiniú ag ioncam a dhíscríobh i mbliain an cheannacháin. Tá briseadh síos le fáil ar na breiseanna sócmhainne de réir a bhfoinse maoinithe i Nóta 19(a) a ghabhann leis na Cuntais. Ní chuirtear dímheas de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar tréimhse marthana úsáideach sócmhainne. Ina ionad sin, tá cuntas cúlchiste clár comhardaithe, an Cuntas Caipitlithe, ar an iontráil chomhalartach do chuntas na sócmhainne seasta. Cuirtear dímheas de mhuirear ar an gCuntas Sócmhainní Seasta agus Caipitlithe thar ghnáth-thréimhse mharthana thráchtála na sócmhainne.

Déantar dímheas a ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar chostas/luacháil bhunaigh gach sócmhainne seasta thar a gnáththréimhse mharthana ar bhonn líne dírí ag na rátaí seo a leanas:

- Tailte: Ní dhéantar dímheas ar thalamh.
- Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% in aghaidh na bliana.
- Foirgnimh Mhodúlacha (i.e. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% in aghaidh na bliana.
- Obair idir Lámha: ní dhéantar aon dímheas air seo.
- Trealamh – ríomhairí: dímheasta ag 33.33% in aghaidh na bliana.
- Trealamh – eile: dímheasta ag 10% in aghaidh na bliana.
- Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% in aghaidh na bliana.

Ar dhiúscairt sócmhainní seasta, déantar na cuntais sócmhainní seasta agus chaipitlithe araon a laghdú de réir an leabharluacha ghlain a bhaineann leis an diúscairt sócmhainne. Tá anailís ar ghluaiseacht an Chuntais Chaipitlithe i Nóta 18 a ghabhann leis na cuntais.

Breathnaítear ar fháltais a fhaightear toisc diúscairt a dhéanamh ar shócmhainní seasta mar Fháltais Státchiste sa bhreis faoi Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Airgeadais. Níl FSS i dteideal fáltais ó na díolacháin seo a choimeád dá húsáid féin agus ní mór di iad a ghéilleadh don Státchiste.

## Stoic

Luaitear stoic ag costas is ísle agus ag a luach glan réadaithe. Is é atá sa luach glan réadaithe ná an méid a mheastar a bheadh mar fháltas ar dhíol stoc.

## Cuntas a thabhairt ar Dhrochfhiacha agus ar Fhiacha Amhrasacha

Déantar drochfhiacha a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad. Déantar soláthar speisialta d'aon mhéid a mheastar é a bheith amhrasach. Déantar soláthar d'fhiacha othar atá gan íoc tar éis bliana.

## Pinsin

Tá fostaithe incháilithe FSS mar bhaill de scéimeanna éagsúla sochair aoisliúntais. Íocann FSS pinsin le hiarfhostaithe. Cuireann an Stát maoiniú ar fáil do FSS ar bhonn íoc mar a théitear chun na críche seo. Cuirtear an vóta ón Stát maidir le pinsin san áireamh san ioncam. Cuirtear íocaíochtaí pinsin faoi na scéimeanna de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad. Cuirtear ranníocaíochtaí a fhaightear ó fhostaithe, atá ina mbaill de na scéimeanna, chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad.

I mblianta roimhe seo, ní dhearnadh aon soláthar maidir le sochair phinsin fabhraithe do bhlianta sa todhchaí faoin scéim phinsin. Leanfaidh FSS leis an láimhseáil seo, ar ghlac sí leis bunaithe ar shonrúcháin chuntasaíochta an Aire.

Faoin Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2009, tugadh isteach tobhach pinsin do gach ball foirne atá ina mbaill de scéim phinsin na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear foireann a oibríonn do roinnt soláthraithe seirbhíse a fhaigheann maoiniú ó FSS. Tharla asbhaint an tobhaigh le héifeacht ó 1 Márta 2009. Áirítear tobhach pinsin arna bhailiú ag soláthraithe seirbhís chomh maith leis an tobhach pinsin asbhainte ó fhoireann FSS mar ioncam FSS.

Tá sonraí faoin méid asbhainte i ndáil leis an tobhach pinsin leagtha amach i Nóta 5(a) atá ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais.

## Maoin Phearsanta na nOthar

